Independent Review of Education

# INFHEISTIÚ I dTODHCHAÍ NÍOS FEARR:

# AN tATHBHREITHNIÚ NEAMHSPLEÁCH AR AN OIDEACHAS I dTUAISCEART ÉIREANN

## Imleabhar 1

Nollaig 2023

# CLÁR ÁBHAIR

**Infheistiú i dtodhchaí níos fearr:** 1
**An tAthbhreithniú Neamhspleách ar an Oideachas i dTuaisceart Éireann** 1
**Clár Ábhair** 2
**Réamhrá ón Phainéal** 3
**An dóigh a ndearna muid an t-athbhreithniú** 5
**Caibidil 1 – Blianta tosaigh** 12
**Caibidil 2 – Míbhuntáiste** 19
**Caibidil 3 – Tacaíocht d'fhoghlaimeoirí, cuimsiú agus folláine** 34
**Caibidil 4 – Curaclam, measúnú agus cáilíochtaí** 46
**Caibidil 5 – Aistrithe agus dul chun cinn** 57
**Caibidil 6 – Breisoideachas, ardoideachas agus foghlaim ar feadh an tsaoil** 73
**Caibidil 7 – Tacú le lucht saothair an oideachais** 84
**Caibidil 8 – Struchtúir agus córas aonair** 79
**Caibidil 9 – Rialachas institiúideach agus cuntasacht** 106
**Caibidil 10 – Cistiú – leordhóthanacht, éifeachtúlacht agus tionchar** 116
**Forléargas ar Mholtaí** Error! Bookmark not defined.
**Gluais téarmaí** 135
**Liosta Aguisíní** Error! Bookmark not defined.

# RÉAMHRÁ ÓN PHAINÉAL

I mí Dheireadh Fómhair 2021, tugadh deis ar leith dúinn – athbhreithniú a dhéanamh ar chóras oideachais iomlán agus a mholadh cén dóigh a dtiocfadh é a fheabhsú. Thug ár sainchúram deis dúinn gearrchuntas a thabhairt ar an oideachas i dTuaisceart Éireann ina iomláine. Ar an láimh eile, ciallaíonn amscála dhá bhliain go bhfuil gnéithe ann gan amhras nár tugadh an aird orthu a ba mhian linn. Tá súil againn go leagtar amach sa Tuarascáil seo fís shoiléir don athrú.

Tá buanna móra ag an oideachas i dTuaisceart Éireann. Bíonn rath ar fhormhór na ndaoine óga ina scoileanna agus téann go leor acu ar aghaidh ansin ag gnóthú go hard ina chuid coláistí agus ollscoileanna. Sáraíonn leibhéil ghnóthachtála iad siúd i ndlínsí eile na Ríochta Aontaithe. Tá comparáidí idirnáisiúnta an-dearfach. Ag gach leibhéal, déanann lucht saothair cumasach agus tiomanta a gcion féin.

Mar sin féin, tá laigí ann. Is féidir go leor acu sin, go páirteach ar a laghad, a chur i leith easpa maoinithe. Agus tagann barraíocht daoine óga, atá faoi mhíbhuntáiste na bochtaineachta, óna gcuid oideachas éigeantach agus iad tearcoilte agus tearc-cháilithe.

Is é an t-oideachas an infheistíocht is mó a dhéanann sochaí ar bith ina todhchaí féin. Is air a bhunaítear saoránacht fhreagrach, rathúnas agus lánsástacht saoil.

I ndomhan atá ag athrú ar luas nach bhfacthas a leithéid riamh cheana, braitheann an tsíocháin agus an rathúnas ar an oideachas níos mó ná riamh. Thiocfadh le rath a bheith ar Thuaisceart Éireann san 21ú haois go díreach má fhorbraíonn sé cumas chun feidhmiú ar thús cadhnaíochta an eolais agus má tá lucht saothair aige a bhíonn ag leathnú agus ag athnuachan a chumais i gcónaí.

Ónár ndearcthaí éagsúla, tá paisean comhroinnte againn don oideachas agus a chumas an tsochaí a athrú chun feabhais. Nuair a dhéanaimid tagairt do 'infheistíocht' san oideachas, áirímid infheistíocht in eolas, comhtháthú sóisialta, cruthaitheacht, folláine – idir fhisiciúil agus mheabhrach – agus aire a thabhairt do dhaoine eile agus cuidiú leo. Má éiríonn linn i ngach ceann de na réimsí sin, beidh buntáistí móra eacnamaíocha agus sochaíocha againn dá réir.

Ní ráthóidh caiteachas breise torthaí níos fearr as féin. Caithfear díriú go cúramach ar an infheistíocht agus aschuir a thomhas go cúramach. Inár dTuarascáil leag muid amach moltaí maidir leis na mórcheisteanna oideachais a d'aithin muid le linn ár n-athbhreithnithe. Creidimid go mbeidh maoiniú breise de dhíth ar go leor de na hathruithe, cé go mbeidh roinnt coigiltis mheántéarmacha ann. Mar sin féin, creidimid go láidir go mbeidh tiomantas do mhaoiniú leordhóthanach oideachais de dhíobháil chun rathúnas agus folláine do Thuaisceart Éireann sa todhchaí a bhaint amach.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis an iliomad daoine a chuidigh lenár n-athbhreithniú; iad siúd a chuir fianaise ar fáil nó a chuir lenár gcruinnithe iomadúla; baill foirne ó scoileanna, coláistí agus institiúidí oideachais eile; daoine óga agus eagraíochtaí óige; oifigigh ó ranna rialtais agus ó chomhlachtaí ar neamhthuilleamaí; lucht acadúil; baill d'eagraíochtaí earnála agus abhcóideachta; fostóirí agus ceardchumainn agus go leor eile. Caithfimid ár mbuíochas a ghabháil, go háirithe, lenár rúnaíocht den scoth. Bhí muid ag brath ar a síorthacaíocht ag gach céim. Murach iad, ní fhéadfadh aon tuairisc a bheith ann.

# CEN DÓIGH A nDEARNA MUID AN tATHBHREITHNIÚ

## Cúlra

Bunaíodh an tAthbhreithniú Neamhspleách ar Oideachas ("an tAthbhreithniú") mar fhreagra ar na gealltanais atá in Deich mBliana Nua Cuir Chuige Nua[1] (**NDNA**). Thug NDNA le fios gur chóir don Athbhreithniú díriú ar "éifeachtúlacht níos fearr a chinntiú i gcostais seachadta, caighdeáin a ardú, rochtain ar an churaclam do gach dalta, agus na hionchais a bhaineann le bogadh i dtreo córas oideachais aonair"[2].

Chuir NDNA in iúl go soiléir fosta go gclúdódh an tAthbhreithniú "oideachas do leanaí agus do dhaoine óga i suíomhanna luathoideachais, bunscoile, iar-bhunscoile nó breisoideachais"[3]. Ba chóir go n-áireofaí ann gach gné den chóras "ina measc Comhlachtaí Earnála, COO, curaclam, pleanáil ceantair, straitéis 14–19, Creat Teidlíochta, oiliúint múinteoirí agus an comhéadan idir Ardoideachas agus Breisoideachas"[4].

Cheap an tAire Oideachais, Michelle McIlveen CTR, an Painéal i Meán Fómhair 2021 i ndiaidh próiseas earcaíochta oscailte,[5,6]. Is iad seo a leanas baill an Phainéil[7]:

- An Dr Keir Bloomer (Cathaoirleach)
- An Ridire Gerry Loughran (Leas-Chathaoirleach)
- Marie Lindsay
- Robin McLoughlin OIB
- Isabel Nisbet.

Bhí siad ag obair ar bhonn páirtaimseartha ó mhí Dheireadh Fómhair 2021[8], le tacaíocht ó rúnaíocht a chuireann an Roinn Oideachais (RO) ar fáil.

## Príomhphrionsabail

[1] *New Decade, New Approach (Eanáir 2020),* New Decade, New Approach
[2] *New Decade, New Approach* (Eanáir 2020), lch.7.
[3] *New Decade, New Approach* (Eanáir 2020), lch.43.
[4] *New Decade, New Approach* (Eanáir 2020), lch.43.
[5] Bhí an painéal roghnúcháin freagrach as a chinntiú gur cloíodh leis an gCód Cleachtais, a d'eisigh an Coimisinéir um Cheapacháin Phoiblí Thuaisceart Éireann (CPANI).
[6] Ar an Phainéal Roghnúcháin freisin bhí oifigigh shinsearacha sa RO agus sa Roinn Geilleagair (RG), chomh maith le comhalta neamhspleách a chuir CPANI ar fáil.
[7] I gcomhréir le cód cleachtais CPANI, d'aithin iarratasóirí coinbhleachtaí leasa féideartha tríd an phróiseas iarratais. Rinne an Painéal Roghnúcháin measúnú orthu sin le linn phróiseas na gceapachán.
[8] Tugadh luach saothair do phoist.

Shocraigh muid go mbeadh ár gcuid oibre faoi threoir phríomhphrionsabail. Is iad sin:

- **Dírithe ar an fhoghlaimeoir**: riachtanais na bpáistí agus na scoláirí a chur chun tosaigh ar gach cúinse eile.
- **Neamhspleách:** an plean oibre agus an cur chuige a chinneadh agus an Tuarascáil a scríobh saor ó thionchair eile.
- **Bunaithe ar fhianaise**: moltaí a cheapadh bunaithe ar an fhianaise a bhaileofaí agus a bhreithneofaí
- **Comhdhearcadh a chothú**: gach iarracht a dhéanamh comhdhearcadh a chothú i rith an Athbhreithnithe, agus a chinntiú go léireodh na moltaí an mhian sin.
- **Meas ar rogha agus éagsúlacht**: a bheith feasach ar Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine 1948, a deir 'go bhfuil sé de cheart roimh ré ag tuismitheoirí an cineál oideachais a thabharfar dá bpáistí a roghnú'.
- **Tarmligean:** ag obair ar an bhonn gur cheart cinntí a dhéanamh is gaire don áit a mbeidh a n-éifeacht acu, sa chás seo soláthraithe oideachais, le cuntasacht iomchuí.

## Cur Chuige i leith ár dTuarascála

Inár dtuarascáil eatramhach[9], a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2022, leag an Painéal amach príomh-shaincheisteanna. Tugann an tuarascáil deiridh seo ("an Tuarascáil") léargas níos fearr ar smaointeoireacht an Phainéil agus tugtar conclúidí agus moltaí maidir le gach ceann de na saincheisteanna sin.

Tá trí dhoiciméad ar leith (ach nasctha) sa Tuarascáil:

- **Is forléargas é Imleabhar 1**. Déantar cur síos ann ar an tasc, na réimsí tosaíochta don athchóiriú agus na príomh-mholtaí.
- **Soláthraíonn Imleabhar 2** níos mó sonraí. Déantar cur síos ann ar láidreachtaí, laigí agus modhanna oibriúcháin an chórais oideachais faoi láthair. Leagtar amach ann réasúnaíocht an Phainéil maidir leis na cúrsaí

[9] *Oideachas den scoth do chách: Tuarascáil Eatramhach ar an Athbhreithniú Neamhspleách* (Deireadh Fómhair 2022) https://www.independentreviewofeducation.org.uk/key-documents/excellent-education-all-interim-report-independent-review

gníomhaíochta a mholtar. Tá sraith iomlán moltaí i ngach caibidil d'Imleabhar 2, ina measc na príomh-mholtaí taobh istigh d'Imleabhar 1.

- Tugann **Imleabhar 3** roinnt **Aguisíní** tuilleadh faisnéis chúlra a bhaineann leis an Athbhreithniú.

Tá an chuid is mó d'Imleabhair 1 agus 2 bunaithe ar dheich bpríomhcheist le haghaidh athchóirithe.

- Blianta tosaigh.
- Míbhuntáiste.
- Tacaíocht d'fhoghlaimeoirí, cuimsiú agus folláine.
- Curaclam, measúnacht agus cáilíochtaí.
- Aistrithe agus dul chun cinn.
- Breisoideachas, ardoideachas agus foghlaim ar feadh an tsaoil.
- Tacú leis an lucht saothair oideachais.
- Struchtúir agus córas aonair.
- Rialachas institiúideach agus cuntasacht.
- Maoiniú – leordhóthanacht, éifeachtúlacht agus tionchar.

Ag deireadh gach ailt, tugaimid breac-chuntas ar "phríomh-mholtaí" a bhaineann leis an ábhar sin. Ag deireadh Imleabhar 1, déantar na príomh-mholtaí go léir a ghrúpáil agus a chur i láthair i bhformáid tháblach le costais/coigilteas táscach agus scálaí ama.

Tá liosta de na heagraíochtaí ar fad ar bhuail an Painéal leo le linn an Athbhreithnithe ar fáil **in Aguisín 1** agus liosta iomlán d'aighneachtaí scríofa in **Aguisín 2**[10].

Chun cuidiú leis an léitheoir, tugtar forléargas ar chomhlachtaí reachtúla a bhfuil baint acu le hoideachas i dTuaisceart Éireann in **Aguisín 3**.

[10] Tá gach aighneacht scríofa ar fáil ar shuíomh gréasáin an Athbhreithnithe Neamhspleáigh. Ní áirítear ar an liosta páipéir faisnéise a chuireann oifigigh Roinne ar fáil ná freagraí ar an suirbhé poiblí.

# Ár bhFís d'Oideachas den Scoth

D'iarr ár dTéarmaí Tagartha orainn "*fís a aontú maidir leis an chuma a bheadh ar chóras oideachais ardchaighdeáin, nuálach agus cuimsitheach i dTuaisceart Éireann agus sa 21ú haois agus an dóigh a dtiocfadh le comhpháirtithe ábhartha oibriú le chéile chun an fhís sin a fhíorú - córas fíormhaith idirnáisiúnta a dhéanamh de Thuaisceart Éireann*"[11].

Is féidir le hinfheistíocht san oideachas todhchaí níos fearr a bhaint amach do chách. Is mian linn go gcuirfí tús leis an infheistíocht anois ionas gur féidir léi claochlú a chur i gcrích sna 20 bliain amach romhainn trí athchóiriú forásach.

Don fhoghlaimeoir cuirfidh sé turas oideachais ar feadh an tsaoil gan bhriseadh ar fáil a spreagann; a fhorbraíonn scileanna, cumais agus buanna; agus a dhéanann ceiliúradh ar gach rath. Gheobhaidh leanaí cúram agus oideachas comhtháite óna mblianta tosaigh. Beidh sé d'acmhainn ag foghlaimeoirí cur go hiomlán leis an gheilleagar, agus beidh deiseanna ann athoiliúint a dhéanamh nuair is gá. Beidh tacaíocht luath agus éifeachtach ann dóibh siúd a mbíonn sí de dhíobháil orthu nuair a bhíonn sí de dhíobháil orthu, rud a sheachnóidh an gá le hidirghabhálacha costasacha níos fadtéarmaí.

Tá infheistíocht in oideachasóirí i gcroílár ár bhfíse – beidh múinteoirí, léachtóirí agus gach oideachasóir go fóill ina mbaill de ghairm bhródúil, ardoilte, tiomanta do na caighdeáin is airde agus a bhfuil meas ag an phobal uirthi.

Samhlaímid córas oideachais dea-dheartha, éifeachtúil, maoinithe go leordhóthanach a sholáthraíonn rogha, atá cuimsitheach agus a spreagann comhoibriú roimh an iomaíocht. Tabharfaidh an córas deis níos fearr d'fhoghlaimeoirí ó phobail éagsúla foghlaim le chéile. Coinneoidh agus meallfaidh a leithéid de chóras tallann agus cinnteoidh sé go mbeidh an lucht saothair oilte ag Tuaisceart Éireann atá de dhíobháil air chun tacú le geilleagar rathúil.

Dearadh ár moltaí, atá costáilte agus indéanta, chun an fhís sin a fhíorú. Creidimid go gcuirfidh siad 'oideachas den scoth' ar fáil do chách.

Ba chóir d’oideachas den scoth:

- A chinntiú go bhfuil daoine sláintiúil agus muiníneach; feasach go morálta; oilte go mothúchánach agus go sóisialta; agus ábalta a n-intleacht agus a gcumas fisiciúil a úsáid chun an buntáiste is mó a bhaint astu dóibh féin agus don tsochaí.

[11] Athbhreithniú Neamhspleách Téarmaí Tagartha, mír 15.

- Foghlaimeoirí a spreagadh le bheith uaillmhianach agus cumasach, le grá don fhoghlaim ar feadh an tsaoil.

- Saoránaigh a ullmhú chun todhchaí níos fearr a bhaint amach dóibh féin agus do dhaoine eile, a bheith eiticiúil agus eolasach, agus cur leis an tsochaí agus leis an gheilleagar.

Ba chóir don chóras oideachais:

- Tús áite a thabhairt do riachtanais na bhfoghlaimeoirí agus a chinntiú go dtacaíonn lucht saothair oideachais oilte agus tiomanta leo i suíomhanna a bhfuil acmhainní maithe acu. Cosnóidh sé a bhfolláine agus cuirfidh sé chun cinn í, agus urramóidh sé cearta réasúnta tuismitheoirí lena chinntiú go gcuirtear oideachas ar leanaí de réir a bprionsabal creidimh agus fealsúnachta[12]. Caithfear go cothrom le daoine aonair agus cuirfidh an córas cothromas chun cinn sa tsochaí.

- Comhtháthú pobail a chur chun cinn, meas a léiriú ar chultúir, féiniúlachtaí, teanga agus luachanna foghlaimeoirí, teaghlach agus pobal. Beidh sé trédhearcach agus cuntasach d'fhoghlaimeoirí, do theaghlaigh agus do pháirtithe leasmhara. Déanfar cinnteoireacht oideachais a tharmligean den chuid is mó dóibh siúd atá freagrach as seachadadh, rud a chuideoidh lena chinntiú go spreagann an córas muinín an phobail.

- An t-eolas, na scileanna agus na dearcthaí a thabhairt d'fhoghlaimeoirí ag gach céim den saol chun cur go dearfach leis an tsochaí agus leis an gheilleagar. Cothóidh sé smaointeoireacht chriticiúil, athléimneacht, inoiriúnaitheacht agus an cumas a bheith rathúil in am an athraithe. Ag an am céanna, bainfidh sé úsáid éifeachtúil agus éifeachtach as acmhainní.

[12] "I bhfeidhmiú agus i gcomhlíonadh na gcumhachtaí agus na ndualgas go léir a thugtar nó a fhorchuirtear orthu leis na hOrduithe Oideachais, beidh aird ag an Roinn agus ag na boird ar an phrionsabal ginearálta, a mhéid a bheidh sé ag luí le teagasc agus oiliúint éifeachtúil a sholáthar agus le caiteachas poiblí míréasúnach a sheachaint, go gcuirfear oideachas ar dhaltaí de réir mhianta a dtuismitheoirí." Ón Ordú Oideachais agus Leabharlanna (Tuaisceart Éireann) 1986 (Uimh. 594 (I.R. 3)), (1986), Airteagal 44. https://www.legislation.gov.uk/nisi/1986/594/contents

## Cás le haghaidh Infheistíochta

Go leor de na hábhair imní a bhfuilimid ag iarraidh aghaidh a thabhairt orthu sa Tuarascáil seo bíonn siad coiteann do gach tír fhorbartha. Áirítear orthu sin cuidiú le daoine dul in oiriúint do shochaí agus do gheilleagar atá ag athrú go gasta agus borradh a chur fúthu, caighdeáin ghnóthachtála a ardú, tionchar an mhíbhuntáiste a laghdú, foghlaim a spreagadh ar feadh an tsaoil agus an córas oideachais féin a chumasú chun teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a oiriúnú, a fheabhsú agus a úsáid. Mar sin féin, tá gnéithe dár sainchúram ann atá uathúil mar gheall ar áit nó ar am.

Tá an t-oideachas i dTuaisceart Éireann an-tearcmhaoinithe - is toradh é sin den chuid is mó ar chiorruithe stairiúla agus córasacha ar chaiteachas. Téann an ghéarchéim i bhfeidhm go díreach ar fhoghlaimeoirí agus ar an lucht saothair araon. Méadaíonn sé sin an tábhacht agus an phráinn a bhaineann le hathchóiriú a chur i gcrích ach fágann sé gur dúshlánaí go mór fosta a chur chun feidhme, go háirithe nuair nach féidir moltaí a sheachadadh ach amháin le hairgead breise, fiú i gcásanna ina dtugann siad coigilteas costais san fhadtéarma.

Tá anailís mhionsonraithe ar mhaoiniú leagtha amach in Imleabhar 2 (caibidil 10). I measc na bpríomhfhigiúirí áirítear:

- Tháinig laghdú **£145m** (6%) ar mhaoiniú athfhillteach don RO le 11 bliain anuas agus tháinig méadú **7%** ar an daonra daltaí.
- Le linn an ama sin, tháinig laghdú thart ar 11% ar mhaoiniú in aghaidh an dalta i dtéarmaí réadacha[13]**.**
- In 2012/13, thuairiscigh 197 scoil easnamh, agus thuairiscigh 856 scoil barrachas. Faoi 2022/23, bhí líon na scoileanna a bhí in easnamh ardaithe go 478, agus bhí líon na scoileanna a raibh farasbarr acu tite go dtí 515[14].
- Baineann brú mór ar an bhuiséad oideachais le Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO). Tá méadú 66% tagtha ar líon na ndaltaí a bhfuil ráiteas RSO acu ó 2012/13[15].
- Is ionann caiteachas RSO anois agus leath de bhlocdheontas an Údaráis Oideachais (ÚO) agus gar don chúigiú cuid den bhuiséad oideachais iomlán.

Bhí buiséad 2023/24 don RO, mar a d'fhógair Státrúnaí Thuaisceart Éireann in Aibreán 2023, **2.5% níos lú** ná buiséad na bliana roimhe sin[16]. Níl sé sin inchurtha leis an ardú 6.5% atá beartaithe i mbuiséad scoileanna Shasana.[17] Measann an RO go raibh brú

[13] Bunaithe ar dhíbhoilsceoirí OTI amhail an 30 Meán Fómhair 2022.
[14] Sonraí curtha ar fáil ag Airgeadas RO.
[15] Rolluithe scoile - forleargas | An Roinn Oideachais (education-ni.gov.uk)
[16] Bileog eolais faoin Roinn Airgeadais 2023/24 (finance-ni.gov.uk)
[17] Maoiniú scoile: Gach rud atá uait - An Mol Oideachais (blog.gov.uk)

maoinithe os cionn **£500m** ann in 2024/25. Tá tionchar mór ag an bhuiséad srianta ar thorthaí agus tá an RO teoranta ina chumas buiséad cothrom a sholáthar in 2023/24 fiú le ciorruithe ar sheirbhísí[18] luachmhara. Tá miotas ann a luaitear go minic "nach dtéann ach 60% de mhaoiniú an oideachais chuig scoileanna", agus go bhféadfaí éifeachtúlachtaí a bhaint amach trí níos mó maoinithe a tharmligean chuig scoileanna. Nuair a chuirtear san áireamh, áfach, na seirbhísí scoile a mhaoinítear trí bhlocdheontas an Údaráis Oideachais[19], léirítear go dtéann 87% de bhuiséad na Roinne Oideachais go díreach chuig scoileanna.

Chomh maith leis an bhrú atá ar an RO, tá brúnna níos leithne "oideachais" ann leis an Roinn Geilleagair (RG):

- Ó 2011/12 i leith, tá laghdú 6% tagtha ar chaiteachas breisoideachais (BO) i dtéarmaí réadacha agus laghdú **33%** ar chaiteachas caipitil.
- Cé gur tháinig méadú **25%** i dtéarmaí réadacha i gcomparáid le 2019/20 ar chaiteachas ar ardoideachas (AO) in 2020/21; tá titim **28%** i dtéarmaí réadacha ar chaiteachas ó 2010/11.[20]

Is mó láidreacht atá ag an chás maidir le maoiniú méadaithe má dhéantar iarrachtaí neamhéifeachtúlachtaí a laghdú san áit a bhfuil siad. Cé gur léirigh ár dTuarascáil neamhéifeachtúlachtaí sa dóigh a bhfuil an córas oideachais reatha deartha agus a ndéantar seirbhísí a sholáthar, níor cheart áibhéil a dhéanamh faoi scála an choigiltis fhéideartha. Fiú dá mbainfí amach an coigilteas ar fad a aithníodh, bheadh bearna shuntasach mhaoinithe ann i gcónaí. Caithfear aird láithreach a thabhairt ar an bhearna mhaoinithe ach tá gá fosta le hinfheistíocht fhadtéarmach bhreise san oideachas.

[18] Maoiniú do leanaí agus do dhaoine óga leochaileacha á chosaint ag an Roinn Oideachais | An Roinn Oideachais (education-ni.gov.uk)
[19] Seirbhísí ar nós Oideachas Speisialta agus Riachtanais Bhreise Oideachais (scoileanna speisialta, RSO sa phríomhshruth agus Tacaíocht do Dhaltaí); C2K agus CPP agus tionscnaimh eile; Béilí scoile; Iompar; párolla, AD, TFC, Cuntais; Rátaí do scoileanna; Ionadú foirne scoilbhunaithe; Costais eile ar nós patróil trasnaithe ag scoileanna, seirbhís leabharlainne scoile, seirbhís forbartha scoile, seirbhís ceoil agus seirbhísí dlí.
[20] Eolas curtha ar fáil ag RA.

# CAIBIDIL 1 – LUATHBHLIANTA

## Infheistiú in oideachas luathbhlianta

1.1 Is deis ríthábhachtach iad seirbhísí luathbhlianta chun an bealach a réiteach don fhoghlaim agus don fhorbairt ar feadh an tsaoil agus ag an am céanna torthaí dearfacha a chur chun cinn san oideachas, sa tsláinte, sa gheilleagar agus sa tsochaí. Ba chóir go mbeadh oideachas luathbhlianta ar ardchaighdeán ar fáil ó aois an-óg do gach teaghlach. Éileoidh sé sin leathnú suntasach ar na seirbhísí reatha. Is féidir luach saothair suntasach a bhaint as infheistiú sna seirbhísí seo.

1.2 Cuimsíonn na luathbhlianta an tréimhse ó roimh bhreith trí bhunchéimeanna na scolaíochta. Ba cheart go mbeadh seirbhísí ag an chéim ríthábhachtach seo cuimsitheach agus ba cheart go gcuirfeadh siad fás agus forbairt ar gach aon dóigh chun cinn i leanaí. Chun an sprioc sin a bhaint amach, beidh gá le tacaíocht níos mó do thuismitheoirí agus do chúramóirí, atá mar chéad oideachasóirí leanaí, chomh maith le comhtháthú seirbhísí sláinte agus oideachais agus leathnú ar chláir luathóige ar ardchaighdeán.

1.3 Aithníonn foilseachán na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) *Infheistiú in oideachas agus i gcúram luathóige ar ardchaighdeán*[21] trí réasúnaíocht leathana chun infheistíocht a dhéanamh sa réimse soláthair seo.

- Tá brabúis shuntasacha eacnamaíocha agus shóisialta ann.
- Tacaíonn sé le tuismitheoirí agus cuireann sé borradh faoi fhostaíocht na mban.
- Tá sé mar chuid de fhreagracht na sochaí oideachas a chur ar leanaí, bochtaineacht leanaí a chomhrac agus cuidiú le leanaí míbhuntáiste oideachasúil a shárú.

1.4 Tá treocht dhomhanda ann i dtreo infheistíocht níos mó sna luathbhlianta. Go deimhin, tarraingíodh aird air sin sa tuarascáil *Tús Cothrom*[22] le deireanas. Aontaímid lena moltaí maidir leis na luathbhlianta agus ba mhaith linn iad a fhorbairt níos faide go fóill.

1.5 Trí infheistíocht a dhéanamh i soláthar luathbhlianta ar ardchaighdeán, is féidir rátaí teipe scoile a laghdú agus fadhbanna amhail neamhghníomhaíocht eacnamaíoch, bochtaineacht, iompar frithshóisialta agus coireacht a mhaolú. Tá sé tugtha faoi deara ag an Lárionad um Sheirbhísí Éifeachtacha (CES) "Thuairiscigh anailísí costais is tairbhe a rinneadh sna Stáit Aontaithe ar chláir

[21] https://www.oecd.org/education/school/48980282.pdf
[22] https://www.education-ni.gov.uk/publications/fair-start-final-report-action-plan

luathchúram agus oideachas ardchaighdeáin tuairisceáin de $2.50–$16 do gach $1 a infheistíodh. Réamh-mheas an Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta (FNES) go mbeadh idir €4 agus €7 de thairbhe le hinfheistíocht sa luathchúram agus san oideachas i bPoblacht na hÉireann ar gach €1 a infheistíodh. Ríomhadh na tuairisceáin mheasta sin ó thorthaí tomhaiste oideachais (amhail gnóthachtáil oideachais fheabhsaithe, riachtanas laghdaithe le haghaidh soláthar oideachas speisialta), rátaí ógchoireachta níos lú, agus coigilteas réamh-mheasta mar gheall ar rannpháirtíocht sa lucht saothair amach anseo, freastal méadaithe ar oideachas tríú leibhéal agus costais laghdaithe ionchúisimh agus íospartaigh a bhaineann le coireacht aosach"[23].

## Soláthar a leathnú

1.6 D'fhógair Aire na Roinne Oideachais pleananna i Meán Fómhair 2022[24] chun na huaireanta oideachas réamhscoile maoinithe, a thairgtear do gach leanbh ar mian lena dtuismitheoirí é, a mhéadú go 22.5 sa bhliain sula dtosóidh siad ar oideachas éigeantach. Fáiltímid roimh na pleananna seo agus aithnímid go mbeidh maoiniú suntasach de dhíobháil chun iad a chur i bhfeidhm. Meastar go gcosnódh an leathnú seo ar an soláthar suas le £35m breise sa bhliain[25].

1.7 Bhreithnigh muid fosta an tairiscint luathbhlianta i dTuaisceart Éireann i gcomparáid le dlínsí eile de chuid na Ríochta Aontaithe agus Poblacht na hÉireann (agus chuir forbairtí idirnáisiúnta níos leithne san áireamh). Fiú i ndiaidh dúinn aird a thabhairt ar an leathnú atá beartaithe ar oideachas réamhscoile maoinithe, creidimid go mbeidh bearnaí suntasacha go fóill sa soláthar i dTuaisceart Éireann. Baineann an ceann is tábhachtaí díobh sin le leanaí idir 2 agus 3 bliana d'aois.

1.8 Caithfidh clár réigiúnach do dhaoine 2 bhliain d'aois a bheith ina sprioc fhadtéarmach do Thuaisceart Éireann inar féidir le gach leanbh suas le 20 uair an chloig sa tseachtain a fháil (ar feadh 38 seachtaine). I gcuideachta an leathnaithe atá beartaithe ar oideachas réamhscoile maoinithe, bheadh sé seo ina infheistíocht shuntasach i bhforbairt na luathóige. Meastar go gcosnódh clár uilíoch 2 bhliain d'aois suas le £110m sa bhliain[26].

1.9 I riocht maoinithe srianta, ba cheart go mbeadh sé mar thosaíocht soláthar cothrom agus éifeachtach a áirithiú do gach foghlaimeoir agus tacaíocht bhreise a chur ar fáil do leanaí faoi mhíbhuntáiste agus dá dteaghlaigh ag an am céanna. Molaimid

---

[23] Cosc agus idirghabháil luath i seirbhísí leanaí agus daoine óga: Deich mbliana foghlama

[24] Fógraíonn McIlveen bogadh i dtreo 22.5 uair an chloig de réamhscolaíocht mhaoinithe do gach páiste | An Roinn Oideachais (education-ni.gov.uk)

[25] Ar an bhonn go mbeidh gach leanbh incháilithe rannpháirteach go hiomlán. Is meastacháin iad na costais agus tá siad faoi réir athbhreithnithe.

[26] Ar an bhonn go mbeidh gach leanbh incháilithe rannpháirteach go hiomlán. Is meastacháin iad na costais agus tá siad faoi réir athbhreithnithe.

gur cheart go mbeadh an tosaíocht láithreach acu siúd atá faoi mhíbhuntáiste, sula mbogfaimid chuig soláthar níos uilíche.

1.10 Dá bhrí sin, thiocfadh an clár a chéimniú mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| **Céim 1** | **Díriú** | Páistí 2 bhliain agus 3 bliana d'aois rangaithe mar dhaoine faoi mhíbhuntáiste a fháil suas le 12.5 uair an chloig agus 22.5 uair sa tseachtain faoi seach. |
| **Céim 2** | **Ag leathnú** | Gheobhaidh gach duine 2 bhliain d'aois suas le 12.5 uair sa tseachtain agus gheobhaidh gach duine 3 bliana d'aois 22.5 uair sa tseachtain. |
| **Céim 3** | **Soláthar Iomlán** | Gheobhaidh gach duine 2 bhliain d'aois suas le 20 uair sa tseachtain agus gheobhaidh gach duine 3 bliana d'aois 22.5 uair sa tseachtain. |

## Cáilíocht a fheabhsú

1.11 Léiríonn staidéir taighde go mbíonn tionchar dearfach buan ag seirbhísí luathbhlianta den scoth ar fheidhmíocht oideachais, go háirithe ar fheidhmíocht leanaí faoi mhíbhuntáiste[27]. Tá tionchar teoranta ag seirbhísí meánacha nó fo-chaighdeánacha nó tá siad gan aon tionchar den sórt sin[28]. Tá impleachtaí tábhachtacha aige sin do chomhdhéanamh, cáilíochtaí, forbairt ghairmiúil agus ceannaireacht an lucht saothair. Caithfidh scileanna agus cáilíochtaí cuí a bheith ag gach ball foirne luathbhlianta, bíodh siad gairmiúil nó paraghairmiúil, ag an phointe iontrála. Ba cheart go mbeadh rochtain ag an fhoireann ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach ar ardchaighdeán ina dhiaidh sin.

1.12 Ba cheart clár lánfhorbartha oiliúna inseirbhíse a chur chun feidhme, rud a chuirfidh ar chumas na foirne a gcuid scileanna a athnuachan agus a fheabhsú agus cáilíochtaí breise a fháil. Ba cheart struchtúr gairme feabhsaithe a thabhairt isteach ag gabháil leis sin, rud a chuirfeadh ar chumas níos mó baill foirne dul ar aghaidh chuig poist a bhfuil freagracht níos mó ag baint leo. Is é an sprioc dheiridh go mbeadh cáilíocht atá oiriúnach go gairmiúil ag gach ball foirne atá ag obair i suíomhanna luathbhlianta.

## Caighdeánú

[27] Dul i ngleic le míbhuntáiste sna luathbhlianta - An Coiste Oideachais - Teach na dTeachtaí (parliament.uk)
[28] Melhuish, Éadbhard. (2004). Athbhreithniú litríochta ar thionchar an tsoláthair luathbhlianta ar leanaí óga, agus béim tugtha do leanaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste.

1.13 Taobh istigh den Chlár Oideachais Réamhscoile tá samhail mheasctha de sheachadadh seirbhíse le soláthar reachtúil agus neamhreachtúil. Tá an geilleagar measctha reatha ina bhfuil réimse soláthraithe éagsúla ag obair ag feidhmiú go maith, agus deirtear i dtuarascálacha na Cigireachta Oideachais agus Oiliúna (COO) go bhfuil an caighdeán ard go ginearálta. Leis an tsamhail sin is féidir soláthar solúbtha a chur ar fáil mar fhreagairt ar leibhéil agus ar phatrúin éilimh athraitheacha, nuair a chuirtear san áireamh go bhfuil soláthar réamhscoile neamhéigeantach.

1.14 Cé go gcruthaíonn sé seo samhail sholúbtha seachadta, tá neamhréireachtaí ann dá bharr i socruithe idir na hearnálacha reachtúla agus neamhreachtúla agus tá an dara grúpa faoi mhíbhuntáiste maidir le maoiniú, cóimheasa leanaí:foirne agus cáilíochtaí/ riachtanais iontrála. Ba cheart na socruithe reatha a bhaineann le maoiniú, cóimheasa foirne agus cáilíochtaí san earnáil phoiblí a chur i bhfeidhm ar sholáthar na hearnála príobháidí a luaithe is féidir.

## Seirbhís chomhtháite

1.15 Is deis shuntasach do Thuaisceart Éireann é an leathnú a mholtar ar sholáthar agus ar infheistíocht mhéadaithe. Tá sé tábhachtach go n-úsáidfí an infheistíocht sin chun an éifeacht is fearr a bhaint amach agus na buntáistí iomlána a bhaineann le seirbhís luathóige ar ardchaighdeán a bhaint amach. Is fearr is féidir é sin a bhaint amach trí chur chuige comhoibríoch ar fud na ranna agus na ngníomhaireachtaí ábhartha.

1.16 Léiríonn na socruithe reatha teorainneacha traidisiúnta na roinne, seachas a bheith deartha leis an úsáideoir deiridh san áireamh. Tá fianaise feicthe againn go bhfuil comhobair mhaith ar bun ar fud na seirbhísí sláinte agus oideachais. Mar sin féin, tá difríochtaí nádúrtha ann maidir le cuspóirí agus tosaíochtaí. Tá an baol ann fosta gur féidir tús áite a thabhairt do sheirbhísí luathbhlianta sa dá roinn, agus an Roinn Sláinte (RS) dírithe mar is dual di ar ghéarchúram agus RO ar fhoghlaim in aois scoile.

1.17 Tá forbairt luathóige chomh tábhachtach sin gur cheart gur gníomhaireacht amháin a bheadh freagrach aisti. D'fhéadfadh an ghníomhaireacht sin a bheith i gceannas ar sheirbhísí cuairte sláinte, tacaíocht do theaghlaigh, rialáil chúram leanaí agus réimse soláthair oideachais agus cúram leanaí ach ní bheadh sí freagrach as seirbhísí leighis.

1.18 I gcomhthráth leis an Athbhreithniú seo, rinne an tOllamh Ray Jones Athbhreithniú ar Sheirbhísí Cúram Sóisialta Leanaí i dTuaisceart Éireann[29], a

[29] Tuarascáil an Athbhreithnithe Neamhspleách ar Sheirbhísí Cúram Sóisialta Leanaí i dTuaisceart Éireann | Athbhreithniú CSCS NI (cscsreviewni.net)

choimisiúnaigh an tAire Sláinte ag an am. Bhí áthas orainn dul i dteagmháil leis an Ollamh Jones roinnt uaireanta chun sineirge fhéideartha idir ár dtorthaí a bhí ag teacht chun cinn a mheas. Is é an téama a phléigh muid go sonrach leis an Ollamh Jones (chomh maith le cinn eile) comhtháthú níos fearr seirbhísí leanaí, ar fud an oideachais agus na sláinte. Moladh mór ina thuarascáil deiridh ab ea eagraíocht aonair ar fud an réigiúin a chruthú do sheirbhísí reachtúla cúram sóisialta leanaí agus teaghlaigh. D'fhéadfadh sineirge a bheith ann i gcur i bhfeidhm an mholta sin agus ár smaointeoireachta féin maidir le comhtháthú níos fearr seirbhísí luathóige.

1.19 Bheadh an tseirbhís a shamhlaímid ag gearradh trasna RS agus RO. D'fhéadfadh aistriú foirne ar fud ranna, seirbhísí conraitheoireachta idir comhlachtaí seachadta ar leithligh agus comhshocrú bainistíochta ar fud dhá roinn a bheith i gceist leis sin. Tugann na buntáistí féideartha cúis go ndéanfaí iarracht na deacrachtaí a shárú. B'fhéidir go dtógfadh sé seo roinnt ama a bhaint amach.

1.20 Sa ghearrthéarma, is réamhriachtanas é obair chomhtháite idir sláinte agus oideachas d'aon leathnú ar an soláthar. Ba cheart socruithe a chur i bhfeidhm chun na cleachtais chomhoibríocha atá ann cheana a neartú. Bheadh sé i gceist againn Bord Comhpháirtíochta Luathbhlianta a bhunú, faoi chathaoirleacht na nAirí Oideachais agus Sláinte. Bheadh sé sin freagrach as ciste imfhálaithe a bhainistiú le haghaidh soláthar luathbhlianta, leathnú ar sheirbhísí a sholáthar, cáilíocht a fheabhsú trí fhorbairt an lucht saothair agus sineirge a chinntiú chun sláinte agus forbairt chognaíoch leanaí sna luathbhlianta a fheabhsú.

1.21 Ba cheart go mbeadh an toradh deiridh ina sheirbhís chomhtháite aonair – fiú má thógann sé sin tréimhse fhada le bunú. Nascann sé seo fosta lenár smaointeoireacht níos leithne ar athchóiriú fadtéarmach ar sheirbhísí tacaíochta d'fhoghlaimeoirí. Maidir le seirbhísí luathóige, bheadh an ghníomhaireacht freagrach as na nithe seo a leanas:

- Úsáid éifeachtach acmhainní agus infheistíochta i soláthar amach anseo.
- Seirbhísí a sholáthar agus a choimisiúnú.
- Tacaíocht agus rannpháirtíocht tuismitheoirí.
- Tacú le teaghlaigh, ina measc iad siúd atá 'deacair a bhaint amach'.
- Folláine agus sláinte mhothúchánach a chur chun cinn.
- Fadhbanna forbartha a aithint agus tacaíocht éifeachtach a chur ar fáil.
- Faisnéis a thaifeadadh agus a roinnt de réir mar is cuí.
- Riachtanais oiliúna agus foirne amach anseo a aithint.

## Ag tacú le tuismitheoirí

1.22 Tá tacaíocht do thuismitheoirí ríthábhachtach. Caithfear béim a chur ar na céimeanna luatha den fhoghlaim trí thacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí ina ról

mar chéad oideachasóir. Caithfear leanúint ar aghaidh leis seo, ar ndóigh, le linn aistear oideachais an fhoghlaimeora. Is iad na tuismitheoirí eolasacha agus gafa atá san áit is fearr chun tacú le foghlaimeoirí eolasacha agus gafa.

1.23 Is tosaíocht iomlán í cuairt sláinte taobh istigh de sheirbhísí luathbhlianta agus is faide go mór ná an tsláinte a leathnaíonn a raon agus a tionchar. Tá sé d'acmhainn ag samhail chomhtháite seachadta seirbhíse le cuairteoirí sláinte atá ag obair le gairmithe óige eile diagnóis luath a chumasú ar dheacrachtaí atá ag teacht chun cinn san fhoghlaim nó i réimsí eile forbartha. Neartaíonn sé sin an argóint maidir le socruithe oibre níos dlúithe i measc cuairteoirí sláinte, cnáimhseacha, teiripeoirí urlabhra agus teanga, síceolaithe oideachais, teiripeoirí saothair agus eile. Tá impleachtaí aige fosta dá n-oiliúint agus dá bhforbairt ghairmiúil ina dhiaidh sin.

1.24 Ar ndóigh, caithfidh go leor tuismitheoirí filleadh ar an obair agus/nó ba mhaith leo filleadh ar an obair agus, dá bhrí sin, caithfidh rochtain a bheith acu ar chúram leanaí inacmhainne. Bíonn tacaíocht de dhíth ar thuismitheoirí sna luathbhlianta chun déileáil le costais chúram leanaí atá ag ardú ionas go mbeidh siad in ann filleadh ar an mhargadh saothair. I ndeireadh na dála, is tosaíocht eacnamaíoch seachas ábhar imní oideachais é cúram leanaí a sholáthar chun go mbeadh teacht ar fhostaíocht agus, dá réir sin, is ábhar é do RA. Is réimse é seo a leagann béim ar an ghá atá le ceapadh comhcheangailte beartas agus comhtháthú níos fearr seirbhísí sna luathbhlianta.

1.25 Tá buntáistí eacnamaíocha tábhachtacha ann lena chur ar chumas tuismitheoirí filleadh ar an lucht saothair. Is dócha gur mó na buntáistí don teaghlach i gcás na ndaoine atá thíos leis an bhochtaineacht. Mar sin féin, thiocfadh dó go mbeadh cuidiú níos mó (lena n-áirítear idirghabháil stáit) de dhíobháil orthu le costais chúram leanaí le go bhféadfadh siad filleadh ar an obair. D'fhéadfadh an stát cuidiú le teaghlaigh den sórt sin trí áiteanna a cheannach ó sholáthraithe príobháideacha nó trí áiteanna lae sínte a chruthú i roinnt naíolanna stáit. I gceachtar cás, thiocfadh an soláthar a mhaoiniú go páirteach trí scála aistritheach muirear ó iomlán saor go costas iomlán (ag brath ar thástáil acmhainne).

1.26 Tá moltaí i Sasana faoi láthair go gcuirtear le cúram leanaí do theaghlaigh a bhíonn ag obair. Ó Aibreán 2024, is féidir le gach tuismitheoir atá ag obair le 2 bhliain d'aois rochtain a fháil ar 15 uair an chloig sa tseachtain, ó Mheán Fómhair 2024, is féidir le gach tuismitheoir a bhíonn ag obair ag a bhfuil leanaí 9 mí d’aois suas le 3 bliana d'aois rochtain a fháil ar 15 uair an chloig sa tseachtain; agus ó Mheán Fómhair 2025, is féidir le gach tuismitheoir a bhíonn ag obair ag a bhfuil leanaí 9 mí d'aois suas le 3 bliana d'aois rochtain a fháil ar chúram leanaí saor in aisce 30 uair an chloig in aghaidh na seachtaine. Bheadh an incháilitheacht ag teacht leis an tairiscint 30 uair an chloig atá ann faoi láthair do dhaoine idir trí agus

ceithre bliana d'aois ó theaghlaigh oibre. Dá gcuirfí ar fáil é, infheistíocht shuntasach a bheadh ann, a mheastar a bheith níos mó ná £4bn faoi 2027/2028.

1.27 Dá rachfaí ar aghaidh leis sin mar atá leagtha amach faoi láthair, bheadh Tuaisceart Éireann le maoiniú breise a fháil trí leasuithe iarmhartacha Barnett[30]. Ba chóir don Fheidhmeannacht an deis seo a thapú agus aontú an maoiniú seo a leithdháileadh ar an RO chun infheistíocht a dhéanamh i gcúram leanaí inacmhainne agus i seirbhísí luathbhlianta leathnaithe, rud a rachaidh chun tairbhe Thuaisceart Éireann ina iomláine.

1.28 Is gá machnamh a dhéanamh ar thionscnamh suntasach chun tacú le tuismitheoirí filleadh ar an obair agus tuiscint níos fearr a fháil ar na costais agus na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint lena leithéid de scéim. Ba cheart don RO oibriú le ranna eile, go háirithe RA, chun plean a ullmhú a thacódh le tuismitheoirí trí sholáthar cúram leanaí inacmhainne agus ar ardchaighdeán. Taobh istigh de na pleananna sin, ba cheart tosaíocht a thabhairt do theaghlaigh faoi mhíbhuntáiste a bhíonn ag lorg oibre.

1.29 Ar ndóigh, ba cheart go mbeadh na pleananna sin inacmhainne agus go mbeadh orthu buntáistí soiléire a léiriú do gheilleagar Thuaisceart Éireann agus don fhoghlaimeoir araon. Chaithfí roghanna maoinithe a bhreithniú tuilleadh.

## Príomh-mholtaí: Na luathbhlianta

| Oideachas luathbhlianta a leathnú |
|---|
| **Tugann na luathbhlianta deis foghlama uathúil do gach páiste. Leathnóidh infheistíocht mhéadaithe sna luathbhlianta rochtain agus feabhsóidh sé cáilíocht, rud a chumasóidh diagnóis luath agus idirghabháil i gcásanna deacrachta. Ba cheart freastal ar riachtanais sláinte agus oideachais na luathóige trí sheirbhís chomhtháite.**<br><br>**Ba chóir go mbeadh leathnú céimnithe ar an oideachas luathbhlianta. Ba chóir go gcinnteodh na chéad chéimeanna go bhfaigheann gach duine 2 bhliain d'aois suas le 20 uair an chloig in aghaidh na seachtaine agus gach duine 3 bliana d'aois suas le 22.5 uair sa tseachtain. Ba cheart tús áite a thabhairt do dhaoine atá 2 bhliain d'aois agus dóibh siúd atá faoi mhíbhuntáiste. Is don Roinn a bheidh an cur chuige maidir le leathnú ach thiocfadh dó go gcuirfí san áireamh raon feidhme Sure Start agus/nó soláthar oideachas réamhscoile maoinithe do dhaoine 2 bhliain d'aois.** |

| Tacaíocht bhreise a thabhairt le ligean do thuismitheoirí dul i mbun oibre |
|---|

[30] Leasú iarmhartach Barnett is ea an t-athrú ar bhuiséad sannta rialtas cineachta mar gheall ar athruithe ar chaiteachas i Sasana.

**Ba cheart don Fheidhmeannacht cistí breise a fhaightear i ndiaidh an leathnaithe atá beartaithe ar chúram leanaí maoinithe i Sasana a úsáid ar idirghabhálacha fianaithe a thacaíonn le cúram leanaí inacmhainne agus/nó seirbhísí luathbhlianta leathnaithe a rachaidh chun tairbhe shochaí Thuaisceart Éireann ina hiomláine.**

**Chun tacú le teaghlaigh faoi mhíbhuntáiste a bhíonn ag lorg oibre agus borradh a chur faoin gheilleagar, ba cheart don RO oibriú le ranna eile chun pleananna inacmhainne a ullmhú le haghaidh soláthar cúram leanaí leathnaithe, ag cur san áireamh cúinsí eacnamaíocha teaghlaigh agus chéim forbartha na leanaí. D'fhéadfadh scála sleamhnáin táillí a ndéantar tástáil mhaoine orthu a bheith i gceist le roghanna maoinithe.**

# CAIBIDIL 2 - MÍBHUNTÁISTE

## Infheistiú chun dul i ngleic le míbhuntáiste

2.1 Má dhéantar infheistíocht chun dul i ngleic le míbhuntáiste, bainfear tairbhe shuntasach oideachais, shochaíoch agus eacnamaíoch aisti. Is féidir an baol go mbeadh daoine óga ag gabháil d'iompar díobhálach, amhail mí-úsáid substaintí nó ciontú, nó a bheith gafa i dtimthriall bochtaineachta agus míbhuntáiste, a mhaolú trí oideachas tacúil agus fiúntach.

2.2 Bhainfeadh gach réimse den tseirbhís phoiblí leas as cur chuige 'infheistíocht chun sábháil'.

- Measadh gur £134m an costas a bhí ar dhaoine óga atá rangaithe mar Dhaoine Nach bhfuil i bhFostaíocht, Oideachas nó Oiliúint (NEET).[31,32]
- Meastar gur fhág beagnach trí cheathrú de dhaonra an phríosúin i dTuaisceart Éireann an scoil idir 14 agus 16 bliana d'aois agus nach bhfuil aon cháilíochtaí foirmiúla ag a leath ar a laghad[33].
- Léiríonn figiúirí do Shasana nach bhfuil aon cháilíochtaí foirmiúla[34] ag 47% de phríosúnaigh ar dhul faoi choimeád dóibh. Tuairiscíonn an Aireacht Dlí agus Cirt (ADC) fosta gur díbríodh nó gur cuireadh as an scoil go buan 42% díobh roimhe seo[35].

---

[31] Costas na hidirghabhála déanaí i dTuaisceart Éireann | Fondúireacht Luath-Idirghabhála (eif.org.uk)
[32] Áirítear leis na meastacháin do chostais NEET caiteachas ar thacaíocht leasa bhreise (creidmheasanna cánach agus tacaíocht dífhostaíochta) mar aon le cláir thacaíochta spriocdhírithe, amhail an liúntas cothabhála oideachais (EMA), Oiliúint do Rath agus Síocháin i gcomhair Óige Aontaithe.
[33] Príosúin 25 faoi 25 - agendaNi
[34] Fianaise scríofa ón Chomhaontas Foghlama Príosúnach, a cuireadh faoi bhráid Fhiosrúchán an Choiste Oideachais ar Scileanna Aosach agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil. mí Iúil 2020.
[35] Cúlra óige agus teaghlaigh na bpríosúnach - GOV.UK (www.gov.uk)

- Tá leibhéil litearthachta i bhfad níos ísle ag príosúnaigh ná mar atá ag an phobal i gcoitinne. Léiríonn na sonraí is deireanaí a d'fhoilsigh an ADC go raibh leibhéil litearthachta ag 57% de phríosúnaigh fhásta a rinne measúnuithe tosaigh faoi bhun an leibhéil a mbeifí ag súil leis ó dhuine 11 bliain d'aois[36].
- In 2021/22, gan íocaíochtaí eisceachtúla agus costas na Seirbhísí Coimhdeachta Príosúnach agus Coimeádta Cúirte a áireamh, ba é £44,868 sa bhliain[37] an costas in aghaidh áit phríosúnaigh i Seirbhís Phríosúin Thuaisceart Éireann.
- Ba é £189,635 an costas bliantúil coimeádta in aghaidh an duine óig in Ionad Dlí agus Cirt Fhearann na Coille d'Ógánaigh, bunaithe ar an líon uasta áiteanna atá ar fáil, nó £252,846 bunaithe ar líon na n-áiteanna a bhfuil acmhainní ag an ionad faoi láthair le freastal orthu[38].
- Caitheann Tuaisceart Éireann £536m sa bhliain ar idirghabhálacha déanacha. Is ionann sin agus £288 an ceann, nó £1,166 an leanbh[39].

2.3 Seasann na costais seo i gcodarsnacht lom leis na costais a bhaineann le hoideachas a chur ar leanbh. Léiríonn an costas ollmhór "idirghabhálacha déanacha" ar an sparán poiblí, amhail pianbhreitheanna coimeádta nó liúntas cuardaitheora poist, an ríthábhacht a bhaineann le hinfheistíocht a dhéanamh san oideachas agus dul i ngleic le míbhuntáiste sula n-éiríonn an tionchar chomh mór agus chomh costasach sin.

2.4 Tá beartais agus cláir ag go leor tíortha, Tuaisceart Éireann san áireamh, atá ceaptha chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil. Ina measc seo tá Ag Fáil faoi réir le Foghlaim (luathbhlianta); cláir na Scoileanna Sínte agus na Seirbhíse Iomláine; Díriú ar Mhaoiniú Riachtanas Sóisialta; an Ciste Conaire agus tionscnaimh éagsúla a eascraíonn as cur chun feidhme na moltaí in *Tús Cothrom*[40]. Níl go leor acu seo croí-mhaoinithe agus thiocfadh leo a bheith buailte ag ciorruithe nuair a bhíonn buiséid teann. Tá na ciorruithe seo tubaisteach do na foghlaimeoirí is leochailí againn. Tá sé riachtanach go ndéanfaí na moltaí a leagtar amach in "Tús Cothrom" a mhaoiniú agus a chur i bhfeidhm.

2.5 Is é an rud is tábhachtaí is féidir le seirbhís oideachais athnuaite a dhéanamh do thodhchaí Thuaisceart Éireann – go sóisialta agus go heacnamaíoch araon –líon na ndaoine óga atá ag teacht chun cinn ó bhlianta an oideachais éigeantaigh, nach mbíonn in ann saol sásúil a chaitheamh agus dul san iomaíocht go héifeachtach

[36] Staitisticí Oideachas Príosúin 2019 - 2020 - GOV.UK (www.gov.uk)
[37] Tuarascáil agus Cuntais Bhliantúla 2021/22 (justice-ni.gov.uk)
[38] Microsoft Word - An Ghníomhaireacht um Cheartas i leith an Aosa Óig – Tuarascáil agus Cuntais Bhliantúla – 2021/22 Deiridh le Leagan (justice-ni.gov.uk)
[39] Costas na hidirghabhála déanaí i dTuaisceart Éireann | Fondúireacht Luath-Idirghabhála (eif.org.uk)
[40] Tús Cothrom – Tuarascáil Deiridh & Plean Gníomhaíochta | An Roinn Oideachais (education-ni.gov.uk)

le haghaidh fostaíocht dhea-íoctha, a laghdú chomh gar do nialas agus is féidir. Cuirfidh daoine óga cáilithe níos fearr agus níos oilte le todhchaí níos gile do chách, lena n-áirítear todhchaí eacnamaíoch níos gile. B'fhéidir níos tábhachtaí arís, bainfidh an tsochaí tairbhe as an mhéid a dhéanann a chuid ball go léir. Beidh briseadh i dtimthriall an mhíbhuntáiste a chuireann isteach ar shaol an oiread sin teaghlach.

2.6 Bíonn coigilteas san fhadtéarma mar thoradh ar infheistíocht mhéadaithe san oideachas.

## Míbhuntáiste a thuiscint

### Na cineálacha éagsúla míbhuntáiste

2.7 Is iad seo a leanas na príomhbhearnaí gnóthachtála a ndírímid orthu:

- an bhearna ghnóthachtála **shocheacnamaíoch**, lena n-áirítear an bhearna ghnóthachtála idir scoláirí i scoileanna **gramadaí agus neamhroghnacha**;
- an **bhearna ghnóthachtála** idir na hinscní; agus
- an bhearna ghnóthachtála idir **foghlaimeoirí leochaileacha** agus foghlaimeoirí eile.

2.8 Ar ndóigh, is fiú cuimhneamh go mbeidh tionchar ag dhá cheann nó níos mó de na tosca sin ar go leor foghlaimeoirí.

#### Míbhuntáiste socheacnamaíoch

2.9 Léiríonn an fhianaise dlúthnasc idir míbhuntáiste agus gnóthachtáil oideachais íseal. Osclaíonn bearna idir leanaí bochta agus leanaí níos saibhre go luath agus is gnách go leathnóidh sé le himeacht ama. Go deimhin, tugann fianaise ó dhlínsí eile le fios gurb ann di fiú sula dtéann an leanbh ar scoil don chéad uair,[41,42,43,44]. In ainneoin na n-iarrachtaí is fearr atá déanta ag múinteoirí, tá sé thar a bheith

---

[41] Robertson, L. agus McHardy, F. (2021). *An Bhearna Ghnóthachtála a bhaineann leis an Bhochtaineacht: Athbhreithniú ar an Fhianaise.* Glaschú: Comhaontas na Bochtaineachta. Ar fáil ag: The-Poverty-related-Attainment-Gap-A-Review-of-the-Evidence-2.pdf (povertyalliance.org)

[42] Bonetti, S. agus Brown, K. (2018). *Gnéithe struchtúracha de sholáthar luathbhlianta ardchaighdeáin: Athbhreithniú ar an Fhianaise.* Londain: Institiúid Polasaí Oideachais. Ar fáil ag: Early-years-structural-quality-review_EPI.pdf (ioe.ac.uk)

[43] Axford, N. (2019). *Feabhas a chur ar Luathfhoghlaim Leanaí atá ag Fás aníos i mBochtaineacht: Athbhreithniú Gasta ar an Fhianaise.* Ollscoil Plymouth, Ionad um Fhianaise agus Cur i bhFeidhm, Dartington Service Design Lab agus Save the Children. Ar fáil ag Feabhas a chur ar Thorthaí Luathfhoghlama Leanaí atá ag Fás Aníos i mBochtaineacht - Athbhreithniú Gasta ar an Fhianaise.pdf (plymouth.ac.uk)

[44] Scobie, G. agus Scott, E. (2017). *Athbhreithniú mear ar fhianaise: Cáilíocht cúram leanaí agus torthaí leanaí.* Dùn Èideann: NHS Health Scotland. Ar fáil ag: Athbhreithniú mear ar fhianaise: Cáilíocht cúraim leanaí agus torthaí leanaí (healthscotland.scot)

dúshlánach an bhearna ghnóthachtála a dhruidim. Mar sin féin, tá roinnt scoileanna i dTuaisceart Éireann cheana féin a bhfuil leibhéil an-arda míbhuntáiste acu agus torthaí den scoth bainte amach acu. Tá go leor le foghlaim uathu sin.

2.10 Is deacair teacht ar thomhas simplí comhaontaithe maidir le rath oideachasúil. Tá an t-eolas a bhaineann le feidhmíocht i mbunscoileanna i dTuaisceart Éireann gann go maith anois. Is é an tomhas is mó a úsáidtear ar ghnóthachtáil fhoriomlán na huimhreacha a bhaineann amach cúig+ TGMO gráid A* go C ina measc Béarla agus matamaitic. Mar sin féin, i bhfianaise úsáid theoranta TGMO mar cháilíocht iontrála go dtí céimeanna níos moille den oideachas nó den fhostaíocht, ní tomhas an-sásúil é seo.

2.11 Feidhmíonn foghlaimeoirí Thuaisceart Éireann chomh maith céanna le go leor náisiún eile. Bhí gnóthachtáil chúig+ TGMO gráid A* go C ina measc Béarla agus matamaitic thart ar chomhchéim le Sasana suas go dtí 2012/13, agus do na trí bliana ina dhiaidh sin d'éirigh níos fearr le scoláirí Thuaisceart Éireann (ba í 2015/16 an bhliain dheireanach ar tuairiscíodh an méadrach seo i Sasana). Bhí scoláirí Thuaisceart Éireann níos fearr ná scoláirí na Breataine Bige ar an mhéadrach seo le linn na tréimhse 2008/09 go 2018/19.[45,46,47]Mar sin féin is cóir bheith aireach agus comparáidí dá leithéidí á ndéanamh. [48]

2.12 Ó 2005/06 i leith, tá feabhas tagtha ar ghnóthachtáil na ngrád TGMO seo i dTuaisceart Éireann agus tá an bhearna ghnóthachtála a bhaineann leis an bhochtaineacht laghdaithe. Mar sin féin, tá sí go fóill ard agus is féidir níos mó a dhéanamh. Sa bhliain is deireanaí, b'ionann an bhearna ghnóthachtála idir lucht fágála scoile ag a bhfuil teidlíocht béile scoile saor in aisce (FSME) agus lucht fágála scoile neamh-FSME agus 25.1 pointe céatadáin ach 16 bliana roimhe sin bhí sé 32.1 pointe céatadáin. Sheas an bhearna ghnóthachtála ag Ardleibhéal ag 15.9 pointe céatadáin in 2012/13. In 2018/19, bhain 61.1% de scoláirí Bhliain 14 le FSME trí Ardleibhéal nó níos mó amach ag gráid A* go C (nó a chomhionann). Mar sin féin, d'éirigh le 74.1% de scoláirí gan FSME an caighdeán sin a bhaint amach; bearna 13.0 pointe céatadáin.[49] Níl na comparáidí seo chomh cothrom le dáta agus ba mhaith linn, áfach, d'úsáid muid 2018/19 mar gur chuir paindéim Covid-19 isteach ar mheasúnuithe na mblianta ina dhiaidh sin.

2.13 Mar an gcéanna le tíortha eile, bhí leibhéal níos airde gnóthachtáil léitheoireachta ag scoláirí ó na cúlraí is mó buntáiste i dTuaisceart Éireann ná iad

[45] Feidhmíocht Scoileanna | An Roinn Oideachais (education-ni.gov.uk)
[46] Staitisticí: TGMOnna (Eochairchéim 4) - GOV.UK (www.gov.uk)
[47] Torthaí scrúduithe | GOV. AN BHREATAIN BHEAG
[48] Is eol don Phainéal nach cuí i gcónaí an chomparáid le dlínsí eile i ngeall ar dhifríochtaí i gcórais cháilíochtaí, bearta ceannlíne agus éagsúlachtaí modheolaíochta maidir le tuairisciú ar thorthaí. Is cóir bheith aireach dá réir.
[49] Feidhmíocht scoileanna | An Roinn Oideachais (education-ni.gov.uk)

siúd ó thithe nach raibh buntáiste socheacnamaíoch acu, mar a tomhaiseadh i staidéar a rinneadh in 2018 ar Chlár um Measúnú Idirnáisiúnta Mac Léinn (PISA).[50] Mar sin féin, bhí an bhearna ghnóthachtála seo i bhfad níos lú i dTuaisceart Éireann ná meán-bhearna mhíbhuntáiste an ECFE, go páirteach mar gheall ar fheidhmíocht níos fearr na scoláirí is mó atá faoi mhíbhuntáiste i dTuaisceart Éireann ach go páirteach fosta mar gheall ar bhearna níos cúinge idir stádas socheacnamaíoch na scoláirí is mó agus is lú atá faoi mhíbhuntáiste.

### Bearna ghnóthachtála an mhíbhuntáiste shocheacnamaíoch de réir an chineáil scoile

2.14 Fachtóir eile atá le breithniú an bhearna shocheacnamaíoch idir cineálacha scoile, go háirithe in earnáil na hiar-bhunscoile. Léirítear tionchar na gcúinsí socheacnamaíocha sa chineál scoile a bhfreastalaíonn duine óg uirthi ag leibhéal na hiar-bhunscoile agus scoláirí faoi mhíbhuntáiste comhchruinnithe i scoileanna neamhroghnacha. Deich mbliana ó shin, bhí 1 as 13 scoláire i scoileanna gramadaí i dteideal béilí scoile saor in aisce (FSM) i gcomparáid le 1 as gach ceathrar i scoileanna nár scoileanna gramadaí iad. Anois, tá na figiúirí comhfhreagracha thart ar 1 as 8 i scoileanna gramadaí i gcomparáid le 1 as 3 i scoileanna nach scoileanna gramadaí iad[51].

2.15 Bíonn tionchar ag dáileadh éagothrom scoláirí FSME idir na hearnálacha ar an difríocht i méid na mbearnaí gnóthachtála. Tá gnóthachtáil na scoileanna gramadaí ag cúig+ TGMO gráid A* go C ina measc Béarla agus matamaitic ard go seasta agus tá an bhearna ghnóthachtála i bhfad níos cúinge ná mar atá i scoileanna nach scoileanna gramadaí iad. In 2018/19, ba é 8.4 pointe céatadáin an bhearna ghnóthachtála do scoileanna gramadaí (idir scoláirí FSME agus scoláirí neamh-FSME), laghdú beag ó 9.7 pointe céatadáin in 2012/13.[52]

2.16 Ní éiríonn le thart ar 6% d'fhoghlaimeoirí na scoile gramadaí cúig+ TGMO gráid A* go C a bhaint amach, an Béarla agus an mhatamaitic san áireamh. Thit an figiúr comhfhreagrach d'fhoghlaimeoirí scoile neamhghramadaí ó 67.1% in 2008/09 go 45.2% in 2018/19. Ba é 60.9 pointe céatadáin an bhearna ghnóthachtála don chineál scoile in 2008/09; Faoi 2018/19 bhí sé laghdaithe go 39.5 pointe céatadáin, mar gheall ar fheidhmíocht fheabhsaithe earnáil na scoileanna neamhghramadaí.[53]

2.17 Tá sé thar a bheith dúshlánach freastal ar riachtanais ard-dlúis foghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste ionas gur féidir leo go léir dul chun cinn a dhéanamh agus go n-éireoidh leo. Tá gá le níos mó infheistíochta chun an difríocht idir scoileanna

[50] Gnóthachtáil scoláirí 15 bliana d'aois i dTuaisceart Éireann: PISA 2018 Tuarascáil náisiúnta
[51] Rolluithe scoileanna - forléargas | An Roinn Oideachais (education-ni.gov.uk)
[52] Feidhmíocht scoileanna | An Roinn Oideachais (education-ni.gov.uk)
[53] Feidhmíocht scoileanna | An Roinn Oideachais (education-ni.gov.uk)

gramadaí agus scoileanna nach scoileanna gramadaí iad a laghdú, lena n-áirítear tacaíocht níos mó a chur ar fáil do scoileanna a bhfuil an-mhíbhuntáiste iontu.

## An bhearna idir na hinscní

2.18 Is fachtóir eile í an inscne nach féidir dearmad a dhéanamh air. Ar ndóigh, is féidir fachtóirí a chumasc. Is buachaillí den lucht oibre iad siúd atá faoi mhór-mhíbhuntáiste.

2.19 Iarradh ar an Phainéal Saineolaithe ar Thearcghnóthachtáil Oideachais breathnú go sonrach ar theip oideachais i measc buachaillí Protastúnacha. Cé gur ceist thar a bheith práinneach í seo, tá imní den chineál céanna ann faoi fheidhmíocht na mbuachaillí Caitliceacha. Déanann buachaillí Caitliceacha beagán níos fearr ar scoil ná buachaillí Protastúnacha, ach éiríonn le cailíní i bhfad níos fearr ná an dá ghrúpa, beag beann ar chúlra creidimh/pobail. Is é fírinne an scéil go bhfuil fadhb ann maidir le teip oideachais fireann nach bhfuil ag fáil na hairde a ba chóir di.

2.20 Má fhágtar cúrsaí reiligiúin as an reicneáil agus má dhírítear ar inscne amháin, is féidir linn tábhacht na bearna inscne a fheiceáil, a thagann chun cinn den chéad uair le linn Eochairchéim 1 agus ansin leanann sí ar aghaidh trí gach céim den oideachas[54]. In 2018/19[55], bhí na bearnaí idir cailíní agus buachaillí 6.7 pointe céatadáin ar an iomlán agus 9.8 pointe céatadáin i gcás scoláirí le FSME (cúig+ TGMOnna) agus 9.8 pointí céatadáin ar an iomlán agus 12.3 pointí céatadáin do scoláirí le FSME (cúig+ TGMOnna ina measc Béarla agus matamaitic)[56]. Is amhlaidh a bhí na bearnaí inscne níos lú ná na bearnaí mar gheall ar chúinsí socheacnamaíocha, ach tá siad go fóill suntasach.

### Tábla 1. Gnóthachtáil TGMO lucht fágála scoile, Tuaisceart Éireann, 2018/19[57]

| | Cailíní (%) | Buachaillí (%) | Gach scoláire (%) | Bearna inscne (pointí céatadáin) |
|---|---|---|---|---|
| ***Ag Baint Amach 5+ TGMOnna A*-C*** | | | | |
| Gach scoláire | 89.8 | 83.1 | 86.4 | 6.7 |

[54] Páipéar Modheolaíochta KSA 2018/19 v 1.1.pdf (education-ni.gov.uk)
[55] Baineadh úsáid as sonraí 2018/19 toisc gur chuir paindéim Covid-19 isteach ar mheasúnuithe na mblianta ina dhiaidh sin. Cuireadh scrúduithe poiblí ar ceal i samhradh 2020 agus i samhradh 2021 agus cuireadh socruithe eile i bhfeidhm chun gráid a bhronnadh ar scoláirí; Bhí siad seo lárshocraithe den chuid is mó, agus cuireadh próiseas breise modhnóireachta eagraíocht bhronnta i bhfeidhm i sraith 2021. In 2022, thug CCSM roinnt beart isteach chun tacú le scoláirí amhail aonaid roghnacha a fhágáil ar lár; laghdú ar obair chúrsa / riachtanais mheasúnaithe rialaithe; agus soláthar foirmlí agus cothromóidí don mhatamaitic TGMO. Foinse: Tuarascáil Léargais ar Cháilíochtaí 2022.pdf (ccea.org.uk)
[56] Lucht fágála scoile | An Roinn Oideachais (education-ni.gov.uk)
[57] Lucht fágála scoile | An Roinn Oideachais (education-ni.gov.uk)

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Scoláirí FSME | 80.7 | 70.9 | 75.8 | 9.8 |
| **Scoláirí neamh-FSME** | 93.2 | 87.4 | 90.3 | 5.8 |
| Bearna an mhíbhuntáiste shocheacnamaíoch (pointí céatadáin) | 12.5 | 16.5 | 14.5 | |
| ***Ag Baint Amach 5+ TGMOnna A* -C ina measc. Béarla & matamaitic*** | | | | |
| Gach scoláire | 75.7 | 65.9 | 70.8 | 9.8 |
| Scoláirí FSME | 55.6 | 43.3 | 49.5 | 12.3 |
| Scoláirí neamh-FSME | 83.3 | 74.0 | 78.5 | 9.3 |
| Bearna an mhíbhuntáiste shocheacnamaíoch (pointí céatadáin) | 27.7 | 30.7 | 29.0 | |

2.21 Tá an bhearna inscne go fóill ann ag Ardleibhéal[58] ach tá sé níos cúinge ná ag leibhéal TGMO. In 2018/19, ag Ardleibhéal, ba é 3.8 pointe céatadáin an bhearna idir buachaillí agus cailíní ar an iomlán agus ba é 13.0 pointe céatadáin an bhearna idir scoláirí a raibh FSME acu agus iad siúd nach raibh.

Tábla 2. Scoláirí Bhliain 14 ag baint amach 3+ Ardleibhéal A*-C, Tuaisceart Éireann, 2018/19[59]

| | Cailíní (%) | Buachaillí (%) | Gach scoláire (%) | Bearna inscne (pointí céatadáin) |
|---|---|---|---|---|
| Gach scoláire | 73.4 | 69.6 | 71.8 | 3.8 |
| Scoláirí FSME | 63.1 | 57.9 | 61.1 | 5.2 |
| **Scoláirí neamh-FSME** | 75.9 | 71.8 | 74.1 | 4.1 |
| Bearna an mhíbhuntáiste shocheacnamaíoch (pointí céatadáin) | 12.8 | 13.9 | 13.0 | |

2.22 Is fiú a thabhairt faoi deara anseo gur fireannaigh iad 66.8% de na scoláirí ar fad a diagnóisíodh go raibh riachtanais speisialta acu in 2021/22[60]. Baineann sé seo leo siúd a bhfuil diagnóis RSO acu agus dá bhrí sin aithnítear iad ar chlár a

58 Athbhreithnithe - Feidhmíocht Scrúdaithe Bhliain 12 agus Bliain 14 in Iar-bhunscoileanna i dTuaisceart Éireann 2018_19 _ Athbhreithnithe.pdf (education-ni.gov.uk)
59 Athbhreithnithe - Feidhmíocht Scrúdaithe Bhliain 12 agus Bliain 14 in Iar-bhunscoileanna i dTuaisceart Éireann 2018_19 _ Athbhreithnithe.pdf (education-ni.gov.uk)
60 Baineann sé seo le Riachtanais Speisialta Oideachais amháin (m.sh., Cognaíocht & Foghlaim, Folláine Shóisialta, Iompraíochta & Mhothúchánach agus Disléicse) agus ní áirítear Riachtanais Leighis (m.sh., Asma, Neamhord ar Speictream an Uathachais agus Anaifiolacsas). Sonraí curtha ar fáil ag Aonad Seirbhísí Anailíseacha na Roinne Oideachais .

scoile. Fireannaigh a bhí in 61% de na daltaí ag Céim 1 agus 2 de Chód Cleachtais an RSO agus baineannaigh ab ea 39% díobh[61]. Méadaíonn an céatadán nuair a bhreithnímid foghlaimeoirí le ráiteas RSO, le 73% de dhaltaí fireann agus 27% baineann. Lena chois sin, ba bhuachaillí iad tromlach na scoláirí i ngach ceann de na 23 catagóir riachtanais speisialta, i gcásanna áirithe bhí oll-líon acu ann. Fireannaigh ab ea 80% de na daltaí a raibh deacrachtaí sóisialta agus iompraíochta acu agus 77% díobh siúd a raibh neamhoird forbartha teanga orthu[62]. Fireannaigh a bhí in 71% de na daltaí a bhí ag freastal ar scoileanna speisialta agus baineannaigh a bhí in 29% díobh[63]. Dá bhrí sin, is é an tátal a bhainimid as gur léiriú eile é RSO ar mhíbhuntáiste fireann.

## Foghlaimeoirí leochaileacha

2.23 Tá grúpaí mionlaigh ar leith d'fhoghlaimeoirí ann a mbíonn míbhuntáiste oideachasúil ag baint leo. Tarraingímid aird ar Pháistí Faoi Chúram (PFC), grúpaí mionlaigh ar nós an lucht siúil, nuatheachtaithe[64] agus foghlaimeoirí RSO. Tá imní mhór ann fosta maidir leo siúd a fhágann an t-oideachas go luath nó a bhfuil cáilíochtaí ísle acu nó atá gan cháilíochtaí.

2.24 Tá dualgas ar leith ar an stát i leith leanaí atá faoina chúram. Ach bíonn dúshláin shuntasacha ina saol oideachas ag foghlaimeoirí a bhfuil taithí acu ar am i gcúram (ina measc leanaí agus daoine óga atá faoi chúram, iad siúd atá ar imeall an chúraim nó iad siúd a d'fhág an cúram). Is minic a bhíonn díothacht iolrach ag na foghlaimeoirí seo fosta.

2.25 Sa daonáireamh is deireanaí[65] (2021) léirítear go bhfuil ár ndaonra ag fás agus ag éirí níos éagsúla. Tá fianaise ann ar bhochtaineacht choibhneasta i measc mionlach, Lucht Siúil na hÉireann san áireamh. Tá na rátaí FSME is airde i measc foghlaimeoirí ón Lucht Siúil in Éirinn (65%), agus foghlaimeoirí gorma (37%) agus foghlaimeoirí mionlaigh 'eile' ina dhiaidh sin (35%). Tá na foghlaimeoirí seo go léir faoi ghannionadaíocht i scoileanna gramadaí agus deirtear go bhfuil riachtanais speisialta oideachais ag beagnach leath den Lucht Siúil (49%).[66]

2.26 Feicimid fosta foghlaimeoirí ón phobal Romach faoi mhíbhuntáiste. Cé nach bhfoilsítear sonraí a bhaineann leis na daltaí seo mar gheall ar a líon beag, tugann

---

[61] Riachtanais Speisialta Oideachais 202122.pdf (education-ni.gov.uk)
[62] Sonraí curtha ar fáil ag Aonad Seirbhísí Anailíseacha na Roinne Oideachais .
[63] Rollú scoile – sonraí ag leibhéal na scoile 2021/22 | An Roinn Oideachais (education-ni.gov.uk)
[64] Déantar cur síos ar fhoghlaimeoir mar nuatheachtaí mura bhfuil na scileanna teanga aige chun páirt iomlán a ghlacadh sa churaclam.
[65] https://www.nisra.gov.uk/system/files/statistics/census-2021-main-statistics-for-northern-ireland-phase-1-press-release.pdf
[66] Loader, R., Jimenez, E., O'Boyle, A. and Hughes, J. (2023) Taithí ar oideachas i measc grúpaí eitneacha mionlaigh i dTuaisceart Éireann. Béal Feirste: OnaB / Nuffield Foundation. Ar fáil ag: https://www.qub.ac.uk/public-engagement/Filestore/PubAffFiles/Filetoupload,1862560,en.pdf

an litríocht[67] le fios go mbíonn dúshláin ar leith roimh theaghlaigh Romacha san oideachas a bhféadfadh gnóthachtáil íseal agus drochfhreastal a bheith mar thoradh air. Aithníonn an ÚO na Romaigh mar phobal le haghaidh tacaíocht spriocdhírithe agus fostaíonn sé Oifigeach Tacaíochta Romach tiomnaithe.

2.27 Thug ionadaithe ó ghrúpaí mionlaigh ar bhuail muid leo le fios go bhfuil sé thar a bheith dúshlánach nascleanúint a dhéanamh tríd an chóras oideachais. Tharraing siad aird ar na deacrachtaí a bhaineann le heolas a fháil chun scoil/coláiste oiriúnach a roghnú chomh maith le tuiscint a fháil ar na bealaí éagsúla oideachais. Bhraith roinnt daoine go bhfuil critéir ag roinnt beartas iontrála a dhéanfadh idirdhealú féideartha ina gcoinne.

2.28 Tá daonra nua Thuaisceart Éireann ag méadú go gasta. Is é an taithí atá ag daoine óga in áiteanna eile – go háirithe i Londain – gur minic a bhíonn daoine nua óga an-uaillmhianach agus go mbíonn ról suntasach acu maidir le caighdeáin ghnóthachtála a ardú sna scoileanna. Mar sin féin, is léir gurb é an chéad chéim a chinntiú go bhfuil soláthar ceart i bhfeidhm dóibh chun Béarla a fhoghlaim.

2.29 Go stairiúil bhí torthaí d'fhoghlaimeoirí le RSO i bhfad níos ísle ná mar a bhí d'fhoghlaimeoirí nach bhfuil RSO acu ach bhí roinnt treochtaí dearfacha ann le deireanas. Má táimid chun leanúint leis an bhearna a dhruidim, tá sé tábhachtach go mbeadh sonraí láidre ar fud an chórais ar fáil thar thréimhse fhada – ag tosú ón deis is luaithe is féidir. Níor cheart é seo a theorannú do shonraí gnóthachtála le haghaidh scrúduithe agus measúnuithe. Is torthaí tábhachtacha iad tinreamh, cumarsáid agus idirghníomhaíocht, rannpháirtíocht san fhoghlaim, scileanna sóisialta, cumas féinrialaithe agus a bheith neamhspleách agus ba cheart iad a thaifeadadh.

## Oidhreacht Covid-19

2.30 Cuireadh tús lenár nAthbhreithniú i gcomhthéacs na paindéime. Ag an phointe seo tá sonraí teoranta ar fáil faoi thionchar na paindéime ach molaimid gur dócha go mbeidh an bhochtaineacht, an t-aonrú agus an neamhionannas sóisialta níos measa aici.

2.31 Bhí éagsúlacht ag baint leis an tionchar gearrthéarmach ar leanaí agus ar dhaoine óga. Bhain cuid acu taitneamh as a bheith sa bhaile agus dhéileáil siad go maith leis an scolaíocht bhaile agus bhí daoine eile ag streachailt leis an leithlisiú agus níor láimhseáil siad an chianfhoghlaim chomh maith céanna nó ar chor ar bith. Cé gur cuireadh isteach ar gach foghlaimeoir, cuireadh isteach níos

[67] Loader, R., Jimenez, E., O'Boyle, A. and Hughes, J. (2023) Taithí ar oideachas i measc grúpaí eitneacha mionlaigh i dTuaisceart Éireann. Béal Feirste: OnaB / Nuffield Foundation. Ar fáil ag: https://www.qub.ac.uk/public-engagement/Filestore/PubAffFiles/Filetoupload,1862560,en.pdf

mó ar fhoghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste, go príomha mar gheall ar bhochtaineacht dhigiteach, droch-rochtain ar fhoghlaim ar líne agus leibhéil ísle litearthacht dhigiteach. Rinne an RO iarrachtaí aghaidh a thabhairt ar chaillteanas foghlama trí thionscnaimh ar nós an Chláir Rannpháirtíochta.

2.32 Is dócha go mbeidh éifeacht na paindéime fadtéarmach nó fiú buan in i bhfad barraíocht cásanna. I gcás na ndaoine atá ag freastal ar an scoil, fágadh oidhreacht shuntasach i bhfoirm neamhláithreacht mhéadaithe. Léiríonn comparáid idir rátaí tinrimh sa bhliain roimh an phaindéim agus 2021/22 ráta méadaithe neamhláithreachta i measc bunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus scoileanna speisialta, maidir le neamhláithreacht údaraithe agus neamhúdaraithe araon. Tá sé róluath a rá an mbeidh iarmhairtí fadtéarmacha ag tionchar na paindéime ar thinreamh.

2.33 Ní bhaineann an cor chun donais seo sna rátaí freastail le Tuaisceart Éireann amháin ach is ábhar imní é. Ar an chéad amharc, d'fhéadfadh figiúirí tinrimh thart ar 90% a bheith go hiontach ach tugann siad le fios go bíonn asláithreacht ann lá amháin gach coicís; cur isteach ar an phróiseas foghlama a mbeidh go leor daltaí ag streachailt leis. Agus iad ag labhairt le daoine óga, tá buaireamh léirithe acu maidir le himní mhéadaitheach agus cineálacha eile fadhbanna meabhairshláinte, diúltú don scoil san áireamh. Is cinnte gur oidhreacht de chuid na paindéime é béim níos mó a chur ar chur chun cinn na folláine mar thréith ríthábhachtach de scoil nó de choláiste maith ach tá cúinsí níos leithne ann lena chinntiú go dtarlaíonn oideachas i dtimpeallacht fháilteach inar féidir le rath a bheith ar gach foghlaimeoir.

## Míbhuntáiste a chomhrac

2.34 Níl aon 'réiteach draíochta' ann maidir le héifeacht oideachasúil an mhíbhuntáiste a laghdú. I ndeireadh na dála, tá sé riachtanach go gcuirfí na coinníollacha ar fáil do gach foghlaimeoir inar féidir leo fanacht gafa agus rathúil san oideachas. Taobh istigh dár dTuarascáil, déanaimid go leor moltaí a chuideodh nach beag le dul i ngleic le míbhuntáiste.

2.35 Ina measc tá:

- Infheistiú san oideachas luathóige.
- Naisc bhaile/scoile a fheabhsú agus cabhrú le tuismitheoirí tacú le foghlaim a bpáistí.
- Conairí gairme a thabhairt isteach ó aois 14.
- Deireadh a chur leis na riachtanais maidir le cáilíochtaí "cead isteach"[68] a chuireann cosc ar dhul chun cinn.

[68] Bainimid úsáid as an téarma cáilíochtaí "cead isteach" chun cur síos a dhéanamh ar na cáilíochtaí sin a chuireann cosc gan ghá, dar linn, ar fhoghlaimeoirí dul chun cinn a dhéanamh. I measc na samplaí

- Infheistiú i bhfolláine.
- Infheistiú i dteagasc den scoth trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach.
- Infheistiú i soláthar malartach, lena n-áirítear Oideachas ar Shlí Seachas ar Scoil (EOTAS) agus obair óige.
- Tomhais níos leithne ratha a thabhairt isteach.
- Aois rannpháirtíochta san oideachas a ardú go 18 mbliana d'aois.
- Earnáil rathúil choláistí a fhorbairt le cáilíochtaí gairme luachmhara.
- Cúrsaí a chur ar fáil saor in aisce do dhaoine fásta tearc-cháilithe.

2.36 Beidh infheistíocht de dhíobháil chun dul i ngleic le míbhuntáiste. Chaithfí a áireamh leis sin infheistíocht a dhéanamh inár bhfórsa oibre oideachais ionas go mbeidh na scileanna riachtanacha acu chun dul i dteagmháil le foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste nó eisiaimh agus an t-am agus an deis chun líonrú a dhéanamh le comhghleacaithe agus taithí a roinnt. Éilíonn an fhoghlaim fhrithpháirteach seo ar an chóras infheistíocht a dhéanamh i mbailiú agus in anailísiú sonraí.

2.37 Tá go leor samplaí i dTuaisceart Éireann de scoileanna atá ag baint torthaí an-mhaith amach i measc foghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste.


2.38 Léiríonn na graif seo a leanas, go ginearálta, mar is airde an leibhéal míbhuntáiste socheacnamaíoch i scoil (arna thomhas ag FSME) mar is ísle an ghnóthachtáil. Tá an comhghaol seo coitianta i gcórais oideachais ar fud an domhain. I dTuaisceart Éireann, áfach, tá roinnt scoileanna a bhfuil leibhéil an-ard FSME (níos mó ná 50%) acu, atá 5 phointe céatadáin ar a laghad os cionn na treolíne. Tá 13 scoil dá leithéid ann má thomhaistear feidhmíocht ag TGMO agus 10 scoil ag Ardleibhéal. Dath glas atá orthu seo sa choirnéal ag barr na láimhe deise de na graif. Tá cumas iontach á léiriú ag na scoileanna seo chun na dúshláin a bhaineann le míbhuntáiste socheacnamaíoch a shárú. Ba cheart na cúiseanna ar éirigh leo a fhiosrú, a thuiscint agus a chur chun cinn.

2.39 Léiríonn an ubhchruthach dubh (i lár na ngraf) an difríocht an-suntasach sa ghnóthachtáil idir scoileanna a bhfuil leibhéil mhíbhuntáiste den chineál céanna acu (30%–40% FSME). Is é 71.9 pointe céatadáin an raon gnóthachtála (ón scoil is airde go dtí an scoil is ísle feidhmíocht) ag TGMO agus is é 69.3 pointe céatadáin ag Ardleibhéal. Arís, ní fios cad iad na cúiseanna atá leis an difríocht seo agus ba chóir iad a fhiosrú.

---


tá Béarla agus matamaitic ag TGMO ina ndéanann líon suntasach foghlaimeoirí iarrachtaí pas a fháil arís agus arís eile ach nach n-éiríonn leo.

Fíor 3. Céatadán na scoláirí a ghnóthaíonn cúig+ TGMOnna (nó a chomhionann) A* go C (ina measc Béarla & matamaitic) i gcoibhneas le cion FSME ar scoil, Tuaisceart Éireann, 2018/19[69]




[69] Sonraí curtha ar fáil ag Aonad Seirbhísí Anailíseacha na Roinne Oideachais .

Fíor 4. Céatadán na scoláirí a ghnóthaíonn trí+ A Leibhéal (nó a chomhionann) A* go C i gcoibhneas le cion den FSME ar scoil, Tuaisceart Éireann, 2018/19[70]




2.40 Is léir fosta ó na graif seo go bhfuil tearcfheidhmíocht le fáil ar fud raon iomlán na scoileanna, ina measc scoileanna roghnacha d'fheidhmíocht TGMO agus Ardleibhéal araon. Is sa raon FSME 30%-40% atá an méid is mó tearcfheidhmíocht, agus ina dhiaidh sin scoileanna sa raon 20%-30% agus an raon 10%-20%, atá léirithe ar an ghraf ag "poncanna dearga". Is scoileanna iad seo a bhfuil níos lú ná 40% FSME iontu a shuíonn 5 phointe céatadáin ar a laghad faoi bhun na líne is fearr a oireann.

2.41 I measc na scoileanna leis an chéatadán is airde FSME tá níos mó suite os cionn na líne is fearr a oireann ná thíos. Deirtear go minic go bhfuil 'eireaball fada tearcghnóthachtála' ag Tuaisceart Éireann. Tugann an fhianaise le fios nach amhlaidh atá. Ina ionad sin, tá líon mór scoileanna i dTuaisceart Éireann a bhfuil leibhéal ard míbhuntáiste ag baint leo agus iad ag feidhmiú i bhfad níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis. Tá barr feabhais agus tearcghnóthachtáil araon le fáil i scoileanna a bhfuil iontógáil acu ag gach leibhéal de mhíbhuntáiste socheacnamaíoch. Tá gá le taighde chun go mbeidh an córas in ann foghlaim ó leibhéil éagsúla feidhmíochta atá ann cheana féin.

[70] Anailís déantar ar shonraí curtha ar fáil ag Aonad Seirbhísí Anailíseacha na Roinne Oideachais.

2.42 Ag leibhéal an tseomra ranga is féidir le múinteoirí tairbhe a bhaint as féachaint ar leibhéil ghnóthachtála ina scoileanna féin agus i scoileanna eile agus iarracht a dhéanamh foghlaim ó chomhghleacaithe. Is é an modh is fearr chun dea-chleachtas a roinnt trí líonraí comhoibríocha inar féidir le múinteoirí, ina measc ceannairí scoile, bualadh lena chéile agus foghlaim óna chéile. Tá struchtúr agus acmhainní de dhíobháil ar líonraí den sórt sin, go háirithe am.

2.43 Gné riachtanach in aon chlár chun dul i ngleic le míbhuntáiste (cibé cineál) is ea sonraí maithe. Is ábhar mór imní é nach bhfuil aon sonraí ar fud an chórais ann le haghaidh torthaí ag Eochairchéimeanna 1, 2 agus 3 seachas 'na meastacháin is fearr'. Tá sé seo mar gheall ar an líon an-teoranta scoileanna a chuir sonraí isteach le blianta beaga anuas. Tá gá le córas measúnaithe. Ar an bhealach seo, is féidir deacrachtaí atá ag teacht chun cinn agus an gá atá le tacaíocht bhreise a aithint chomh luath agus is féidir in aistear oideachais an linbh.

2.44 Cé go bhfuil raidhse sonraí ar fáil le haghaidh torthaí ag Eochairchéimeanna 4 agus 5, is fiú cuimhneamh fosta nach léiríonn na torthaí sin (torthaí TGMO agus A Leibhéal) ach iad siúd a dhéanann na scrúduithe agus a mheasann an scoil a bheith incháilithe. Tá roinnt foghlaimeoirí eisiata ó shonraí na scrúduithe a chuirtear faoi bhráid an RO gach bliain. In 2018/19, measadh go raibh 7.53% de chohórt iomlán Bhliain 12 (os cionn 1,600 foghlaimeoir) neamh-incháilithe lena gcur san áireamh san Achoimre ar Thorthaí Scrúduithe Bliantúla. Ba chóir go gcuimseofaí gach scoláire sna tuairisceáin seo, agus go léireofaí go soiléir cé na scoláirí nár éirigh leo in aon scrúdú.

2.45 Tá comhpháirtíocht le tuismitheoirí thar a bheith tábhachtach fosta. Ní mhothaíonn gach tuismitheoir compordach agus iad ag déileáil le scoileanna. I gcás roinnt tuismitheoirí, feidhmíonn a dtaithí dhiúltach féin ar scoil mar bhac ar a rannpháirtíocht le scoil a bpáistí. Is gnách gur lú an fhadhb sin i mbunscoileanna ná ag na staideanna níos moille. Ba chóir go mbeadh deiseanna ann do thuismitheoirí/cúramóirí teacht chun na scoile le haghaidh imeachtaí sóisialta, áineasa, spóirt nó ceiliúrtha ionas go dtógfaidh siad ar an chairdeas agus go gcuirfidh siad aithne ar an fhoireann.

2.46 Mar a chonacthas leis an Chlár Rannpháirtíochta a chríochnaigh le deireanas, is féidir le méideanna beaga infheistíochta spriocdhírithe idirghabhálacha sonracha a éascú do na foghlaimeoirí is mó a mbíonn siad de dhíth orthu. Is fiú infheistíocht a dhéanamh i maoiniú a cheadaíonn am teagaisc spriocdhírithe, i ngrúpaí beaga, faoi stiúir gairmí oilte. Ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar an Chlár Rannpháirtíochta agus cás gnó a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar na tairbhí féideartha is leithne do Thuaisceart Éireann a bhaineann le cur chuige den sórt sin a phríomhshruthú chun tacaíocht spriocdhírithe leanúnach a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste.

# Príomh-mholtaí: Míbhuntáiste

**Míbhuntáiste a chomhrac**

**Tá sé riachtanach go gcuirfí an tacaíocht riachtanach ar fáil do gach foghlaimeoir chun go mbeidh rath ar an oideachas.**

**Ba cheart an Clár Tús Cothrom a mhaoiniú agus a chur chun feidhme.**

**Ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar an Chlár Rannpháirtíochta agus cás gnó a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar na tairbhí féideartha is leithne do Thuaisceart Éireann a bhaineann le cur chuige den sórt sin a phríomhshruthú chun tacaíocht spriocdhírithe leanúnach a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste.**

**Inár dTuarascáil déanaimid go leor moltaí a chuideodh nach beag le dul i ngleic le míbhuntáiste. Ina measc tá:**

- **Infheistiú san oideachas luathóige.**
- **Conairí réamhghairme a thabhairt isteach ó 14 bliana d'aois.**
- **Deireadh a chur le riachtanais cháilíochta a chuireann cosc ar dhul chun cinn.**
- **Tús áite a thabhairt don fholláine.**
- **Infheistiú i bhforbairt ghairmiúil leanúnach.**
- **Rath seachas gnóthachtáil a thomhas ag 16 nó 18 mbliana.**
- **Aois rannpháirtíochta oideachais a ardú go 18 mbliana d'aois.**
- **Earnáil rathúil coláistí a fhorbairt le cáilíochtaí gairme luachmhara.**
- **Deiseanna oideachais a chur ar fáil do dhaoine fásta tearc-cháilithe.**

# CAIBIDIL 3 – TACAÍOCHT D'FHOGHLAIMEOIRÍ, CUIMSIÚ AGUS FOLLÁINE

## Infheistiú i dtacaíocht d'fhoghlaimeoirí, cuimsiú agus folláine

3.1 Tá sé ríthábhachtach infheistíocht a dhéanamh i bhfolláine agus i dtacaíocht d'fhoghlaimeoirí chun go leanfaidh Tuaisceart Éireann cur chuige i leith an oideachais atá níos lárnaithe ar an fhoghlaimeoir.

3.2 Cuirtear sláinte agus folláine mhothúchánach na ndaltaí in iúl dúinn go seasta mar phríomhréimse imní ag daoine óga, tuismitheoirí agus oideachasóirí. Tá ról tábhachtach ag an oideachas sa cheist seo mar go bhfuil sé in áit uathúil trína rannpháirtíocht leanúnach le leanaí agus le daoine óga thar thréimhse an-fhada. Tá cás doshéanta ann le haghaidh infheistíocht níos mó in idirghabhálacha sláinte agus folláine agus i gcúram tréadach. Ba chóir go mbeadh rochtain dhíreach ag gach scoil ar sheirbhísí comhairleoireachta agus ar oibrithe géarchéime, nuair is gá.

3.3 Cuireann costais RSO atá ag dul i méid go gasta go mór leis an ghéarchéim mhaoinithe san oideachas. De bhrí go bhfuil foinse chaiteachais faoi thionchar an éilimh ann a bhíonn á treisiú ag forálacha reachtúla i gcomhthéacs buiséad seasta, cuirtear i mbaol ní hamháin socruithe chun tacú le foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta acu ach an córas oideachais ar fad. Tá sé ríthábhachtach go n-úsáidfí maoiniú RSO go héifeachtach le go bhfeabhsófaí torthaí d'fhoghlaimeoirí. Chun cuidiú leis an ghéarchéim seo a réiteach, tá géarghá le hinfheistíocht a dhéanamh in idirghabhálacha níos luaithe agus níos éifeachtaí d'fhoghlaimeoirí a mbíonn cuidiú de dhíth orthu.

3.4 Lena chois sin, is léir dúinn gurb ionann obair don aos óg agus luach maith ar airgead. Is féidir a chostais a fheiceáil mar chaiteachas coisctheach a d'fhéadfadh caiteachas i réimsí eile a sheachaint níos moille anonn. Cuireann obair óige le luach eacnamaíoch agus sóisialta trí chuidiú leis an choireacht a laghdú, sláinte a fheabhsú, caidreamh pobail a chur chun cinn agus fostaíocht a mhéadú, chomh maith le rannpháirtíocht san oideachas a mhéadú. Mar sin féin, thiocfadh níos mó a dhéanamh chun an luach eacnamaíoch agus na tairbhí a bhaineann le seachadadh seirbhíse don aos óg a chainníochtú agus a chur in iúl.

## Oideachas cuimsitheach do shochaí atá ag athrú

3.5 Is é an comhthéacs domhanda atá ag teacht chun cinn dul chun cinn i dtreo córas oideachais níos cuimsithí taobh istigh de chreat uileghabhálach atá bunaithe ar chearta. Ráthaítear le *Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas*[71] (UNCRPD) go bhfuil sé de cheart ag gach leanbh agus duine óg faoi mhíchumas páirt a ghlacadh i ngach cineál oideachais príomhshrutha le tacaíocht chuí. D'fhorbair an Ghníomhaireacht Eorpach um Riachtanais Speisialta agus Oideachas Ionchuimsitheach[72] fís do chórais oideachais chuimsitheacha "go gcuirtear deiseanna oideachais fiúntacha ar ardchaighdeán ar fáil do gach foghlaimeoir d'aois ar bith ina bpobal áitiúil, i gcuideachta a gcairde agus a bpiaraí".

3.6 Tacaímid leis an mhian sin agus creidimid go neartaíonn córas oideachais níos cuimsithí comhtháthú sóisialta. Is fiú tuilleadh grinnscrúdaithe a dhéanamh ar shamhlacha rathúla cuimsithe.

3.7 Baineann oideachas ionchuimsitheach go coitianta le RSO agus le míchumais. Mar sin féin, ba cheart coincheap na huileghabhálachta a leathnú chun gach foghlaimeoir a dtiocfadh leo a bheith fágtha as an áireamh nó atá i mbaol drochthorthaí oideachais a bhaint amach i gcomparáid lena bpiaraí a chuimsiú. Caithfidh oideachas a bheith oiriúnach agus inrochtana do gach duine, agus Caithfear acmhainní a úsáid go cothrom, ag cur folláine gach foghlaimeora san áireamh, ina measc iad siúd nach bhfuil riachtanais speisialta acu.

3.8 Taobh istigh dár dTuarascáil, tugaimid breac-chuntas ar an dóigh ar mhaith linn foghlaimeoirí a fheiceáil ag foghlaim le chéile sa seomra ranga agus réimsí deighilte a bheith á mbriseadh síos. Is féidir le deighiltí tarlú ar fhorais stádas socheacnamaíoch, cúlra pobail, inscne, srl. Tá níos mó béime taobh istigh den RO ar an cheist seo cheana féin agus tá sé tábhachtach go leanfaí leis sin. Tá obair de dhíobháil chun "oideachas ionchuimsitheach" a shainmhíniú ar bhealach a oireann do chúinsí Thuaisceart Éireann agus chun treochlár a fhorbairt lena sheachadadh.

3.9 Tá tuairim ann gur cheart oideachas a chur ar gach foghlaimeoir i scoileanna príomhshrutha mar bhealach chun sochaí níos cuimsithí a shamhaltú. Fiafraímid an cur chuige praiticiúil é sin. Is cuid ríthábhachtach den tírdhreach oideachais iad scoileanna speisialta agus is iad is fearr chun tacú le foghlaimeoirí a bhfuil na riachtanais is casta acu. Creidimid go mbeidh ról ann i gcónaí do sholáthar speisialaithe den sórt sin, cé go dtiocfadh leis an tsamhail seachadta athrú le himeacht ama i gcóras níos cuimsithí. Ba cheart breathnú ar a saineolas mar acmhainn do scoileanna príomhshrutha, a bhíonn ag streachailt ar shlí eile chun soláthar a dhéanamh do chatagóirí áirithe riachtanais. Ba chóir go mbeadh solúbthacht sa chur chuige fosta, ag cinntiú gur féidir le foghlaimeoirí bogadh idir

[71] Coinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas | OHCHR
[72] An Ghníomhaireacht Eorpach um Riachtanais Speisialta agus um Oideachas Cuimsitheach

scoil speisialta agus scoil phríomhshrutha chun freastal ar a gcuid riachtanas ar an bhealach is fearr.

3.10 Tá géarghá le hinfheistíocht a dhéanamh in eastát na scoileanna speisialta, ionas go mbeidh leorsholáthar ann de scoileanna níos speisialta ar ardchaighdeán. Ós rud é go dtacaíonn scoileanna speisialta le foghlaimeoirí atá an-leochaileach agus gur minic a bhíonn siad lonnaithe in áitribh fhochaighdeánacha, ba cheart tosaíocht a thabhairt dóibh sin le haghaidh infheistíocht chaipitil.

3.11 D'fhoilsigh an RO dréacht-Treoir Reachtúil maidir le Cleachtais Srianta i Suíomhanna Oideachais i dTuaisceart Éireann a Laghdú agus a Bhainistiú[73]. Tá sé soiléir sa dréacht-treoir nár cheart cleachtais shriantacha a úsáid in am ar bith ach amháin nuair is gá agus nuair is comhréireach é sin a dhéanamh, chun leanaí, daoine óga agus daoine eile a choinneáil ó dhíobháil agus gan a bheith mar phionós choíche. Tugtar le fios sa dréacht-treoir gur gá tuismitheoirí/cúramóirí a chur ar an eolas faoi aon chásanna ina n-úsáidtear cleachtas sriantach. Ba chóir a lua go bhfuil an treoir go fóill i bhfoirm dréachta ag am a scríofa. Ní bheidh an treoir reachtúil go dtí go n-eiseofar an leagan deiridh i ndiaidh na freagraí ar an chomhairliúchán poiblí ar an dréacht-treoir a bhreithniú.

3.12 Fáiltímid roimh an treoir agus roimh an chur chuige leanbhlárnach agus molaimid gur cheart don RO monatóireacht a dhéanamh ar úsáid cleachtas sriantach agus é mar aidhm ar leith úsáid na gcleachtas sin a laghdú nó fáil réidh leo nuair is féidir.

## Sláinte agus folláine mhothúchánach feabhsaithe

3.13 Baineann *an Creat um Shláinte Mhothúchánach agus Folláine Leanaí agus Daoine Óga* ("an Creat") úsáid as sainmhíniú na hEagraíochta Domhanda Sláinte ar mheabhairshláinte fholláin:

> staid folláine a ligeann do leanaí a bpearsantacht uathúil féin a fhorbairt agus a bheith ar an eolas fúithi, a bhféiniúlacht féin a thógáil, a lánacmhainneacht féin a bhaint amach, dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le fás aníos; mothú go bhfuil gean ag daoine dóibh, go bhfuil siad slán agus go nglactar leo mar dhaoine aonair uathúla atá in ann a bheith sona, súgradh, foghlaim agus páirt a ghlacadh agus cur lena dteaghlach agus leis an phobal.[74]

[73] Dréacht- Treoir Reachtúil maidir le Cleachtais Shriantacha i Suíomhanna Oideachais i dTuaisceart Éireann a Laghdú agus a Bhainistiú: Iompar i gcásanna géarchéime a thuiscint agus freagairt dó (Meán Fómhair 2023)

[74] Ráiteas Seasaimh Líonra Eorpach na nOmbudsman do Leanaí (ENOC) maidir le "Meabhairshláinte Leanaí san Eoraip" a glacadh ag 22ú Comhthionól Ginearálta ENOC, Meán Fómhair 2018

3.14 Lena chois sin, bíonn tionchar suntasach ag caidrimh a chruthaítear ar scoil leis an fhoireann agus le foghlaimeoirí eile ar mheabhairshláinte foghlaimeoirí aonair. Mar sin féin, teastaíonn tacaíocht ón lucht saothair chun an fheidhm sin a chomhlíonadh. Is céad chéim ríthábhachtach é seachadadh an Chreata a leabú.

3.15 Chuala muid ó chleachtóirí agus ó dhaoine óga araon go n-eascraíonn strus as an bhéim ar mheasúnuithe ag deireadh Eochairchéimeanna 4 agus 5 (TGMOnna agus Ardleibhéil). Measann siad gur cheart go dtabharfadh an córas tosaíocht níos mó d'fholláine agus d'éirim mhothúchánach a chur chun cinn. Tá cláir den scoth in úsáid cheana féin i scoileanna a thugann aghaidh ar mheitea-eolaíocht, éirim mhothúchánach agus comhpháirteanna an teacht aniar ar bhealach atá bunaithe ar thráma (m.sh., Hopeful Minds, Roots of Empathy, Healthy Me de chuid Gníomh Meabhairshláinte [AMH]). Is féidir leis na cláir seo, más cuid de chur chuige don scoil uilig iad, cuidiú le scileanna déileála agus athléimneacht a fhorbairt.

3.16 Tá samplaí ann cheana féin de scoileanna a fhostaíonn baill foirne oilte (ar nós oibrithe sóisialta) chun freagairt do riachtanais chasta agus chun tacú le lucht saothair na scoile i gcoitinne ó thaobh oiliúna agus treorach de. Is dóigh linn go n-éireoidh sé sin níos coitianta go luath amach anseo. Ba chóir go mbeadh gach scoil in ann rochtain a fháil ar shainfhoireann chun tacú le folláine foghlaimeora. D'fhéadfadh sé seo a bheith trí fhostaíocht dhíreach, acmhainní a roinntear idir scoileanna, nó seirbhísí éifeachtacha tacaíochta d'fhoghlaimeoirí ó eagraíocht lárnach. Beidh maoiniú nua de dhíobháil, chomh maith le comhoibriú le seirbhísí sláinte agus eile.

## Athrú ó bhonn a dhéanamh ar an soláthar do riachtanais speisialta

3.17 Is ábhar imní forleathan don phobal é tacaíocht éifeachtach a chinntiú d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus tá sé ardaithe linn ag tuismitheoirí, múinteoirí agus go leor eile. Aontaíonn gach duine nach bhfuil an cur chuige reatha ag obair.

3.18 Creideann roinnt tuismitheoirí gur go drogallach agus go mall a fhreagraíonn an córas do riachtanais a bpáistí. Tugann siad le fios gur streachailt leanúnach é an próiseas chun tacaíocht a fháil. Is é an taithí atá acu gurb é an pas riachtanach d'acmhainní ráiteas a fháil dá bpáiste. Tugann líon na measúnuithe a théann níos faide ná an tréimhse reachtúil agus na leibhéil íosta tacaíochta a thugtar do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu le fios go bhfuil an ceart acu. Ag an am céanna, tá líon na bpáistí a bhfuil ráitis acu ag fás go gasta agus tá caiteachas ar riachtanais speisialta ag fás níos gasta go fóill.

3.19 Tá géarchéim sa chóras agus táthar ag loiceadh ar fhoghlaimeoirí. Tá gá le gníomh práinneach chun idirghabhálacha éifeachtacha a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí i bhfad níos luaithe. A dhála sin, ní féidir linn neamhaird a dhéanamh ar na himpleachtaí costais a bhaineann le tacaíocht RSO agus an riosca atá iontu don bhuiséad oideachais ina iomláine.

3.20 De réir mar a d'ardaigh costais RSO le blianta beaga anuas níos gasta ná an buiséad oideachais ina iomláine, tá an sciar den bhuiséad a ghlacann riachtanais speisialta ag fás go seasta. Ó 2017/18 go 2022/23, mhéadaigh céatadán an bhuiséid oideachais iomláin a caitheadh ar RSO ó 13.2% go 18.1%. Le linn na tréimhse sin, bhí méadú 88% ar chaiteachas iomlán RSO, ag ardú ó £255m in 2017/18 go £479m in 2022/23.

3.21 Ar ndóigh, ní le Tuaisceart Éireann amháin a bhaineann an méadú seo ar mhinicíocht thuairiscithe RSO agus an méadú gaolmhar ar chaiteachas. Tá treochtaí comhchosúla ag dlínsí eile. I Sasana, mhéadaigh caiteachas RSO ó £4.7bn in 2013/14 go £9.0bn in 2022/23, méadú 91%.[75] Cé go bhfuil comparáidí díreacha dúshlánach mar gheall ar dhifríochtaí maidir leis an dóigh a gcaitear agus a dtaifeadtar maoiniú, thabharfadh anailís le fios, mar sin féin, gur tháinig méadú 143% ar chaiteachas RSO Thuaisceart Éireann le linn na tréimhse céanna.

3.22 I mí Iúil 2019, d'fhoilsigh Coiste Oideachais Theach na dTeachtaí in Westminster a thuarascáil *Plean deich mbliana do mhaoiniú scoileanna agus coláistí*[76], a mhaígh go raibh maoiniú RSO agus míchumais " go hiomlán easnamhach... [agus] gan go leor airgid sa chóras go bunúsach chun freastal ar mhéid an éilimh". Déantar cur síos sa tuarascáil fosta ar "fháinne fí" trína ndéantar faillí ar idirghabhálacha ar leibhéal níos ísle mar phríomhfhachtóir bunúsach a spreagann costais mhéadaitheacha ar fud an chórais. Luaitear inti, "gur chosúil go raibh tuiscintí agus eispéiris fhorleathana ar thacaíocht easnamhach do leibhéil ísle i scoileanna príomhshrutha... ina gcúis le géarchéim mhuiníne a spreagadh i measc tuismitheoirí" agus mar thoradh air sin tá brú níos mó ann le haghaidh pleananna oideachais agus cúram sláinte (OCS) a thiocfadh a mheas mar acmhainní a bheith á n-atreorú ó chláir thacaíochta luatha. Tá na deacrachtaí seo mar a chéile i gcomhthéacs Thuaisceart Éireann.

3.23 Má thagann méadú den chineál céanna ar chaiteachas Thuaisceart Éireann sa tréimhse 5 bliana amach romhainn go dtí an méid a bhí ann le 5 bliana anuas, shroichfeadh costais RSO £900m faoi 2027/28. Ag glacadh le buiséad cothrom RO, chiallódh sé sin go dtiocfadh le caiteachas RSO a bheith freagrach as thart ar 34% de bhuiséad iomlán na Roinne Oideachais faoi 2027/28. Más rud é, mar a

[75] SN07020.pdf (parliament.uk)
[76] Plean deich mbliana do mhaoiniú scoileanna agus coláistí - Coiste Oideachais - Teach na dTeachtaí (parliament.uk)

tharla le blianta beaga anuas, go bhfuil líon na bhfoghlaimeoirí le ráiteas ag ardú i gcónaí, thiocfadh leis sin a bheith ina thearcmheastachán.

3.24 Léiríonn na réamh-mheastacháin seo go bhfuil géarchéim airgeadais ann don oideachas agus d'Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann trí chéile. Tá sé seo neamh-inbhuanaithe agus tá baol ann do riachtanais gach foghlaimeora. Ní leor mionathruithe. Tá gá le hathchóiriú iomlán ar an chreat reachtach agus ar na beartais reatha.

3.25 Ba chóir go mbeadh roinnt prionsabal mar threoir don phróiseas athraithe:

- Níor cheart go mbeadh an reachtaíocht ró-shaintreorach, ná níor cheart dreasachtaí contrártha a chur ar fáil.
- Ba cheart próisis chun riachtanais a mheas a bheith soláimhsithe agus inchurtha i gcrích in amscálaí réalaíocha.
- Ba cheart tacaíocht a chur ar fáil go gasta agus, i bhformhór mór na gcásanna, gan an gá le ráiteas.
- Nuair is féidir, ba cheart idirghabhálacha le haghaidh riachtanais speisialta a bheith dírithe ar leanaí agus daoine óga a chumasú chun foghlaim go héifeachtach gan tacaíocht bhreise leanúnach.
- Ba cheart athbhreithniú rialta a dhéanamh ar chleachtas agus é ar intinn noirm a bhunú maidir le leibhéil éagsúla tacaíochta. Ba cheart go gcuirfeadh na noirm athbhreithnithe sin bonn eolais faoi phróisis mheasúnaithe athnuachana ina dhiaidh sin.
- Ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar na modhanna atá ann cheana chun tacú le leanaí agus le daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta acu le dea-chleachtas a scaipeadh agus an róspleáchas reatha ar chúntóirí ranga a laghdú.
- Ba cheart cinntí maidir le riachtanais speisialta a bheith bunaithe ar an ghá atá le hacmhainní a dháileadh go cothrom ar fud an chórais ar fad.
- Ba chóir leanaí agus daoine óga a chur san áireamh i gcinntí maidir lena dtacaíocht agus na nithe a chuideodh leo dul chun cinn a dhéanamh.

3.26 Is é an chéad chéim chun tacaíocht RSO a fheabhsú infheistíocht a dhéanamh in idirghabhálacha luatha, ag cinntiú go bhfuil siad ar fáil d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta acu chomh gasta agus is féidir, bíodh ráiteas acu nó ná bíodh. Caithfear é sin a bhaint amach sula ndéanfar aon leasuithe níos leithne chun muinín a chothú sa chóras. Déantar leanaí le RSO a thaifeadadh faoi láthair faoi thrí chéim den soláthar oideachais speisialta, ar féidir achoimre a dhéanamh orthu mar seo a leanas:

- **Céim 1** Tá sé mar aidhm a chinntiú go dtugtar cuidiú don fhoghlaimeoir trí úsáid a bhaint as acmhainní agus as saineolas na scoile.

- **Céim 2** Is é atá i gceist idirghabháil trí acmhainní breise a úsáid a thugtar isteach ón taobh amuigh den scoil.
- **Céim 3** Éilítear doiciméad (ráiteas) atá in-fhorfheidhmithe le dlí a chur le chéile ina luafar cén tacaíocht atá an foghlaimeoir i dteideal a fháil[77].

3.27 Níl an córas ag obair mar a bhí beartaithe. Tá go leor tuismitheoirí den tuairim nach bhfuil tacaíocht fhiúntach ar fáil ach ag Céim 3, mar sin ní bhacann siad le Céimeanna 1 agus 2. Is í an cheist is práinní, mar sin, tacaíocht fhiúntach a chur ar fáil ag Céim 1 agus Céim 2.

3.28 Tá gá le hathrú láithreach ar an dóigh a scríobhtar ráitis chun:

- Cur le cumas na scoile (nó suíomh eile) freastal ar riachtanais speisialta, seachas acmhainn a cheangal le foghlaimeoir aonair.
- Freastal níos fearr ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí ionas gur féidir leo dul chun cinn a dhéanamh, agus gur féidir an dul chun cinn a léiriú.
- Rochtain ar shaintacaíocht a chur ar fáil, ag laghdú an ghá le huaireanta am cúntóir ranga a leithdháileadh.
- Riachtanas a thabhairt isteach le haghaidh athbhreithnithe seachas acmhainn bhuan a leithdháileadh.

3.29 Thiocfadh dó nach leigheasfadh athruithe ar mhodh tabhartha na ráiteas an fhadhb atá leagtha amach againn. thiocfadh dó, go háirithe, go ndéanfadh cinntí binsí achomhairc dofheidhmithe iad. Dá dtarlódh sé sin, ní bheadh aon rogha eile ann ach reachtaíocht a rith le go dtiocfaí athchóiriú a dhéanamh. Is é is dóichí ná a mhalairt go mbeadh ar a leithéid de reachtaíocht athrú ó bhonn a dhéanamh ar ábhar agus ar chuspóir mhodh tabhartha na ráiteas ina fhoirm reatha.

## Idirghabhálacha éifeachtacha agus seirbhísí bunaithe ar riachtanais

3.30 Tá an córas tacaíochta d'fhoghlaimeoirí le RSO, mar atá sé ag feidhmiú faoi láthair, faoi bhrú suntasach. Is cúis easaontais agus deighilte forleathan é. Bíonn frustrachas mór ar theaghlaigh maidir le seirbhís a fháil. Fiú nuair a éiríonn leo, is minic a bhíonn an tseirbhís neamhéifeachtach. Ar ndóigh, tá an ÚO ag feidhmiú sa timpeallacht thar a bheith dúshlánach ina bhfuil éileamh méadaithe agus maoiniú laghdaithe.

[77] Tá na trí chéim mar chuid den Chreat RSO nua agus ní féidir iad a chur i bhfeidhm go hiomlán go dtí go dtabharfar Cód RSO nua isteach atá ag brath ar Rialacháin nua RSO atá á ndéanamh ag Tionól Thuaisceart Éireann. Go dtí go mbeidh Cód RSO nua i bhfeidhm, caithfidh scoileanna aird a thabhairt ar Chód RSO 1998 agus ar a fhorlíonadh 2005 ar gach bealach amach ó leanaí a thaifeadadh le RSO faoi na trí chéim nua. Is féidir tuilleadh eolais a fháil in Imlitir 2021/06 de chuid na Roinne Oideachais ar fáil ag: [Ciorclán 2021/06 de chuid na Roinne Oideachais - Trí Chéim den Soláthar Speisialta Oideachais | An Roinn Oideachais (education-ni.gov.uk)]

3.31 Tá gá le samhail nua seachadta a chuireann an foghlaimeoir sa lár, agus go mbaintear úsáid níos fearr as acmhainní airgeadais agus daonna chun idirghabhálacha éifeachtacha bunaithe ar riachtanais a sholáthar a luaithe is féidir.

3.32 Tá gá leis na hathruithe seo a leanas chun córas éifeachtach a chinntiú:

- Scagadh éifeachtach ar fhorbairt an linbh ó roimh a bhreith suas go dtí an pointe iontrála sa bhunscoil.
- Tacaíocht mhéadaithe do thuismitheoirí leanaí an-óg, lena n-áirítear tógáil ar na cláir "Getting Ready ..." agus "Play Matters".
- Soláthar luathbhlianta ó aois a dó do gach teaghlach ar mian leo é, ag tosú le teaghlaigh faoi mhíbhuntáiste agus daoine eile atá i mbaol.
- Diagnóis luath ar dheacrachtaí agus idirghabháil luath agus éifeachtach ina dhiaidh sin.
- Cumas ildisciplíneach RSO i suíomhanna luathbhlianta.
- Rochtain do shuíomhanna luathbhlianta agus do bhunscoileanna ar na Seirbhísí Tacaíochta do Dhaltaí (PSS).
- Neartú ar shaineolas inmheánach RSO na scoileanna go léir chun tacaíocht ag Céim 1 agus Céim 2 a dheanamh níos éifeachtaí. Soláthar saineolas intí RSO trí Ghaeilge i suíomhanna lán-Ghaeilge a chur san áireamh.
- Tuiscint mhéadaithe taobh istigh de scoileanna maidir le húsáid 'oiriúntais réasúnta'.
- Níos mó béime ar RSO i ngach cúrsa oideachais tosaigh múinteoirí agus cúrsa bliana do chéimithe ollscoile óna mbronnfar Teastas Iarchéime san Oideachas (TICO) in RSO.
- Leathnú ar na Seirbhísí Tacaíochta do Dhaltaí chun idirghabháil ag céim 2 a dhéanamh níos éifeachtaí (lena n-áirítear a chinntiú go bhfuil saineolas ar fáil chun freastal ar riachtanais, inter alia, nuatheachtaithe nó an earnáil LG).
- Deireadh a chur le feidhm chead isteach na Seirbhísí Síceolaíochta Oideachais (SSO) ag Céim 2.
- Leathnú ar an SSO, lena n-áirítear úsáid Cúntóirí Síceolaíochta agus Síceolaithe Oideachais Cúnta.
- Athbhreithniú ar an chód Cleachtais[78] leis na hathruithe seo a léiriú.

3.33 Fostaíonn Tuaisceart Éireann líon suntasach cúntóirí ranga (CRanna) go háirithe chun tacú le foghlaimeoirí RSO i scoileanna príomhshrutha agus i scoileanna speisialta araon. Tá méadú 1,589 coibhéis lánaimseartha (CLanna) (44%) tagtha ar líon na CRanna atá fostaithe chun tacú le daltaí RSO i scoileanna

[78] Cód cleachtais maidir le riachtanais speisialta oideachais a aithint agus a mheasúnú (https://www.education-ni.gov.uk/publications/code-practice-identification-and-assessment-special-educational-needs)

príomhshrutha ó 2017/18. Is é 366 CLanna (31%)[79]an méadú i scoileanna speisialta. Cé go bhfuil ról ríthábhachtach acu maidir le tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaimeoirí agus do mhúinteoirí, is léir go bhfuiltear ag breathnú ar CRanna mar an t-aon mheicníocht tacaíochta atá ar fáil d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais chasta acu. Níor chóir go mbeadh sé sin amhlaidh.

3.34 Tá éagsúlacht mhór ag baint le riachtanais na bhfoghlaimeoirí agus níl sé oiriúnach nach n-úsáidfí ach CRanna. Ba chóir go mbeadh idirghabhálacha agus tacaíocht bunaithe ar riachtanais agus dírithe ar an fhoghlaimeoir aonair. Chuige sin, tá gá le níos mó obair ildisciplíneach taobh istigh de scoileanna ionas go gcuirfear tacaíocht dhíreach ar fáil d'fhoghlaimeoirí.

3.35 Ba chóir go mbeadh rogha níos mó ag scoileanna maidir le húsáid an mhaoinithe a leithdháiltear d'fhoghlaimeoirí le RSO. Le himeacht ama, bheifí ag súil go laghdófaí líon na CRanna le tacaíocht speisialaithe mhéadaithe i bhfoirm sainmhúinteoirí RSO, teiripeoirí urlabhra agus teanga, síceolaithe oideachais, teiripeoirí saothair, tacaíocht disléicse, srl. Bheadh CRanna uas-scilithe ag gabháil leis sin fosta. Bheadh an tsamhail seo níos fearr agus níos éifeachtaí ná leithdháileadh beagnach uathoibríoch uaireanta CR. Chuige sin, tá gá le claochlú suntasach agus infheistíocht sa lucht saothair tacaíochta d'fhoghlaimeoirí ach chinnteodh sé go mbeadh na hacmhainní i bhfeidhm ag scoileanna chun tacú le foghlaimeoirí níos luaithe (i bhfad roimh Chéim 3), trí rochtain níos fearr ar thacaíocht shainiúil agus idirghabhálacha spriocdhírithe a chur ar fáil i bhfad níos luaithe.

## Aistrithe RSO

3.36 Is féidir le tosú ar scoil, bogadh go scoil eile nó fágáil chun dul isteach i mbreisoideachas/ardoideachas, oiliúint nó fostaíocht a bheith ina am strusmhar do gach foghlaimeoir. Bíonn dúshláin bhreise roimh fhoghlaimeoirí le RSO le linn na n-aistrithe sin. Leagann an tAthbhreithniú Neamhspleách ar Sheirbhísí agus ar Phróisis Riachtanais Speisialta Oideachais[80] béim ar an mhoill a bhíonn ar fhoghlaimeoirí RSO agus iad ag aistriú chuig timpeallacht foghlama nua, go háirithe agus iad ag aistriú chuig R1 agus Bliain 8. Ba mhaith linn aird a tharraingt fosta ar an éiginnteacht agus an strus a thagann chun cinn nuair a aistríonn foghlaimeoirí RSO amach as an oideachas.

3.37 Maidir le haistriú ag R1 agus Bliain 8, tá fadhb thromchúiseach ann maidir le háiteanna do riachtanais speisialta a dheimhniú. Treisíonn sé seo, ar ndóigh, an gá atá le caiteachas caipitil méadaithe do réimse soláthar RSO chun freastal ar an

[79] Sonraí curtha ar fáil ag ÚO.
[80] [Athbhreithniú Neamhspleách ar Sheirbhísí agus ar Phróisis Riachtanais Speisialta Oideachais | An Roinn Oideachais (education-ni.gov.uk)]

éileamh. Ar scor ar bith, ní féidir glacadh le cásanna ina mbíonn roinnt de na foghlaimeoirí is leochailí againn go fóill gan áit go díreach cúpla seachtain roimh an seisiún scoile nua. Molaimid fosta nár chóir caitheamh le leanaí a bhfuil ráiteas déanta orthu mar dhaltaí de bhreis ar an chuóta[81] in uimhreacha iontrála agus rollaithe. Ar an dóigh sin, is féidir leis an institiúid a fhaigheann na foghlaimeoirí seo foireann agus acmhainní a phleanáil agus a bheith in áit chun freastal ar a gcuid riachtanas.

3.38 Ar ndóigh, beidh cásanna ann, mar shampla nuair nach n-aithnítear riachtanas speisialta ach go mall san idirbhliain, nach n-oireann don chreat atá leagtha amach thuas. Mar sin féin, is é an prionsabal ginearálta go dtugtar tosaíocht níos mó do shocrúchán foghlaimeoirí RSO.

3.39 Bíonn deacrachtaí ar leith ag go leor foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta acu agus iad ag fágáil na scoile agus ag tabhairt faoi shaol an duine fhásta. Ba cheart dóibh tacaíocht leanúnach a fháil san oideachas, oiliúint agus fostaíocht. I gcás daoine a bhfuil riachtanais chasta agus thromchúiseacha acu, beidh gá le tacaíocht níos déine agus níos fadtréimhsí, buan b'fhéidir.

## Seirbhísí óige a úsáid

3.40 Tá comhoibriú le seirbhísí óige an-tábhachtach fosta, mar bhealach chun an taithí a shaibhriú agus cur le caipiteal cultúrtha an duine óig, chomh maith le dearcthaí dearfacha a fhorbairt. Cuireann an tacaíocht seo d'fhorbairt phearsanta le próisis foghlama níos foirmiúla na scoile nó an choláiste. Cuimsíonn sé réimse an-leathan gníomhaíochtaí ina measc rochtain oscailte ar chlubanna óige, soláthar spriocdhírithe do dhaoine óga atá i mbaol, foghlaim taobh amuigh, na healaíona cruthaitheacha agus taibhiúcháin, spórt agus go leor eile. Is minic a mheallann na gníomhaíochtaí sin daoine óga ar bhealach nach ndéanann foghlaim fhoirmiúil. Cothaíonn siad caidreamh muiníneach idir an duine óg agus an t-oibrí óige. Is bealach é sin uilig chun forbairt phearsanta a chur chun cinn.

3.41 Tá sé deacair comparáidí díreacha a dhéanamh le dlínsí eile i bhfianaise na samhlacha éagsúla seachadta agus maoinithe. Tá roinnt fianaise ann, áfach, a

[81] Maidir le páistí a bhfuil Ráiteas acu i dtaca le Riachtanais Speisialta Oideachasúla (RSO), páistí thugtar isteach tar éis achomhairc, agus páistí a thugtar isteach faoi threoir an Fhorais Dálaí Eisceachtúla (ECB) (Blianta 8-12 amháin), caitear leo mar dhaltaí breise chun críocha na n-admhálacha scoile. Caitear mar dhaltaí breise le paistí a bhfuil Ráiteas RSO acu ar feadh a n-ama ar scoil, agus is daltaí breise iad na grúpaí eile don chéad bhliain amháin. Ní laghadaíonn daltaí breise a fhaigheann áit i ngnáthscoileanna an líon áiteanna atá ar fáil agus ní choisceann daltaí eile ó áit a fháil má tá ceann ann. Go praiticiúil ciallaíonn seo do dtig le scoileanna líon mór daltaí cláraithe a bhfuil Ráiteas acu, rud a chiallaíonn go mbeidh an líon fíor daltaí go maith os ceann líon faofa daltaí na scoile, ach go bhfuil áiteanna acu mar sin féin. Mar sin tá dúshlán ag scoileanna áirithe oideachas a chur ar a ndaltaí go sábháilte le cóiríocht fhaofa. Thig le páistí a fhaigheann Ráiteas RSO le linn scoilbhliana bheith mar dhaltaí breise chomh maith, rud a chruthaíonn folúntas do pháiste eile a chur leis an rang/bhliainghrúpa.

thugann le fios go bhfuil tearcmhaoiniú á dhéanamh ar obair óige reachtúil i dTuaisceart Éireann, go háirithe i gcomparáid le Sasana. Mar shampla, meastar gur thart ar £2bn an caiteachas in earnáil na hóige i Sasana. Bheadh caiteachas pro rata i dTuaisceart Éireann níos mó ná £70m ach is é £34m an buiséad ioncaim san ÚO faoi láthair. Tá gá le tuilleadh anailíse chun an seasamh a bhunú go cinnte.

3.42 Ó bheith ag plé le grúpaí deonacha agus ónár n-anailís féin, is cosúil go bhfuil teannas éigin idir seirbhísí reachtúla agus neamhreachtúla, .i., idir grúpaí deonacha agus an ÚO. Níor cheart gannmheas a dhéanamh ar rannchuidiú na hearnála deonaí agus ba cheart deiseanna a éascú dóibh oibriú go díreach le scoileanna nó le coláistí. Tá scóip ann chun caidreamh oibre a fheabhsú agus cur chuige níos comhtháite a chur ar fáil a rachadh chun tairbhe do dhaoine óga. Ba cheart ceangal na n-oibrithe óige le scoileanna a chur chun cinn.

## Príomh-mholtaí: Tacaíocht d'fhoghlaimeoirí, cuimsiú agus folláine

| Tús áite a thabhairt don fholláine |
|---|
| **Tá gá le hinfheistíocht níos mó in idirghabhálacha sláinte agus folláine agus i gcúram tréadach. Chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais chasta agus chun tacú le lucht saothair na scoile i gcoitinne, ba cheart go gcuirfí ar chumas scoileanna sainfhoireann a fhostú, amhail oibrithe sóisialta. Chuige sin, beidh gá le maoiniú nua agus le comhoibriú le comhghleacaithe i gcúrsaí sláinte. Ba cheart go mbeadh rochtain dhíreach ag gach scoil ar sheirbhísí comhairleoireachta agus ar oibrithe géarchéime, trí phoist thiomnaithe taobh istigh de scoileanna nó trí acmhainní a roinntear idir scoileanna.**<br><br>**Ba chóir tús áite a thabhairt do shláinte mhothúchánach agus don fholláine sa churaclam, ó na luathbhlianta go dtí iar-16. Ba chóir go mbeadh an deis ag gach foghlaimeoir scileanna ríthábhachtacha saoil a shealbhú.** |

| Tacaíocht RSO a athrú chun freastal go cothrom ar riachtanais gach foghlaimeora |
|---|
| **Tá ag teip ar na beartais, na cleachtais agus an reachtaíocht reatha tacaíocht a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí le RSO. Ag an am céanna, tá caiteachas ó smacht ar bhealach a chuireann caighdeán na seirbhíse i mbaol do gach foghlaimeoir. Tá géarghá le hathchóiriú críochnúil. Ba chóir go mbeadh úsáid na n-acmhainní bunaithe ar chóir chothrom a chur ar gach dalta.**<br><br>**Caithfidh rochtain níos fearr a bheith ann ar thacaíocht shainiúil taobh istigh de scoileanna, le béim ar leith ar thacaíocht ag Céim 1 agus Céim 2. Ag Céim 3, ba cheart solúbthacht a bheith ag an institiúid oideachais maidir le húsáid na n-acmhainní leithdháilte. Ba cheart deireadh a chur leis an chleachtas maidir le huaireanta cúntóirí** |

**ranga a leithdháileadh go huathoibríoch. Ba cheart Clár Cuimsitheach Fórsa Saothair um Thacaíocht d'Fhoghlaimeoirí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun cur le líon na sainsoláthraithe gairmiúla (ar nós múinteoirí oilte RSO, Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga, Síceolaithe Oideachais srl.) agus líon na gcúntóirí ranga a laghdú ag an am céanna.**

**Níor chóir go mbreathnófaí ar fhoghlaimeoirí a bhfuil ráitis RSO acu mar dhalta de bhreis ar an chuóta d' fhigiúirí iontrála nó rollaithe. Ba cheart go gcuirfeadh an cur chuige seo ar chumas na n-institiúidí ullmhú chun freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí sin. Ba chóir go mbeadh sé mar sprioc múnla "RSO ar dtús" a ghlacadh a chinntíonn go bhfaigheann ár bhfoghlaimeoirí le ráiteas RSO socrúcháin scoile go tráthúil.**

**Ba cheart don RO sainmhíniú a thabhairt ar an "oideachas cuimsitheach" dar leis, agus an comhthéacs áitiúil agus an dea-chleachtas idirnáisiúnta araon á chur san áireamh.**

**Idirghabhálacha foghlaimeoirlárnacha a éascú**

**Níl seirbhísí tacaíochta foghlaimeora a sholáthraíonn an ÚO ag feidhmiú mar a bhíothas ag súil leis. Chun seirbhísí forbartha agus oideachais freagrúla a sholáthar d'fhoghlaimeoirí, oideoirí agus tuismitheoirí, ba cheart comhlacht nua luath-idirghabhála agus tacaíochta d'fhoghlaimeoirí a chruthú. Thiocfadh é seo a chur i gcrích trí fheidhmeanna bainistíochta agus oideachais an ÚO a scaradh.**

**Beidh an comhlacht nua freagrach as na seirbhísí riachtanacha go léir a d'fhéadfadh a bheith de dhíth ar fhoghlaimeoir le linn a dturais oideachais. I measc na seirbhísí seo tá tacaíocht agus rannpháirtíocht tuismitheoirí, bainistíocht Tús Cinnte agus Clár Oideachas Réamhscoile, seirbhísí tacaíochta d'fhoghlaimeoirí (.i., iad siúd d'fhoghlaimeoirí le RSO), folláine agus cosaint daltaí, seirbhísí óige, sláinte mhothúchánach agus folláine, feabhsú oideachais agus forbairt ghairmiúil, agus oideachas faoi ghairmeacha.**

**Mar bheart eatramhach, ba cheart don ÚO athstruchtúrú inmheánach a dhéanamh chun grúpa seirbhísí bainistíochta (do sheirbhísí idirbheartaíochta) agus grúpa luath-idirghabhála agus tacaíocht foghlaimeora (don tacaíocht oideachasúil) a chruthú, agus oifigeach freagrach sinsearach amháin ag gach ceann acu. Le himeacht ama, roinnfeadh an eagraíocht ina húdarás aonair (freagrach as seirbhísí tacaíochta fostaíochta agus idirbheartaíochta eile) agus ina gníomhaireacht luath-idirghabhála agus tacaíocht foghlaimeora ar leithligh, a bheadh freagrach as na seirbhísí riachtanacha go léir a thiocfadh a bheith de dhíth ar fhoghlaimeoir le linn a dturais oideachais.**

# CAIBIDIL 4 – CURACLAM, MEASÚNÚ AGUS CÁILÍOCHTAÍ

## Infheistiú sa churaclam agus sa mheasúnú

4.1 Ba cheart don churaclam tacú le turas foghlama forásach comhleanúnach agus struchtúr a chur air. Ba chóir go mbeadh sé bunaithe ar thuiscint fhónta ar an phróiseas foghlama agus grá don fhoghlaim a spreagadh a mhaireann ar feadh an tsaoil.

4.2 Mar sin féin, tá dí-infheistiú déanta ar athbhreithniú curaclaim, comhairle agus tacaíocht. Caithfidh sé sin athrú. Caithfear acmhainní suntasacha a infheistiú leis an churaclam a choinneáil faoi athbhreithniú, le hábhair imní cleachtóirí agus foghlaimeoirí a ghlacadh ar bord, agus lena chinntiú go gcoinníonn sé suas le hathrú sóisialta, eacnamaíoch agus teicneolaíochta.

4.3 Tá measúnú maith ina chuid lárnach de gach dea-chóras oideachais. Tá sé ríthábhachtach tacú le teagasc agus le foghlaim scoláirí, monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn foghlaimeoirí i gcoinne tagarmharcanna comhaontaithe agus feidhmíocht a mheas ag leibhéal na scoile agus an chórais. Tá géarghá le cur chuige córasach i leith measúnuithe, go háirithe i mbunscoileanna.

4.4 Beidh tábhacht níos mó ag baint le hinfheistíocht a dhéanamh sa churaclam agus sa mheasúnú de réir mar a leanann an teicneolaíocht uirthi ag múnlú an phróisis oideachais. Mar shampla, beidh impleachtaí suntasacha ag an spéis atá ag méadú go gasta san Intleacht Shaorga (IS) ghiniúnach don teagasc, foghlaim agus measúnú. Mar sin féin, is féidir leis an chóras oideachais reatha streachailt chun coinneáil suas le domhan a bhíonn ag athrú go gasta, agus tá an cumas de dhíth chun oiriúnú go gasta i dtéarmaí curaclaim, modhanna teagaisc, agus foghlaimeoirí a ullmhú d'ionaid oibre a athraíonn go sciobtha.

4.5 Chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo, is mó an gá atá ann infheistíocht a dhéanamh i gcumas faisnéise agus scanadh ionchais, rud atá in easnamh ar an chóras oideachais faoi láthair. Tá gá le nuashonruithe rialta ar an churaclam forordaithe agus múinte fosta lena chinntiú go dtuigeann foghlaimeoirí tionchar na dteicneolaíochtaí nua ar an tsochaí agus ar an gheilleagar. Lena chois sin, ba cheart athbhreithniú rialta a dhéanamh ar chur chuige oideolaíoch lena chinneadh conas is féidir le teicneolaíochtaí nua, amhail IS, cuidiú leis an fhoghlaim.

## Cén dóigh a bhfoghlaimímid

4.6 Is é an t-eolas is bunús leis an chaipiteal cultúrtha ar a mbraitheann an fhoghlaim. Tá sé tógtha ag an leanbh as a thaithí ar an domhan. Tá tacaíocht na dtuismitheoirí sa phróiseas seo ríthábhachtach. Sa chiall seo, ní bhaineann an t-eolas le fíricí támha, nó 'fios a bheith agat', ach 'fios a bheith agat cén dóigh' agus 'fios a bheith agat cén fáth'. Mar sin féin, tá bunús eolais leis. Eascraíonn tuiscint as eolas agus dá bhrí sin an cumas eolas a chur i bhfeidhm. Is í an fhoghlaim an próiseas chun cur le cuimhne fhadtéarmach. Is é an stoc tuisceana sa chuimhne fhadtéarmach a chuireann ar chumas duine níos mó a fhoghlaim, fadhbanna a réiteach, agus a bheith inniúil agus éifeachtach.

4.7 Labhraítear go leor faoi scileanna an 21ú haois faoi láthair. Úsáidtear téarmaí ar nós scileanna réitithe fadhbanna agus scileanna idirphearsanta go forleathan. Thiocfadh leo sin a bheith ar nós gearrscríobh úsáideach ach tá sé tábhachtach a dteorainneacha a aithint. Ní hionann réiteach fadhbanna san innealtóireacht agus réiteach fadhbanna sa chaidreamh daonna. Tá sé riachtanach go mbeadh daoine óga in ann feidhmiú go héifeachtach sa tsochaí agus sa gheilleagar agus go gcuirtear ina luí orthu ábharthacht an mhéid a fhoghlaimíonn siad ar scoil dá saol níos moille. Ciallaíonn sé sin go gcaithfidh siad cur lena dtuiscint agus lena gcumas an tuiscint sin a chur i bhfeidhm go seasta. Tá sé seo chomh fíor i leith tuiscint phraiticiúil agus gairmoideachas agus atá sé i leith ábhair acadúla thraidisiúnta.

4.8 San fhoghlaim fhónta cuirtear struchtúr an eolais san áireamh. Tá áit thábhachtach ann, áfach, don fhoghlaim idirdhisciplíneach. Baineann sé sin le gach céim den oideachas. Caithfidh foghlaim mhaith idirdhisciplíneach a bheith bunaithe ar bhunsraitheanna láidre smachta.

## Curaclam ardchaighdeáin a thacaíonn leis an fhoghlaim

4.9 Is é cáilíocht an churaclaim, mar aon le caighdeán an teagaisc, an fachtóir is mó tionchar san oideachas. Caithfidh tuiscint fhónta a bheith aige ar an dóigh a bhfoghlaimíonn daoine. Caithfidh sé an t-eolas, an tuiscint agus na scileanna a bhíonn de dhíth orthu a thabhairt d'fhoghlaimeoirí, beag beann ar a gcéim oideachais. Caithfidh sé a bheith cothrom le dáta agus ábhartha don chomhthéacs ina bhfuil sé ag feidhmiú.

4.10 Ba chóir don churaclam:

- A bheith bunaithe ar thuiscint ar an dóigh a bhfoghlaimíonn daoine.
- Tacú leis an phróiseas chun eolas a aistriú go tuiscint.
- Ionsú eolais a spreagadh atá úsáideach ó thaobh oideachais de sa chuimhne fhadtéarmach.
- Spriocanna uaillmhianacha a leagan síos d'fhorbairt an duine aonair.
- Buanna agus teorainneacha cuir chuige thógála a thuiscint.

- Foghlaim idirdhisciplíneach a thógáil ar bhunúis fhónta smachta.
- Réimse leathan conairí oideachais – acadúil, cruthaitheach, teicniúil agus gairme – a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí.

4.11 Ba chóir go gcuirfeadh na tréithe seo bonn eolais faoi dhearadh an churaclaim beag beann ar chéim an oideachais, cuspóir an chúrsa / na gcúrsaí nó aois an fhoghlaimeora.

4.12 Is annamh a bhíonn an curaclam a dheartar comhionann leis an churaclam a mhúintear. B'fhéidir go bhfuil an dá cheann an-difriúil ón churaclam a bhraitear ag an fhoghlaimeoir. Má bhreathnaítear ar an churaclam mar chomhiomlán roinnt ábhar nó siollabais topaice, is furasta coincheap an churaclaim a chruthú mar liosta inneachar atá le clúdach. Déanann sé sin neamhaird de thábhacht an phróisis fhoghlama.

4.13 Ar bhealach tábhachtach amháin, tá difríocht idir an curaclam le linn thréimhse na scolaíochta éigeantaí agus curaclaim eile, a thagann chun cinn níos moille sa saol, a d'fhéadfadh freastal ar chuspóirí éagsúla agus níos lárnaí. Tá sé mar aidhm ag an chéad cheann cuspóirí na sochaí a bhaint amach trí threoir a thabhairt sa dóigh ina n-aibíonn leanaí ina ndaoine fásta. Níos moille anonn sa saol, is minic a bhíonn sé i gceist go gcomhlíonfadh an curaclam cuspóirí an-sonrach faoi mar a chinneann an foghlaimeoir.

4.14 Freastalaíonn curaclam na scoile ar roinnt cuspóirí. Is é aidhm Churaclam Thuaisceart Éireann, a chlúdaíonn tréimhse an oideachais éigeantaigh, "daoine óga a chumasú lena n-acmhainneacht a bhaint amach agus cinntí eolasacha agus freagracha a dhéanamh ar feadh a saoil". Leagtar amach ann na cuspóirí atá beartaithe do dhaoine óga, a ndéantar cur síos orthu mar dheiseanna foghlama a chur ar fáil do dhaoine óga chun forbairt mar seo thíos:

- **duine aonair,** ar féidir leo sásamh pearsanta agus folláine aonair a bhaint amach trí shaol rathúil a bheith acu;
- **rannchuiditheoir leis an tsochaí**, ar cás leo folláine daoine eile chomh maith lena gcuid féin, ina sochaí féin agus taobh amuigh di;
- **rannchuiditheoir leis an gheilleagar agus leis an chomhshaol,** a bhíonn in ann a thuiscint cad é mar a rachaidh an fhostaíocht i bhfeidhm ar na roghanna eacnamaíocha a dhéanann siad agus ar an tionchar a imríonn siad féin, ar a seal, ar an chomhshaol ina n-aonar agus i gcuideachta daoine eile.

4.15 Lena gcois sin, molaimid cuspóir eile a chur leis:

- **daoine óga a fhorbairt mar fhoghlaimeoirí ar feadh an tsaoil,** a bhíonn in ann páirt rathúil a ghlacadh i rith a saoil i sochaí atá ag athrú go gasta agus ar luas géaraithe.

## Curaclam comhleanúnach

4.16 Go traidisiúnta roinneadh an t-oideachas ina chéimeanna. Mar sin féin, níl i lipéid ar nós bunscoile nó iar-bhunscoile ach áis. Ba chóir go mbeadh taithí ag an fhoghlaimeoir ar an oideachas mar phróiseas leanúnach gan bhriseadh. I gcónaí, ba cheart tús áite a thabhairt do leasanna an fhoghlaimeora ar leasanna na hinstitiúide.

4.17 Ba chóir go gcuirfeadh an curaclam deiseanna ar fáil. Chomh fada agus is féidir, níor cheart go mbeadh sé d'éifeacht ag roghanna bealaí amach anseo a dhruidim. Ba chóir go mbeadh foghlaimeoirí a thugann faoi chúrsa in ann é a chríochnú.

4.18 Is é an curaclam a fheidhmíonn ag leibhéal ard ginearáltachta is éifeachtaí chun féidearthachtaí amach anseo a choinneáil oscailte. Caithfear buntáiste na ginearáltachta a mheá i gcoinne saincheisteanna tuisceana agus inspreagtha. I gcás go leor foghlaimeoirí, tagann pointe ina bhféadfadh cuir chuige níos praiticiúla agus/nó ghairme a bheith níos fearr. Dá bhrí sin, is den tábhacht rogha a bheith ann san earnáil iar-bhunscoile.

4.19 Clúdaíonn an bhunscolaíocht tréimhse fhada ina bhforbraíonn an páiste go gasta. Dá bhrí sin, caithfidh an bhunscoil freastal ar an dá chur chuige bunaithe ar shúgradh sna céimeanna luatha agus stíleanna foghlama i bhfad níos foirmiúla ag pointe níos moille. Sealbhaíonn daltaí bunscileanna litearthachta agus uimhearthachta ar a mbíonn an chuid is mó den fhoghlaim ina dhiaidh sin bunaithe. Tosaíonn siad fosta ag déanamh staidéir ar réimse speisialtachtaí a leanann ar aghaidh go dtí an chéim iar-bhunscoile. Tá an t-aistriú chuig an iar-bhunscoil tobann agus d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ann do líon mór leanaí. Molaimid aistriú níos réidhe mar aon le níos mó speisialtachtaí a bheith á n-úsáid sa bhunscoil agus cur chuige níos comhdhlúite sna i luathchéimeanna na hiar-bhunscoile.

4.20 Baineann iar-bhunscoileanna úsáid as curaclam ábharbhunaithe agus cuireann siad rogha éigin ar fáil. Ciallaíonn sé sin go mbíonn rogha ag scoláirí éirí as staidéar ar ábhar. Tá sé tábhachtach go mbeartaítear gach cúrsa chun eispéireas oideachais bailí a chur ar fáil dóibh siúd a leanann ar aghaidh agus dóibh siúd nach leanann. Déantar neamhaird rómhinic ar an phointe riachtanach seo.

## Curaclam beo

4.21 Tugann curaclam Thuaisceart Éireann creat solúbtha ar féidir le scoileanna é a chur i bhfeidhm ar bhealaí éagsúla. Tá neamhspleáchas na scoile maidir leis an oideolaíocht an-fhairsing.

4.22 Is minic, áfach, go mbíonn meas ag scoileanna ar chomhairle agus ar thacaíocht churaclaim. Faoi láthair, tá acmhainn theoranta ag an Chomhairle Curaclaim, Scrúduithe agus Measúnachta (CCSM), an comhlacht a bhfuil freagrachtaí curaclaim air, agus fíorbheagán speisialtóirí curaclaim. Bíonn an chuid is mó dá foireann ag plé le saincheisteanna measúnaithe agus le cáilíochtaí. Caithfimid luach a chur ar an churaclam agus infheistíocht a dhéanamh ann. Molaimid comhlachtaí ar leith don churaclam agus do mheasúnú/cháilíochtaí. Ba cheart do Chomhairle Curaclaim ar leith freagrachtaí curaclaim CCSM a ghlacadh as láimh ach acmhainní leordhóthanacha a bheith aici. Ba chóir go mbeadh foireann ann chun treoir a fhorbairt agus chun tacaíocht a chur ar fáil do scoileanna agus d'oideachasóirí.

4.23 Ba cheart go n-áireofaí ar a príomhfheidhmeanna:

- an curaclam a choinneáil faoi athbhreithniú leanúnach;
- comhairle a thabhairt d'institiúidí oideachais maidir le hábhair a bhaineann le curaclam agus oideolaíocht; agus
- gníomhú mar ghníomhaireacht faisnéise agus taighde don chóras oideachais.

4.24 Agus a feidhm d'athbhreithniú curaclaim á cur i gcrích aici, d’áireofaí na nithe seo a leanas mar luath-thosaíochtaí don chomhlacht nua:

- aghaidh a thabhairt ar an deacracht a bhaineann le hinneachar iomarcach curaclaim;
- aistriú curaclaim níos réidhe a phleanáil ón bhunscoil go dtí an iar-bhunscoil;
- cúrsaí réamhghairme a fhorbairt ó aois 14;
- cuir chuige nua a fhorbairt maidir le scileanna saoil a mhúineadh (ina measc scileanna digiteacha agus litearthacht airgeadais), cruthaitheacht a chur chun cinn, agus tacú le folláine, meabhairshláinte agus athléimneacht; agus
- athbhreithniú a dhéanamh ar roinnt topaicí sonracha ina measc:
  - oideachas don inbhuanaitheacht
  - nuatheangacha
  - oideachas faoi ghairmeacha
  - oideachas reiligiúnach.

4.25 Tuigimid gur liosta fairsing é seo, agus tógfaidh sé go leor ama agus acmhainní chun aghaidh a thabhairt air go hiomlán. B'fhéidir gurb é an chéad phointe an

ceann is tábhachtaí agus tá tionchar aige ar an chuid eile. Tá géarghá le leibhéal an ábhair taobh istigh den churaclam a bhainistiú. Cuirtear os ár gcomhair arís agus arís eile go bhfuil codanna den churaclam, mar a phléann daltaí scoile leis, atá ró-throm. Níor chóir go mbeadh méid an ábhair atá le clúdach chomh fairsing sin go mbíonn ar mhúinteoirí aghaidh a thabhairt ar aincheist go dteipeann orthu déileáil le topaicí tábhachtacha ar dhóigh dhomhain go leor nó nach mbacann siad le gnéithe ríthábhachtacha den phróiseas foghlama féin. Tá gá láithreach agus práinneach le hábhar neamhriachtanach a laghdú nuair is féidir.

4.26 Níl sé i gceist ag ár moltaí eile tuilleadh ábhair a chur ar pháirc atá plódaithe cheana féin. Is gá spás a dhéanamh taobh istigh den churaclam le haghaidh machnaimh agus cruthaitheachta. Is saincheist chriticiúil é ábhar a bhainistiú agus nascann sé go díreach le measúnú agus le cáilíochtaí a shonrú.

4.27 Ní féidir moill a chur ar an obair ar an churaclam go dtí go gcruthófar Comhairle Curaclaim thiomnaithe nua. Idir an dá linn, ba cheart Tascfhórsa Curaclaim a bhfuil acmhainní cuí aige a bhunú chun an obair atá aitheanta againn mar thosaíochtaí d'athchóiriú an churaclaim a thabhairt chun cinn. D'fhéadfadh an comhlacht seo, in am, athrú ina Comhairle reachtúil nua.

4.28 Níor cheart beag is fiú a dhéanamh de ghealltanas an Tascfhórsa Churaclaim seo, agus na Comhairle reachtúla san fhadtéarma – tá sé suntasach agus tá sé dúshlánach. Tá sé ríthábhachtach go n-aithnítear luach an churaclaim trí chomhlacht athbhreithnithe agus tacaíochta a bhfuil acmhainní cuí aige a chruthú. Beidh infheistíocht shuntasach ag teastáil chuige sin. Tá clár oibre 5 bliana beartaithe againn chun tosaíochtaí curaclaim a mheas, agus ina dhiaidh sin thiocfadh tabhairt faoi chlár níos rialta agus níos leanúnaí athbhreithnithe agus athnuachana.

## Measúnú

4.29 Is cuid lárnach de gach dea-chóras oideachais é an measúnú. Tá roinnt cuspóirí ag gabháil leis:

- Tacaíonn sé leis an fhoghlaim trí láidreachtaí agus laigí an fhoghlaimeora a aithint.
- Socraíonn sé cé acu atá tagarmharcanna tábhachtacha á mbaint amach ag foghlaimeoirí nó nach bhfuil.
- Cumasaíonn sé meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht ag leibhéal na scoile, an choláiste nó na hinstitiúide eile, nó an chórais ina iomláine.

4.30 Tá gá le cur chuige níos córasaí i leith measúnuithe sna príomhchéimeanna. Cé go gcaitheann scoileanna suimeanna suntasacha ar thástálacha tráchtála ar

ardchaighdeán, ní dhéanann siad na tástálacha atá riachtanach go teoiriciúil ag Eochairchéimeanna 1 agus 2 agus ba cheart dóibh léargas comhchoiteann a thabhairt ar cé chomh maith agus a bhíonn leanaí ag foghlaim. Tasc luath a bheidh ann don chomhlacht nua measúnaithe agus cáilíochtaí córas nua a dhearadh agus a chur i bhfeidhm.

4.31 Níor chóir go mbeadh ualach trom ar an mheasúnú don mhúinteoir ná don fhoghlaimeoir. Tá imní orainn, áfach, faoin mhéid measúnaithe a dhéantar ar scoláirí atá idir 16-18 mbliana d'aois agus faoina thionchar sin ar na foghlaimeoirí. Measaimid, go háirithe, go ndéanann go leor scoláirí staidéar ar líon iomarcach TGMOnna.

4.32 Is réimse é seo a mbeidh tionchar ag athrú teicneolaíochta air. Tá idir dhúshláin agus dheiseanna measúnaithe ann maidir le fás na teicneolaíochta agus úsáid IS. Deis luath is ea trialacha oiriúnaitheacha ríomhchuidithe a úsáid. Feictear dúinn go mbeidh ról tábhachtach acu sin go luath amach anseo.

## Cáilíochtaí

4.33 Tá go leor cuspóirí ag baint le cáilíochtaí fosta, ina measc:

- gnóthachtáil a thaifeadadh agus a dheimhniú;
- dul chun cinn chuig céimeanna breise oideachais a chumasú trí riachtanais iontrála a chomhlíonadh nó fianaise a sholáthar ar eolas agus ar scileanna riachtanacha;
- faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht na n-institiúidí nó an chórais ina iomláine ó thaobh torthaí tábhachtacha d'fhoghlaimeoirí.

4.34 Tá machnamh déanta againn ar an chur chuige foriomlán a ba cheart a bheith ann maidir le cáilíochtaí a roghnú i dTuaisceart Éireann. Tá trí fhéidearthacht ann a bheag nó a mhór:

- Thiocfadh le Tuaisceart Éireann a cháilíochtaí féin a fhorbairt.
- Thiocfadh leis nasc a dhéanamh le dlínse amháin eile de chuid na Ríochta Aontaithe agus a cáilíochtaí sin a úsáid.
- Thiocfadh leis cur chuige measctha a ghlacadh.

4.35 Tá an chéad chur chuige míphraiticiúil (má chuirtear i bhfeidhm é ar gach cáilíocht) agus thiocfadh leis an dara ceann cur isteach ar leasanna Thuaisceart Éireann. Dá bhrí sin, molaimid an tríú ceann.

4.36 Áirítear ar na príomhcháilíochtaí ginearálta a úsáidtear ag leibhéal na scoile, ach níl siad teoranta dóibh, leibhéil TGMO, Leibhéal AF agus Ardleibhéil. Cuireann

coláistí iad seo ar fáil go forleathan fosta. Baintear úsáid as cáilíochtaí feidhmeacha fosta. Measaimid gur chóir leanúint ar aghaidh leo seo go léir. Mar sin féin, ós rud é, bunaithe ar ár moltaí, go leanfaidh an t-oideachas ar aghaidh do gach duine os cionn 16 bliana d'aois, ba cheart gur lú go mór an tábhacht a bheadh le measúnú ag 16 bliana d'aois ná mar atá faoi láthair. Molaimid teorainn a chur le líon na TGMOnna is féidir le scoláire a dhéanamh.

4.37 Feidhmíonn an Béarla agus an mhatamaitic ag Leibhéal TGMO mar cháilíochtaí "cead isteach" agus pas ag grád forordaithe a bheith de dhíth le dul ar aghaidh chuig breisoideachas nó oiliúint. Fágann sin go ndéanann líon suntasach scoláirí iarrachtaí arís agus arís eile agus nach n-éiríonn leo na gráid sin a fháil agus bíonn iarmhairtí an-díobhálacha acu ó thaobh féinmhuiníne agus úsáid am oideachais de. Ní thacaímid le gráid TGMO a bheith á n-úsáid mar chritéar cinntitheach chun deiseanna d'fhoghlaimeoirí a dhruidim – ba cheart, dar linn, go mbeadh teorainneacha éigeantacha ar úsáid na gcáilíochtaí acadúla sin mar bhacainní ar dhul chun cinn oideachasúil i scoileanna. Ar ndóigh, táimid ag súil go mbeadh tionchar ar an chleachtas seo ag ár moladh maidir le haois éigeantach an oideachais a ardú.

4.38 Lena chois sin, ceistímid cé chomh fada is a fheidhmíonn na cúrsaí agus na measúnuithe TGMO seo mar athróga ionadacha sásúla chun bunleibhéil leordhóthanacha uimhearthachta agus litearthachta a bhaint amach. Tá scóip shuntasach ann chun measúnú ag 16 bliana d'aois a fhorbairt ar mhodhanna solúbtha ar féidir le gach scoláire ciall a bhaint astu, agus a chuireann ar a gcumas leanúint ar aghaidh ag foghlaim. Beidh sé sin níos tábhachtaí ná inchomparáideacht dhocht thorthaí TGMO.

4.39 Molaimid go bhforbrófaí cáilíochtaí nua leibhéal 1 agus 2 i réimsí na litearthachta agus na huimhearthachta. Ina dhiaidh sin, molaimid go dtabharfaí isteach cáilíocht chomhthreomhar i scileanna digiteacha. Ba cheart na cáilíochtaí sin a fhorbairt i gcomhar le lucht gnó lena chinntiú go nglacfar leis na cáilíochtaí agus go n-aithneofar iad mar leibhéil úsáideacha uimhearthachta, litearthachta agus scileanna digiteacha.

4.40 Cuirfidh na cáilíochtaí nua seo deireadh le constaic nach bhfuil gá léi agus ar an dóigh sin cuideoidh siad le tionchar an mhíbhuntáiste a laghdú. Ba chóir go mbeadh na cúrsaí seo ar fáil do dhaoine fásta neamhcháilithe gan aon chostas, de réir ár molta maidir le ceart chun leibhéal bunúsach oideachais.

4.41 Tá Ardleibhéil i measc na gcáilíochtaí ginearálta is speisialaithe do lucht fágála scoile atá ar fáil áit ar bith ar domhan. Molaimid go leanfadh Tuaisceart Éireann air ag úsáid Ardleibhéal agus an úsáid is mó is féidir a bhaint as an raon feidhme teoranta atá ann chun inneachar agus struchtúr Ardleibhéil a oiriúnú lena n-úsáid i dTuaisceart Éireann.

4.42 Ba chóir go mbeadh áit iomlán agus mheasúil ag Tuaisceart Éireann sna socruithe trí thír atá ann chun maoirseacht a dhéanamh ar na cáilíochtaí sin sa Ríocht Aontaithe. Sna 20 bliain amach romhainn, ba cheart bogadh chun cineálacha eile measúnaithe a chur san áireamh a mhaolaíonn an brú atá ar dhaoine óga de bharr na ndiantréimhsí bliantúla de scrúduithe ceann cúrsa agus a cheadaíonn cineálacha níos éagsúla fianaise a bheith san áireamh sa mheasúnú. Tá sé riachtanach nach laghdóidh measúnuithe an t-am teoranta teagaisc agus foghlama atá ar fáil do mhúinteoirí agus do scoláirí cheana féin.

4.43 Le linn ár n-athbhreithnithe, bhí moltaí nó forbairtí i gcodanna eile den Ríocht Aontaithe chun athbhreithniú agus athchóiriú a dhéanamh ar raon leathan cáilíochtaí ginearálta agus gairme araon. Rinneadh cinntí maidir le curaclam nua sa Bhreatain Bheag agus tá obair ar bun ansin chun TGMOnna nua-stíle a dhearadh le scóip níos leithne agus le hinneachar nach bhfuil chomh mionsonraithe céanna, agus táthar ag súil go nglacfaidh daoine 16 bliana d'aois níos lú TGMOnna den sórt sin ná mar a ghlacann faoi láthair[82]. I gcás Shasana, tá cáilíochtaí nua gairmiúla á gcur ar fáil agus, nuair a bhí ár nAthbhreithniú ag teacht chun deiridh, d'fhógair Airí Shasana go raibh sé i gceist acu dámhachtain "Ardchaighdeán na Breataine" a fhorbairt, ag tarraingt le chéile staidéir theicniúla agus acadúla agus ag clúdach réimse níos leithne staidéir ná Ardleibhéil.[83] Tá Rialtas na hAlban chomh maith ag breithniú na moltaí a bhí ag athbhreithniú mór ar cháilíochtaí agus ar mheasúnú.[84]

4.44 Beidh ar an eagraíocht nua cáilíochtaí agus measúnaithe do Thuaisceart Éireann súil ghéar a choinneáil ar na forbairtí sin agus ar an tionchar a bheidh acu ar cháilíochtaí a thairgtear i dTuaisceart Éireann. Beidh orthu cloí leis an chomhairle atá acu don Fheidhmeannas maidir leis an meascán cáilíochtaí is fearr a fhreastalóidh ar riachtanais Thuaisceart Éireann. Ba cheart go n-áireofaí leis sin a bhreithniú cén dóigh lena dhéanamh níos indéanta ag foghlaimeoirí iar-16 i dTuaisceart Éireann staidéar a dhéanamh le haghaidh cáilíocht thrasdisciplíneach tionscadalbhunaithe chomh maith le cáilíochtaí atá teoranta d'ábhair ar leith. Cé go bhfuil ardmheas ag ollscoileanna ar fhianaise den chineál seo obair thionscadail, dúirt múinteoirí scoile i dTuaisceart Éireann linn nach raibh "aon am" ag a gcuid scoláirí Ardleibhéal staidéar a dhéanamh dá leithéid de cháilíocht.

4.45 Tá líon an-mhór cáilíochtaí gairme in úsáid, rud a fhágann go bhfuil mearbhall forleathan ann. Molaimid go ndéanfadh an comhlacht nua measúnaithe agus cáilíochtaí maoirseacht ar úsáid cáilíochtaí gairme i dTuaisceart Éireann, agus ba cheart go léireodh a acmhainní agus a struchtúr é sin mar chuid riachtanach dá ról

[82] Cáilithe don Todhchaí | Cáilíochtaí na Breataine Bige
[83] Cáilíochtaí nua chun oideachas den chéad scoth a sholáthar do chách - GOV.UK (www.gov.uk)
[84] It's Our Future – Independent Review of Qualifications and Assessment (It's Our Future – Independent Review of Qualifications and Assessment: report – gov.scot (www.gov.scot)

lárnach. Ba cheart dó athbhreithniú a dhéanamh ar an staid reatha go luath agus é mar aidhm aige an córas a shimpliú. Is féidir roinnt cáilíochtaí a athbhrandáil ag baint úsaid as ainmníocht TGMO agus Ardleibhéal. Cuideoidh simpliú agus úsáid na téarmaíochta coitianta le tuiscint an phobail ar a bhfuil ar fáil i scoileanna agus i gcoláistí.

## Oiriúnú don Intleacht Shaorga

4.46 Gan amhras beidh tionchar mór ag IS ar churaclam, measúnú agus cáilíochtaí le linn ár n-amscála 20 bliain. Cé nach féidir a thuar cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann, táimid muiníneach go mbeidh na nithe seo a leanas san áireamh sna himpleachtaí don oideachas:

- Athmhachnamh ar na cineálacha eolais agus scileanna a bheidh de dhíth ar fhoghlaimeoirí do dhomhan ina bhfuil ról lárnach ag IS.
- Tá gá le cumas faisnéise agus scanadh ionchais, nach bhfuil ag an chóras faoi láthair.
- Nuashonrú rialta ar an churaclam ionas go dtuigfidh foghlaimeoirí nádúr na teicneolaíochta nua agus a tionchar ar an tsochaí agus ar an gheilleagar.
- Athbhreithniú rialta ar chur chuige oideolaíoch lena chinneadh má tá bealaí nua ann inar féidir le IS cuidiú leis an fhoghlaim.

## Príomh-mholtaí: Curaclam, measúnú agus cáilíochtaí

| **Tabhairt faoi athchóiriú mór ar an churaclam agus é a choinneáil faoi athbhreithniú leanúnach** |
| --- |
| **Caithfidh an curaclam a bheith bunaithe ar thuiscint shoiléir ar an dóigh a dtarlaíonn an fhoghlaim. Ba cheart go spreagfadh sé foghlaimeoirí ar feadh an tsaoil atá in ann páirt rathúil a ghlacadh i sochaí atá ag síorathrú. Tá an t-ábhar agus an próiseas foghlama ríthábhachtach. Ba chóir d'fhoghlaimeoirí dul ar aghaidh go réidh ón luath-óige go dtí an fhoghlaim ar feadh an tsaoil gan athruithe tobanna, mar atá faoi láthair, go háirithe idir na céimeanna bunscoile agus iar-bhunscoile. Beidh gá le hathruithe móra agus le hinfheistíocht shuntasach.**<br><br>**Ba cheart an curaclam a choinneáil faoi athbhreithniú leanúnach i ndiaidh athchóiriú radacach lena mbaineann laghdú ar inneachar ábhar, feabhas ar aistrithe agus forbairt na foghlama réamhghairme ó aois 14.**<br><br>**I saol an duine fhásta, is é an príomh-bhreithniú curaclaim freastal ar riachtanais an fhoghlaimeora de réir mar a fheictear don fhoghlaimeoir iad.** |

**Sainchomhairle curaclaim a chur ar fáil**

**Caithfear acmhainní agus aird nach beag a infheistiú i bhforbairt, athbhreithniú agus comhairle curaclaim. Ba cheart freagrachtaí CCSM a roinnt idir dhá eagraíocht ar leith – ceann amháin don churaclam agus ceann eile le haghaidh measúnaithe agus cáilíochtaí.**

**Ba cheart go mbeadh Tascfhórsa Curaclaim eatramhach i gceannas ar na réimsí athchóirithe aitheanta go dtí go gcruthófar an Chomhairle Curaclaim nua. Ba cheart don tascfhórsa tús áite a thabhairt do dhul i ngleic leis an tsaincheist a bhaineann le hinneachar iomarcach curaclaim agus tosaíochtaí aitheanta eile a threorú fosta.**

**A chinntiú go dtacaíonn an measúnú le dul chun cinn**

**Ba chóir próisis a chur i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar measúnú reachtúil le linn saol foghlaimeora sa bhunscoil agus san iar-bhunscoil. Ba cheart go dtabharfadh próifíl uathúil foghlaimeora an t-eolas atá riachtanach do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí le bheith ag obair le foghlaimeoirí chun cinntí eolasacha a dhéanamh maidir lena gconairí amach anseo.**

**Ba cheart go mbeadh teorainneacha éigeantacha ar úsáid torthaí cáilíochta, amhail feidhmíocht TGMO agus Leibhéal AF, mar *bhacainní* ar dhul chun cinn oideachasúil i scoileanna.**

**Ba cheart don chomhlacht nua measúnaithe agus cáilíochtaí maoirseacht a dhéanamh ar cháilíochtaí gairme, ag cinntiú go bhfreastalaíonn na cáilíochtaí a úsáidtear i dTuaisceart Éireann ar riachtanais foghlaimeoirí agus fostóirí agus go dtuigtear an córas.**

# CAIBIDIL 5 – AISTRITHE AGUS DUL CHUN CINN

## Infheistiú i ndul chun cinn réidh agus leanúnach

5.1 Ba chóir breathnú ar an oideachas mar thuras a bhfuil luach leis ann féin agus ní hamháin mar bhealach chuig ceann scríbe nó chuig cáilíocht ar leith. Ba chóir go mbeadh sé mar aidhm aige eispéiris fhoirmitheacha a chur ar fáil agus foghlaimeoirí a ullmhú don saol. I gcroílár an oideachais tá taithí an fhoghlaimeora. Caithfidh an scolaíocht grá don fhoghlaim a spreagadh a mhaireann ar feadh an tsaoil agus tá infheistíocht de dhíobháil lena chinntiú gur féidir le gach duine leanúint ar aghaidh lena dturas oideachais.

5.2 Faoi láthair, tugann struchtúr agus dearadh an oideachais tuiscint ar shraith céimeanna ar leith agus bíonn fadhbanna ag roinnt foghlaimeoirí leis an aistriú ó cheann go ceann eile. Ba chóir breathnú ar an oideachas mar phróiseas leanúnach amháin a leanann ar aghaidh i ndiaidh na hógántachta agus isteach san aosacht. D'fhéadfadh roinnt aistrithe a bheith ag an turas seo, ach ba cheart go mbeadh siad réidh agus saoráideach agus na comhpháirtithe uile san oideachas ag obair níos dlúithe le chéile.

5.3 Cuireann infheistíocht san oideachas teachtaireacht shoiléir gan débhrí in iúl maidir lena thábhacht.

5.4 Leanann an t-oideachas ar aghaidh níos moille sa saol. Beidh sé sin ag éirí níos tábhachtaí de réir a chéile agus athruithe níos leithne ag teacht ar an gheilleagar. Beidh spreagadh, fonn agus cumas athoiliúna agus uasoiliúna de dhíth ar gach duine. Is é an chéad chéim thábhachtach infheistíocht a dhéanamh i gcóras a thugann bealaí nua d'fhoghlaimeoirí atá 14 bliana d'aois agus a chinntíonn go leanann oideachas foirmiúil nó oiliúint fhoirmiúil ar aghaidh go 18 mbliana.

## Gach duine ag dul chun cinn

5.5 Ba chóir go mbeadh an t-oideachas ina phróiseas leanúnach forásach, a bheadh ag teacht go dlúth le forbairt an fhoghlaimeora aonair. Le linn an turais oideachais, is é ár dtreoirphrionsabal go dtagann leas na bhfoghlaimeoirí ar dtús. Cibé institiúidí a bhfreastalaíonn foghlaimeoirí orthu, is é an rud is tábhachtaí gur chóir go mbeadh an t-éiteas, an curaclam agus an oideolaíocht oiriúnach.

5.6 Tosaíonn an turas oideachais sna luathbhlianta agus cuireann gach gné den scolaíocht caipiteal breise oideachais leis chun deis a thabhairt d'fhoghlaimeoirí dul ar aghaidh chuig breisoideachas agus/nó ardoideachas, fostaíocht nó oiliúint. Ba chóir go leanfadh an t-oideachas ar aghaidh isteach san aosacht: ba chóir go

mbeadh roghanna ann d'fhoghlaimeoirí fásta filleadh ar an oideachas agus éilíonn an geilleagar ar dhaoine uas-sciliú agus athsciliú a dhéanamh ar feadh a saoil aosaigh. Aibhsíonn sé sin go léir an tábhacht atá le dul chun cinn oideachasúil a rianú.

5.7 Gné lárnach de chuid aon turas dea-eagraithe is ea tuiscint a fháil ar an áit a raibh tú agus ar an áit a bhfuil tú ag dul. Tá an rud céanna fíor i gcás an oideachais. Cuimsíonn ár bhfís don oideachas foghlaimeoirí a bheith ar chonairí a fhreastalaíonn ar a gcuid riachtanas, ag aistriú gan stró trí gach céim agus ag seachaint caochbhealaí. Príomhghné is ea faisnéis chomhsheasmhach faoi fhoghlaimeoirí a úsáid le pictiúr iomlánaíoch a thabhairt agus lena chinntiú gur féidir leo cinntí eolasacha a dhéanamh ar a dturas oideachais.

5.8 Tháinig muid ar an chonclúid go bhfuil gá le cur chuige comhsheasmhach chun faisnéis faoi fhoghlaimeoirí a thaifeadadh agus a roinnt go heiticiúil chun dul chun cinn oideachasúil a rianú. Dhéanfadh próifíl foghlaimeora taifead ar dhul chun cinn na bhfoghlaimeoirí agus bheadh sí ina príomhfhoinse eolais fosta nuair a aistríonn siad idir céimeanna éagsúla oideachais nó ar fud na n-institiúidí. Leanfadh a húsáideacht ar aghaidh isteach san fhoghlaim aosach.

5.9 Sna céimeanna luatha, bheadh an phróifíl á coinneáil agus á nuashonrú ag an scoil. Dhéanfaí taifead inti ar réimse faisnéis acadúil agus neamhacadúil agus thabharfadh sí forléargas ar láidreachtaí an fhoghlaimeora agus ar réimsí a thiocfadh a fheabhsú. Thiocfadh é a úsáid chun eolas a thabhairt do thuismitheoirí ní hamháin faoi fheidhmíocht acadúil ach fosta faoi shaincheisteanna cosúil le tinreamh, dearcadh, iompar, inspreagadh, spéiseanna níos leithne, scileanna cumarsáide, cumas ceannaireachta agus go leor eile. Nuair a d’aistreofaí í go dtí an iar-bhunscoil, bheadh an teaghlach ina phríomhchoimeádaí ar an phróifíl. Cé go gcoinneofaí eolas faoi chúrsaí a ndearnadh staidéar orthu agus leibhéil ghnóthachtála sa phróifíl, bheadh sé oscailte don teaghlach eolas eile a bhaint. Ó aois 14, bheadh an foghlaimeoir – agus d'fhanfadh sé – ina phríomhchoimeádaí. Thiocfadh an phróifíl a úsáid chun CV níos fairsinge a thógáil nó chun taifead a choinneáil ar cháilíochtaí, éachtaí, srl.

## An rud is mór againn a thomhas

5.10 Ar an drochuair, is nós lenár gcóras oideachais scoileanna agus foghlaimeoirí a mheas bunaithe ar bhearta cúnga gnóthachtála ag aoisphointí ar leith. Cruthaíonn an cur chuige sin fócas áibhéalach ar na measúnuithe seo, rud a fhágann go bhfuil siad níos tábhachtaí ná mar ba chóir dóibh a bheith. Chun é sin a chosc, caithfimid bogadh i dtreo córas níos cuimsithí le tomhais níos leithne ratha san oideachas, ag aithint go bhfuil go leor cineálacha ratha i gceist agus go mbeidh sé éagsúil ó fhoghlaimeoir go foghlaimeoir.

5.11 Faoi láthair, tá an bhéim ar fheidhmíocht scrúduithe a thomhas, a dhéanann neamhaird ar fhachtóirí cosúil le forbairt an duine aonair, agus dul chun cinn le himeacht ama, agus an breisluach a chuireann an institiúid leis. Cruthaíonn an cur chuige cúng seo go leor fadhbanna agus muid ag meas turais chasta oideachais. Dá bhrí sin, caithfimid tomhais ratha níos leithne a ghlacadh lena n-áirítear gnóthachtáil seachas, faoi mar a bhreathnaítear orthu, cáilíochtaí acadúla.

5.12 Is fiú a thabhairt faoi deara, áfach, go n-éiríonn go han-mhaith le Tuaisceart Éireann maidir leis na tomhais seo. Deirtear uaireanta go bhfuil "eireaball tearcghnóthachtála" i dTuaisceart Éireann. Mar sin féin, thabharfadh sonraí a dhíorthaítear ó chomparáidí idirnáisiúnta a mhalairt le fios, cé gur chóir bheith aireach agus comparáidí dá leithéidí á ndéanamh.[85] Tá céatadán na scoláirí nach mbíonn tagarmharc 5+ TGMOnna bainte amach acu, an Béarla agus an mhatamaitic san áireamh, tite go seasta i dTuaisceart Éireann agus in 2018/19 bhí 27.2%. Ba é 46.2% an figiúr sa Bhreatain Bheag. Stadadh den mhéadracht sin a thuairisciú i Sasana in 2015/16, ach ag an am sin, ba é 43.2%. San am céanna ba é 32.1% i dTuaisceart Éireann.[86, 87, 88]

5.13 Sa staidéar PISA is deireanaí[89], bhí an meánscór léitheoireachta i dTuaisceart Éireann i bhfad níos airde ná meán an ECFE. I measc na dtíortha go léir a ghlac páirt in PISA 2018, bhí scóir eolaíochta go mór faoi bhun Thuaisceart Éireann ag a bhformhór (46) agus bhí meánscór 16 thír go mór os cionn Thuaisceart Éireann. Sa mhatamaitic, bhí Tuaisceart Éireann i bhfad níos fearr ná 45 tír, agus bhí 17 i bhfad níos fearr ná é. Bhí scoláirí i dTuaisceart Éireann i bhfad níos fearr ná iad siúd in 52 de na 56 tír eile[90] a bhí rannpháirteach in PIRLS agus d'éirigh níos fearr ar bhonn suntasach ó thaobh staitistice de le scoláirí in dhá thír go díreach: Singeapór agus Poblacht na hÉireann.

---

85 Is eol don Phainéal nach cuí i gcónaí an chomparáid le dlínsí eile i ngeall ar dhifríochtaí i gcórais cháilíochtaí, bearta ceannlíne agus éagsúlachtaí modheolaíochta maidir le tuairisciú ar thorthaí. Is cóir bheith aireach dá réir.

86 Feidhmíocht na scoile | An Roinn Oideachais (education-ni.gov.uk)

87 Staitisticí: TGMOnna (eochairchéim 4) - GOV.UK (www.gov.uk)

88 Torthaí scrúduithe | GOV. AN BHREATAIN BHEAG

89 Is staidéar é PISA ar ghnóthachtáil oideachais a eagraíonn an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE). Gach 3 bliana déanann PISA tástáil ar scoláirí 15 bliana d'aois ó gach cearn den domhan sa léitheoireacht, sa mhatamaitic agus san eolaíocht. Cuireann PISA ar chumas rialtais beartas agus feidhmíocht oideachais a thagarmharcáil, cinntí fianaisebhunaithe a dhéanamh agus foghlaim ó bheartais agus ó chleachtais ó thíortha eile. Rinne os cionn leathmhilliún duine 15 bliana d'aois ó 79 tír agus geilleagar tástáil PISA in 2018, lena n-áirítear gach ball den ECFE agus gach ceann de 4 thír na Ríochta Aontaithe. PISA 2018_Northern Ireland_Executive Achoimre.PDF (education-ni.gov.uk)

90 Is staidéar taighde neamhspleách é PIRLS a eagraíonn an Cumann Idirnáisiúnta um Meastóireacht ar Ghnóthachtáil Oideachais (IEA) a sholáthraíonn sonraí faoi litearthacht léitheoireachta. Tarlaíonn sé gach cúig bliana agus déantar measúnú ar eolas agus ar scileanna daltaí idir 9 mbliana agus 10 mbliana d'aois (R6 i dTuaisceart Éireann). San iomlán, ghlac 57 tír mar aon le hocht rannpháirtí tagarmharcála páirt in PIRLS 2021. PIRLS 2021 i dTuaisceart Éireann Tuarascáil Iomlán.pdf (education-ni.gov.uk)

5.14 D'éirigh go maith le scoláirí i dTuaisceart Éireann sa Staidéar Idirnáisiúnta Matamaitice agus Eolaíochta[91] (TIMSS) in 2019. Léiríonn na torthaí go raibh gnóthachtáil mhatamaitice agus eolaíochta do dhaltaí idir 9 mbliana agus 10 mbliana d'aois i dTuaisceart Éireann go fóill ard. Bhí scoláirí i dTuaisceart Éireann i bhfad níos fearr ná 51 den 58 tír a bhí páirteach agus ní raibh ach cúig thír i bhfad níos fearr ná iad. Mar léiriú ar an ardfheidhmíocht sa mhatamaitic i dTuaisceart Éireann ar an iomlán, shroich beagán os cionn an ceathrú cuid de dhaltaí an Tagarmharc Idirnáisiúnta Ard, an séú céatadán is airde go hidirnáisiúnta. Bhí an meánscór don eolaíocht níos ísle ná mar a bhí don mhatamaitic, cé go raibh sé go fóill os cionn mheán idirnáisiúnta na heolaíochta TIMSS. Ní raibh Tuaisceart Éireann páirteach in TIMSS 2023.[92]

5.15 Léiríonn sé seo cé gur féidir feabhsú i gcónaí agus gur chóir dúinn ár ndícheall a dhéanamh tacú lenár bhfoghlaimeoirí na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach, tá feidhmíocht dhaltaí Thuaisceart Éireann ag gach leibhéal cumais chomh maith céanna le feidhmíocht fhormhór mór na náisiún eile.

5.16 Ag leibhéal an chórais, ba cheart go rachadh an mheastóireacht ar ghnóthachtáil oideachais níos faide ná gráid TGMO nó AF/A a chomhaireamh. Ní thugann sé seo a cheart don mhéid atá á chur i gcrích agus déanann sé beag is fiú den mhéid atá bainte amach ag oideachasóirí agus ag foghlaimeoirí, go háirithe má bhíonn siad ag déileáil le tosca casta a mbíonn tionchar acu ar ghnóthachtáil, amhail iarmhairtí an mhíbhuntáiste.

5.17 Creidimid go bhfuil gá le painéal leathan tomhas chun gnéithe éagsúla ratha a mheas ag gach leibhéal. Tá an RO ag tabhairt faoi obair ar phainéal den sórt sin. Molaimid go ndéanfaí cinntí maidir lena oiriúnacht chomh luath agus is féidir, le cabhair ón Tascfhórsa Curaclaim nuabhunaithe. Níor cheart go mbeadh tomhais den sórt sin le feiceáil mar thomhais phionósacha ach ba cheart dóibh cuntasacht agus ardchaighdeáin a chur chun cinn. Lena chois sin, caithfidh rochtain a bheith ag institiúidí ar chláir éifeachtacha feabhsúcháin agus a bheith in ann foghlaim ón dea-chleachtas.

## Bloic thógála don rath sa todhchaí

[91] Is tionscadal taighde é TIMSS a bhíonn ar siúl gach ceithre bliana agus a sholáthraíonn sonraí faoi threochtaí sa mhatamaitic agus i ngnóthachtáil eolaíochta le himeacht ama. Déanann sé measúnú ar eolas agus ar scileanna daltaí idir 9-10 mbliana d'aois (agus idir 13-14 bliana d'aois, cé nár ghlac Tuaisceart Éireann páirt ach ag an raon aoise níos óige) ar fud an domhain agus cuireann sé ar chumas taighdeoirí eolas cúlra fairsing a bhailiú faoi thimpeallachtaí baile agus foghlama na ndaltaí agus faoi mhéid, cáilíocht agus ábhar an teagaisc. Treochtaí i Staidéar Idirnáisiúnta Matamaitice agus Eolaíochta (TIMSS) | An Roinn Oideachais (education-ni.gov.uk)

[92] I ngeall ar ghníomhaíocht thionsclaíocht múinteoirí, níorbh fhéidir le Tuaisceart Éireann dóthain sonraí a chruinniú le páirt a ghlacadh in TIMSS 2023.

5.18 In áiteanna eile, molaimid obair chomhpháirtíochta a bheith trasna na sláinte agus an oideachais ar sheirbhísí luathóige agus tarraingímid aird ar an sprioc fhadtéarmach maidir le comhlacht a bhunú a mbeidh sé de chúram air go sonrach idirghabháil luath agus tacaíocht d'fhoghlaimeoirí a bhunú. Cruthófar é sin chun dul chun cinn rianúil a chinntiú do leanaí óga agus dá dteaghlaigh ón soláthar atá dírithe ar shláinte ón bhreith i leith go dtí fócas níos mó ar an fhoghlaim. Cuidítear leis an aistriú seo cheana féin ó tharla go n-úsáideann suíomhanna luathbhlianta agus Bonnchéim na bunscoile araon oideolaíocht bunaithe ar shúgradh. Tá an oideolaíocht dírithe ar shúgradh struchtúrtha, scileanna réamhlitearthachta, foghlaim taobh amuigh agus cuir chuige neamhfhoirmiúla eile.

5.19 Braitheann oideachas luathbhlianta ardchaighdeáin ar fhorbairt iomlánaíoch leanaí a chur chun cinn trí shúgradh struchtúrtha. Leagtar béim fosta ar chothú, go háirithe i gcás leanaí óga a bhféadfadh deacrachtaí a bheith acu ina saol baile. Éilíonn cur chuige den sórt sin sraith shainiúil scileanna a bheith ag an lucht saothair.

5.20 Tá leanúnachas cur chuige idir 2 agus 6 bliana d'aois ag iarraidh an cosán ón naíolann go dtí an bhunscoil a réiteach. Éilíonn sé, áfach, aistriú chuig stíl foghlama níos foirmiúla ó aois a sé ar aghaidh. Is féidir leis an aistriú seo a bheith de réir a chéile agus ní bhaineann sé le hathrú scoile. Tá múinteoirí ranga in ann dul chun cinn réidh a chinntiú i ngach cás ach líon an-bheag cásanna.

5.21 Tá tábhacht thánaisteach ag baint leis an aois fhoirmiúil tosaithe scoile d'eispéireas an fhoghlaimeora. Sna blianta tosaigh, bíodh sé sa réamhscoil nó in Eochairchéim 1, i naíolann nó i ngrúpa súgartha, ba cheart go mbeadh an t-éiteas, an curaclam agus an oideolaíocht comhsheasmhach, oiriúnach ó thaobh aoise de agus dírithe ar fhorbairt agus ar chothú leanaí. Cuideoidh fiosracht nádúrtha leanaí an-óg le grá don fhoghlaim a spreagadh.

## Aistriú réidh idir an bhunscoil agus an iar-bhunscoil

5.22 Tá difríochtaí móra idir an cur chuige a leantar ag céim na bunscoile den oideachas agus ag céim na hiar-bhunscoile maidir le curaclam, oideolaíocht agus eagrú scoile, agus, mar thoradh air sin, le nádúr an chaidrimh idir foghlaimeoirí agus múinteoirí.

5.23 Cé go bhfuil éagsúlachtaí ann ó scoil go scoil, is iondúil go mbíonn teagasc ranga i mbunscoileanna faoi chúram múinteoir aonair, uaireanta le hionchur ó líon beag speisialtóirí nó ó chomhghleacaithe eile; dá bhrí sin bíonn siad in ann foghlaim idirdhisciplíneach chomh maith le foghlaim ábharbhunaithe a chur ar fáil. Mar thoradh air sin, tá an caidreamh idir an foghlaimeoir agus an múinteoir an-dlúth. San iar-bhunscoil, beidh an foghlaimeoir i dteagmháil le go leor múinteoirí.

Éilíonn an curaclam ábharbhunaithe amchlár níos dolúbtha agus ní féidir deiseanna le haghaidh cur chuige idirdhisciplíneach a eagrú ach amháin le hiarracht éigin.

5.24 Tá sé tábhachtach a áitiú nach bhfuil tobainne an athraithe ó R7 go Bliain 8 dosheachanta. Is smaoineamh saorga é an coincheap gurb ann do rudaí ar nós bunoideachais agus iar-bhunoideachais agus go bhfuil an dá rud difriúil. Ba chóir go mbeadh oideachas scoilbhunaithe go leanúnach réidh ó thús go deireadh.

5.25 Ba cheart go bhféachfadh córas foghlaimeoir-lárnach le haistrithe géara a laghdú nó a mhaolú. Molaimid céimeanna a ghlacadh chun taithí an dalta ar bhlianta malla na bunscoile agus ar bhlianta luatha na har-bhunscoile a thabhairt i bhfad níos gaire dá chéile. Is é a bheidh i gceist leis sin speisialtóireacht mhéadaithe sa bhunscoil agus curaclam níos comhdhlúite sna céimeanna luatha iar-bhunscoile. Thabharfadh sé sin aghaidh ar an aistriú is suaite ar fad san aistear oideachais reatha agus chuideodh sé go mór le líon na gcásanna a laghdú ina mbíonn daltaí ag tarraingt siar go gairid i ndiaidh an phointe aistrithe.

## An tAistriú ag 11 Bliain d’Aois

5.26 Is éard atá i gceist le haistriú ag 11 bliana d’aois an bhunscoil a fhágáil agus aistriú chuig iar-bhunscoileanna. Leis an aistriú seo bíonn ar dhaltaí scoil, suíomh, cairdeas piaraí, curaclam agus modhanna múinte a athrú. Is eispéiris dhúshlánacha, spreagúla iad seo agus is féidir leo a bheith strusmhar.[93],[94] Déantar measúnú foirmiúil fosta ar go leor foghlaimeoirí, thart ar leath den chóhórt ag ag aois seo le scóir a chinneadh a fhéadfaidh roinnt iar-bhunscoileanna a úsáid mar chritéir iontrála. Tagraítear go coitianta don phróiseas seo mar roghnú acadúil nó an scrúdú aistrithe[95].

5.27 Cé go bhfuil Tuaisceart Éireann agus roinnt áiteanna de Shasana eisceachtúil ó thaobh úsáid a bhaint as roghnú acadúil ag aois 11, tá gach córas oideachais, go pointe áirithe, roghnach, lena n-áirítear mar shampla, roghnúchán don ardoideachas. Ina theannta sin, fiú amháin i scoileanna neamhroghnacha nó “páirtroghnaitheacha” thiocfadh sruthú nó socrú a bheith ann de réir cumais;

---

[93] Seo a leanas figiúirí Purdy et al. do 2022-2023 – 8,400 a shuigh AQE agus 7300 a shuigh GL = 61% den chóhort

[94] I Samhain 2021, shuigh 8,820 páiste na scrúduithe AQE agus shuigh 5,450 na scrúduithe PPTC (Meredith, 2021), as cohort bhliain 7 timpeall 25,000. Ba mheastachán garbh é go suíonn timpeall 50% de pháistí bhliain 7 scrúdú amháin díobh nó an dá cheann. Ní féidir meastachán níos cruinne a dhéanamh tharla nach bhfuil aon fhaisnéis ar fáil faoin líon páistí a shuíonn an dá scrúdú. (Tionchair an roghnaithe acadúil i dTuaisceart Éireann – léirmheas litríochta don Athbhreithniú Neamhspleách ar Oideachas 2022).

[95] Tá nós imeachta difriúil ar obair i gceantar Chraigavon, ar a dtutgar Múnla Dickson, nach mbíonn scrúdú ag aois a 11 mar chuid d; ina áit sin téann foghlaimeoirí ar scoileanna ardsóisearacha leis an roghnú ar aois a 14.

síleann daoine áirithe go gcuidíonn sé seo leis an teagasc cé gcáineann daoine eile é. Ar ndóigh, is fusa i bhfad foghlaimeoirí a aistriú trasna “sruthanna” nó idir “thacair” sa scoil chéanna ná aistriú ó institiúid amháin go hinstitiúid eile.

5.28 Is é an roghnú acadúil, mar aon le deighilt de réir creidimh/pobail, an cheist oideachais is conspóidí i dTuaisceart Éireann. Ní hionann é seo agus a rá gurb é an rud is tábhachtaí é. Mar sin féin, mar thoradh air seo bíonn comhdhearcadh agus comhréiteach de dhíth ó gach taobh maidir le hathrú éifeachtach buan a bheith ann. Ba chóir é seo a fhorbairt bunaithe na féidearthachtaí agus leasanna fadtéarmacha na bhfoghlaimeoirí a thuigtear a bheith ann.

5.29 Caithfear réimse leathan cúinsí a chur san áireamh agus go pointe áirithe bíonn siad ag teacht salach ar a chéile. Ina measc seo tá:

- An gá go dtuigtear go bhfuil tábhacht ollmhór ag baint le leasanna na bhfoghlaimeoirí.
- Cearta rogha na dtuismitheoirí agus na srianta a chuirtear ar na cearta sin.
- An tábhacht a bhaineann le hardchaighdeáin acadúla agus an gá lena chinntiú nach mbaintear amach iad ar bhealaí a thagann salach ar leasanna daoine eile.
- A inmhianaithe atá sé cothromaíocht a bhaint amach idir foghlaim acadúil agus gairmfhoghlaim.
- Tuairimí sóisialta a bhfuil tionchar acu ach nach bhfuil smacht ag an chóras orthu.

5.30 Rinneadh an cheist a mheas ag athbhreithnithe oideachais roimhe seo. Moladh in The Burn’s Report 2001 go gcuirfí deireadh leis na tástálacha stáit a rinne gach leanbh chomh luath agus is féidir. Léiríodh i gcomhairliúchán poiblí ina dhiaidh sin “go raibh an chuid is mó de na freagróirí míshásta leis an chóras roghnaithe reatha ag 11, ach go raibh siad i bhfách le difreáil éigin sa soláthar oideachais. Ní raibh aon chomhdhearcadh ar an bhealach chun cinn, sa dioscúrsa pholaitiúil ná poiblí.”[96] I ndiaidh The Burns Report[97] bhí The Costello Report (2003)[98], ina ndearnadh breithniú ar mholtaí Burns a chur i bhfeidhm. Moladh sna tuarascálacha seo córas de rogha bunaithe ar thuismitheoirí agus ar dhaltaí a bheadh bunaithe ar “phróifíl dalta”.

5.31 Tá ár sainchúram an-leathan, murab ionann agus Burns agus Costello, a bhí dírithe ar shaincheist amháin. Tá súil againn agus mar thoradh ar na moltaí eile atá déanta againn go dtiocfaidh athrú ar an chomhthéacs oideachais iomlán ar

---

[96] Impacts of academic selection in Northern Ireland – literature review for Independent Review of Education 2022
[97] The Burns Report | Department of Education (education-ni.gov.uk)
[98] The Costello Report in full | Department of Education (education-ni.gov.uk)

bhealaí a laghdóidh an chonspóid a bhaineann leis an roghnúchán acadúil. I measc na moltaí is ábhartha, tá:

- Measúnú reachtúil caighdeánaithe cáilíochta a úsáid ar feadh an turais oideachais, sa bhunscoil san áireamh.
- Eispéireas curaclaim an fhoghlaimeora idir an bhunscoil agus an iar-bhunscoil a dhéanamh níos fusa.
- Conairí agus roghanna réamhghairme a thabhairt isteach níos luaithe san aistear oideachais.
- Soláthar séú bliain a chuíchóiriú.
- Aois rannpháirtíochta oideachais agus oiliúna a ardú go 18 mbliana.
- A chinntiú go ndéanann roinn amháin bainistiú ar aistear oideachais amháin.
- Cosc a chur ar cháilíochtaí áirithe a úsáid mar bhacainní ar dhul chun cinn.

5.32 Cuireadh an cás ar son athraithe in iúl go tréan dúinn. Fágann an próiseas reatha go bhfuil deighilt shocheacnamaíoch ann i gcónaí idir scoileanna roghnacha agus neamhroghnacha. Imríonn seo tionchar suntasach ar an timpeallacht teagaisc. Imríonn measúnú tionchar fosta ar an churaclam ag EC2, nuair a chaitear am teagaisc ar ullmhúchán le haghaidh na teiste. Imríonn na fachtóirí seo tionchar ar leanaí a thugann faoin teist agus ar leanaí nach dtugann faoin teist ar an dóigh chéanna. Ní féidir an teist a athshuí agus déantar í ag aois an-óg. Léirigh taighde nach bhfuil teisteanna dá leithéid saor ó locht mar léiriú ar an dóigh a n-éireoidh le duine sa todhchaí. Ar na cúiseanna sin, creidimid nár cheart go leanfaí ar aghaidh leis na socruithe reatha.

5.33 Mheas muid roinnt roghanna le haghaidh athraithe. Ní éireodh le cuid acu ar chúiseanna polaitiúla agus sóisialta, nó seans go mbeadh suaitheadh oideachais suntasach ann mar gheall orthu.

5.34 Molaimid na nithe seo a leanas maidir leis an aistriú go dtí an iar-bhunscoil ag aois 11 bliana:

- Molaimid go mbogfaí ar shiúl ón phróiseas aistrithe a bheith bunaithe ar theist aonuaire ag 11 bliana d’aois agus go úsáidfí próifíl dalta bunaithe ar mheasúnú reachtúil agus éascaithe ag tástáil oiriúnaitheach ar ríomhaire, de réir mar a fhorbraíonn an teicneolaíocht seo. Ba chóir go mbeadh níos mó i gceist leis an eolas a chuirtear ar fáil maidir leis an aistriú ná uimhearthacht agus litearthacht amháin agus ba chóir go dtiocfadh sé le haidhmeanna an churaclaim.

- Ba cheart go n-aithneodh an tOideachas an luach atá le conairí acadúla, ach níor cheart go mbeadh conairí eile thíos leis mar gheall air sin. Mar sin

de, molaimid go mbeadh “teorainn” ar líon iomlán na bhfoghlaimeoirí in aon chohórt atá ag aistriú a ligfí isteach san iar-bhunscoil mar gheall ar roghnú acadúil. Ba cheart go bhforbródh an RO an mhodheolaíocht shainiúil atá le cur i bhfeidhm. Molaimid go socrófaí an teorainn ar dtús sa raon 25–30% d’aon chohórt ar leith ó Bhliain 8.

- Ní mór do scoileanna atá ag roghnú daltaí mar gheall ar chritéir acadúla tús áite a thabhairt do dhaltaí FSM ar dtús. Ba chóir go dtabharfaí orthu a chinntiú nach lú an céatadán de leanaí dá leithéid ná comhréir na n-iarratas céad rogha a fhaightear. Ina theannta sin, ba chóir don RO cuir chuige a bhreithniú chun dáileadh na ndaltaí nua[99] a chothromú níos fearr ar fud na n-earnálacha gramadaí agus neamh-ghramadaí.

- Ba cheart solúbthacht a bheith ann chun ligean d’fhoghlaimeoirí ag aois 14 bliana bogadh chuig institiúidí éagsúla chun sainchonairí a leanúint agus/nó tabhairt faoi chúrsaí nach bhfuil ar fáil ina scoil reatha. Ar ndóigh, beidh an t-aistriú ag aois 14 bliana ag brath ar líon na n-áiteanna atá ar fáil, ach ba cheart níos mó gluaiseachta ag an aois seo a spreagadh agus a éascú nuair is féidir.

- Níor cheart foghlaimeoirí a bhfuil ráiteas RSO acu a rangú mar fhoghlaimeoirí breise (faoi mar dhéantar faoi láthair). Ina áit sin, ba cheart go ndéanfaí cinneadh faoina n-áit scoile i mBliain 8 roimh dheireadh bhliain 6 den bunscolaíocht, sula ndéantar na socruithe aistrithe iar-bhunscoile eile[100].

- Ba chóir go gcuirfí deireadh leis an cheanglas maidir leis an phróiseas foirmiúil um mholadh forbartha (MF) a oibriú chun faomhadh a fháil d’athruithe a bhaineann le daltaí a aistrítear trí roghnú acadúil chun RO a chumasú leis an próiseas athbhreithnithe seo a oibriú. Ba cheart go mbeadh saoirse ag scoileanna samhail lánroghnach, samhail dhéthaobhach nó samhail neamhroghnach a oibriú, laistigh den teorainn iomlán ar líon na ndaltaí a roghnófar bunaithe ar chritéir acadúla a leagfadh RO síos.

5.35 Seacht mbliana tar éis do na hathruithe seo a bheith curtha i bhfeidhm (i.e., ag an phointe a aistreofar gach foghlaimeoir sna hiar-bhunscoileanna ar bhonn an

[99] Is ionann dalta nua agus dalta atá i ndiaidh rollú i scoil ach nach bhfuil dóthain scileanna teanga acu chun páirt iomlán a ghlacadh sa churaclam scoile, agus sa timpeallacht níos leithne, agus nach bhfuil teanga chomónta ach leis an mhúinteoir, bíodh Gaeilge nó Béarla i gceist. Béarla mar Theanga Bhreise ba ghnách a thabhairt air seo. Mar sin féin ní thagraíonn sé do dhaltaí dúchais a roghnaigh dul ar scoil Ghaeilge.

[100] Mínítear seo in Imleabhar 2 den Tuarascáil mar bheartas iontrála “RSO ar dtús”, a bheadh i bhfeidhm nuair atáthar ag tosú ar an bhunscolaíocht fosta.

phróisis athbhreithnithe) ba cheart don RO athbhreithniú a dhéanamh ar na moltaí i bhfianaise a dtionchar ar an chóras iomlán.

## Conairí nua d'fhoghlaimeoirí

5.36 Ba chóir go gcuirfeadh an t-iar-bhunoideachas raon leathan de chonairí oideachais ar fáil do dhaoine óga – conairí acadúla, cruthaitheacha, teicniúla agus gairmoideachais – agus ba cheart go n-eascródh roghanna sásúla oideachais agus oiliúna i ndiaidh na scoile agus deiseanna fostaíochta atá úsáideach ó thaobh an gheilleagair de agus a bhfaightear luach saothair maith di ina dhiaidh sin. Ba chóir go mbeadh sé furasta dul chun cinn a dhéanamh. Níor cheart go mbeadh mórán cásanna ann ina mbeadh ar fhoghlaimeoirí dul siar sa chás gur mian leo treo a athrú.

5.37 Céim thábhachtach ag go leor foghlaimeoirí is ea aois 14 bliana. Faoin aois seo, beidh foghlaimeoirí ag súil go mbeidh siad in ann rogha éigin a dhéanamh ina gcuid foghlama. Ag an am céanna, beidh deacracht ag roinnt daltaí leis an churaclam príomhshrutha agus/nó beidh siad ag iarraidh dul i dtreo gairmiúil, treo a mbeidh cur chuige níos praiticiúla i leith na foghlama i gceist leis. Tá sé ríthábhachtach go nglacfaidh gach scoil céimeanna chun freastal ar na riachtanais agus na roghanna seo chomh maith le deiseanna pearsanta a chur ar fáil do gach foghlaimeoir chun saol na hoibre, printíseachtaí agus soláthar na gcoláistí a thuiscint níos fearr.

5.38 Ba cheart do gach iar-bhunscoil raon leathan roghanna acadúla agus gairmoideachais a thairiscint agus comhoibriú le scoileanna eile agus le coláistí chun na roghanna atá ar fáil a leathnú tuilleadh. Ní gá don scoil féin gairmchúrsaí nó cúrsaí teicniúla a chur ar fáil ach is féidir leas a bhaint as comhoibriú le scoileanna eile nó le coláiste áitiúil. Níor cheart go mbeadh nasc cúng idir na cúrsaí seo agus gairmeacha ar leith ach ba chóir go gcuirfí saol na hoibre agus a riachtanais i láthair na ndaltaí. Ba cheart, áfach, go mbeadh gné shuntasach den fhoghlaim phraiticiúil i gceist leo agus mar sin is dócha go ndíreoidh siad ar ghrúpaí gairmeacha ar leith nó réimsí ar leith den gheilleagar.

5.39 Is é an rún a bheadh ann:

- a chinntiú go mbeidh taithí níos fairsinge ag gach foghlaimeoir ag pointe níos luaithe.
- comhurraim a léiriú ar chonairí éagsúla.
- a chinntiú go bhfuil foghlaimeoirí níos eolaí sula ndéanann siad cinntí maidir lena gconair oideachas iar-16.

5.40 Agus roghanna éagsúla ar fáil teastaíonn treoir. Ba chóir go mbeadh eolas ar shaol na hoibre mar ghné den churaclam, ó na céimeanna déanacha den bunscolaíocht ar a laghad. Beidh an foghlaimeoir aonair ag iarraidh comhairle mhaith a bheith ar fáil ón phointe a mbeidh roghnú ábhair mar chuid den iar-bhunscolaíocht. Beidh níos mó tábhachta fós leis an riachtanas seo nuair a bheidh an foghlaimeoir ag tosú ag smaoineamh ar na roghanna atá ann lasmuigh den scolaíocht.

5.41 Féachann oideachas faoi ghairmeacha agus gairmthreoir le cuidiú le daoine, is cuma cén aois iad, roghanna maithe a dhéanamh maidir lena ngairm bheatha agus tuiscint a fháil ar na riachtanais oideachais agus oiliúna a bheidh i gceist lena roghanna. Ba cheart go gcuideodh sé le daoine machnamh a dhéanamh ar a gcuid spéiseanna, uaillmhianta, scileanna agus buanna. Ba cheart go bhfreastalódh gairmthreoir ar riachtanais an gheilleagair chomh maith le bheith ag cuidiú leis an duine aonair.

5.42 Ní mór dúinn leas a bhaint as foireann na Seirbhíse Gairmeacha chun an tseirbhís a chuireann múinteoirí gairmthreorach ar fáil a neartú. Níor mhór cuid acu a bheith ceangailte le pobail foghlama ceantair (ALCanna) chun na críche seo.

5.43 Beidh na hArdleibhéil ann i gcónaí mar na príomhchúrsaí acadúla a chuirtear ar fáil i scoileanna d’fhoghlaimeoirí iar-16. Ar chúiseanna a pléadh sa chuid roimhe seo, ní féidir le Tuaisceart Éireann, mar dhlínse bheag, a cháilíochtaí féin a fhorbairt ag an leibhéal seo. Mar sin féin, ba cheart go mbainfeadh sé leas as a thionchar chun dul i ngleic leis an cháineadh rialta ar na hAardleibhéil go bhfuil siad dolúbtha agus trom ó thaobh ábhair de.

5.44 Ar an drochuair, tá nós i roinnt scoileanna i dTuaisceart Éireann cosc a chur ar fhoghlaimeoirí áirithe dul níos faide ná Bliain 1 dá gcúrsa Ardleibhéil. Ní mór deireadh a chur leis an nós sin.

## Séú foirmeacha inbhuanaithe, curtha ar bun le go n-éireoidh leo

5.45 I gcás fhormhór mór na ndaoine óga, is céim thábhachtach í an séú rang i dtaca leis an aistriú ón scoil go cineálacha eile foghlama, oiliúna agus fostaíochta. Is gá, mar sin, a mheas cé acu an gcomhlíonann sé an fheidhm sin go héifeachtach nó nach gcomhlíonann.

5.46 In 2022/23, bhí séú bliain ar obair ag 160 as 192 iar-bhunscoil (83%). Astu seo, bhí 40 faoin tairseach inriteachta reatha 100 dalta a mholtar in SSP, rud a chiallaíonn nach inbhuanaithe ceathrú cuid de na séú blianta. Ní thig le séú blianta réimse chomh leathan cúrsaí a thairiscint agus ba mhaith le daltaí, agus ní féidir

seasamh le costais arda in aghaidh an dalta atá i gceist le séú blianta neamh-inrite. Moladh i dtuarascáil Bain nár cheart a rá go bhfuil séú bliain inmharthana ach amháin má tá rolla de 100 ar a laghad ann. Tar éis an tionchar a imríonn méid ar chostas agus rogha a mheas, molaimid go n-ardófaí an figiúr go 240 ar a laghad (i.e. 240 dalta mar íosmhéid rollaithe).

5.47 In áiteanna eile inár dTuarascáil molaimid cur chuige nua agus neartaithe maidir le pleanáil ceantair. Is é a bheidh i gceist leis seo ná iarracht leanúnach chun an líonra scoileanna ‘a thomhas i gceart’ bunaithe ar líon na ndaltaí ar an rolla a bheith inbhuanaithe agus éifeachtach. Chuirfeadh sé seo feabhas ar cháilíocht an oideachais, bhainfí úsáid níos fearr as acmhainní agus chuirfeadh sé ar chumas níos mó leanaí agus daoine óga a bheith á n-oiliúint le chéile. Is cuid den ghníomh seo a chinntiú go bhfuil gach séú rang inmharthana i dtéarmaí ár dtairseach athbhreithnithe.

5.48 I go leor cásanna, is é an toradh deiridh a bheidh air ná go mbunófar líon níos lú de séú ranganna móra i scoileanna atá ann cheana féin. Tá roghanna eile ann, áfach, ar cheart machnamh a dhéanamh orthu. Ina measc seo tá:

- **Coláistí séú bliain** a bhunú trí séú ranganna ó roinnt iar-bhunscoileanna a chomhcheangal laistigh de ghaireacht thíreolaíoch réasúnta.
- **Séú Blianta Pobail** a bhunú**, ag bailiú foghlaimeoirí ó roinnt scoileanna le chéile,** laistigh de scoil atá ann cheana féin.
- **Coláiste treasach** a bhunú tríd an soláthar séú bliana ar fad i gceantar a thabhairt le chéile ar champas coláiste áitiúil amháin.

5.49 Ní atheagrú ó bhonn atá a mholadh againn, rud a bheadh ina chur isteach mór agus róchostasach, ach molaimid go nglacfaí le samhlacha éagsúla, lena n-áirítear réitigh níos nuálaí, agus go ndéanfaí iniúchadh ar thionscadail chonrach.

## Comhoibriú idir scoileanna agus coláistí

5.50 Ceapadh an Creat Teidlíochta chun cur leis an rogha curaclaim atá ar fáil do gach duine óg a fhreastalaíonn ar iar-bhunscoileanna. Caithfidh gach iar-bhunscoil 21 cúrsa ag Eochairchéim 4 agus 21 cúrsa iar-16 ar a laghad a chur ar fáil do dhaltaí; ní mór trian díobh ar a laghad a bheith ginearálta agus trian díobh a bheith feidhmeach. Bhí sé i gceist go mbeadh fáil ag daoine óga ar roinnt gairmchúrsaí ach cuid den tseachtain a chaitheamh i gcoláiste áitiúil. Bunaíodh PFCanna chun an Creat Teidlíochta a chur i gcrích trí chomhoibriú, ag tabhairt scoileanna agus coláistí le chéile chun soláthar áitiúil a phleanáil.

5.51 Ar an drochuair, ní dóigh linn gur fíoraíodh an cuspóir fiúntach seo ar fad. Mar gheall ar shocruithe maoinithe éagsúla i scoileanna[101] agus coláistí gearrtar táillí ar scoileanna má úsáideann a gcuid daltaí cúrsaí i gcoláistí, rud a chuireann bac ar chomhoibriú. Cuireann roinnt scoileanna gairmchúrsaí ar fáil ina suíomh féin. I gcásanna áirithe, ar nós cúram sláinte agus sóisialta nach bhfuil mórán saintrealaimh ag teastáil uathu, tá sé seo dlisteanach ar fad, ach tharla sé roimhe gur chruthaigh scoileanna saoráidí le haghaidh cothabháil mótarfheithiclí nó ceirdeanna fliucha nuair a bhíonn saoráidí i bhfad níos fearr ar fáil ag coláiste in aice láimhe.

5.52 Príomh-mholadh is ea go mbunófaí roinn aontaithe le freagracht amháin i.e. maoirsiú a dhéanamh ar an aistear oideachais ina iomláine. Chaithfí freagrachtaí reatha an RO a nascadh le roinnt freagrachtaí de chuid na Roinne Geilleagair, go háirithe maidir le hoideachas, foghlaim agus scileanna. I measc na mbuntáistí a bhainfeadh le socrú dá leithéid tá go mbeadh cur chuige níos iomlánaíche ann i leith maoinithe, rud a chuirfeadh deireadh leis an díspreagadh ar chomhoibriú a luadh thuas.

## An tOideachais a ullmhú don todhchaí

5.53 Ar fud an domhain, tá níos mó daoine ag fanacht níos faide san oideachas. Tá an treocht seo le feiceáil i dTuaisceart Éireann fosta.

5.54 Fanann os cionn 85% de dhaoine óga san oideachas i ndiaidh aois 16 bliana agus os cionn 70% i ndiaidh aois 17 mbliana[102]. Fanann an tromlach mór ar scoil. Tá oideachas ollscoile ag fás fosta. Tháinig méadú faoi dhó beagnach ar líon na bhfóchéimeanna a bhronnann ollscoileanna sa RA le 25 bliain anuas agus shroich sé beagnach 450,000 in 2020/21[103]. Ag an am céanna, tá méadú tar éis teacht ar líon na ndaoine atá ag iarraidh an dara céim a bhaint amach. Tháinig méadú 75% ar líon na ndaoine a chuaigh i mbun printíseachtaí i dTuaisceart Éireann sna deich mbliana go dtí 2021/22[104]. Tá scéal an bhreisoideachais fhoirmeálta beagán difriúil. Mar sin féin, is é an treocht ghinearálta atá ann ná go bhfuil méadú ag teacht ar oideachas agus ar oiliúint agus is amhlaidh go bhfuil formhór mór na ndaoine óga páirteach ann ar bhealach éigin.

5.55 Den chuid is mó, i dTuaisceart Éireann, is féidir le daoine óga atá 16 bliana d’aois le linn na scoilbhliana (idir 1 Meán Fómhair agus 1 Iúil) an scoil a fhágáil tar éis 30 Meitheamh. Má bhaineann siad aois 16 bliana amach idir 2 Iúil agus 31

[101] Faigheann gach scoil a chomhoibríonn maoiniú mar ranníocaíocht le haghaidh comhoibrithe. Athraíonn sé seo idir daltaí iompórtála agus easpórtála agus athraíonn sé fosta idir suíomhanna tuaithe agus uirbeacha.
[102] Daonáireamh Scoileanna Thuaisceart Éireann.
[103] Feasacháin staidrimh agus na chéad eisiúintí | HESA
[104] Staitisticí ApprenticeshipsNI ó Lúnasa 2013 go Iúil 2022 | Roinn an Gheilleagair (economy-ni.gov.uk)

Lúnasa, ní féidir leo an scoil a fhágáil go dtí 30 Meitheamh an bhliain dár gcionn[105]. I gcásanna áirithe a cuireadh siar, is é 17 an aois fágála[106]. Athraíonn an aois fágála scoile sa chuid eile den RA ó thír go tír.

- I Sasana, is féidir le daoine óga an scoil a fhágáil ar an Aoine dheireanach de mhí an Mheithimh má bhaineann siad 16 bliana d'aois amach faoi dheireadh laethanta saoire an tsamhraidh. Ina dhiaidh sin caithfidh siad ceann amháin díobh seo a leanas a dhéanamh go dtí go mbaineann siad 18 mbliana d'aois amach:
    - fanacht in oideachas lánaimseartha, i gcoláiste mar shampla.
    - printíseacht nó cúrsa oiliúna a thosú.
    - 20 uair an chloig nó níos mó a chaitheamh in aghaidh na seachtaine ag obair nó ag obair go deonach agus iad in oideachas nó in oiliúint pháirtaimseartha.

- In Albain má bhaineann duine óg 16 bliana d'aois amach idir 1 Márta agus 30 Meán Fómhair, féadfaidh siad an scoil a fhágáil tar éis 31 Bealtaine an bhliain sin. Má bhaineann siad 16 bliana amach idir 1 Deireadh Fómhair agus deireadh mhí Feabhra, is féidir leo imeacht ag tús laethanta saoire na Nollag sa scoilbhliain sin.

- Is féidir le daoine óga sa Bhreatain Bheag an scoil a fhágáil ar an Aoine dheireanach i mí an Mheithimh, fad is a bheidh siad 16 bliana d'aois faoi dheireadh laethanta saoire an tsamhraidh.

5.56 Mheas muid ceist na haoise fágála oideachais agus is dóigh linn nach bhfreastalaítear go maith ar leas daoine aonair ná ar leas na sochaí trí ligean do dhaoine óga éirí as an oideachas agus/nó oiliúint ag an phointe seo. Is í an phríomhcheist ná cultúr foghlama fad saoil a thógáil. Dá réir sin, molaimid go n-ardófaí aois na rannpháirtíochta san oideachas go 18 mbliana.

5.57 Cuireann ardú aois na rannpháirtíochta éigeantaí san oideachas nó san oiliúint tábhacht an oideachais in iúl go soiléir. Léiríonn sé fosta go dtéann an t-aistear oideachais níos faide ná an scolaíocht fhoirmiúil agus gur chóir go leanfadh sé ar aghaidh go dtí go bhfuil tú i do dhuine fásta. Tá sé tábhachtach a rá nach ionann seo agus an aois fágála scoile a ardú. Beidh an rogha ag daoine óga leanúint lena

[105] Aois Fágála Scoile - GOV.UK (www.gov.uk)
[106] Leasaigh an tAcht um Aois Scoile (Tuaisceart Éireann) 2022 Airteagal 16 den Ordú Oideachais agus Leabharlann (Tuaisceart Éireann) 1986 chun an aois fágála a shocrú ag 17 mbliana d'aois i gcásanna áirithe iarchurtha. Ciallaíonn séo nach dtosóidh duine a shlánaíonn ceithre bliana d'aois ar aon dáta sa tréimhse dar tús 1 Aibreán (agus an lá sin san áireamh) in aon bhliain agus dar críoch an 1 Iúil sa bhliain chéanna oideachas lánaimseartha a fháil go dtí an bhliain dár gcionn, agus cúig bliana d'aois bainte amach acu.

n-oideachas scoile nó coláiste (nó meascán den dá rud) agus beidh siad in ann tosú ar phrintíseacht nó ar ghairmoiliúint de chineál éigin eile.

## Príomh-mholtaí: Aistrithe agus dul chun cinn

**Slata tomhais leathana ratha a úsáid**

**Ba cheart uirlisí tomhais éagsúla a úsáid chun feidhmíocht daoine aonair, institiúidí agus an chórais iomláin a mheas. Ba chóir go bhféachfadh na measúnuithe seo le níos mó béime a leagan ar raon níos leithne de thorthaí oideachais agus ar an luach a chuireann an institiúid leis.**

**An próiseas aistrithe a athrú**

**Chun aistriú saoráideach a éascú, na difríochtaí idir scoileanna a roghnaíonn ar bhonn acadúil agus scoileanna neamhroghnacha a laghdú, agus bogadh i dtreo comhurraime níos fearr idir cineálacha éagsúla scoileanna, ba cheart an próiseas a leasú chun:**

- **Teorainn a chur le líon na mac léinn a aistríonn go hiar-bhunscoileanna bunaithe ar chritéir acadúla.**
- **A chinntiú go mbeidh céatadán na mac léinn a ligtear isteach tríd an mhodh seo agus atá incháilithe do FSM ag teacht le céatadán na n-iarratas a fhaightear ó mhic léinn atá incháilithe do FSM.**
- **Breithniú faoi chur chuige le cothromaíocht níos fearr a dhéanamh sa dáileadh ar dhaltaí nuathagtha ar fud na n-earnálacha gramadaí agus neamhghramadaí.**
- **Tuilleadh solúbthachta a thairiscint ag aois 14 chun ligean do dhaltaí aistriú chuig institiúidí éagsúla más mian leo.**
- **Ligean d'fhoghlaimeoirí fanacht ar scoil ó cheart chun a A-Leibhéil a dhéanamh (nó cáilíochtaí iar-16 eile a thairgeann an scoil) más mian leo, trí fhanacht ina scoil "bhaile" (sa chás go bhfuil soláthar séú bliain ann) nó trí ceart iontrála a bheith acu chuig institiúid áitiúil eile a bhfuil soláthar séú bliain aici.**
- **Deireadh a chur leis an phróiseas foirmiúil MF chun faomhadh a fháil le haghaidh athruithe a bhaineann le daltaí a aistrítear trí roghnú acadúil.**
- **A luaithe is indéanta, ní mór éirí as triail aonair a úsáid mar mhodh roghnaithe le haistriú go dtí an iar-bhunscoil. Ina ionad sin, próifíl dalta níos leithne a úsáid.**

| **Conairí nua curaclaim a sholáthar do chách ag 14** |
| --- |
| **Ba chóir do gach foghlaimeoir, ag tosú ó 14 bliana d'aois, raon níos leithne de chonairí oideachais a fiosrú, lena n-áirítear oideachas réamhghairme agus teicniúil agus foghlaim faoi shaol na hoibre. Chun é seo a bhaint amach, ní mór do scoileanna comhoibriú ar bhealach níos éifeachtaí agus ag an am céanna oibriú go dlúth leis an earnáil breisoideachais chun tuilleadh roghanna agus solúbthachta a chur ar fáil.** |

| **An tSeirbhís Gairmeacha a athchóiriú chun tuiscint ar shaol na hoibre a chur chun cinn** |
| --- |
| **Ba cheart an tSeirbhís Gairmeacha reatha a leasú, beocht úr a chur inti agus a scileanna a athnuachan. Ba chóir go mbeadh oifigigh gairmeacha lánaimseartha atá oilte go cuí leabaithe i PFCanna chun gairmthreoir agus comhairle a thairiscint d'fhoghlaimeoirí óga agus chun gníomhú mar naisc le fostóirí áitiúla.**<br><br>**Ba cheart tairseach gairmeacha a fhorbairt a bheadh oscailte d'ionchur ó fhostóirí, ó chomhlachtaí gairmiúla agus ó institiúidí oideachais.** |

| **Aois na rannpháirtíochta oideachais a ardú** |
| --- |
| **Ba cheart do gach foghlaimeoir, de réir an dlí, fanacht san oideachas nó i bprintíseacht/oiliúint go dtí 18 mbliana d'aois.**<br><br>**D'fhéadfadh oideachas nó oiliúint lánaimseartha a bheith i gceist leis seo, nó 20 uair nó níos mó in aghaidh na seachtaine a chaitheamh ag obair nó ag obair go deonach fad agus atá siad san oideachas nó in oiliúint pháirtaimseartha.** |

# CAIBIDIL 6 – BREISOIDEACHAS, ARDOIDEACHAS AGUS FOGHLAIM AR FEADH AN TSAOIL

## Infheistiú san fhórsa saothair don aimsir romhainn

6.1 Is í an sprioc atá ag gach córas oideachais den scoth ná a chinntiú go mbíonn an deis ag gach foghlaimeoir dul chun cinn a dhéanamh agus go mbeidh rochtain acu ar na conairí is fearr a oireann dá spéiseanna agus dá gcumas. Ba chóir go mbeadh dul chun cinn leanúnach ann do gach foghlaimeoir ón luathoideachas go dtí an leibhéal iar-16 agus isteach san fhostaíocht, agus tuiscint ag foghlaimeoirí ar shaol na hoibre ó aois an-óg.

6.2 Ní mór do Thuaisceart Éireann infheistíocht a dhéanamh ina fhórsa saothair don aimsir romhainn. B'ionann sin agus infheistíocht a dhéanamh le cur ar chumas ollscoileanna áitiúla tallann a choinneáil chomh maith le tallann a mhealladh ó áiteanna eile; agus chun tacú le daoine fásta tearccháilithe dul isteach sa mhargadh saothair. Ní mór é seo ar fad a ailíniú go dlúth le riachtanais an gheilleagair.

6.3 Tá gnéithe den bhreisoideachas i dTuaisceart Éireann ar fheabhas. Tá leibhéil arda infheistíochta leanúnacha in eastát na hearnála breisoideachais ag cinntiú go bhfuil rochtain fhurasta ag gach mac léinn ar acmhainní foghlama atá chun tosaigh go ginearálta agus a thacaíonn go han-mhaith le seachadadh curaclaim atá in oiriúint do riachtanais an gheilleagair. Go háirithe, tá infheistíocht bunaithe ar dhianmhachnamh á déanamh in ardáin foghlama dhigiteacha a úsáideann an fhoireann agus na daltaí go héifeachtach chun leibhéil arda gnóthachtála a fheabhsú agus chun tacú leo. Tá na hardáin seo ag spreagadh úsáid na foghlama féintreoraithe freisin. Tá infheistíocht leanúnach á déanamh chun cumas na léachtóirí a fhorbairt chun a gcuid scileanna digiteacha a fheabhsú agus an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní digiteacha foghlama.

6.4 Mar sin féin, agus rollaí ag titim is costais ag méadú is léir go bhfuil fadhbanna tromchúiseacha ann nach mór aghaidh a thabhairt orthu chun luach ar airgead a chinntiú don infheistíocht shuntasach, agus an úsáid is fearr a bhaint as an eastát úrscothach. Caithfear aird ar an teagmháil idir coláistí, scoileanna agus ollscoileanna chun dúbailt agus iomaíocht nach bhfuil gá léi a laghdú.

6.5 Baineann ár n-athbhreithniú leis an oideachas ina iomláine, cé gur gá díriú ar scoileanna. Mar chuid dár bhfís don chóras oideachais amach anseo samhlaímid earnáil choláistí atá faoi bhláth, conairí gairmoideachais luachmhara a bhfuil meas

orthu, ardoideachas atá réidh le tallann a mhealladh agus a choinneáil, agus deiseanna do chách dul ar ais san oideachas ag aois ar bith.

## An gá atá le hearnáil choláistí atá faoi bhláth agus a bhfuil luach ar airgead aici

### Dúshláin

6.6 Tá ról thar a bheith tábhachtach ag coláistí sa chóras oideachais. Is é an Breisoideachas an earnáil is mó a bhfuil nasc aici le riachtanais an fhostóra agus an gheilleagair. Tá freagrachtaí ríthábhachtacha ar choláistí a chinntiú go bhfuil an meascán scileanna ag Tuaisceart Éireann a theastaíonn uaidh le go n-éireoidh leis. Ag an am céanna, cuireann siad go mór leis an soláthar ardoideachas feidhmeach agus gairmoideachais. Chomh maith leis sin, cuireann coláistí bealach ar ais chuig an oideachas ar fáil do dhaoine nár éirigh leo ar scoil. Gné riachtanach de shochaí chothrom is ea rochtain ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil, go háirithe do dhaoine fásta ar bheagán cáilíochtaí nó gan cáilíochtaí ar bith.

6.7 Is iad seo a leanas a chuspóirí straitéiseacha:[107]

- tacú le forbairt eacnamaíoch réigiúnach agus, go háirithe, na scileanna a theastaíonn ón gheilleagar eolasbhunaithe a cur ar fáil;
- cur le rannpháirtíocht agus rochtain a leathnú dóibh siúd nach raibh le feiceáil ach ar éigean san earnáil roimhe seo; agus
- caighdeán an tsoláthair a fheabhsú agus caighdeáin feidhmíochta a fheabhsú.

6.8 Féachann sé le próifíl scileanna Thuaisceart Éireann a neartú agus a fheabhsú trí aghaidh a thabhairt ar an easnamh scileanna agus a bheith ag tacú le geilleagar réigiúnach a fhorbairt atá rathúil. Is é a phríomhchuspóir ná daoine aonair a nascadh leis an gheilleagar, ag cuidiú leo post a fháil agus gairm bheatha a fhorbairt ina dhiaidh sin. Tá croídhualgais ag coláistí maidir lena chinntiú go mbeidh an meascán scileanna i dTuaisceart Éireann atá riachtanach má tá sé le teacht faoi bhláth.

6.9 In ainneoin láidreachtaí curaclaim agus ábharthacht eacnamaíoch earnáil an bhreisoideachais, tá dúshláin shuntasacha roimh an earnáil. Ina measc seo tá:

- iomaíocht ó scoileanna (ón soláthar séú bliain) agus ollscoileanna;
- réimse cáilíochtaí a chuireann mearbhall ar dhaoine;

[107] https://www.economy-ni.gov.uk/topics/further-education/dfes-role-further-education

- cultúr lag foghlama ar feadh an tsaoil i measc daoine fásta (rud atá follasach ón laghdú ar líon na ndaoine fásta a fhreastalaíonn ar chúrsaí rialaithe); agus
- níos lú cúrsaí neamhrialaithe/caitheamh aimsire a bheith ar fáil sna coláistí.

6.10 Cuireann ár dTuarascáil réitigh fhéideartha i láthair ar chuid de na dúshláin atá le sárú. Ba chóir go mbeadh fócas níos mó ar dheireadh a chur le hiomaíocht agus le dúbailt nach bhfuil de dhíth i gcéimeanna éagsúla den turas – le línte teorannaithe níos soiléire. Cuirfear seo i gcrích trí fhreagracht bheartais as an aistear oideachais ar fad a thabhairt le chéile in aon roinn amháin den Fheidhmeannas. Tá gá freisin le cáilíochtaí gairmiúla a chur in iúl níos fearr. Ina theannta sin, trí aois na rannpháirtíochta san oideachas a mhéadú go 18 mbliana d'aois agus an ceart ar bhunleibhéal oideachais a thabhairt isteach (is cuma cén aois) ba cheart go dtreiseofaí tábhacht an oideachais agus na foghlama ar feadh an tsaoil.

6.11 Foinse láidreachta is ea sainchúram leathan earnáil na gcoláistí. Mar sin féin, údar mearbhaill faoina misean is ea an sainchúram leathan sin fosta. Níl aon amhras ar an phobal faoi chuspóir na scoileanna. Tuigtear go ginearálta ról na n-ollscoileanna fosta cé go ndéanann go leor daoine beag-mheas ar thábhacht an taighde. Ní hamhlaidh an scéal i gcás na gcoláistí. Ina theannta sin, is dócha go gcuireann a ról maidir le hoideachas "*dara seans*" leis an tuiscint earráideach go bhfuil stádas íseal acu. Tá sé fíor-riachtanach go mbeadh a leithéid de sholáthar ar fáil i sochaí ar bith a fhéachann le bheith cothrom. Tá gá a bhfuil méadú ag teacht air le hathoiliúint agus breisoiliúint a chur ar dhaoine ar feadh an tsaoil aosaigh. Mar sin tá gá le próifíl na hearnála a ardú agus an meas atá uirthi a mhéadú.

6.12 Tháinig ardú níos mó ná £50m ar chostais earnáil an breisoideachais thar thréimhse 6 bliana. Ba é an riachtanas maoinithe athfhillteach ná £226m in 2022/23 (breis agus ceathrú cuid de bhuiséad Acmhainn DEL na Roinne Oideachais). Meastar go dtiocfaidh ardú de £5m ar a laghad in aghaidh na bliana ar chostais foirne. Tá brúnna boilscithe suntasacha ó thaobh costais mhaireachtála de le sárú ag coláistí fosta – go príomha costais fuinnimh agus costais a bhaineann le tionscnaimh airgeadais phríobháideacha (TAP) – a raibh riachtanas acmhainne breise £6m mar thoradh orthu in 2022/23.

6.13 Tá bacainní suntasacha ar earnáil an bhreisoideachais i dtaca le freastal a dhéanamh ar an éileamh ar scileanna ag leibhéil 3 – 5 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC).[108] Léiríonn sé seo go bhfuil laghdú seasta ag teacht ar na leibhéil earcaíochta go dtí an breisoideachas agus nach raibh na coláistí in ann

[108] Gníomhaíocht in Earnáil an Bhreisoideachais i dTuaisceart Éireann: 2017/18 go 2021/22 (economy-ni.gov.uk)

dóthain foghlaimeoirí a mhealladh chun freastal ar an éileamh ar scileanna. Bhí laghdú 28.2% ar líon na mac léinn cláraithe thar an tréimhse 2017/18 go 2020/21, cé go raibh comharthaí téarnaimh ann in 2021/22 le méadú 10.2%. Thar an tréimhse seo, tháinig laghdú 22.6% ar líon na mac léinn 19 mbliana d'aois agus níos óige a bhí cláraithe ar chúrsaí rialaithe.

6.14 Mar gheall ar an laghdú ar líon na mac léinn i gcoláistí Breisoideachais agus ar chostais mhéadaithe, tá ardú tagtha ar na costais in aghaidh an mhic léinn. Is léir nach bhfuil treocht den sórt sin inbhuanaithe.

### Láidreachtaí

6.15 Tá go leor láidreachtaí ag an Bhreisoideachas lena n-áirítear caighdeán a eastáit agus rochtain ar threalamh teicniúil den chéad scoth. Láidreacht eile is ea lucht saothair an bhreisoideachais, agus tá taithí luachmhar ag go leor ball foirne ó earnáil na tionsclaíochta.

6.16 Príomhláidreacht eile is ea caidreamh an Bhreisoideachais leis an gheilleagar lena n-áirítear gnólachtaí áitiúla. Ligeann seo don earnáil a thairiscint a shaincheapadh le bheith ag freagairt do riachtanais straitéiseacha agus áitiúla araon. Fágann scaipeadh tíreolaíoch na gcoláistí ar fud Thuaisceart Éireann go mbíonn rochtain ag cách orthu. Dá mbainfí úsáid iomlán as, ardán iontach a bheadh ann do chlár foghlama aosach rathúil.

6.17 Le linn na bliana acadúla 2019/20, choimisiúnaigh Roinn an Gheilleagair ETI chun éifeachtúlacht na pleanála curaclaim ag leibhéal 3 ar fud na sé choláiste réigiúnacha a mheas. Léirigh an tuairisc a tháinig as seo roinnt príomhbhuanna, ina measc dúradh go bhfuil caighdeán na n-áiseanna agus acmhainní foghlama na gcoláistí maith nó sármhaith. Fearann na coláistí fáilte i gcónaí, agus bíonn ardmheas ag na scoláirí orthu. Coinnítear go maith iad, agus cuidíonn dea-phleanáil infheistíochta leis an churaclam a choinneáil i riocht atá ag teacht le luas an athraithe in earnáil na tionsclaíochta.

## Todhchaí an Bhreisoideachais

6.18 Caithfidh soláthraithe oideachais féachaint orthu féin mar chuid de chóras is mó, atá ann chun leasa na bhfoghlaimeoirí. Teastaíonn comhoibriú seachas iomaíocht.

6.19 Má tá Tuaisceart Éireann chun earnáil coláistí a bheith aige atá faoi bhláth, teastaíonn gníomh práinneach agus éifeachtach. Tá creat ann cheana féin chun

oideachas agus oiliúint 14-19 bliain d'aois a athrú ó bhonn[109] agus ní mór é seo a chur i bhfeidhm go hiomlán mar chéad chéim. Mar sin féin, tá dúshlán struchtúrach ag baint le dhá roinn a bheith i gceannas.

6.20 Ba mhór an cuidiú roinn amháin a bheith ann agus í freagrach as an chóras oideachais ina iomláine – ó na luathbhlianta go dtí an fhoghlaim ar feadh an tsaoil (agus gach rud eatarthu) le haon chreat beartais oideachais amháin a sholáthar a fheidhmíonn do gach gné den oideachas. D'fhágfadh seo go mbeadh comhsheasmhacht níos fearr sa mhúnla maoinithe agus go mbogfaí ar shiúl ó shocrú ina mbíonn ar chuid amháin den chóras oideachais (coláistí) táille a ghearradh ar (scoileanna) eile as comhoibriú. Is cúis imní dúinn, ar ndóigh, an luach ar airgead a bhaineann leis na coláistí agus ba cheart céimeanna a ghlacadh chun costais a laghdú in earnáil na gcoláistí chun go mbeidh siad ag teacht le costais chuí tagarmharcála sa Bhreatain Mhór agus i bPoblacht na hÉireann.

6.21 Tá tasc suntasach ag an Bhreisoideachas fosta a mhisean uathúil a chur in iúl go héifeachtach do ghrúpa leathan custaiméirí féideartha. Is tasc níos casta é seo ná cás na scoileanna nó an ardoideachais. Ní mór tuiscint níos soiléire a bheith ann ar róil agus ar fhreagrachtaí na scolaíochta, an Bhreisoideachais agus an Ardoideachais faoi seach. Tá comhoibriú idir earnálacha riachtanach ach tá áiteanna ann ina bhfuil gá le línte soiléire teorann.

6.22 Molaimid gur cheart go mbeadh na coláistí ina bpríomhsholáthraithe gairmoideachais agus sainoideachas teicniúil ag leibhéil 1 go 5 chomh maith le bealaí soiléire sainithe isteach san ollscoil ina dhiaidh sin. Toisc gur institiúidí áitiúla dea-fheistithe go ginearálta iad, tá buntáistí móra ag coláistí ó thaobh rochtain a bheith acu ar ghrúpa leathan cliant, lena n-áirítear go leor daoine atá fostaithe.

6.23 Is minic is fearr a dhéantar soláthar gairmchúrsaí ardleibhéil, lena n-áirítear printíseachtaí, i ndlúthchomhar leis na hollscoileanna. Is féidir le campais na gcoláistí teagasc agus tacaíocht áitiúil a thairiscint. Ba chóir, áfach, cúrsaí ardleibhéil a dhearadh ar leibhéal réigiúnach le hábhar agus próisis mheasúnaithe comónta. Ba chóir don chuid is mó acu bealach isteach i gcúrsaí céime a thairiscint. Molaimid mar sin go mbeadh dlúthbhaint ag na hollscoileanna le dearadh cúrsaí, agus gur cheart dóibh measúnuithe cúrsa a bhailíochtú. Ba chóir, mar sin, go dtairgfeadh an córas modh seachadta scaipthe do struchtúr gairmchúrsaí ar fud Thuaisceart Éireann, modh a chuimsíonn an teorainn idir breisoideachas agus ardoideachas. Beidh go leor mac léinn in ann teacht amach le cáilíochtaí céime arna mbronnadh ag ceann den dá ollscoil i dTuaisceart Éireann. Ba chóir tosaíocht a dhéanamh de dhearadh mionsonraithe an chórais seo chun go n-oibreoidh na

[109] Cur Chuige Níos Straitéisí a Fhorbairt i leith Oideachas agus Oiliúint 14–19. Creat chun an Soláthar Oideachais agus Oiliúna 14-19 a athrú ón bhonn (education-ni.gov.uk).

coláistí, an roinn nua, na hollscoileanna agus an Chomhairle Curaclaim air i gcomhar lena chéile.

6.24 Tá dul chun cinn suntasach déanta ag Tuaisceart Éireann maidir le raon printíseachtaí a bhunú. Is dócha go dtiocfaidh méadú ar thábhacht an tsoláthair seo sna 20 bliain atá romhainn. Tá aitheantas forleathan ag an bhranda agus ní amharcann an pobal air mar shop in áit na scuaibe, cosúil le gairmfhoghlaim eile, i gcomparáid leis na bealaí acadúla a théann isteach san ardoideachas. An buntáiste mór bhaineann le bealach na printíseachta is ea go nascann sé oiliúint le fostaíocht. Spreagann sé forbairt scileanna sóisialta agus boga fosta.

6.25 Go luath amach anseo, is ionann na tosaíochtaí maidir le leathnú an tsoláthair, dar linn, agus printíseachtaí a chruthú a bhaineann leis an earnáil phoiblí agus an aois ar féidir tabhairt faoi phrintíseacht a shíneadh thar 25 bliain d’aois. Go bunúsach, ba cheart clár uile-aoise a dhéanamh de phrintíseachtaí a bheadh ar fáil do dhaoine ar feadh an tsaoil aosaigh. Saincheist eile nach mór aghaidh a thabhairt uirthi go luath is ea an éagothroime inscne atá ann faoi láthair.

6.26 Tá sé tábhachtach líon níos mó fostóirí a dhéanamh rannpháirteach i scéimeanna printíseachta. I láthair na huaire ní ghlacann roinnt fostóirí páirt i scéimeanna ach earcaíonn siad daoine óga a rinne printíseachtaí trí fhostaithe eile. Tá deacrachtaí ann fosta maidir le fiontair bheaga agus mheánmhéide a mhealladh. Mar sin féin, baineann gnólachtaí den sórt sin le príomhearnálacha ar nós dearadh bogearraí. Is dócha go mbeidh an taithí oibre a d’fhéadfadh fiontair den sórt sin a sholáthar níos cosúla le timpeallacht oibre na todhchaí seachas an timpeallacht a fhaightear i ngnólachtaí ar scála mór. Cé go bhfuil feasacht ard ar phrintíseachtaí, tá fostóirí ann a mheasann nach bhfuil siad inchurtha leis an chonair acadúil, rud a fhágann go bhfostaítear céimithe. Tá obair le déanamh go fóill chun tairbhí na conaire seo a scaipeadh.

6.27 Tháinig córas reatha rialachais na gcoláistí i bhfeidhm beagán níos mó ná deich mbliana ó shin nuair a cónascadh 16 choláiste áitiúla ina sé choláiste réigiúnacha.[110] Laghdaigh an cur chuige seo dúbailt i soláthar cúrsaí agus baineadh amach roinnt barainneachtaí scála i dtaca le costais bhainistíochta (in ainneoin easpa seirbhísí comhroinnte). D’éascaigh sé bainistíocht níos straitéisí fosta ach mar gheall ar chúinsí díobhálacha tá sé deacair tionchar dearfach a bheith aige seo ar an earnáil.

6.28 In ainneoin a bhfuil bainte amach aici, is féidir breathnú ar an tsamhail reatha mar chomhréiteach míshocair. Trí 16 eagraíocht aonchampais den chuid is mó a ghrúpáil isteach i sé choláiste réigiúnacha, rinneadh íobairt den fhreagrúlacht do chúinsí áitiúla agus do riachtanais ghnó áitiúla go pointe. Clúdaíonn cúig cinn de

[110] Coláistí Breisoideachais i dTuaisceart Éireann (inputyouth.co.uk)

na sé choláiste limistéir mhóra thíreolaíocha. Ag an am céanna, níor baineadh leas as an deis chun oiread tairbhe agus is féidir a bhaint as barainneachtaí scála.

6.29 Dar linn gurb é an bealach is fearr chun cinn ná múnla rialachais coláiste aonair le treo uile-Thuaisceart Éireann a bheith ann agus dlúthnaisc aige le forbairt eacnamaíoch agus straitéisí scileanna. Ba cheart, áfach, é seo a chomhcheangal le breis saoirse gníomhaíochta ag leibhéal níos áitiúla, is é sin ag leibhéil an champais aonair. In aon eagraíocht mhór atá scaipthe go geografach, is fachtóir ríthábhachtach ratha é an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir straitéis a shocraítear go lárnach agus freagrúlacht áitiúil. Dá bhrí sin, ceist fhíorthábhachtach is ea dearadh mionsonraithe struchtúr bainistíochta an choláiste aonair.

6.30 Ba chóir go mbeadh sé mar thosaíocht luath ag an roinn nua socruithe seirbhíse comhroinnte a bhunú le haghaidh réimse gníomhaíochtaí de chuid na gcoláistí lena n-áirítear AD, airgeadas agus comhairle dlí. Le himeacht ama, ba cheart go bhféadfaí roinnt seirbhísí a chur ar fáil ar aon dul le hearnáil na scolaíochta.

## Tallann san ardoideachas a choinneáil agus a mhealladh

6.31 Ní chuimsíonn ár dTéarmaí Tagartha an t-ardoideachas (ach amháin i dtaca leis an chomhéadan breisoideachais agus ardoideachais). Ar a bharr sin, leathnaíonn ról na n-ollscoileanna i bhfad níos faide ná saincheisteanna foghlama agus teagaisc, arb iad príomhfhócas na Tuarascála seo iad. Is forbróirí eolais nua iad agus gníomhaithe eacnamaíocha tábhachtacha iad féin. Ní bheadh sé fóirsteanach dúinn amharc ar an réimse iomlán de ghníomhaíochtaí ollscoile nó fiú moltaí a thabhairt maidir leis na cúrsaí múinte sin is cosúla leis an soláthar in earnálacha eile. Ina áit sin, níl ach dhá shaincheist ar leith curtha san áireamh againn (seachas gairmchúrsaí ardleibhéil, atá luaite thuas): is iad sin maoiniú ardoideachais agus an gá le tallann a choinneáil i dTuaisceart Éireann.

6.32 Mar gheall ar an leibhéal suntasach maoinithe poiblí a chuirtear ar fáil do na hollscoileanna, caithfidh an Roinn Oideachais caiteachas a rialú lena chinntiú go bhfanann sí taobh istigh dá leithdháileadh buiséid. Is é an tUaslíon Mac Léinn (UML) an mheicníocht rialaithe a úsáidtear leis seo a chinntiú. Faigheann Ollscoil na Banríona (QUB), Ollscoil Uladh (UU) agus na sé choláiste breisoideachais uilig leithdháileadh UML bliantúil ón Roinn Oideachais. Baineann an UML go príomha le fochéimithe lánaimseartha a bhfuil sainchónaí orthu i dTuaisceart Éireann nó i bPoblacht na hÉireann agus atá cláraithe i dTuaisceart Éireann. Ní chuireann sé srian ar earcú mac léinn páirtaimseartha nó iarchéime, mic léinn ó áiteanna eile sa RA, nó mic léinn idirnáisiúnta, agus is sruth ioncaim tábhachtach do na hollscoileanna é an dara ceann. Is é príomhchuspóir an UML ná an dá

phríomhchostas a bhaineann le mic léinn fochéime lánaimseartha a rialú: costais tacaíochta na mac léinn agus costais deontas teagaisc.

6.33 Go stairiúil, thuairiscigh UU agus QUB araon nach mbíonn riamh go leor maoinithe ar fáil acu i gcomparáid lena macasamhail i Sasana agus in Albain, le bearna maoinithe de thart ar £21.3m (£760 in aghaidh an mhic léinn) le deich mbliana anuas. Tuairiscíonn na hollscoileanna go bhfuil ioncam in aghaidh an aonaid d’ollscoileanna níos lú ná mar a bhíonn ag iomaitheoirí Sasanacha agus go bhfuil impleachtaí aige seo ar chumas institiúidí infheistíocht agus iomaíocht a dhéanamh do mhic léinn ón Bhreatain Mhór agus do mhic léinn idirnáisiúnta (a shuíonn taobh amuigh den teorainn).[111] Thacaigh torthaí na Roinne Oideachais leis an méid a mhaítear thiar in 2016. Mar sin féin, ó shin i leith tá roinnt athruithe a raibh tionchar acu ar an mhaoiniú in aghaidh an mhic léinn i Sasana agus in Albain. Laghdaigh athruithe ar na bandaí praghais ábhair ar na mallaibh agus athrú ar na cineálacha ábhar a bhfuil staidéar á dhéanamh orthu an bhearna maoinithe maidir le Sasana tuilleadh.

6.34 Tuigimid go dtugann an anailís le fios gur lú na riamh an bhearna mhaoinithe idir earnáil AO Thuaisceart Éireann agus earnáil AO i gcodanna eile den RA. I ngeall ar an ardú ar tháillí in 2022/23 i dTuaisceart Éireann beidh an bhearna níos lú arís, ós rud é go bhfuil táillí áiteanna eile sa RA mar a bhí le roinnt blianta anuas.

6.35 Gach bliain, fágann líon suntasach daoine óga gach réigiún den RA le freastal ar ollscoil i gcuid eile den tír. Is ábhar rogha pearsanta é seo. Thig leis an taithí maireachtáil as baile agus i dtimpeallacht éagsúil a bheith ina eispéireas múnlaitheach an-úsáideach. In 2020/21, d’fhreastail 75% de mhic léinn Thuaisceart Éireann a bhí cláraithe in Institiúidí Ardoideachais na RA (IAOanna) ar ollscoileanna i dTuaisceart Éireann agus rinne 25% acu siúd staidéar in institiúidí in áiteanna eile sa RA.[112]

6.36 Tá conspóid bainte le tionchar na teorann UML ar chinntí foghlaimeoirí i dtaca le socrúchán ardoideachais. Mhaígh foilseachán[113] Pivotal i mí an Mhárta 2021 go mb’fhéidir go raibh tionchar ag an teorainn ar imirce oideachasúil den chineál sin bainteach leis. Ina dhiaidh sin, áfach, tháinig píosa cáilíochtúil eile, arís le Pivotal, inar leagadh béim ar fhachtóirí amhail droch-chaidreamh pobail agus éagobhsaíocht pholaitiúil ar chuid de na fachtóirí a raibh an tionchar is mó acu. Ní thaispeánann anailís ar líon na “fágálaithe drogallacha”[114] agus a ghaol leis an

[111] Faisnéis arna tabhairt ag QUB agus UU
[112] Stay-or-go-final.pdf (pivotalppf.org)
[113] Pivotal_Report_March_2021_V4 (pivotalppf.org)
[114] Sainmhínithe mar mhic léinn a chónaíonn in dTuaisceart Éireann a raibh rogha chinnte HEI i dTuaisceart Éireann acu ach a thóg áit sa deireadh i HEI sa Bhreatain Mhór.

leithdháileadh iomlán ábhartha UML comhghaol díreach, i.e. níor tháinig méadú nó laghdú comhfhreagrach ar "lucht fágála drogall" mar thoradh ar mhéaduithe nó laghduithe ar an UML.

6.37 Ar fud réigiúin eile na RO, tá éagsúlacht ar ghluaiseacht na mac léinn isteach agus amach. Sa Bhreatain Bheag agus in Albain, is airde an líon mac léinn isteach ná an líon amach; a mhalairt atá fíor i Sasana áit a bhfuil an líon amach níos airde go suntasach ná an líon isteach. I gcás Thuaisceart Éireann, tá an t-eis-sreabhadh mór agus an t-insreabhadh beag.[115] Tá sé ráite ag cuid acu nach é sreabhadh na mac léinn amach as Tuaisceart Éireann an deacracht atá ann ach easpa insreabhadh comhfhreagrach ó áiteanna eile. Ach fiú dá mbeadh i bhfad níos mó iarratasóirí ar Institiúidí Ardoideachais Thuaisceart Éireann ó áiteanna eile sa RA ná mar atá an cás, d'fhéadfadh cailliúint tallainne ó Thuaisceart Éireann bheith ann go bliantúil cibé ar bith de bharr easpa áiteanna dóthanacha do mhic léinn áitiúla.

6.38 Creidimid go ndéanann an staid reatha dochar mór do leasanna Thuaisceart Éireann. Ní mór do gheilleagar beag ar imeall na hEorpa a bhfuil a bhfuil oidhreacht coinbhleachta ann le blianta beaga anuas infheistíocht isteach a mhealladh agus is é is dóichí go ndéanfar é sin ná ar bhonn lucht saothair ardoilte a oiliúint. Beidh measúnú cúramach á dhéanamh ag infheisteoirí agus fostóirí ar ghnéithe áirithe amhail cáilíochtaí lucht fágála scoile, cáilíocht an ghairmoideachais agus láidreacht na scéimeanna printíseachta ag gach leibhéal. Mar sin féin, tá na hionchais maidir le céimithe ardcháilíochta le cáilíochtaí cuí a earcú chomh maith. Tá na hionchais seo lagaithe go mór leis an 'easpórtáil' rialta tallainne. Tá gá le hinfheistíocht chun déileáil leis an fhadhb seo. Ba cheart líon na n-áiteanna in ollscoileanna Thuaisceart Éireann a mhéadú de réir a chéile go dtí go mbeidh siad in ann freastal ar chomhréir den daonra is atá ag maireachtáil in áiteanna eile sa RA.

## Doras oscailte ar ais chuig an oideachas

6.39 Is é an tasc don tseirbhís oideachais ina hiomláine ná an t-eolas, na scileanna agus na cáilíochtaí pearsanta a thabhairt do dhaoine a ligfidh dóibh fostaíocht a fháil a chothóidh stíl mhaireachtála shásúil a bhfuil siad sásta leis. Tá sé seo ag éirí níos dúshlánaí don scolaíocht agus don bhreisoideachas nó don ardoideachas araon é seo a bhaint amach. Tá tionchar ag an gheilleagar athraitheach agus ag an teicneolaíocht nua ar na scileanna atá de dhíth don fhórsa saothair nua-aimseartha. Dá réir sin, ciallaíonn sé seo go mbeidh gá le sciar méadaitheach den oideachas a bheith ar siúl iar-18.

[115] Pivotal Report March 2021 V4 (pivotalppf.org)

6.40 Tá rochtain ar bhreisoiliúint agus oideachas ar dhaoine fásta de dhíth oiread nach bhfacthas riamh cheana. Sna 20 bliain atá romhainn cuirfear dlús leis an treocht sin. Imeoidh go leor réimsí fostaíochta atá ann cheana féin agus leathnóidh nó tiocfaidh cinn eile den chéad uair. Fiú nuair a leanann post de bheith ann, is dócha go n-athrófar a ábhar agus na scileanna a bheidh de dhíth faoina choinne.

6.41 Ná tuigtear as seo go bhfuil aird nó maoiniú ón stát de dhíth ar gach gné de na forbairtí seo. Ní hé an stát an t-aon fhoinse maoinithe. Tá ról mór le himirt ag fostóirí. I dtaca le daoine fostaithe de, ba cheart go mbeadh aon fhoghlaim bainte lena gcuid oibre féin a bheith féinmhaoinithe den chuid is mó. Mar sin féin, beidh go leor daoine ann nach bhfuil fostóir ar bith acu ach a bhfuil géarghá le breis foghlama agus scileanna nua acu. Ní mór don stát, mar sin, a chinntiú go bhfuil conairí réidhe isteach san oideachas/oiliúint ag gach céim den saol fásta.

6.42 Is é an stát, le cuidiú ó eagraíochtaí deonacha, a bheidh mar phríomhsholáthraí bunoideachais agus oideachais atá deartha d’aosaigh chun iontráil/athiontráil chuig an margadh saothair a éascú.

6.43 Tá cúrsaí ar leibhéal 1 agus 2 i scileanna litearthachta, uimhearthachta agus digiteacha agus cúrsaí ag na leibhéil chéanna sa Bhéarla do lucht labhartha teangacha eile (ESOL) ar fáil saor in aisce faoi láthair do líon mór grúpaí daoine fásta a shásaíonn na critéir inbhailitheachta. Molaimid gur chóir go mbeadh gach duine fásta ar beag a gcuid cáilíochtaí nó nach bhfuil aon chuid acu ábalta teacht ar na cúrsaí litearthachta, uimhearthachta agus scileanna digiteacha gan aon táille agus go mbeadh na cúrsaí ESOL ar fáil do gach duine a thagann go Tuaisceart Éireann a bhfuil leibhéal teoranta Béarla acu.

## Príomh-mholtaí: Breisoideachas, ardoideachas agus foghlaim ar feadh an tsaoil

| **Earnáil na gcoláistí atá éifeachtach ó thaobh costais de, a bheith faoi bhláth agus a bhfuil luach ar airgead aici a chur chun cinn.** |
|---|
| **Is cuid ríthábhachtach den chóras oideachais iad na coláistí ach níl go leor tuisceana faoina ról. Is iad príomhsholáthraithe an ghairmoideachais iad agus mar sin is tacaíocht ríthábhachtach iad don gheilleagar. Soláthraíonn siad bealach chun tosaigh chomh maith do dhaoine fásta a bhfuil drochcháilíochtaí oideachais acu.**<br><br>**Tá gá le córas na gcáilíochtaí a shimpliú, feabhas a chur ar an chomhoibriú le scoileanna agus le hollscoileanna, rannpháirtíocht níos dlúithe a chinntiú le gnólachtaí agus le tionscal, le héifeachtúlacht chostais níos fearr a chinntiú i seachadadh seirbhísí agus athchóiriú a dhéanamh ar struchtúir rialachais.** |

**Ba cheart go gcuirfí samhail rialachais aonair coláistí ar siúl le seirbhísí comhroinnte lán-chomhtháite, ach é ag feidhmiú via na campais aitiíula, in ionad na gcoláistí réigiúnacha reatha. Ionas go gcuirfí freagrúlacht do chúinsí eacnamaíocha áitiúla chun cinn agus le luach airgid a chinntiú, ba cheart cumhachtaí méadaithe cinnteoireachta a fhágáil faoi leibhéal an champais.**

**Tallann áitiúil a choinneáil**

**Ba cheart líon na n-áiteanna atá ar fáil in ollscoileanna Thuaisceart Éireann a mhéadú de réir a chéile go dtí go dtagann cóimheas na n-áiteanna fochéime (in ollscoileanna i dTuaisceart Éireann) leis an aoischohórt leis an chóimheas sa chuid eile den RA. Leis an fhás seo a mhaoiniú, ní mór leibhéal na dtáillí a mhodhnú. Ba chóir go gcuirfí tús leis an phróiseas chomh luath agus is féidir le hardú forásach 10%. Ba cheart cothromaíocht táillí le Sasana a bhaint amach taobh istigh de dheich mbliana.**

**Ba chóir go ndíreofar ar an leathnú in áiteanna ar chúrsaí a líonann bearnaí ó thaobh scileanna de, a fhreastalaíonn ar riachtanais eacnamaíocha agus a chuireann leis na deiseanna atá ar fáil do mhic léinn.**

**Deis a thabhairt do gach duine rochtain a fháil ar bhunoideachas saor in aisce ar feadh a saoil**

**Ba chóir go mbeadh cúrsaí a chuireann forbairt scileanna litearthachta, uimhearthachta agus digiteacha ar fáil ag leibhéil 1 agus 2 ar fáil saor in aisce do gach duine fásta neamhcháilithe, mar go dtugann na scileanna seo rochtain ar mhargadh an tsaothair. Ar a bharr sin, ba chóir cúrsaí sa Bhéarla mar theanga bhreise a thairiscint ag na leibhéil chéanna chun cuidiú le daoine fásta núíosacha.**

# CAIBIDIL 7 – AG TACÚ LE LUCHT SAOTHAIR AN OIDEACHAIS

## Ag infheistiú san fhórsa saothair oideachais

7.1 Ní féidir le córas oideachais ar bith a bheith níos fearr ná cáilíocht a chuid oideachasóirí. Tá an t-ádh ar Thuaisceart Éireann go bhfuil gairm mhúinteoireachta dea-cháilithe agus ardtiomanta aige. Le linn ár n-athbhreithnithe táimid an-tógtha leis na scoileanna agus na coláistí ar thug muid cuairt orthu agus leis na hoideachasóirí ar bhuail muid leo. Is é an fórsa saothair an láidreacht is mó ó thaobh oideachais de i dTuaisceart Éireann.

7.2 Ionas go mbeidh córas oideachais den scoth ann, ní mór dó infheistíocht a chur in ord tosaíochta ina chuid oideachasóirí - ag cumasú agus ag cur chun cinn cultúr d'fheabhsú agus de chomhoibriú leanúnach. Ba cheart go n-áireofaí leis an infheistíocht seo go leor ama, spáis agus deiseanna d’fhorbairt ghairmiúil a sholáthar, ról athraitheach oideachasóirí a aithint, iad a chumasú le bheith rathúil, agus luach a thabhairt don oideachas mar ghairm.

7.3 Tá athrú mór tagtha ar chuspóir na scolaíochta agus ar ról na n-oideoirí ó tugadh isteach oideachas éigeantach breis is 100 bliain ó shin. Téann oideachas níos faide ná teagasc agus foghlaim. Tá sé mar aidhm aige daoine óga a fhorbairt mar dhaoine aonair, mar rannpháirtithe sa tsochaí agus mar ranníocóirí don gheilleagar agus don chomhshaol.

7.4 Bíonn tionchar díreach ag sainchúram méadaitheach an oideachais ar na héilimh a chuirtear ar an oideachasóir agus leagann sé béim ar an ghá atá ann le hinfheistíocht a dhéanamh san fhórsa saothair agus ina cheannairí amach anseo. Is dócha go dtiocfaidh méadú ar na héilimh seo agus go n-éireoidh siad níos éagsúla sna blianta amach romhainn. Is ábhar mór imní é an t-ualach oibre.

7.5 Tá sé tábhachtach é seo a aithint agus na scileanna riachtanacha a thabhairt d’oideachasóirí. Ag an am céanna, tá sé riachtanach fiúntas an fhórsa saothair iomlán oideachais a aithint agus an acmhainneacht le haghaidh oibre ildisciplíneach méadaithe a oscailt, ag tarraingt ar shaineolas gairmiúil eile de réir mar is gá. Tá rochtain ag teastáil ó scoileanna, ó choláistí agus ó institiúidí eile ar réimse níos leithne d’fhoireann speisialtóireachta chomh maith le rochtain ar oiliúint bhreise.

7.6 Tá sé ríthábhachtach go mbeadh conairí forbartha soiléire ann a chuirfeadh ar chumas oideachasóirí a bheith ullamh dá gcéad freagrachtaí ceannaireachta,

do phoist cheannaireachta meánacha agus do phoist shinsearacha lena n-áirítear príomhoidí. Ba cheart go n-áireodh na conairí sin deiseanna amhail iasachtaí gearrthéarmacha agus scáthfhoghlaim oibre, agus oibriú le ceannairí i réimsí eile seachas oideachas. Ba cheart go spreagfadh cúrsaí ceannaireachta smaointeoireacht chruthaitheach agus éagsúil agus ba cheart go gcothódh siad acmhainn nuálaíochta.

## Lucht saothair ildisciplíneach

7.7 Ní múinteoirí agus léachtóirí an t-aon bhall foirne a bhfuil ionchur ríthábhachtach acu. Tá róil ríthábhachtacha ag go leor daoine gairmiúla agus para-ghairmithe, lena n-áirítear síceolaithe oideachais, teiripeoirí urlabhra agus teanga, oibrithe óige agus cúntóirí ranga. Tugann gobharnóirí a n-iarracht agus a saineolas ar bhonn deonach.

7.8 Tá go leor moltaí inár dTuarascáil a bhraitheann ar fhórsa saothair ildisciplíneach agus ar fhoghlaimeoirí a bhfuil rochtain dhíreach acu ar shainseirbhísí, bídís á soláthar go díreach nó á dtabhairt isteach ón taobh amuigh. Tá sé seo fíor go háirithe maidir le tacú le foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus soláthar idirghabhálacha meabhairshláinte agus folláine.

7.9 Is í an fhís a bheadh againn ná gur gnáthrud é go mbeadh foireann fíor-ildisciplíneach ag scoileanna, coláistí agus institiúidí oideachais eile le tacaíocht dhíreach a fháil ó mhúinteoirí ranga a bhfuil réimse de speisialtóirí eile acu. Ba cheart go mbeadh rochtain níos dírí ag suíomhanna luathbhlianta agus bunscoileanna ar theiripeoirí súgartha, ar theiripeoirí urlabhra agus teanga agus ar shíceolaithe oideachais. D’fheabhsódh sé seo eispéireas na bhfoghlaimeoirí agus chuirfeadh sé sainscileanna ar fáil le cuidiú le hidirghabháil luath d’fhoghlaimeoirí a bhfuil cuidiú breise de dhíth orthu. Tá na scileanna seo de dhíth chomh maith i soláthar iar-bhunscoile agus iar-16. Ag na céimeanna seo, áfach, tá níos mó gá le rochtain ar sheirbhísí comhairleoireachta, oifigigh leasa agus oibrithe óige, chomh maith le daoine eile.

7.10 Bhainfeadh gach scoil, coláiste agus suíomh leas as rannpháirtíocht mhéadaithe na seirbhísí pobail áitiúla agus deonacha. Ag gach céim, caithfidh sé a bheith mar aidhm seirbhís a thairiscint d'fhoghlaimeoirí a úsáideann an saineolas ar fad atá ar fáil dó le freastal ar réimse iomlán dá gcuid riachtanas oideachais.

7.11 Ar ndóigh, bheadh infheistíocht shuntasach de dhíth faoina choinne seo. Ar a bharr sin, éilíonn sé go mbeadh an tsolúbthacht ag institiúidí le méid agus

comhdhéanamh a bhfoirne a chinneadh agus go mbeidh an cumas acu foireann a roinnt fud fad roinnt institiúidí éagsúla.

## Lucht saothair ullmhaithe

7.12 Tá Oideachas Tosaigh Múinteoirí (OTM) ríthábhachtach. Ní mór na scileanna agus an saineolas a bheith ag múinteoirí atá ag dul isteach sa ghairm le feidhmiú go héifeachtach sa seomra ranga ón tús. Ba chóir go mbeadh OTM ábhartha agus suas chun dáta. Tá sé ríthábhachtach go gclúdófaí ábhair mar riachtanais speisialta oideachais agus tréadchúraim i gceart. Ní mór d'ábhar ábhair coinneáil suas le forbairtí sa tsochaí agus sa gheilleagar. Ní mór go mbeadh taithí ag múinteoirí faoi oiliúint ar níos mó ná earnáil amháin oideachais. Go hidéalach, ba chóir go mbeadh taithí acu ar shocrúchán i scoil nó in aonad speisialta chomh maith.

7.13 Tá córas beag ach casta d'oideachas i gcomhair múinteoirí i dTuaisceart Éireann. Tá dhá ollscoil agus dhá choláiste ollscoile (an dá cheann ceangailte leis an ollscoil chéanna) i gceist. Tá an córas oiliúna iomlán beag cé go bhfuil scóip shuntasach ann do rannpháirtíocht níos mó ag na ceithre institiúid i bhforbairt ghairmiúil múinteoirí níos faide anonn.

7.14 I dtaca lenár moladh maidir le roinn amháin, is faoin eagraíocht nua sin a bheidh sé athbhreithniú criticiúil a dhéanamh ar an soláthar OTM reatha i dtéarmaí struchtúir agus seachadta araon. Ba cheart go mbeadh sé mar chuspóir ag athbhreithniú den chineál sin ná éifeachtúlacht a fheabhsú, dúbailt a bhaint agus éifeachtacht a fheabhsú. Is é an tuairim atá againn ná go bhféadfadh múnla nua seachadta de dhíth taobh istigh dár bhfráma ama 20 bliain agus gur cheart gur múnla aontaithe seachadta, croíchuraclam aonair don OTM agus le níos mó béime ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach ina sprioc deiridh. Ba cheart go mbainfeadh samhail na todhchaí leas as an saineolas taighde taobh istigh de na coláistí agus san Ardoideachas ina iomláine.

7.15 Tús seachas foirceann é OTM. Tá tréimhse ionduchtaithe dea-eagraithe de dhíth orthu siúd a théann isteach sa ghairm. Chomh maith leis sin, ní mór dóibh a scileanna, a n-eolas agus a dtaithí a nuashonrú agus a leathnú ar feadh a saoil oibre. Tá sé de dhualgas ar gach ball foirne teagaisc tabhairt faoi CPD ar bhonn rialta. Ba cheart an fhorbairt seo a thaifeadadh. Mar sin féin, tá sé tábhachtach an maorlathas a choinneáil chomh híseal agus is féidir.

7.16 Tá Straitéis ag an RO d'Fhoghlaim Ghairmiúil Múinteoirí: Ceannairí Foghlama[116] fós ábhartha; áfach, ní mór é a chur i bhfeidhm go hiomlán agus acmhainní cuí a sholáthar.

[116] Strategy for Teacher Professional Learning: Learning Leaders

7.17 Le linn ár n-Athbhreithnithe rinne muid iarracht tuiscint níos fearr a fháil ar cad é mar a bhainistítear maoiniú d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus cén acmhainn atá ar fáil. Mar gheall ar nádúr an tseachadta FGL tá na ceisteanna seo deacair a fhreagairt. Tá réimse eagraíochtaí páirteach i FGL, idir phoiblí agus phríobháideach. Mar shampla, cuireann an ÚO oiliúint ar fáil mar aon le roinnt de na comhlachtaí earnála. Tá cúrsaí ar fáil chomh maith ó sholáthraithe áitiúla ardoideachais, lena n-áirítear na coláistí OTM. Tá oibreoirí príobháideacha ann fosta, ar ndóigh. Molaimid struchtúr níos foirmeálta a fhorbairt don fhorbairt ghairmiúil. Bheadh:

- An Chomhairle Fórsa Saothair Oideachais nua (féach an chuid ar "Fórsa saothair gairmiúil") ag leagan síos ionchais maidir leis an tréimhse ionduchtaithe sa ghairm agus forbairt ghairmiúil leanúnach ina dhiaidh sin.
- Beartas FGL a bheith i bhfeidhm ag gach institiúid oideachais dá bhfoireann.
- Ciste láraithe faoi bhainistiú ag an roinn nua a d'fhéadfaí a leithdháileadh ar scoileanna a bhfuil a leithéid de pholasaí i bhfeidhm acu.
- Freagracht tarmligthe ag institiúidí oideachais maidir le FGL a aimsiú trí sholáthróirí seachtracha, in éineacht le dea-chleachtas a roinnt taobh istigh agus trasna institiúidí.
- Tacaíocht de dhíth ar líonraí comhoibríocha scoileanna ag gach leibhéal.
- Monatóireacht a dhéanamh ar thionchar na forbartha gairmiúla sin ag scoileanna.

7.18 Braitheann forbairt ghairmiúil éifeachtach ar athbhreithniú gairmiúil córasach. Ba cheart go gcinnfeadh an Chomhairle um Fhórsa Saothair Oideachais sonraí an phróisis seo ach ba cheart go mbeadh sé bunaithe ar na prionsabail seo, atá leagtha amach againn maidir le múinteoirí, ach a bhaineann le léachtóirí agus le gairmithe oideachais eile chomh maith:

- Ba chóir go ndéanfaí athbhreithnithe go bliantúil de ghnáth nó níos minice i gcásanna imní.
- Ba chóir go mbeadh an múinteoir agus a b(h)ainisteoir páirteach i gcruinnithe athbhreithnithe.
- Ba chóir go mbreithneodh an cruinniú ar láidreachtaí chleachtas an mhúinteora agus réimsí forbartha, spéiseanna agus mianta an mhúinteora agus impleachtaí ábhartha ar bith a bhaineann le pleananna na hinstitiúide dá fhorbairt féin amach anseo.
- Ba chóir go mbeadh comhaontú ar fhorbairt ghairmiúil an mhúinteora sa bhliain amach romhainn mar thoradh ar an chruinniú, lena n-áirítear an t-am a chuirfear ar fáil agus cad é mar a chaithfear aon chostais a íoc.
- Ba chóir go gcuirfí san áireamh sa chomhaontú faoi FGL riachtanais na hinstitiúide agus riachtanais agus leasanna an mhúinteora ar a bharr sin.

7.19 Níor cheart forbairt ghairmiúil a bheith comhionann le freastal ar chúrsaí. Is foirmeacha forbartha thar a bheith bailí iad rannpháirtíocht i líonraí gairmiúla, páirt a ghlacadh i meantóireacht, páirt a ghlacadh i malartuithe agus iasachtaí gairide. Beidh ról na PFCanna ag éirí níos tábhachtaí de réir mar a leathnófar a bhfeidhmeanna. Tugann siad deis do scoileanna, do choláistí agus do dhaoine eile nach iad comhoibriú le chéile chun freastal ar riachtanais forbartha a bhfoirne.

7.20 Is gné an-tábhachtach den fhorbairt ghairmiúil ná ullmhúchán don cheannaireacht. Ní bhaineann sé seo amháin le cuidiú le daoine céim chun tosaigh a bhaint amach i dtreo na ceannaireachta. Ní mór oiliúint cheannaireachta a thosú ag céim i bhfad níos luaithe ná seo. Baineann sé le smaointeoireacht éagsúil agus neamhspleáchas intinne a spreagadh chomh maith le réimse leathan cáilíochtaí pearsanta agus idirphearsanta a chur chun cinn.

## Lucht saothair luachmhar

7.21 Is í an fhís atá againn don oideachas ná go gcuirfí luach ar mhúinteoirí, léachtóirí, cúramóirí agus oibrithe tacaíochta san oideachas agus go dtabharfaí tacaíocht dóibh mar ghairmithe oilte agus eiseamláirí. Ba cheart don chóras oideachais infheistíocht shuntasach a dhéanamh i bhforbairt ghairmiúil a lucht saothair leis na torthaí is fearr agus is féidir a sholáthar d'fhoghlaimeoirí. Ba cheart go mbeadh an t-am, an spás agus an deis ag oideachasóirí uas-sciliú chun iad féin a fheabhsú agus leis an tacaíocht is fearr a thabhairt dá bhfoghlaimeoirí.

7.22 Ní mheasaimid go bhfuil sé de dhualgas orainn mar chuid dár sainchúram trácht a dhéanamh ar thuarastail nó coinníollacha oibre múinteoirí. Mar sin féin, is léir go measann muid go bhfuil sé riachtanach go léireodh siad seo an luach a chuireann an tsochaí ar oideachas agus go gcinnteoidh siad go n-earcófar agus go gcoinneofar múinteoirí cumasacha ard-spreagtha i ngach earnáil agus sna speisialtachtaí uilig a bhíonn de dhíth.

7.23 Leagann Comhaontú Bhaile Shiurdáin téarmaí agus coinníollacha fostaíochta na múinteoirí amach. Ach, tá siad seo beagnach 40 bliain d'aois anois. Tá athrú mór tagtha ar ról na n-oideoirí le blianta beaga anuas agus leanann sé ar aghaidh ag déanamh amhlaidh – tá sé tábhachtach go ndéanfaí athbhreithniú rialta ar théarmaí agus ar choinníollacha le hathruithe san oideachas agus sa teagasc a léiriú. Tá athbhreithniú ar Chomhaontú Bhaile Shiurdáin i bhfad thar téarma. Ní mór dó a chinntiú go bhfreastalaíonn téarmaí agus coinníollacha ar

riachtanais an chórais oideachais nua-aimseartha agus go dtabharfar aird chuí ar an imní faoi ualach oibre.

7.24 Cé go raibh soláthar maith múinteoirí i dTuaisceart Éireann le blianta fada anuas – go stairiúil leoga, bhí an baol ann go mbeadh ró-sholáthar ginearálta ann – tá ganntanas ar leith ag teacht chun cinn chomh maith le himní maidir le hearcú ceannairí amach anseo. Maidir le ganntanais shonracha, tá gá le dul i ngleic le bearnaí sa mhatamaitic agus in ábhair ETIM eile.

7.25 Cuid lárnach luachmhar í an earnáil lán-Ghaeilge den tírdhreach oideachasúil agus cuireann sí deis riachtanach ar fáil do lucht labhartha na Gaeilge. Earnáil bheag í, ach í ag méadú go seasmhach ó 2015/16, agus méadú 32.3% (go 2022/23) le 8 mbliana anuas.[117] Lena leithéid de bhorradh tig dúshláin i dtaca le cóiríocht, acmhainní d'fhoghlaimeoirí agus fáil ar fhoireann teagaisc. Maidir leis an chéad dúshlán, is tábhachtach go dtugtar faoi riachtanais cóiríochta na hearnála, go háirithe áiteanna ar léir an t-eileamh. Maidir le foireann teagaisc, dar linn go bhfuil conairí nua iontrála de dhíth do Ghaeilgeoirí nach bhfuil cáilíochtaí teagaisc acu agus do mhúinteoirí a bhfuil spéis acu sa Ghaeilge.

7.26 Is cúis imní dúinn fosta go bhfuil líon na bhfear i ngairm na múinteoireachta ag laghdú le blianta fada agus go bhfuil sé faoi bhun 23% anois. D'fhéadfadh ról úsáideach a bheith ag na fir le dul i ngleic le fadhb na tearcghnóthachtála i measc buachaillí ón aicme oibre. Ba cheart, mar sin, céimeanna a ghlacadh le níos mó fear a spreagadh isteach sa mhúinteoireacht.

7.27 Is eagraíochtaí casta iad institiúidí oideachais. Is tasc dúslánach iad a threorú. Tá sé ríthábhachtach go dtugtar tacaíocht mhaith do cheannairí, lena n-áirítear trí fhorbairt ghairmiúil, agus go n-íoslaghdófar éilimh mhaorlathacha. Tá comharthaí ann go bhfuil deacrachtaí ann maidir le hearcaíocht do phoist shinsearacha, b'fhéidir mar gheall ar bhrú an ualaigh oibre agus an fonn ar dhaoine le cothromaíocht oibre-saoil níos fear a bheith acu. Tá sé curtha in iúl dúinn nach bhfuil an cheannaireacht scoile chomh tarraingteach céanna ná a bhí tráth. Is ábhar imní suntasach é seo.

7.28 Ba chóir go mbeadh an roinn nua ag forbairt Straitéis Fórsa Saothair chun réitigh nuálaíocha a thabhairt chun cinn chun múinteoirí a mhealladh agus a choinneáil in éineacht leis an athbhreithniú ar Chomhaontú Bhaile Shiurdáin le forbairt ghairmiúil a fheabhsú, díriú ar ghanntanas sainiúil lucht saothair agus a chinntiú go bhfuil cumhacht agus tacaíocht ag ceannairí na todhchaí.

[117] Anailís an phainéil bunaithe ar shonraí faoi rollú scoile. (School enrolments – Northern Ireland summary data | Department of Education (education-ni.gov.uk))

## Lucht oibre solúbtha

7.29 Tá an lucht saothair teagaisc i scoileanna Thuaisceart Éireann an-seasmhach. Caitheann go leor múinteoirí tréimhsí an-fhada i scoil amháin. Tógann cuid acu a ngairmeacha beatha trí ardú céime isteach go dtí poist níos sinsearaí taobh istigh den scoil chéanna. Tá buntáistí tábhachtacha ag baint leis an chobhsaíocht seo maidir le caidreamh a chothú i measc na foirne agus le foghlaimeoirí. Ach tá míbhuntáistí ann chomh maith. Ní bhaineann an scoil leas as taithí úr nó as teagmháil le réimse cleachtais atá ag athrú. Is minic a bhíonn taithí phearsanta an-teoranta ag múinteoirí. Go háirithe, is minic nach n-oibríonn siad ach in earnáil amháin agus is beag an t-eolas atá acu ar aon earnáil eile.

7.30 Ní léir cad chuige a bhfuil gluaiseacht taobh istigh den ghairm chomh teoranta sin. Tá sé molta go bhfuil líon na bhfostóirí – an ÚO, Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil (CCMS) agus boird aonair gobharnóirí – ina fachtóirí coiscthe. Mar sin féin, ní hé seo an cás i ndlínsí eile sa RA ina bhfuil fostóirí iolracha ann chomh maith. Cibé an chúis, ba cheart céimeanna a ghlacadh chun méadaithe a chur chun cinn. Dá n-aistreofaí i dtreo fostóir amháin do scoileanna, bheadh roinnt feabhsaithe ann. Bheadh fiúntas ag baint le plé idir na príomhfhostaí (lena n-áirítear Cumann na mBord Rialaithe mar ionadaíocht ar scoileanna deonacha gramadaí) le bealaí a fhiosrú chun gluaiseacht a éascú.

7.31 D'fhéadfaí iasachtaí agus malartuithe a úsáid le taithí daoine aonair a leathnú le cur leis an phróiseas feabhsúcháin scoile ag an am céanna. Thug an London Challenge[118] sampla maith den bhealach ar féidir meicníochtaí den chineál sin a úsáid le dea-chleachtas a scaipeadh nó chun tacaíocht phraiticiúil a thabhairt do scoileanna nó do ranna atá ag streachailt.

## Lucht oibre proifisiúnta

7.32 Ba cheart breathnú ar an mhúinteoireacht mar ghairm luachmhar, féinmhuiníneach le caighdeáin ard. Ní mór muinín a bheith ag an phobal go gcoinnítear cleachtas agus iompar ag leibhéal ard. Tagaimid ar an tuairim gurbh fhearr é seo a bhaint amach trí Chomhairle Ghinearálta Mhúinteoireachta Thuaisceart Éireann (GTCNI) a athbhunú. Bheadh sé riachtanach go mbeadh múinteoirí i scoileanna cláraithe leis an Chomhairle.

---

[118] Ar mheanscoileanna Londan is mó a bhí sé dírithe ach leathnaíodh amach ina dhiaidh sin é gur chuimsigh sé bunscoileanna agus áiteanna eile. An cuspóir a bhí leis ná cáilíocht scoileanna tearcfheidhmíochta a fheabhsú, an bhearna ghnóthachtála a dhúnadh idir daltaí Londan agus tuilleadsh scoileanna maithe agus iontacha a chruthú. (https://www.gov.uk/government/publications/evaluation-of-the-city-challenge-programme)

7.33 Ba cheart príomhfheidhmeanna na Comhairle a bheith ann do leas an phobail trí cháilíocht a ráthú agus gníomhú i gcásanna deacrachta. Ba cheart go léireodh a ballraíocht é seo agus leas an phobail a bheith ríthábhachtach ag an am céanna lena chinntiú go mbeidh glór láidir an mhúinteora ann. Ba cheart go mbeadh tromlach na gcomhaltaí tuata aici a roghnaítear ag úsáid critéir scileanna-bhunaithe agus próiseas ceapachán poiblí. Ba cheart go n-áireofaí orthu baill ó ghnó agus ó thionscal, ón saol acadúil agus ó dhaoine atá in ann tuairimí tuismitheoirí agus daoine óga a léiriú.

7.34 Ba cheart go mbeadh feidhmeanna na Comhairle mar a leanas:

- Comhaontú a fháil ar na caighdeáin ghairmiúla nach mór do mhúinteoirí cloí leo.
- Comhchuraclam comhaontaithe don OTM a chomhdhearadh le príomhpháirtithe leasmhara.
- Céim ionduchtúcháin a chomhdhearadh le páirtithe leasmhara a chlúdóidh tréimhse 2-3 bliana i ndiaidh dóibh tosú ar fhostaíocht mhúinteoireachta den chéad uair.
- Clár múinteoirí a bhainistiú. Is é atá i gceist leis seo ná clárú tosaigh múinteoirí, an clárúchán a choinneáil agus múinteoirí a bhaint den chlár ar fhorais neamhinniúlachta, iompar neamhghairmiúil do-ghlactha, nó aon ghníomhaíocht dhíchoisc eile ar nós ciontú i gcionta coiriúla tromchúiseacha. Ba chóir go mbeadh meicníocht ann lena chinntiú go dtreoraíonn Cúirteanna cásanna ciontú coiriúil chuig an fhoras. Ba cheart go mbeadh dualgas ar fhostóirí cásanna a bhaineann le hábhair imní thromchúiseacha a thuairisciú don fhoras chomh maith.
- Athbhreithniú gairmiúil rialta agus forbairt ghairmiúil leanúnach a chinntiú. Ní mór monatóireacht a dhéanamh air sin agus ba cheart go mbeadh sé ina oibleagáid ghairmiúil uilíoch.
- Cód iompair agus inniúlachtaí a leagan amach.
- Gearáin a bhainistiú (taifeadadh, imscrúdú, gníomhú, srl.).
- Comhairle agus tacaíocht ghairmiúil a sholáthar do scoileanna/fostóirí.

7.35 Chomh luath agus atá sé indéanta, ba cheart an riachtanas seo a leathnú ionas go mbeadh gach gairmí agus para-ghairmithe atá fostaithe sa tseirbhís oideachais a fhaigheann maoiniú poiblí clúdaithe, seachas in ollscoileanna - agus GTCNI a dhéanamh ina Chomhairle um Fhórsa Saothair Oideachais. Leanfadh an Chomhairle de bheith freagrach as clárú múinteoirí i scoileanna agus bunaíochtaí luathbhlianta agus as gach léachtóir coláiste. Mar sin féin, leathnódh sé a chuid feidhmeanna chuig catagóirí eile foirne gairmiúla agus para-ghairmithe sa tseirbhís oideachais. Tógfaidh an síneadh sainchúraim seo

am agus is faoin roinn nua a bheidh sé a bhainistiú. Is í an chéad chéim ná oibriú éifeachtach na Comhairle Múinteoireachta athbhunaithe a léiriú.

## Príomh-Mholtaí: Tacú leis an fhórsa oideachais

| **Luach a chur ar an fhórsa oideachais** |
| --- |
| **Ní mór Straitéis Fórsa Saothair a fhorbairt chun dul i ngleic le ganntanas lucht saothair agus saincheisteanna ualaigh oibre, agus é mar aidhm múinteoirí a mhealladh agus a choinneáil. Ba cheart go ndíreodh an straitéis ar cheannairí na todhchaí a chumhachtú agus tacú leo. Tá athbhreithniú ar Chomhaontú Bhaile Shiurdáin thar téarma, agus tá gá le téarmaí agus coinníollacha nua le hathruithe sa tírdhreach oideachais a léiriú.**<br><br>**Ní mór don oideachas infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt ghairmiúil a fhórsa saothair iomlán le cultúr feabhsúcháin leanúnaigh agus comhroinnte dea-chleachtais a chinntiú. Tá méadú de dhíth ar acmhainní chuige seo agus cinntiú go mbíonn an t-am riachtanach ag múinteoirí le tabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil. Ba chóir an acmhainn lárnach a mhéadú agus a leithdháileadh ar scoileanna ansin. Bheadh ar scoileanna an tosaíocht a bhaineann le forbairt ghairmiúil a chinneadh taobh istigh dá n-acmhainn iomlán mar a chuirtear leis sin,. Ní mór do gach institiúid oideachais polasaithe a fhorbairt le haghaidh athbhreithniú agus forbairt ghairmiúil. Ba cheart monatóireacht chúramach a dhéanamh ar thionchar FGL.**<br><br>**Ní mór an GTCNI a athbhunú le maoirsiú a dhéanamh ar chloí le caighdeáin agus iompar gairmiúil. Ba cheart an riachtanas seo a leathnú chomh luath agus is féidir le gach gairmí agus para-ghairmithe atá fostaithe sa tseirbhís oideachais a fhaigheann maoiniú poiblí, seachas in ollscoileanna, a chlúdach – agus GTCNI ina Chomhairle um Fhórsa Saothair Oideachais.** |

# CAIBIDIL 8 – STRUCHTÚIR AGUS CÓRAS AONAIR

## Infheistíocht a dhéanamh i gcóras den scoth ina bhfoghlaimíonn foghlaimeoirí le chéile

8.1 Is bunphrionsabal é gur tábhachtaí i bhfad riachtanais an fhoghlaimeora ná mianta na hinstitiúide. Ba cheart go mbeadh an prionsabal seo ar fud an chórais oideachais ar fad. Ba cheart go gcuimhneofá ar na foghlaimeoirí agus na struchtúir a thacaíonn le seachadadh agus le riaradh an oideachais á ndearadh. Ba cheart go gcumasódh siad an comhoibriú idir institiúidí.

8.2 Tá argóintí dlisteanacha ann go bhfuil an dearadh reatha casta agus achrannach agus tá samplaí ann de sholáthar dúblach a d’fhéadfadh acmhainní a chur amú (cé go ndéantar áibhéil go minic ar a mhéid). Chomh tábhachtach céanna atá an fhianaise shuntasach ar dhroch-sheachadadh seirbhíse d’fhoghlaimeoirí agus institiúidí agus frustrachas forleathan i measc cleachtóirí. D’fhéadfaí struchtúir an oideachais a shimpliú, comhsheasmhacht níos fearr a chruthú agus a chinntiú go bhfaigheann gach foghlaimeoir agus gach institiúid seirbhísí den scoth atá cothrom.

8.3 Ba cheart níos mó a dhéanamh lena chinntiú go bhfoghlaimíonn foghlaimeoirí ó chúlraí éagsúla le chéile sa tseomra ranga ar bhonn rialta. Tá fonn suntasach ann níos mó a dhéanamh chun an comhtháthú a fheabhsú taobh istigh dár gcuid scoileanna – ar mhaithe leis an fhoghlaimeoir agus leis an tsochaí ina hiomláine. Ní féidir é seo a bhrú, ná ní féidir é a bheith saorga ach caithfidh sé tarlú de thoradh ar thoil agus ar dhea-mhéin i measc na gcomhpháirtithe go léir. Rachadh an infheistíocht i bhfoghlaim le chéile chun tairbhe Thuaisceart Éireann.

## Córas aonair

8.4 Cuireadh an t-athbhreithniú s’againn ar bun mar thoradh ar ghealltanais a tugadh in Ré Nua, Cur Chuige Nua (NDNA). Déantar tagairt in NDNA don fhéidearthacht bogadh i dtreo ‘córas aonair’ ach ní shainítear an téarma seo. Leagtar béim ann, fosta, ar chur chun cinn chaighdeán agus inbhuanaitheacht an chórais oideachais.

8.5 Spreag seo díospóireacht. Cad é an rud is “córas aonair” oideachais ann? An bhfuil ceann ann i dTuaisceart Éireann? An bhfuil sé inmhianaithe ceann a dhearadh agus a chur i bhfeidhm?

8.6 Tá máite ag cuid díobh siúd a raibh muid i dteagmháil leo go bhfuil córas aonair ann i dTuaisceart Éireann cheana féin. Tá béim curtha acu ar churaclam comónta a bheith ann, ar mhúnla maoinithe singil do scoileanna, ar chigireacht shingil agus gan earnáil phríobháideach shuntasach a bheith ann. Tagraíonn siad siúd a bhfuil a mhalairt de thuairim acu don iliomad 'earnálacha' scoile a bhfuil socruithe difriúla fostaíochta agus rialachais iontu, riarachán ilroinnte an oideachais chomh maith le patrún clárúcháin na scoileanna ina léirítear difríochtaí i gcúlraí reiligiúnacha/pobail.

8.7 Bhí cuid de na ráitis a tugadh dúinn bréagach. Ní mhaoinítear scoileanna ar bhealach difriúil de réir earnála[119]. Is minic a dhéantar áibhéil ar na costais bhreise a thabhaítear mar gheall ar na forais éagsúla a bheith ann[120]

8.8 Ar an lámh eile, tá an fhianaise ar an deighilt idir foghlaimeoirí ar bhonn cúlra thar a bheith láidir. Is tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil seo teoranta, den chuid is mó, do chéim bhunscoile agus iar-bhunscoile na scolaíochta. Ní léirítear sa tsoláthar luathbhlianta ach deighilt an-teoranta agus ní ann di ar chor ar bith sa bhreisoideachas ná san ardoideachas ná sa ghairmoiliúint.

8.9 Mar sin féin, ar bhealach, is díospóireacht bhréagach í seo. Ba cheart go mbeadh an tsaincheist maidir le "córas aonair" mar thosaíocht thánaisteach i ndiaidh an ghá le "córas den scoth". Ba chóir go mbeadh tosaíocht ag leasanna an fhoghlaimeora ar leasanna institiúidí oideachais agus leasanna dílsithe. Ba cheart go mbeadh an comhoibriú seachas an iomaíocht ina threoirphrionsabal. Ba cheart go gcuirfeadh an córas torthaí oideachais den scoth chun cinn do gach foghlaimeoir. Is féidir le cur chuige den tsórt sin freastal ar an rogha. Ní gá an aonfhoirmeacht a éileamh.

8.10 D'fhéadfadh sé a bheith le leas suntasach Thuaisceart Éireann dá ndéanfaí an ilroinnt nó an dúbailt neamhriachtanach, más ann dóibh, a bhaint nó a chuíchóiriú.

## Struchtúir a fhreastalaíonn ar riachtanais an fhoghlaimeora, na sochaí agus an gheilleagair

8.11 Tá cuma na castachta ar riarachán na scolaíochta i dTuaisceart Éireann. Féachann an iliomad forais ar neamhthuilleamaí agus forais earnála, boird

[119] Déantar maoiniú a dháileadh ar scoileanna tríd an Scéim Chómhaoinithe (CFS). Leithdháiltear léi seo acmhainní ar scoileanna de réir riachtanas coibhneasta a gcuid daltaí, agus ar bhealach a fhágann gur féidir éifeachtaí an mhíbhuntáiste shóisialta a laghdú go suntasach. Is é ceann d'aidhmeanna an CFS scoileanna a mhaoiniú ar bhonn comhsheasmhach agus cothrom, agus riachtanais na ndaltaí á gcur san áireamh go hiomlán. Mar sin de, is beag tionchar a bhíonn ag an earnáil lena mbaineann an scoil ar an mhaoiniú a fhaigheann an scoil.
[120] £6.8m an maoiniú iomlán a cuireadh ar fáil do CCMS, NICIE, CnaG, CSTS, CSSC agus GBA in 2021/22 . Áirítear leis seo DEL Acmhainní agus Caiteachas a Bhainistítear go Bliantúil.

iontaobhaithe agus eile le bainistiú agus tacaíocht a thabhairt do réimse leathan cineálacha scoile agus abhcóideacht a dhéanamh ar a son. Is féidir scoileanna a idirdhealú óna chéile mar gheall ar an chreideamh reiligiúnach nó an roghnú acadúil nó gan iad seo a bheith ann chomh maith le hinscne daltaí, teanga teagaisc nó aon chumasc de na fachtóirí seo. Is de thoradh ar an stair an córas seo in áit an deartha, agus cineálacha nua scoile – Scoileanna Imeasctha agus Gaelscoileanna – curtha leis le tamall anuas. Tá socruithe fostaíochta éagsúla ann, fosta, sna hearnálacha Rialaithe agus faoi Chothabháil agus sna fo-ranna rialachais taobh istigh de na hearnálacha Imeasctha agus Gaelscolaíochta.

8.12 Ní ghlacaimid leis an tuairim go gcothaíonn na socruithe riaracháin reatha costais mhóra nach bhfuil gá leo ach creidimid go bhfuil scóip ann don chuíchóiriú agus go dtabharfadh an simpliú éifeachtúlacht níos fearr, chuideodh sé le tuiscint an phobail agus chuirfeadh sé deireadh le conspóid gan ghá. Is fiú a thabhairt faoi deara nach gcuireann ceist na ró-castachta isteach ar chodanna eile den chóras iomlán oideachais ar an dóigh chéanna leis an scolaíocht.

8.13 Tá áiteanna ann ina molaimid atheagrú struchtúrach chun tacú níos fearr le foghlaimeoirí agus le hoideachasóirí, an comhoibriú a chur chun cinn agus an luach ar airgead a chinntiú. Ina measc seo tá:

- Roinn amháin le bheith i gceannas ar cheapadh beartais do gach céim den oideachas, den fhoghlaim agus de na scileanna. Chuimseodh seo an t-oideachas luathbhlianta, an scolaíocht, an breisoideachas agus an t-ardoideachas, an oiliúint, na printíseachtaí ag gach leibhéal agus an fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Le himeacht ama, ghlacfadh an roinn nua ról an údaráis phleanála aonair don oideachas chuici féin, fosta.
- Gníomhaireachtaí ar leith a phléifeadh leis an churaclam, an measúnú/cáilíochtaí agus an chigireacht, agus Tascfhórsa Curaclaim eatramhach a bheith ann le bheith i gceannas ar na tosaíochtaí maidir le hathchóiriú agus athnuachan an churaclaim.
- Cigireacht Oideachais agus Oiliúna neartaithe ag a mbeadh ról lárnach maidir le feabhsú oideachais agus comhroinnt dea-chleachtais.
- Comhlacht gairmiúil amháin (GTCNI ar dtús agus ina dhiaidh sin Comhairle Lucht Saothair Oideachais is leithne) chun caighdeáin ghairmiúla a bhunú, a chothabháil agus faireachán a dhéanamh orthu.

8.14 Tá athruithe eagrúcháin eile de dhíth chun córas oideachais níos aontaithe a chruthú agus chun a chinntiú go mbeidh bainistíocht, tacaíocht agus pleanáil éifeachtach ann in institiúidí oideachais. Tá dhá ábhar imní leathana ann: oiriúnacht na socruithe reatha agus a n-éifeachtacht.

8.15 Tá athbhreithniú tírdhreacha[121] déanta ar an ÚA, rud a tharraing aird ar theipeanna suntasacha fad a rinneadh tagairt d'fheabhsuithe ar na mallaibh. Tá torthaí an athbhreithnithe, amhail cultúr na tearc-chumarsáide, an easpa soiléire maidir le róil agus an drochsheirbhís do chustaiméirí, ag teacht leis na tuairimí a thug go leor páirtithe leasmhara dúinn.

8.16 Leagtar amach freagrachtaí ÚO san Acht Oideachais (Tuaisceart Éireann) 2014. Tá go leor acu ann ach is féidir iad a fhoroinnt i dtrí chatagóir leathana, cé go bhféadfaí a mheas go bhfuil gnéithe de roinnt feidhmeanna i níos mó ná catagóir amháin:

- Údarás bainistíochta ar son scoileanna rialaithe.
- Seirbhísí tacaíochta do scoileanna agus daltaí, mar shampla, cothabháil foirgneamh agus iompar scoile.
- Seirbhísí tacaíochta do cheannairí scoile, baill foirne eile agus foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais bhreise acu, mar shampla, AD, feabhsú scoile agus an t-oideachas speisialta.

8.17 Bhí ról an údaráis bainistíochta ina dhúshlán riamh de bhrí go soláthraíonn ÚO réimse leathan seirbhísí do gach scoil eile. Mar thoradh air seo, tá córais chasta ann don bhainistíocht scoile, rud atá, go sonrach, faoi bhun caighdeáin don Earnáil Rialaithe. Is measa seo de dheasca théarmaí an Achta um Oideachas Imeasctha (Tuaisceart Éireann) 2022, a chuireann dualgas ar an ÚO tacú leis an oideachas imeasctha.

8.18 Próiseas dúshlánach a bhí ann ÚO a chruthú. Bhí moill shuntasach air agus athruithe cuimsitheacha déanta ag bainisteoirí sinsearacha, rud a raibh caillteanas cuimhne thábhachtach institiúidí mar thoradh air. Tá ÚA ag feidhmiú faoi dhúshláin mhóra airgeadais, fosta. Tá, ar ndóigh, fadhbanna is leithne ann maidir le struchtúr ÚO – agus fianaise ann go bhféadfadh róil éagsúla tacaíochta ÚO a bheith ina ábhar mearbhaill ag custaiméirí. Ceistímid cé acu atá a chruth nó a fheidhmeanna reatha ceart agus an bhfuil scóip na heagraíochta ró-mhór agus ró-ilchineálach chun bheith éifeachtach.

8.19 Bainimid de thátal as go bhféadfadh athchóiriú ar struchtúir ÚO dul i ngleic le cuid de na fadhbanna seo. Mar chuid de seo, ní mór dúinn amharc ar bhainistíocht an oideachais ina iomláine. Molann an loighic go láidir gur gá ÚO a athstruchtúrú agus a scaradh chun an dá ról ar leith seo a aithint:

.

- Údarás bainistíochta agus fostaíochta[122]

[121] DE. Education Authority Landscape Review June 2022.pdf (education-ni.gov.uk)

[122] Lena n-áirítear róil mar Fhorbairt Bonneagair agus Chaipitil; Iompar; Bainistíocht Saoráidí; Tacaíocht agus Soláthar Airgeadais; TFC; Rialú Buiséid; agus Comhairle Dlí.

- Gníomhaireacht um idirghabháil luath agus tacaíocht foghlaimeora[123]

8.20 Is gá feidhm thacaíochta ar leith a bheith ann láithreach don Earnáil Rialaithe. Is é a bheas i gceist leis seo, sa ghearrthéarma, stiúrthóireacht shainiúil a bheith ann taobh istigh de ÚO chun scoileanna Rialaithe a bhainistiú. Ba cheart go mbeadh an stiúrthóireacht seo ina dúshraith chun údarás reachtúil bainistíochta nua a chruthú. B'fhéidir gur mhian leis an Údarás tabhairt isteach na stiúrthóireachta nua a úsáid mar dheis chun athbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe eile dá struchtúr eagrúcháin agus é ag súil leis go scarfar a fheidhmeanna de réir mar atá léirithe san alt roimhe seo.

8.21 Tá an cur chuige seo ag teacht lenár gcuid smaointe mar atá leagtha amach sna caibidlí ar na luathbhlianta agus ar an chuimsiú agus an folláine. Feicimid gurb é an cuspóir fadtéarmach gníomhaireacht aonair a bheith ann ar son luath-idirghabhála agus tacaíocht d’foghlaimeoirí, do gach scoil agus gach earnáil, agus feidhmeanna aici lena n-áireofar:

- Tacaíocht agus rannpháirtíocht tuismitheoirí (lena n-áirítear seirbhísí conartha a dhéanamh le Cuairteoirí Sláinte agus le Cnáimhseacha Pobail chun tacú leis an fhorbairt chognaíoch sna luathbhlianta).
- Bainistíocht *Sure Start* agus Clár Oideachais Réamhscolaíochta.
- Seirbhísí Tacaíochta d’Fhoghlaimeoirí (i.e. Tacaíocht Sainriachtanais Oideachais).
- Folláine agus Cosaint Daltaí.
- Seirbhísí Óige.
- Sláinte Mhothúchánach.
- Feabhsú oideachais agus forbairt ghairmiúil.
- Oideachas gairmthreorach.

8.22 Maidir le bainistiú scoileanna, feicimid gurb é an cuspóir fadtéarmach a bheas ann bogadh go dtí staid a mbeidh na seirbhísí céanna tacaíochta ag scoileanna i ngach earnáil, áit a gcaithfear leo go cothrom agus a gcuirfear seirbhísí tacaíochta den chéad scoth ar fáil a bheas dírithe ar an chustaiméir. Bheadh údarás amháin ann (freagrach as seirbhísí tacaíochta fostaíochta agus idirbheartaíochta eile) do gach scoil dá bharr seo seachas dóibh siúd atá féinrialaitheach. Bheadh tionchar ag an athrú seo go príomha ar struchtúr reatha ÚO agus CCMS ach le himeacht ama, ba mhaith linn an deis bheith páirteach a chur ar fáil do na hearnálacha Imeasctha agus Gaelscolaíochta.

8.23 Ní hé rud a bheadh i gceist leis seo foras amháin a thabhairt isteach i bhforas eile, ina áit sin, cur chuige nua a chur i bhfeidhm chun scoileanna a bhainistiú

[123] Lena n-áirítear róil mar Sheirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga; Tacaíocht do shainriachtanais oideachais ; Leas agus Cosaint Daltaí; Seirbhísí Óige; Feabhsú Scoile agus Forbairt Ghairmiúil

agus tacú leo agus na seirbhísí is fearr a sholáthar d’institiúidí agus d’fhoghlaimeoirí.

8.24 Pléimid an phleanáil ceantair go mion sa chéad roinn eile. Mar atá cúrsaí faoi láthair, bíonn roinnt príomhfhoras ag cur leis an phróiseas pleanála ceantair agus róil reachtúla agus neamhreachtúla éagsúla acu. Faoi láthair, tá feidhmeanna reachtúla ag RO, ÚO agus CCMS. Leis chois sin, mar gheall ar an Acht um Oideachas Imeasctha 2022, tá sé doiligh ag ÚO ionadaíocht cheart a dhéanamh ar leasanna na scoileanna Rialaithe sa phróiseas pleanála ceantair, i bhfianaise a dhualgais nua tacú leis an scolaíocht imeasctha.

8.25 Níl na socruithe reatha éifeachtach agus ní bheimis in ann ár moladh a chur i gcrích maidir le ‘méid cheart’ líonra na scoileanna (atá mionsonraithe sa chaibidil ar an Mhaoiniú). Don tasc seo, ní mór coimisiún pleanála aonair, neamhspleách a bheith ann ar théarma seasta don oideachas agus é mar shainchúram aige athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar líonra na scoileanna. Is beart gearrthéarmach é seo chun tasc faoi leith a chur i gcrích. Ní mór, fosta, réiteach níos fadtéarmaí a bheith ann, is é sin, údarás pleanála straitéisí aonair do gach scoil agus coláiste a fhaigheann maoiniú poiblí. Chun seo a bhaint amach, d’fhéadfaí freagracht na pleanála a thabhairt don roinn nua aontaithe, don údarás bainistíochta agus fostaíochta aonair nó d’fhoras ar leith a phléann go hiomlán leis an phleanáil. Is é an rogha atá againne go dtitfidh an fheidhm seo taobh istigh den roinn nua.

8.26 Bheadh tionchar ag ár moltaí faoi struchtúr bainistíochta an chórais oideachais ar na feidhmeanna atá á soláthar faoi láthair ag comhlachtaí tacaíochta earnála. Tá ról tábhachtach ag comhlachtaí a chuireann tacaíochtaí earnála ar fáil maidir le saintacaíocht éitis a chur ar fáil chomh maith le habhcóideacht a dhéanamh ar son a n-earnálacha. Leanfaí de seo agus tacaíocht ag gach earnáil ar bhealach seasmhach le samhail chomónta maoinithe.

8.27 Chruthódh an cur chuige atá leagtha amach sna hailt roimhe seo córas simplí ina mbeadh:

- Údarás amháin, a sholáthródh seirbhísí fostaíochta agus idirbheartaíochta do scoileanna.
- Foras amháin a sholáthródh tacaíocht oideachais d'institiúidí agus d'fhoghlaimeoirí.
- Údarás straitéiseach amháin don phleanáil, is é sin, roinn aontaithe.
- Forais earnála a sholáthródh abhcóideacht agus tacaíocht d'earnálacha aonair.

8.28 Beidh reachtaíocht phríomha agus cur i bhfeidhm céimnithe de dhíth chun atheagrú mór den sórt sin a dhéanamh, ach is féidir dul chun cinn suntasach a dhéanamh idir an dá linn.

## Comhoibriú chan iomaíocht

8.29 Is beag tír a bhfuil córas aonair oideachais inti má ghlactar leis go dtugann an téarma le tuiscint go bhfuil aonfhoirmeacht ann maidir le cineálacha institiúide agus cineálacha cur chuige i leith na foghlama. Tá na ceithre dhlínse sa RA ar aon dul le go leor áiteanna mar go bhfuil cineálacha éagsúla scoile agus réimse soláthraithe iontu sna luathbhlianta agus i ndiaidh thréimhse na scolaíochta éigeantaí. Go deimhin, is gnách go n-amharctar ar an rogha mar ghné dhearfach. Bíonn an rogha teoranta i gcónaí, ar ndóigh. Ní féidir le teaghlaigh cineálacha scolaíochta a roghnú nach bhfuil ar fáil.

8.30 Cuirtear an argóint chun cinn go minic go neartaíonn na roghanna atá ar fáil i dTuaisceart Éireann agus an dóigh a n-úsáidtear iad deighiltí bunaithe ar an chúlra reiligiúnach/pobail. In ionad an t-oideachas a bheith ag cuidiú le sochaí shíochánta a chur chun cinn, is amhlaidh a bhíonn tionchar diúltach ann mar gheall ar an dóigh a n-eagraítear í.

8.31 Aontaímid go bhfuil ról ríthábhachtach ag an oideachas maidir le comhtháthú a chur chun cinn i sochaí iar-choinbhleachta. Ní mór i bhfad níos mó a dhéanamh chun oideachas a chur ar dhaoine óga le chéile. Is gá dhá cheist eile a chur san áireamh:

- Is amhaidh, go minic, a bhíonn pobail deighilte ó thaobh na tíreolaíochta de. D'fhéadfadh go léireodh scoil ina bhfuil tromlach mór daltaí ó chúlra amháin an pobal ina bhfuil sí suite. San am chéanna, tá go leor scoileanna a thugann isteach daltaí nach léiríonn a ndálaí tíreolaíochta níos éagsúla.

- Is amhlaidh atá rogha an tuismitheora cumhdaithe sa dlí, in Ordú Oideachais 1986[124] agus sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine[125] araon.

8.32 Mar sin, ní mór d'aon ghluaiseacht i dtreo córas scoile níos aontaithe a bheith bunaithe ar dhá phrionsabal, atá, go pointe, ag teacht salach ar a chéile:

- Ba chóir go mbeadh an ceart ag teaghlaigh rogha a dhéanamh idir cineálacha éagsúla scoile, agus

[124] An tOrdú Oideachais agus Leabharlann (Tuaisceart Éireann) 1986 (Alt 44).
[125] Alt 2 den Phrótacal don an Choinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint.

- Ba chóir go mbeadh taithí ag páistí ar oideachas a fháil le chéile in éineacht le daoine eile ó chúlra difriúil.

8.33 Tá roghnaithe go leor teaghlach úsáid a bhaint as scoileanna Imeasctha. Soláthraíonn scoileanna imeasctha deis do pháistí agus do dhaoine óga foghlaim le chéile ar bhonn lánaimseartha agus cuireann siad go mór le cur chun cinn an chomhtháthaithe shóisialta dá réir. Faoi láthair, níl an rogha seo ar fáil i ngach áit.

8.34 D'fhágfadh ár moltaí níos leithne maidir le líonra na scoileanna fás suntasach ar scoileanna pobail a ndéanfaí comhbhainistiú orthu. Chuirfeadh na scoileanna seo an comhtháthú sóisialta chun cinn taobh istigh de chomhthéacs ilearnála.

8.35 Mar sin, tacaímid le leathnú na rogha do thuismitheoirí agus ba mhaith linn go mbeadh an rogha ar fáil do gach teaghlach a luaithe is féidir freastal ar scoil Imeasctha nó ar scoil phobail chomhbhainistithe taobh istigh d'achar taistil réalaíoch.

8.36 Meicníocht thábhachtach le comhtháthú sóisialta a chur chun cinn atá san Oideachas Comhroinnte, mar atá sainmhínithe san Acht um Oideachas Comhroinnte (Tuaisceart Éireann) 2016 . Tá measúnú dearfach déanta ar an chlár reatha. Mar sin féin, creidimid go bhfuil sé le neartú go substaintiúil agus le hathshamhlú le bheith níos uaillmhianaí. Trí leas a bhaint as údarás Acht 2016, molaimid cur chuige níos forleithne a thabhairt isteach faoin teideal Ag *Foghlaim le Chéile* . Ní clár é *Foghlaim le Chéile* ina dtiocfadh le scoileanna roghnú nó diúltú a bheith rannpháirteach ann. Bheadh dualgas ar gach scoil páirt a ghlacadh lena cuspóirí a bhaint amach.

8.37 Feicimid go dtiocfadh le gnéithe den chineál seo a leanas a bheith i gceist lena leithéid de chlár:

- **Rialachas Comhroinnte** – Caithfear iarrachtaí a dhéanamh le heastát scoile a chruthú atá oiriúnach don fheidhm trína chinntiú go bhfuil gach scoil inmharthana ó thaobh oideachais de agus go n-úsáidtear na hacmhainní atá ar fáil go stuama agus go cothrom. Éilíonn sé seo cónascadh scoileanna ó earnálacha éagsúla. Samhlaímid, i go leor cásanna, go mbeidh claochlú i gceist leis seo go dtí scoileanna pobail atá á gcomhbhainistiú, ina n-oibríonn gach earnáil le chéile le scoil a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais an phobail áitiúil.

- **Acmhainní Comhroinnte -** Ba chóir go mbeadh saoirse ag scoileanna acmhainní de gach cineál a roinnt, lena n-áirítear foireann. Tá sé seo riachtanach go háirithe do phoist speisialtóra. Tá go leor buntáistí féideartha ag baint leis na cineálacha comhroinnte seo; go háirithe cuideoidh siad le héiteas comhoibrithe a bhunú seachas iomaíocht sa tseirbhís oideachais. Go sonrach, beidh cásanna ann nuair is é an éifeacht a bheidh ann scoileanna ó earnálacha éagsúla a tharraingt isteach i gcaidreamh dlúth a bhfuil cuspóir leis.

- **Foghlaim Chomhroinnte -** Tá sé i gceist go nglacfadh gach foghlaimeoir páirt i ngníomhaíochtaí suntasacha comhpháirteacha sa churaclam. Cé gur chóir fáilte a chur roimh chomhghníomhaíochtaí seach-churaclaim, is ríthábhachtach go ndíreodh Foghlaim le Chéile ar fhoghlaim fhoirmiúil. Ba cheart an oiread agus is féidir den fhoghlaim a bheith duine le duine ach is léir go bhfuil áit ann fosta do chomhghníomhaíocht ar líne.

8.38 Ba cheart an chuid is mó den mhaoiniú oideachais comhroinnte atá ann faoi láthair a thabhairt do scoileanna. Mar sin féin, ba chóir cúlchiste lárnach beag a choinneáil le cuidiú le scoileanna ina bhfuil gá le caiteachas mór ar iompar mar gheall ar an áit a bhfuil an scoil lonnaithe. Beifear ag súil go rachaidh gach scoil isteach i gcomhpháirtíocht Ag Foghlaim le Chéile le scoil amháin nó níos mó a tharraingíonn formhór a ndaltaí ó chúlra pobail eile. Thiocfadh ról úsáideach comhordaithe a bheith ag ALCanna; mar sin féin, tá siad seo teoranta faoi láthair don iar-bhunscolaíocht.

8.39 Ba mhaith linn ALCanna a fheiceáil i mbun ról níos suntasaí maidir leis an chomoibriú agus an chomhroinnt a chur chun cinn; ag tógáil ar an dea-chleachtas atá ann. Anuas air sin, dar linn go bhfuil ról tábhachtach ag ALCanna maidir le soláthair an oideachais ghairmeacha.

8.40 Mar sin féin, leis an iar-bhunscolaíocht amháin a phléann ALCanna faoi láthair. Ba chóir tacaíocht a chur ar fáil do bhunscoileanna maidir le ALCanna faoi leith a bhunú agus ba chóir go mbeadh idirghníomhú rialta idir grúpaí bunscolaíochta agus iar-bhunscolaíochta. Ní ag plé le Foghlaim le Chéile amháin a bheadh na grúpaí iar-bhunscolaíochta nua agus ba chóir dóibh róil a fhorbairt atá ar aon dul le ALCanna reatha maidir leis an churaclam agus an fhoghlaim ghairmiúil. Ba chóir go mbeadh an rannpháirtíocht in ALCanna ina gcuid éigeantach den Fhoghlaim le Chéile.

## Scoileanna a dhéanann freastal ar a bpobail

8.41 Ní mór go mbeadh sé mar chonclúid in aon mheastóireacht ar an staid reatha go bhfuil an scolaíocht i dTuaisceart Éireann comhroinnte go láidir de réir creidimh/pobail. Léiríonn ár n-anailís go bhfreastalaíonn 85% de leanaí bunscoile ar scoileanna ina bhfuil an grúpa mionlaigh níos lú ná 10% den rolla. Tá 57% i scoileanna ina bhfuil an mionlach faoi bhun 2%. San earnáil iar-bhunscoile, is iad na figiúirí coibhéiseacha ná 76% agus 48%.

8.42 Bealach eile le breathnú ar an déimeagrafaíocht ná líon iomlán a mheas de réir earnála. Is ionann daltaí Caitliceacha agus 8% de rolla comhcheangailte na mbunscoileanna Rialaithe go léir agus 7% de rollaí iar-bhunscoile. Do dhaltaí Protastúnacha i scoileanna faoi Chothabháil, is iad na figiúirí coibhéiseacha ná 1% agus 2%.

8.43 Tá líon na ndaltaí a shainaithníonn mar 'Eile' ag fás i ngach earnáil. Is í an earnáil leis an mheascán is mó, b'fhéidir nach ionadh, an earnáil Imeasctha. Chomh maith leis sin, i ndiaidhi do scoil a bheith imeasctha, tagann méadú ar an líon imeascaithe de ghnáth.

8.44 Ba chóir do scoileanna a fhiafraí díobh féin, " *Cad is féidir linn a dhéanamh chun ár scoil a dhéanamh níos fáiltiúla agus ár n-éiteas bunaithe a choinneáil go fóill* ?"

8.45 Molaimid gur cheart an cuspóir maidir le gach duine óg a bheith ag foghlaim le chéile a bhaint amach trí na bearta gníomhaíochta seo a leanas a leanúint ag an am céanna:

- Méadú ar líon na scoileanna imeasctha nó scoileanna pobail atá á gcomhbhainistiú. Beidh cruthú scoileanna pobail nua nó athchumraithe agus séú bliain comhbhainistithe le líon méadaithe foghlaimeoirí ó phobail éagsúla ag freastal ar an scoil chéanna agus ag foghlaim le chéile ina thoradh ríthábhachtach ar ár n-athbhreithniú molta ar eastát na scoile. Ba cheart go mbeadh roghanna dá leithéid ag gach teaghlach laistigh d'achar taistil réalaíoch a luaithe is féidir.

- Ba chóir do gach scoil céimeanna a ghlacadh le meascán níos mó de chúlra creidimh a chinntiú ina ndaonra daltaí. Ba chóir go n-áireofaí leis na céimeanna seo spreagadh gníomhach d'iarratais ó aon phobal faoi ghannionadaíocht, athbhreithniú a dhéanamh ar chritéir iontrála le deireadh a chur le haon bhacainní neamhbheartaithe agus a chinntiú go gcuirtear fíorfháilte roimh achan duine de réir éiteas agus oibríochtaí na scoile.[126]

[126]Aithnímid i gceantair áirithe go bhféadfadh fadhbanna a bheith ag iar-bhunscoileanna pobail a fhéachann le daltaí a mhealladh ón phobal mionlaigh. Mar shampla, dá n-éireodh le tromlach na scoile líon na ndaltaí sa phobal mionlaigh a mhéadú b'fhéidir go bhfeicfí go bhféadfadh sé seo baint a bheith aige d'inbhuanaitheacht iar-bhunscoil phobail mhionlaigh in aice láimhe. D'fhéadfadh a leithéid de scoil a bheith ina cuid thábhachtach den bhonneagar sóisialta pobail. Ba chóir do scoileanna atá ag iarraidh an moladh seo a chur i bhfeidhm, mar sin, aon tionchar pobail níos leithne a chur san áireamh.

- Ba chóir don roinn nua tuairisciú go bliantúil ar mheascán pobail na bhfoghlaimeoirí ag leibhéal na scoile aonair agus ba chóir do scoileanna tuairisciú go bliantúil ar na céimeanna réamhghníomhacha atá á nglacadh acu le meascán pobail níos leithne a chinntiú maidir le líon na ndaltaí a thugtar isteach.

- Má chuirtear béim níos mó ar phobail fhoghlama ceantair, trí dheiseanna comhfhoghlama a chothú, is amhlaidh go n-uasmhéadófar deiseanna le hoideachas a chur ar fhoghlaimeoirí le chéile sa seomra ranga céanna.

- Nuair is léir go bhfuil cás oideachais agus luach ar airgead ann thiocfadh campais oideachais imeasctha a chur chun cinn go gníomhach mar mheicníochtaí le comhtháthú pobail a fheabhsú san fhadtéarma.

8.46 Mar chuid dár dTéarmaí Tagartha, iarradh orainn machnamh a dhéanamh ar roinnt moltaí a bhí go fóill gan réiteach [127]ó Athbhreithniú Neamhspleách 2017 ar Oideachas Imeasctha [128]. Bhí an cinneadh le díolúine múinteoirí a bhaint de na rialacháin um Fhostaíocht Chóir déanta cheana féin. D'athraigh an tAcht um Oideachas Imeasctha [129]an scéal ina iomláine fosta.

8.47 Chuirfí na moltaí inár dTuarascáil féin in ionad an chuid eile de na moltaí. Is é an toradh a bheadh ar an athbhreithniú atá molta againn ar líonra na scoileanna ná go ndéanfaí an iliomad cónascadh tras-earnála agus go dtabharfaí isteach scoileanna pobail comhbhainistithe, a léireodh cur chuige tras-earnála chun freastal ar riachtanais an phobail áitiúil. Beidh atheagrú mórscála ar an soláthar séú bliana mar thoradh ar an athbhreithniú freisin. Ina theannta sin, déanfar athchóiriú ar an bpróiseas pleanála ceantair ar bhealaí a sháróidh cuspóirí na moltaí sa Tuarascáil roimhe seo.

8.48 Tagann ár dTuarascáil ar chonclúidí comhchosúla maidir le hoideachas tosaigh múinteoirí. Ba cheart do OTM múinteoirí nua a chur ar a gcumas oibriú in aon scoil a fhaigheann maoiniú poiblí trí thaithí a thabhairt dóibh ar earnálacha éagsúla le linn na hoiliúna.

8.49 Tá an brú ar an chlár caipitil níos déine ó 2017 i leith. Déanann ár dTuarascáil moltaí a mbeidh d’éifeacht leo a chinntiú go mbaintear úsáid níos fearr as maoiniú caipitil Fresh Start ná mar atá sé faoi láthair ach go bhfuil an méid atá ar fáil

[127]Is iad seo moltaí 1, 3, 4, 6, 7, 8, 9, 10, 11, 13, 14, 16, 33, 37 agus 38 de Thuarascáil 2017.
[128] An Tuarascáil ar an Athbhreithniú Neamhspleách ar Oideachas Imeasctha | An Roinn Oideachais (education-ni.gov.uk)
[129]An tAcht um Oideachas Imeasctha (Tuaisceart Éireann) 2022 .

teoranta go leor le moladh an Athbhreithnithe ar Oideachas Imeasctha a bhí sa maidir le dearthaí bonnlíne a dhéanamh míchuí.[130]

## Príomh-mholtaí: Córas agus struchtúr aonair

- **Roinn amháin a bhunú don aistear oideachais ar fad**

**Molaimid go mbunófaí roinn aontaithe ar a mbeadh an fhreagracht amháin as maoirsiú a dhéanamh ar aistear oideachais iomlán an fhoghlaimeora. Is éard a bheadh i gceist leis seo na freagrachtaí reatha atá ar an RO a chumasc le roinnt díobh sa Roinn Oideachais, go háirithe maidir le hoideachas, foghlaim agus scileanna.**

- **Socruithe bainistíochta scoile a leasú**

**Ba cheart údarás amháin a chruthú, ar an chéad dul síos do scoileanna Rialaithe agus Scoileanna faoi Chothabháil agus go mbeadh deis ag earnálacha eile a bheith páirteach ann [131].**

**Ag an am céanna, ba cheart eagraíocht seachadta seirbhíse a bheadh níos dírithe ar an chustaiméir a bhunú le tacaíocht oideachais a sholáthar d'institiúidí agus d'fhoghlaimeoirí.**

**Céim ríthábhachtach leis an sprioc seo a bhaint amach is ea Stiúrthóireacht thiomanta a bhunú sa EA ar a mbeadh an fhreagracht shonrach as scoileanna Rialaithe a bhainistiú .**

- **Foghlaimeoirí ag foghlaim le chéile a chur chun cinn**

**Chomh luath agus is indéanta, ba chóir go mbeadh an deis ag gach foghlaimeoir ag gach céim foghlaim i dteannta le daoine aonair ó phobail agus ó chúlraí eile sa seomra ranga céanna. Tá roinnt moltaí déanta againn tríd an Tuarascáil a mhéadóidh na deiseanna seo:**

[130] Moladh 33: "Go ndéanfadh an RO breithniú faoi fhorbairt a dhéanamh ar bhonnlínte caighdeánaithe do naíonraí, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna lena chinntiú go gcaitear oiread agus is féidir de Mhaoiniú Caipitiúil Sure Start ar an talamh lenár gcóras oideachais a chlaochlú."
[131] Tá sé beartaithe againn go mbunófar é seo ar bhonn céimneach le toiliú na bpáirtithe éagsúla.

- **Méadú ar líon na scoileanna imeasctha nó scoileanna pobail atá á gcomhbhainistiú. Ba cheart go mbeadh roghanna dá leithéid ag gach teaghlach laistigh d'achar taistil réalaíoch a luaithe is féidir.**
- **Tugann an t-athchumrú atá beartaithe ar líonra na scoileanna an fhéidearthacht theoiriciúil le 177 [132]pobalscoil agus séú bliain nua nó athchumraithe a chruthú le comhbhainistiú le líon méadaithe foghlaimeoirí ó phobail éagsúla ag freastal ar an scoil chéanna agus ag foghlaim le chéile.**
- **Ba chóir do gach scoil céimeanna a ghlacadh le meascán níos mó de chúlra reiligiúnach a chinntiú ina ndaonra daltaí. Ba chóir go n-áireofaí sna céimeanna seo spreagadh gníomhach d'iarratais ó aon phobal faoi ghannionadaíocht, athbhreithniú a dhéanamh ar chritéir iontrála le deireadh a chur le haon bhacainní neamhbheartaithe agus a chinntiú go gcuirtear fíorfháilte roimh achan duine in éiteas agus oibríochtaí na scoile.**
- **Ba chóir don roinn aonair nua tuairisciú go bliantúil ar mheascán pobail na bhfoghlaimeoirí ag leibhéal na scoile aonair agus ba chóir do scoileanna tuairisciú bliantúil ar na céimeanna réamhghníomhacha atá á nglacadh acu le meascán pobail níos leithne a chinntiú ina n-iontógáil daltaí.**
- **Ba chóir do phobail foghlama ceantair níos mó béime a chur ar chomhdheiseanna foghlama a chothú. Baineann sé seo le foghlaimeoirí a bheith ag fáil oideachais le chéile go pearsanta sa seomra ranga céanna ach tá fiúntas ag baint le comhghníomhaíochtaí seach-churaclaim fosta.**
- **Nuair is léir go bhfuil cás oideachais agus luach ar airgead ann, ba cheart campais oideachais chomhroinnte a chur chun cinn go gníomhach mar mheicníochtaí le comhtháthú pobail a fheabhsú san fhadtéarma.**

**Cuirfidh na moltaí seo, arna gcur i bhfeidhm le chéile agus ina n-iomláine, feabhas suntasach ar leibhéal an mheasctha pobail i scoileanna.**

[132] Sonraíonn Imleabhar 2 an poitéinseal teoiriciúil chun 99 bunscoil nua, 22 iar-bhunscoil agus 56 séú rang a chruthú a dhéanfaí a bhainistiú ar bhonn trasearnála. Tá sé seo bunaithe ar chleachtadh samhaltaithe agus d'fhéadfadh go mbeadh uimhreacha éagsúla mar thoradh ar sheachadadh "dáiríre".

# CAIBIDIL 9 – RIALACHAS INSTITIÚIDEACH AGUS CUNTASACHT

## Infheistiú i rialachas, cuntasacht agus pleanáil

9.1 Teastaíonn rialachas éifeachtach agus bearta láidre cuntasachta le muinín an phobail as soláthar an oideachais a chinntiú. Ní féidir é seo a fhágáil faoi sheans ach ina ionad sin tá aird, fócas agus infheistíocht de dhíth. Ba cheart tosaíocht a thabhairt i gcónaí do riachtanais an fhoghlaimeora thar riachtanais na n-institiúidí.

9.2 Ba cheart samhail rialachais simplithe a chur chun feidhme. Tá ról ríthábhachtach ag Boird Ghobharnóirí maidir le tacú le soláthar an oideachais, agus muinín an phobail a chothú. Ba cheart go gcuirfeadh socruithe rialachais nuálaíocht agus comhoibriú san oideachas chun cinn. Ba chóir go dtabharfaí tacaíocht chuí do gach gobharnóir agus comhalta boird le maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar a n-institiúidí.

9.3 Ba cheart go mbeadh socruithe rialachais solúbtha go leor freisin le nuálaíocht a chumasú agus le bheith in ann freastal ar chineálacha nua institiúide – lena n-áirítear iad sin ina n-oibríonn earnálacha éagsúla le chéile ar mhaithe leis an fhoghlaimeoir.

9.4 Tá cuntasacht ríthábhachtach. Is leas poiblí é an t-oideachas agus tá muinín an phobail as a dhearadh agus a sheachadadh ríthábhachtach. Tá caighdeáin agus iniúchtaí riachtanach ach is úsáidí iad nuair a bhíonn meicníochtaí éifeachtacha tacaíochta agus feabhsaithe ag gabháil leo. Ní mór do gach cuid den tseirbhís oideachais comhoibriú leis na torthaí is fearr a chinntiú d’fhoghlaimeoirí.

9.5 Beidh reachtaíocht nua de dhíth le go leor dár moltaí a chur i bhfeidhm. Is féidir le reachtaíocht dochloíte agus ró-shainordaitheach – mar a bhaineann go minic i dTuaisceart Éireann – srian, mearbhall agus bac a chur ar nuálaíocht . Tá gá le hiarracht a infheistiú lena chinntiú go gcumasaíonn an creat reachtúil córas oideachais níos freagraí.

## Rialachas scoile simplithe agus éifeachtach

9.6 Tá dea-rialachas riachtanach ag gach leibhéal den tseirbhís. Ní ceist é seo ach comhlíonadh dlíthiúil agus airgeadas fónta. Léiríonn dea-rialachas fadbhreathnaitheacht straitéiseach, cumas nuálaíochta agus gníomhaíochta éifeachtacha, agus an cumas cultúr dearfach a chur chun cinn. Tá socruithe

rialachais agus bainistíochta i gcóras scoile Thuaisceart Éireann casta. Is féidir le castacht iomarcach bac a chur ar an dea-rialachas agus níl sé le leas na bhfoghlaimeoirí.

9.7 Príomhábhar imní sa Tuarascáil seo is ea comhleanúnachas níos fearr a thabhairt don tírdhreach oideachais. Molaimid go mbunófaí roinn amháin (le stádas údaráis phleanála), Údarás aonair, gníomhaireacht tacaíochta foghlaimeora aonair, Comhairle Churaclaim amháin, Comhairle Aonair um Fhórsa Saothair Oideachais, agus raon beart eile le struchtúir agus próisis a shimpliú. Tá an cur chuige céanna riachtanach maidir le rialachas institiúideach.

9.8 Tá gach scoil á maoirsiú ag Bord Gobharnóirí (BoG) agus á bhainistiú ag príomhoide, a d'fhéadfadh a bheith ina cheannaire ar fhoireann bhainistíochta. Leagfar comhdhéanamh an BG síos i Scéim Bhainistíochta. Tá scéimeanna éagsúla i bhfeidhm sna hearnálacha faoi Chothabháil agus Rialú. Tá scéimeanna ceaptha ag roinnt scoileanna, mar scoileanna gramadaí deonacha nó scoileanna Imeasctha faoi Chothabháil Deontas.

9.9 Tá éagsúlacht mhór i méid na mbord ó chomh beag le 8 mball go dtí oiread agus 36. Tá gobharnóirí tuismitheoirí agus múinteoirí acu go léir. Cé is moite de líon an-bheag scoileanna nach bhfuil aon mhaoiniú caipitil acu, tá gobharnóirí acu go léir a dhéanann ionadaíocht thar ceann leas an phobail. Faoi láthair féadfaidh RO nó ÚO nó an dá cheann iad seo a cheapadh ach, amach anseo, is í an RO amháin a dhéanfaidh na ceapacháin. Tá gobharnóirí bunaithe ag go leor scoileanna ceaptha ag an sainchreideamh atá freagrach as bunú na scoile go minic.

9.10 Ní mór na socruithe seo a shimpliú agus, go pointe áirithe, a chaighdeánú leis an chleachtas is fearr i rialachas eagraíochtúil a léiriú. Mar sin féin, tá simpliú na socruithe rialachais tánaisteach maidir lena n-éifeachtacht a chinntiú. Ba chóir go mbeadh meascán scileanna ag boird. Ba chóir go gcuirfí oiliúint ar Ghobharnóirí dá róil agus go mbeadh an mhuinín acu a gcuid feidhmeanna a sheachadadh.

9.11 Ba chóir na prionsabail seo a leanas maidir le rialachas ag leibhéal na scoile a chur i bhfeidhm i ngach earnáil seachas na gramadaí deonacha, atá i dteideal a gcuid socruithe féin a dhéanamh. Agus é sin á dhéanamh acu, beidh orthu aird a thabhairt ar aon choinníollacha a bhaineann lena mbunú ach ba cheart dóibh na prionsabail sin a chur i bhfeidhm chomh maith agus is féidir.

- Ba cheart go mbeadh na boird ar comhmhéid a bheag nó a mhór, agus níor cheart go rachadh sé sin thar 16 de ghnáth.

- Ba cheart go mbeadh meascán oiriúnach de thaithí, de shaineolas agus de scileanna a bhaineann le hoideachas, le forbairt leanaí nó le hoideachas páistelárnach, acmhainní daonna, saineolas dlí agus airgeadais san áireamh sna boird.
- Ba cheart cumhachtaí teoranta comhthoghadh a bheith ag Boird le cur ar a gcumas bearnaí scileanna ina mballraíocht a líonadh.
- Ba cheart go mbeadh gobharnóirí tuismitheoirí agus múinteoirí araon ag gach scoil.
- Ba cheart go mbeadh ionadaíocht ag leas an phobail ar gach bord trí údarás ceapacháin amháin thar ceann an stáit (an roinn nua).
- Sa chás go gceadaíonn na coinníollacha faoinar bunaíodh an scoil é, ba chóir machnamh a dhéanamh ar líon na ngobharnóirí bunaidh a theorannú.
- Ba cheart go mbeadh rochtain ag gobharnóirí ar oiliúint d'ardchaighdeán.
- Ba cheart boird a athbhunú ar bhonn céimnithe, seachas an bhallraíocht iomlán nó cuid mhór di a cheapadh ag aon am amháin.
- Ba chóir do bhoird próisis a chur i bhfeidhm lena chinntiú go gcloistear agus go mbreithnítear guth na bhfoghlaimeoirí nuair a dhéantar cinntí.

## Neamhspleáchas méadaithe arna chothromú le cuntasacht mhéadaithe

9.12 Éilítear sa dea-rialachas go ndéanfaí cinntí ag an leibhéal is ísle ag teacht le héifeachtacht. Mar sin, is prionsabal tábhachtach é dáileadh suntasach cumhachtaí chuig scoileanna aonair, coláistí agus institiúidí eile. Ní mór é seo a chothromú le cuntasacht chuí, léiriú inniúlachta agus tacaíocht éifeachtach ón ionad.

9.13 Tá suirbhé déanta ar scoileanna maidir le hinmhianaitheacht nó a mhalairt de dháileadh cumhachtaí méadaithe. Bhí tuairimí éagsúla ann. Go ginearálta, bhraith scoileanna móra muiníneach faoi fhreagrachtaí méadaithe a fháil agus bhí na scoileanna beaga amhrasach. Tá ár gcuid moltaí maidir le hathbhreithniú agus méid ceart líonra na scoileanna ceaptha, i measc cuspóirí eile, lena chinntiú go bhfuil gach scoil ar scála leordhóthanach leis na feidhmeanna go léir a bhaineann le heagraíocht chasta a rith a chomhlíonadh. Ina theannta sin, mhéadódh tacaíocht éifeachtach ó údarás aonair agus forbairt ghairmiúil fheabhsaithe do cheannairí scoile muinín agus inniúlacht le neamhspleáchas méadaithe a bhainistiú.

9.14 Tá gá le tarmligean méadaithe, go háirithe maidir le gnéithe áirithe den airgeadas. Ag teacht lenár moladh maidir le feabhas a chur ar idirghabhálacha SEN scoilbhunaithe ag céim níos luaithe, molaimid gur chóir go mbeadh discréid níos mó ag gach scoil maidir le húsáid a gcuid buiséid RSO lena n-áirítear solúbthacht in úsáid acmhainní a leithdháiltear trí ráitis. Ina theannta

sin, ba cheart go bhfaigheadh scoileanna speisialta buiséid roinnte dá gcuid féin.

9.15 Ba cheart go bhfaigheadh scoileanna roinnt maoinithe breise freisin agus go mbeadh sé de chumhacht acu mionoibreacha agus gnéithe cothabhála a choimisiúnú agus a dhéanamh. Ba cheart go mbeadh dáileadh maoinithe d'fhorbairt ghairmiúil ann freisin. Thiocfadh le scoileanna cur leis seo óna gcistí féin.

9.16 Ar ndóigh, ní bhíonn éifeacht le tarmligean maoinithe ach amháin nuair a bhíonn dóthain maoinithe le dáileadh. Mar sin is gá an ghéarchéim mhaoinithe a réiteach, an bhearna maoinithe a líonadh agus infheistíocht a dhéanamh san oideachas go fadtéarmach.

9.17 Tá ról an-tábhachtach ag ETI maidir le cuntasacht. Thiocfadh le cigireacht ar bhunaíochtaí aonair agus cigireachtaí téamacha araon cur leis seo. Cé gur cheart fócas an phróisis chigireachta a bheith ar fheabhsú seachas ar bhreithiúnas, tá freagracht ar ETI ábhair imní a chur in iúl ina tuarascálacha. Ba cheart di oibriú go dearfach fosta le hinstitiúidí le gníomhartha a chomhaontú le dul i ngleic le hábhair imní, ag foghlaim ó dhea-chleachtas in institiúidí eile de réir mar is cuí.

9.18 Le blianta beaga anuas, tá go leor scoileanna faoi réir "gníomh gann ar stailc". Bhí tionchar díreach aige seo ar thaithí na bhfoghlaimeoirí, i gcásanna áirithe ar feadh ré iomlán a gcuid oideachais. Bíonn tionchar creimneach ag fadhbanna leanúnacha caidrimh thionsclaíoch ar an chóras ina iomláine. Tá sé ríthábhachtach go dtéitear i ngleic le fíor-imní agus go gcuirfear stop le gníomhaíocht aontaobhach. I ndeireadh na dála, is faoin Aire atá sé beart láidir a dhéanamh le foghlaimeoirí a chosaint agus muinín a chruthú sa chóras arís.

9.19 Gné amháin de ghníomhaíocht thionsclaíoch dá leithéid is ea neamhchomhlíonadh leis an chigireacht. Measaimid go bhfuil sé seo míshásúil agus nach luíonn leis na caighdeáin riachtanacha chuntasachta agus cothú muiníne an phobail. I ndlínsí eile sa RA, is cion é bac a chur ar an phróiseas iniúchta. De réir an Achta Oideachais 2005, a bhaineann le Sasana agus an Bhreatain Bheag, is "cion é bac a chur ar an Phríomh-Chigire d'aon ghnó maidir le cigireacht scoile" [133]. Mar an gcéanna, déanann Alt 66 den Acht Oideachais (Alba) 1980 [134]gur cion é "má tá duine ar bith ann a chuireann bac go toiliúil ar aon duine atá údaraithe le cigireacht a dhéanamh". Molaimid forálacha comhchosúla a achtú i dTuaisceart Éireann.

---

[133] An tAcht Oideachais 2005, Alt 10(2).
[134] An tAcht Oideachais (Alba) 1980 Alt 66 .

9.20 Tá an fhéinmheastóireacht níos tábhachtaí ná an chigireacht, ar cheart do gach foras oideachais tabhairt faoi ar bhonn rialta. Ba chóir go n-aithneofaí tosaíochtaí feabhsúcháin mar thoradh ar fhéinmheastóireacht. Ba cheart go mbeadh baint ag BoGanna leis na tosaíochtaí seo a dhaingniú agus ba cheart iad a choinneáil ar an eolas go rialta faoin dul chun cinn atá á dhéanamh. Ba chóir go mbeadh an próiseas féinmheastóireachta chomh neamh-mhaorlathach agus is féidir agus an páipéarachas a choinneáil chomh híseal agus is féidir. Ar ndóigh, níl aon chúis nár cheart do scoileanna tacú lena chéile trí shocruithe meastóireachta frithpháirteacha.

## Nuálaíocht agus solúbthacht a chumasú le cineálacha nua institiúide a cheadú

9.21 Is dócha go mbeidh gá le nuálaíocht sa rialachas mar thoradh ar an phróiseas leis an mhéid chéanna a bhaint amach. Is mór an seans go dtarlóidh cónascadh idir scoileanna ó earnálacha éagsúla.

9.22 Tá treoir i bhfeidhm cheana féin ag RO maidir le feidhmiú 'scoileanna comhbhainistithe'[135]. Déileálann an ciorclán reatha, áfach, go sonrach le scoileanna comhbhainistithe eaglasta. Is dóigh linn nach leor é seo maidir le haon chlár um mhéid ceart a sholáthar sa mhéid is go bhféadfadh cásanna a bheith ann ina bhféadfaí scoileanna ó thrí earnáil éagsúla (Rialaithe, faoi Chothabháil agus Imeasctha) a chónascadh. Tá reachtaíocht ann freisin[136] maidir le 'scoileanna pobail'.

9.23 Tá na coincheapa "scoileanna comhbhainistithe" agus "scoileanna pobail" ag teacht go dlúth lena chéile agus samhlaímid réiteach trína bhféadfaí "scoileanna pobail arna gcomhbhainistiú" a bhunú trí chur chuige fíor-ilearnála, ag freastal ar fhoghlaimeoirí agus ar theaghlaigh de gach creideamh agus gan creideamh ar bith. D'oibreodh gach earnáil le chéile ar mhaithe leis an phobal áitiúil. Chuideodh bunú scoileanna pobail nua comhbhainistithe leis an phróiseas pleanála ceantair a dhéanamh níos éifeachtaí agus, ag an am céanna, chuirfí chun cinn comhtháthú sóisialta.

9.24 Cruthóidh an cleachtadh um mhéid ceart go leor cúinsí ina mbeifear ag súil go dtiocfaidh dhá scoil bheag nó níos mó le chéile le scoil níos mó agus níos inbhuanaithe a chruthú a shásóidh na tairseacha rollaí seanbhunaithe. Thiocfadh dó go mbeadh cónascadh ag scoileanna ón earnáil chéanna i gceist leis seo ach is mó an seans go mbeidh roinnt earnálacha éagsúla i gceist leis na moltaí sin. Go minic is í leithéid na scoileanna cónasctha sin an t-aon scoil

[135] Ciorclán 2015/5 ( https://www.education-ni.gov.uk/sites/default/files/publications/de/2015-15-jointly-managed-schools.pdf )

[136] An tOrdú um Athchóiriú Oideachais (Tuaisceart Éireann) 1989 (legislation.gov.uk)

amháin i sráidbhaile nó i gceantar tuaithe. Is dócha gur féidir iad a úsáid le seirbhísí eile a sholáthar, ag comhlíonadh na riachtanas maidir le scoil phobail freisin. Ba chóir don roinn nua, mar sin, nósanna imeachta a chur i bhfeidhm (lena n-áirítear treoir agus soláthar reachtaíochta) a éascaíonn agus a spreagann dhá scoil nó níos mó ó earnálacha éagsúla le cónascadh a dhéanamh le bheith ina pobalscoil faoi chomhbhainistiú.

9.25 Nuair a bhunaítear na scoileanna nua seo mar thoradh ar chónascadh scoileanna ó earnálacha éagsúla, ba cheart go mbeadh ionadaíocht chomhionann ag iontaobhaithe ó na hearnálacha a bhfuil baint dhíreach acu leis ar Bhord na nGobharnóirí. Ina theannta sin, ba cheart go mbeadh ionadaíocht ag an Bhord ón phobal áitiúil, m.sh., gnólachtaí áitiúla, an earnáil dheonach áitiúil, srl. Ba cheart go n-áireofaí ar an bhallraíocht fosta earnálacha oideachais nach bhfuil ionadaíocht acu ar an Bhord cheana féin, ag cinntiú go bhfuil an rialachas ilearnálach ar fad . Ba chóir don roinn nua na ceisteanna seo a chur san áireamh agus ceapacháin á ndéanamh aici. Cé go nglacfaí leis ann gur scoil phobail chomhbhainistithe a bheadh sa scoil nua, is é an Bord a chinnfeadh cineál bainistíochta na scoile.

9.26 Beidh athruithe sa soláthar séú bliain mar thoradh ar an oiriúnú méid. Is féidir, mar shampla, go mbeidh séú bliain ina mbeidh foghlaimeoirí a thugtar le chéile ó níos mó ná earnáil amháin mar chuid de scoil in earnáil ar leith. Beidh gá le socruithe rialachais a leasú le déileáil leis na cúinsí sin. Éileofar athrú reachtaíochta leis seo a chur i bhfeidhm.

9.27 Cé go bhfuil go leor cineálacha scoile i dTuaisceart Éireann, is beag de na difríochtaí a bhaineann le curaclam nó oideolaíocht, mar a chleachtaítear i scoileanna Steiner nó Montessori. Cé go raibh tionscnamh rathúil i gcoitinne maidir le sainscoileanna, níl aon scoil ainmnithe anois mar scoileanna a bhfuil speisialtóireachtaí ar leith acu. In áiteanna eile ar domhan, tá nuálaíochtaí ar siúl le foghlaim atá cumasaithe ag an teicneolaíocht. Is cosúil go mbeidh éileamh ag am éigin ar bhunaíochtaí atá chomh nuálaíoch i dTuaisceart Éireann. Nílimid ag moladh go gcuirfí aon scoil den chineál seo ar bun láithreach ach is dóigh linn gur cheart go n-éascódh reachtaíocht nuálaíocht mar seo amach anseo.

## Cur chuige nua maidir le pleanáil ceantair

9.28 Mar a léiríodh sa chleachtadh um oiriúnú méide, táimid den tuairim go bhfuil an iomarca scoileanna beaga neamh-inmharthana agus an iomarca séú ranganna beaga i dTuaisceart Éireann faoi láthair, cuid acu i scoileanna inmharthana murach sin ach cuid eile i scoileanna atá róbheag. Le dul i ngleic leis an fhadhb seo – a bhfuil gnéithe oideachais agus airgeadais ag baint léi – tá cur chuige

nua de dhíth maidir le pleanáil ceantair. Éilíonn sé seo athruithe ar an bhealach a sheachadtar pleanáil ceantair - sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma araon.

9.29 Cuireann na próisis agus na struchtúir pleanála ceantair atá ann faoi láthair bac ar réitigh nuálacha trasearnála agus cuireann siad bac ar an luas ar féidir le claochlú tarlú. Molaimid go ndéanfaí athchumrú ar líonra na scoileanna le cloí go docht leis na híosthairsigh rollaithe (105/140 do bhunscoileanna tuaithe/uirbeacha, 600 d’iar-bhunscoileanna (gan an séú rang san áireamh) agus 240 do na séú rang) agus le líon na scoileanna le rolluithe ar theorainneacha rollaithe éifeachtacha. Is é an cuspóir ná eispéireas oideachais an fhoghlaimeora a fheabhsú agus inmharthanacht oideachasúil na scoile a ráthú.

9.30 Sa ghearrthéarma, molaimid go mbunófaí Coimisiún Pleanála Neamhspleách a bheadh chun tosaigh maidir le plean uile-Thuaisceart Éireann a fhorbairt do líonra nua scoileanna bunaithe ar ár moltaí maidir le hinbhuanaitheacht chomh maith leis an tsamhail rialachais nua (de chomhbhainistiú. scoileanna pobail). Tá an clár le gréasán na scoileanna a athrú ó bhonn uaillmhianach, fadréimseach agus dúshlánach. Mínítear an tionchar a d’fhéadfadh a bheith aige ar an ghréasán scoileanna atá ann faoi láthair go mion thíos.

9.31 Níl an próiseas togra forbartha reatha agus próiseas pleanála ceantair (rud atá ann, le fírinne) bunaithe ar earnáil oiriúnach leis na hathruithe molta a chur i bhfeidhm. Beidh gá le cleachtadh ar scála mór, faoi cheangal ama, arna bhainistiú ar bhonn neamh-earnála chun an t-athrú céime is gá a bhaint amach.

9.32 Beidh buntáistí ag baint leis an ghréasán athchóirithe scoileanna seo ach beidh gá le hinfheistíocht shuntasach caipitil agus acmhainní. Táthar ag súil go dtógfadh sé suas le 10 mbliana d'fheidhmiú thorthaí an Choimisiúin ar chostas breis agus £1bn, le glanchoigilt de c.£100m ar a mhéad in aghaidh na bliana amach anseo.

9.33 Is faoin roinn nua a bheidh cur i bhfeidhm a leithéid de phlean sa deireadh. Cé go mbeadh an dóchas ann gur le toil gach duine a chuirfí seo i bhfeidhm, is féidir go mbeidh gá le reachtaíocht lena chinntiú gur féidir cinntí a ghlacadh go tráthúil. Níl an easpa luais reatha inghlactha maidir leis an phleanáil, i ngeall ar phróisis agus struchtúir chiotacha. Ba cheart go mbeadh dualgas ar an roinn nua eispéireas éifeachtach oideachais a chinntiú don fhoghlaimeoir agus gréasán éifeachtach scoileanna don cháiníocóir.

9.34 Leis an réiteach níos fadtéarmaí do phleanáil ceantair bhunófaí údarás straitéiseach pleanála aonair, le bheith freagrach as pleanáil leanúnach líonra na scoileanna agus na gcoláistí.

9.35 Is éard atá i gceist le húdarás straitéiseach pleanála amháin a bheith ann ná na freagrachtaí pleanála go léir a dhílsiú in eagraíocht amháin a bhfuil sé de chúram uirthi cur chuige atá dírithe ar an fhoghlaim a sheachadadh. Bheimis ag súil go mbeadh próisis níos sruthlínithe, níos comhsheasmhaí agus níos gasta ann. Cé gur féidir foras mar sin a bhunú ar réimse dóigheanna, molaimid gurb í an roinn nua an t-údarás aonair pleanála is oiriúnaí.

9.36 Ba cheart athruithe eile ar an chreat agus ar an phróiseas polasaí pleanála ceantair a thabhairt ar aghaidh go luath. Ina measc seo tá:

- Athbhreithniú ar an phróiseas MF, lena n-áirítear ligean do scoileanna a gcur chuige i leith roghnú acadúil a athrú gan gá le moladh foirmiúil.
- Leasú a dhéanamh ar an phróiseas le líon iontrála agus rollaithe a shocrú le hailíniú le moltaí maidir le hinbhuanaitheacht agus rolluithe éifeachtúla agus leis an phróiseas a shimpliú.
- Próiseas a chur i bhfeidhm le gan foghlaimeoirí a bhfuil ráiteas RSO acu a mheas mar bhreis-uimhir agus lena chinntiú go bhfaigheann foghlaimeoirí RSO socrúcháin scoile i bhfad roimh na tréimhsí aistrithe.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar oiriúnacht fachtóir maoinithe na scoileanna beaga, i bhfianaise athruithe níos leithne ar thairseacha inbhuanaitheachta.
- Beartas na Scoileanna Inbhuanaithe a athbhreithniú le táscairí nua inbhuanaitheachta a fhorbairt (atá intomhaiste agus ar féidir leo eolas a chur ar fáil do riachtanais phleanála sa todhchaí).

## Creat reachtaíochta nua

9.37 Tá an creat reachtaíochta i dTuaisceart Éireann ró-chasta agus is féidir leis a bheith ró-shainordaitheach. Cuireann sé sin bac ar athrú, rud atá thar a bheith frith-tháirgiúil i bhfianaise an ghá atá le hoideachas a bheith nuálaíoch agus freagrúil i bhfianaise athruithe tapa eacnamaíocha, teicneolaíochta agus sóisialta. Ina theannta sin, beidh gá le hathruithe reachtaíochta, i gcásanna áirithe de chineál bunúsach, i gcás go leor dár moltaí. I gcásanna áirithe, áfach, is féidir dul chun cinn a dhéanamh idir an dá linn sa den chreat reachtach reatha.

9.38 B'fhiú go mór an reachtaíocht atá ann faoi láthair a dhaingniú; chomh fada agus is féidir gach foráil a thabhairt isteach in aon reacht amháin agus ceanglais reachtúla a cuireadh in ionad nó nach bhfuil cuspóir úsáideach a thuilleadh á mbaint as.

9.39 Agus an reachtaíocht chomhdhlúthaithe seo á dréachtú, beidh sé tábhachtach sainiúlacht iomarcach a sheachaint. Níl sé ciallmhar forálacha reachtacha a

chuimsiú ina bhfuil leibhéal ard mionsonraí a éireoidh go tapa as a bheith neamhábhartha nó as dáta. Ba cheart foireann Bille a bhunú láithreach agus é mar aidhm Acht Oideachais Aonair nua a bheith i bhfeidhm taobh istigh de 5 bliana. Chaithfeadh an tAcht nua aon reachtaíocht nua a thagann i bhfeidhm a chur san áireamh agus an Bille á ullmhú.

## Príomh-mholtaí: Rialachas institiúideach

**Cuntasacht a neartú**

**Tá cuntasacht chomhréireach ar mhaithe le foghlaimeoirí, leis an phobal i gcoitinne agus le gach soláthraí oideachais.**

**Ba cheart tacar beart a thabhairt isteach, a chlúdódh gach toradh tábhachtach oideachais atá beartaithe. Cuideoidh measúnuithe caighdeánaithe ó chéim luath na scolaíochta le meastóireacht ar an chóras ina iomláine agus le féinmheastóireacht gach scoil, chomh maith le bheith in úsáid le cuidiú le foghlaimeoirí aonair dul chun cinn a dhéanamh. Tá ról ríthábhachtach ag boird ghobharnóirí in athbhreithniú ríthábhachtach a dhéanamh ar shonraí feidhmíochta dá scoileanna.**

**Is gné riachtanach den chóras cuntasachta í an chigireacht chomh maith le cuidiú le scoileanna le próiseas an fheabhsúcháin leanúnaigh. Ní féidir a cheadú go leanfadh an staid reatha áit nach bhfuil roinnt ball foirne agus scoileanna ag dul i ngleic le réimeas cigireachta COO ar feadh tréimhse sínte. I ndlínsí eile sa RA, is cion é bac a chur ar an phróiseas iniúchta. Ba cheart forálacha cosúla a achtú i dTuaisceart Éireann.**

**Líonra na scoileanna a athchumrú**

**Tá gá le cur chuige nua don phróiseas pleanála ceantair chun gréasán scoile a chruthú a fhreastalaíonn ar riachtanais gach foghlaimeora agus a chothaíonn comhtháthú sóisialta, agus ag an am céanna curaclam cuimsitheach a sholáthar ar bhealach costéifeachtach.**

**Ba cheart go ndéanfadh Coimisiún um Pleanáil Cheantair athbhreithniú ar an ghréasán scoileanna atá i dTuaisceart Éireann faoi láthair. Ba cheart go n-ullmhódh an Coimisiún seo plean do ghréasán athbhreithnithe scoileanna le huimhreacha iontrála agus rollaithe níos éifeachtaí agus níos inbhuanaithe, a bheadh in ann eispéireas curaclaim iomlán a thairiscint do gach foghlaimeoir. Ba cheart athruithe molta a dhéanamh ar líonra na scoileanna ar bhonn a bheadh dall ar cén earnáil atá ann, ag tabhairt tosaíochta do riachtanais na bhfoghlaimeoirí agus d'éifeachtúlacht an tseachadta.**

**Thiocfadh leis an phróiseas seo scoileanna pobail nua comhbhainistithe a chruthú trí scoileanna ó earnálacha éagsúla a chumasc. D'fhéadfaí coigilteas bliantúil uasta de thart ar £100m a ghiniúint le haghaidh ath-infheistíochta san oideachas.**

**San fhadtéarma, ba cheart údarás pleanála aonair straitéiseach a bhunú le maoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt leanúnach an ghréasáin athbhreithnithe seo de scoileanna.**

**Creat reachtaíochta a thabhairt isteach a chumasaíonn nuálaíocht**

**Ba cheart an reachtaíocht atá ann faoi láthair a chomhdhlúthú le hAcht Oideachais Aonair a chruthú a thugann isteach aon reachtaíocht nua a theastaíonn le moltaí na Tuarascála seo a chur i bhfeidhm.**

**Ba cheart go dtabharfadh rialacháin solúbthacht le freastal ar imthosca athraitheacha.**

# CAIBIDIL 10 –CISTIÚ- LEORDHÓTHANACHT, ÉIFEACHTÚLACHT AGUS TIONCHAR

## Infheistiú san oideachas sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma

10.1 Ba cheart breathnú ar oideachas i dTuaisceart Éireann mar infheistíocht ríthábhachtach don tsochaí agus don gheilleagar ar fad. Cuireadh béim ar an phointe seo ar fud na Tuarascála, go háirithe maidir le hoideachas na luath-óige agus laghdú ar mhíbhuntáiste. Cruthaíonn infheistíocht san oideachas torthaí feabhsaithe, tearcghnóthachtáil laghdaithe, agus saolta sásta ina mbaintear úsáid níos fearr as tallann an duine. Mar thoradh air sin, caitear níos lú ar réiteach fadhbanna sóisialta de bharr teip oideachais.

10.2 Tá sé ríthábhachtach d'Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann aitheantas a thabhairt don iliomad cásanna ina bhféadfadh infheistíocht mhéadaithe san oideachas tairbhí iolraitheora a thabhairt do Thuaisceart Éireann. Mar sin féin, má táimid le breathnú ar mhaoiniú oideachais ar an bhealach seo, tá modheolaíocht níos láidre de dhíth orainn le torthaí a rianú, buntáistí a thuiscint agus toradh ar an infheistíocht sin a léiriú. Caithfidh an caiteachas a bheith éifeachtach agus a bheith le feiceáil go bhfuil sé éifeachtach, agus aghaidh a thabhairt gan mhoill ar aon neamhéifeachtúlachtaí aitheanta.

10.3 Tá sé riachtanach go gearrthéarmach aghaidh a thabhairt ar an ghéarchéim airgeadais san oideachas agus a chinntiú go mbaintear úsáid leordhóthanach agus éifeachtúil as an chaiteachas ar oideachas.

10.4 Cé go bhfuil sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar an ghéarchéim airgeadais reatha san oideachas, tá sé ríthábhachtach amharc air mar an chéad chéim. Le lánacmhainneacht an oideachais a bhaint amach, tá gá le straitéis chuimsitheach infheistíochta. Ba cheart go mbeadh sé mar chuspóir fadtéarmach infheistíocht a dhéanamh san oideachas le córas bunathraithe a sholáthar atá in ann cur go hiomlán le feabhas a chur ar shaolta agus cur le rathúnas mhuintir Thuaisceart Éireann ar fad. Is éard atá i gceist leis seo ná athruithe radacacha a chur i bhfeidhm agus cinntí deacra a dhéanamh.

10.5 Leis seo a bhaint amach ní mór infheistíocht fhadtéarmach a dhéanamh agus na moltaí a dhéanaimid tríd an Tuarascáil a sholáthar. Mar sin tá gá le gníomh feabhais gearrthéarmach agus le hinfheistíocht fhadtéarmach.

## Leordhóthanacht an mhaoinithe don oideachas i dTuaisceart Éireann

10.6 I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar an obair a foilsíodh go dtí seo ar an cheist seo agus ár n-anailís féin a bheith curtha i gcrích againn, tháinig muid ar an chonclúid go bhfuil géarchéim airgeadais ann maidir le hoideachas i dTuaisceart Éireann. Ní bheidh sé ina ábhar iontais dóibh siúd atá ag obair san earnáil.

10.7 Tá an t -oideachas i dTuaisceart Éireann thíos le ciorruithe suntasacha i dtéarmaí réadacha le 13 bliana anuas. Tá sé seo fíor thar gach céim den oideachas lena n-áirítear scolaíocht, breisoideachas agus ardoideachas. Is cúis imní ar leith é an fás ar líon na scoileanna a bhfuil easnamh orthu i bhfianaise an tionchair dhíreach ar fhoghlaimeoirí. Tá tionchar buan agus díobhálach ag na ciorruithe seo ar fhoghlaimeoirí agus ní mór iad a aisiompú.

10.8 Faigheann RO agus an córas oideachais poiblí i gcoitinne cuid shuntasach den bhlocdheontas. Ba é buiséad an Teorainn Caiteachais Roinne[137] (DEL) do Thuaisceart Éireann acmhainn neamh-imfhálaithe 2023/24, mar a d'fhógair an Rúnaí Stáit (SoS) i mí Aibreáin 2023[138], ná £14,211.967m. Leithdháileadh leath den bhuiséad seo (£7,300.895m) ar an Roinn Sláinte.

10.9 Bhí an dara leithdháileadh is mó ag RO le 18% de bhuiséad an Fheidhmeannais ( **£2,576.508m** ). Ba **laghdú 2.5% é seo i dtéarmaí airgid** ar bhuiséad na bliana roimhe sin [139]agus bhí bearna mhaoinithe mheasta de thart ar **£300m mar thoradh air** . Déantar beagnach 90% den acmhainn atá ar fáil a dháileadh chuig scoileanna nó caitear é go lárnach ar sheirbhísí a théann chun sochair go díreach do scoileanna. Measann RO brú maoinithe de bhreis is **£500m** in 2024/25. Ó 2010/11, laghdaíodh maoiniú acmhainne i dtéarmaí réadacha [140]de £145m (6%), agus laghdaíodh maoiniú in aghaidh an dalta i dtéarmaí réadacha faoi c. 11% [141].

10.10 Chomh maith leis sin, tacaíonn os cionn 70% de bhuiséad **£772m na Roinne** le scileanna, breisoideachas agus ardoideachas. Ní mór coigilteas iomlán de £75m a baineadh amach in 2022/23 a mheaitseáil in 2023/24. Ní mór don DfE coigilteas breise de £55m a aithint freisin. Is ionann é seo, i ndáiríre, go mbeidh

---

[137] Acmhainn neamh-imfhálaithe Léiríonn Teorainn Caiteachais na Roinne (DEL) an costas leanúnach a bhaineann le seirbhísí a sholáthar (m.sh. pá, costais oibriúcháin agus deontais do chomhlachtaí eile).
[138] Bileog Fíricí Buiséid 2023/24 na Roinne Airgeadais (finance-ni.gov.uk)
[139] Bunaithe ar chomparáid idir buiséad tosaigh 2023/24 de réir Ráiteas Scríofa ón Aire an 27 Aibreán 2023 le buiséad tosaigh 2022/23 de réir Ráiteas Scríofa ón Aire an 24 Samhain 2022 de chuid na SoS.
[140]" fíorthéarmaí" tar éis éifeacht an bhoilscithe a bhaint.
[141] Faisnéis arna soláthar ag RO Finance, bunaithe ar dhíbhoilsceoirí OTI amhail an 30 Meán Fómhair 2022

buiséad tosaigh na Roinne Oideachais do 2023/24 £130m (16%) níos ísle ná mar a ceapadh faoi dhréachtbhuiséad an Aire Airgeadais roimhe seo [142].

10.11 Cé go bhfuil sé deacair comparáidí díreacha a dhéanamh (go háirithe le blianta beaga anuas mar gheall ar thionchar an Covid-19) tá dóthain fianaise ann a thaispeánann, agus maoiniú á chur i gcomparáid de réir foghlaimeora, go bhfuil tearcmhaoiniú suntasach déanta ar chóras oideachais Thuaisceart Éireann le deich mbliana anuas i gcomparáid leo siúd i Sasana, Albain agus sa Bhreatain Bheag. Cuireann sé seo foghlaimeoirí i dTuaisceart Éireann faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid lena bpiaraí i ndlínsí eile.

10.12 Meastar go mbeidh maoiniú in aghaidh an dalta i Sasana in 2023/24 ag £7,460 [143]. Is ionann é sin agus difríocht £450 in aghaidh an dalta i gcomparáid le meastachán Thuaisceart Éireann. Nuair a iolraítear é seo faoi dhaonra na scoile 2022/23 [144], fágann sé bearna mhaoinithe de **£155m** .

10.13 Is fíor fosta go bhfuil neamhéifeachtúlachtaí sa chóras agus d'fhéadfaí úsáid níos éifeachtaí a bhaint as cuid den infheistíocht reatha san oideachas. Mar sin féin , níor cheart áibhéil a dhéanamh faoin scóip le haghaidh coigilteas féideartha. Fiú dá mba rud é gur baineadh amach na coigiltis fhéideartha go léir atá aitheanta againn, bheadh bearna shuntasach maoinithe fós ann.

## Príomhbhrúnna bhuiséid

10.14 Chuimsigh ár gcuid oibre ag ullmhú na Tuarascála seo idirghníomhú le raon leathan den fhórsa saothair oideachais a fhreastalaíonn ar aoisghrúpaí éagsúla agus a oibríonn in earnálacha éagsúla oideachais. Tá sé de chonclúid againn go mbaineann Tuaisceart Éireann leas as fórsa saothair tiomanta a amharcann ar a ról mar ghairm cheart. Ciallaíonn sé seo, ar a sheal, go mbíonn claonadh ag múinteoirí fanacht i róil níos faide agus nach bhfágann siad an ghairm chomh fada agus a fheiceann muid i ndlínsí eile. Fágann sé seo go n-íoctar go leor ball foirne ar barr a scála. Cé go bhfuil tionchar aige seo ar bhuiséid na scoileanna, tá sé ina chomhbhabhtáil riachtanach (agus dearfach) maidir le fórsa saothair a bhfuil taithí agus tiomantas ann.

10.15 Is ionann costas an lucht saothair oideachais agus c. 80% den chaiteachas iomlán ar oideachas (gan caipiteal san áireamh). Le blianta beaga anuas, comhaontaíodh dhá chomhaontú mhóra pá nach raibh ardú comhionann sa

[142] Eolas curtha ar fáil ag Grúpa Scileanna agus Oideachais na Roinne Oideachais.
[143] Maoiniú scoile: Gach rud atá uait - An Mol Oideachais (blog.gov.uk)
[144]Daonra na scoile measta ag 344,925 bunaithe ar dhaltaí naíscoile páirtaimseartha a áireamh mar 0.5 FTE, ag teacht le modheolaíocht IFS. Foinse: Rolluithe bliantúla ag scoileanna agus in oideachas réamhscolaíochta maoinithe i dTuaisceart Éireann 2022/23 | An Roinn Oideachais (education-ni.gov.uk)

bhuiséad mar thoradh orthu. Níl sna comhaontaithe neamh-mhaoinithe seo ach ceann amháin de roinnt fachtóirí a chuir leis an bhrú méadaitheach ar bhuiséad RO.

10.16 Mar a leagadh amach i mír roimhe seo, tá méadú ag teacht ar an éileamh ar idirghabhálacha le haghaidh a thabhairt ar riachtanais foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tá an t-éileamh méadaitheach ar bhuiséad RO faoi cheilte le beagán le blianta beaga anuas mar gheall ar mhaoiniú breise na RO maidir le Covid, ach meastar go dtiocfaidh méadú suntasach air sna blianta amach romhainn. Tá na costais seo ag éirí neamh-inacmhainneachta agus neamh-inbhuanaithe. Má leanann siad ar aghaidh mar a réamh-mheastar, gan athrú ar bheartas nó ar mhaoiniú, beidh tionchar díréireach acu ar an bhuiséad oideachais iomlán. Tá gá le hathchóiriú suntasach beartais lena chinntiú go bhfaigheann foghlaimeoirí an tacaíocht atá de dhíth orthu mar chuid de chreat atá inacmhainne don chóras ina iomláine.

10.17 Tá céatadán na ndaltaí a bhfuil ráiteas acu i dTuaisceart Éireann [145]i bhfad níos airde i gcomparáid leis na daltaí a bhfuil plean EHC acu i Sasana [146](6.8% i gcomparáid le 4.3%). Meastar gur thart ar £136m an costas breise a bhaineann le níos mó daltaí le ráitis i dTuaisceart Éireann, de bhreis ar an bhunchostas a bhaineann le hoideachas a chur ar leanbh i scoil **phríomhshrutha** [147].

## Éifeachtúlacht agus éifeachtacht an chórais

### Líonra na scoileanna

10.18 Tá an líonra scoileanna scrúdaithe againn agus tá sé de thátal againn go gcruthaíonn an chumraíocht reatha neamhéifeachtúlachtaí. Ní hamháin go bhfuil na neamhéifeachtúlachtaí seo mar thoradh ar chuid mhór mhór scoileanna beaga a bheith ann ach tá siad níos measa ag scoileanna a bhfuil rolluithe ceadaithe acu nach dtagann faoi theorainneacha éifeachtacha rollaithe. Tá fadhbanna suntasacha aimsithe againn freisin maidir leis an iomarca ranganna beaga sa séú bliain a bheith ann. Ní hamháin go mbíonn raon teoranta ábhar ar fáil ag an Ardleibhéal ag an iomarca foghlaimeoirí dá bharr seo ach cruthaíonn siad neamhéifeachtúlachtaí fosta.

10.19 Tugann ár n-anailís le fios go bhféadfadh go n-eiseofaí méideanna suntasacha maoinithe a d'fhéadfaí a dháileadh ar líonra na scoileanna nuachumraithe de

[145] rolluithe-bhliantúla-ar-scoileanna-agus-i-réamh-oideachas-réamhscoile-i-tuaisceart_Éireann-2020-21 (education-ni.gov.uk)
[146] Riachtanais speisialta oideachais i Sasana, Bliain acadúil 2022/23 – Déan iniúchadh ar staitisticí oideachais – GOV.UK (explore-education-statistics.service.gov.uk)
[147]Arna ríomh ar bhonn thart ar 9,000 dalta breise le ráitis i dTuaisceart Éireann ar chostas thart ar £15k an foghlaimeoir de bhreis ar mhaoiniú príomhshrutha.

bharr athchumrú líonra na scoileanna. Rinne muid coimisiúnú ar chleachtadh samhaltaithe deisce leis na rialacha seo a chur i bhfeidhm ar fud líonra scoileanna Thuaisceart Éireann, ag glacadh leis go mbeadh cur chuige 'an scoil is gaire' agus/nó 'rollú éifeachtach' i leith ceartchóiriú a bhí 'earnáil-dall'. Tá an mhodheolaíocht don samhaltú seo ar fáil in **Aguisín 4.**

10.20 Tugann an anailís ar an tátal againn gur chóir go mbeadh líonra athchumraithe na scoileanna bunaithe ar na nithe seo a leanas .

- Ní mór cloí go docht leis **na híosuimhreacha rollaithe**[148] mar seo a leanas:
    - Bunscoile – 105 (tuaithe) agus 140 (uirbeach).
    - Iar-bhunscoil (seachas an séú bliain) – 600.
    - Séú Ranganna – 240 (120 foghlaimeoir in aghaidh an ghrúpa bliana).

- Ní mór fócas níos mó a bheith ar líon na gclárúchán ceadaithe "**éifeachtach**"**:**
    - Bunscoileanna - ba chóir go léireodh na huimhreacha rollaithe iolraí de c. 25–30.
    - Iar-bhunscoil - Íosmhéid 600 agus ansin ag eatraimh de c. 150 (a chiallaíonn 150 thar ghrúpaí cúig bliana .i. 30 in aghaidh an ghrúpa bliana).

10.21 Tugann ár samhaltú le fios go bhféadfaí, go teoiriciúil, costais reatha líonra na scoileanna a laghdú de £94m in aghaidh na bliana - maoiniú a d'fhéadfaí a athdháileadh ar fud an ghréasáin scoile atá fágtha chun leasa na bhfoghlaimeoirí go léir. Measaimid go mbeadh gá le thart ar £1bn d'infheistíocht chaipitil thar thréimhse forfheidhmithe 10 mbliana lena chur i bhfeidhm go rathúil. Ba cheart breithniú a dhéanamh fosta ar mhaoiniú acmhainne breise faoi cheangal ama a leithdháileadh le cuidiú leis na scoileanna atá i gceist an t-aistriú riachtanach a dhéanamh go stádas comhbhainistithe scoile pobail. Meastar gur £135m é seo thar an tréimhse fheidhmithe.

10.22 Ní mór dúinn a bheith soiléir gur cleachtadh deisce a bhí sa phróiseas samhaltaithe nár chuir ceisteanna áitiúla san áireamh agus nach léireodh mar sin an plean 'fíorshaoil' a chuirfí i bhfeidhm ar deireadh thiar. Léiriúcháin amháin atá sna figiúirí atá curtha ar fáil. Mar sin féin, creidimid go bhfuil na hathruithe atá tuartha ag an mhúnla ó thaobh líon na scoile agus na séú bliana ionadaíoch ar an méid is féidir a bhaint amach nuair a bhreathnaítear air ag leibhéal líonra.

10.23 Mar thoradh ar an tsamhail is amhlaidh gur cruthaíodh go teoiriciúil:

---

[148] Beidh cúinsí eisceachtúla ann i gcónaí nuair nach féidir é seo a dhéanamh, ach ba cheart go mbeadh na tarluithe seo fíor-annamh.

- 99 bunscoil phobail nua arna gcomhbhainistiú;
- 22 iar-bhunscoil phobail nua arna gcomhbhainistiú; agus
- 56 ranganna nua séú bliain lonnaithe i scoileanna atá ann cheana ach a bhainistítear ar bhonn trasearnála.

10.24 Bheadh gá le hathchumrú den chineál seo a phleanáil ar bhonn neamh-earnála agus mar sin d'fhéadfadh go gcuirfí srian le hinfhaighteacht áiteanna i scoil in earnáil amháin ach é a leathnú in earnáil eile lena chinntiú go gcloítear le teorainneacha rollaithe éifeachtacha nuair is féidir. Mar sin, d'fhéadfadh sé seo srian a chur ar rogha na dtuismitheoirí ag leibhéal áitiúil go pointe áirithe.

10.25 Beidh gá le gníomh mórscála, faoi cheangal ama, arna bhainistiú ar bhonn neamh-earnála leis an athrú céime atá beartaithe a bhaint amach. Mar sin, bheifí ag súil go gcuirfeadh Coimisiún Pleanála Ceantar Neamhspleách a phlean ar fáil don RO laistigh de 2 bhliain óna bhunú. Ansin bheadh ar RO pleananna forfheidhmithe a leagan amach.

10.26 Sula ndéanfaí é seo ar fad, ba cheart don RO bogadh le líon beag tionscadal píolótach a chur i bhfeidhm trí chomhaontú trasearnála.

## Iompar

10.27 Is dóigh linn go bhfuil an polasaí iompair baile-go-scoil reatha ró-fhlaithiúil agus, sa timpeallacht airgeadais reatha, nach bhféadfaí íoc as. Cuirtear iompar baile-go-scoil ar fáil do thart ar 88,000 leanbh ar chostas c. £91.4m in aghaidh na bliana (amhail 2020/21). Tháinig ardú 19.8% ar chostais idir 2016/17 agus 2020/21. Measann an EA gur £122.3m an caiteachas do 2023/24, rud a léiríonn treocht leanúnach ardaithe i gcostais.

10.28 Molaimid go dtabharfaí isteach samhail táillí ar iompar baile-go-scoil, le cosaintí cuí de réir trí phrionsabal leathana:

- Ba chóir go mbeadh díolúintí cuí ann d'fhoghlaimeoirí PTA.
- Ba cheart go mbeadh díolúine ag foghlaimeoirí a fhreastalaíonn ar scoileanna speisialta agus ag foghlaimeoirí RSO a bhfuil riachtanais aitheanta iompair acu.
- Níor cheart fóirdheontas a thabhairt d'fhoghlaimeoirí sa chás gur roghnaigh siad gan freastal ar an scoil is gaire dá rogha féin.

10.29 Measaimid gurb é an t-uasmhéid coigiltis a d'fhéadfaí a ghiniúint ná tuairim is £10m go £20m in aghaidh na bliana.[149]

[149] Bunaithe ar áirimh a chuir an tÚdarás Oideachais ar fáil don Phainéal.

10.30 San fhadtéarma, agus le nascadh le hathruithe níos leithne ar na struchtúir le scoileanna a bhainistiú agus le tacú leo, b'fhiú athbhreithniú a dhéanamh ar an tsamhail seachadta reatha.

## Riar an oideachais – éifeachtúlacht

10.31 Tá buntáistí ag baint le riaradh an oideachais a chuíchóiriú agus cuíchóiriú a dhéanamh ar chomhlachtaí páirtspleácha. Mar sin féin, tá teorainn leis an choigilteas a d'fhéadfaí a bhaint amach, go háirithe má ghlactar leis go bhfanfadh na feidhmeanna atá á soláthar acu faoi láthair agus go ndéanfaí iad a sholáthar ag comhlacht eile.

10.32 Baineann an tsaincheist is tábhachtaí maidir le cuíchóiriú riaracháin le héifeachtúlacht ár n-institiúidí oideachais a bhainistiú, a phleanáil agus tacú leo. Mar sin, moladh údarás aonair freagrach as fostaíocht agus seirbhísí tacaíochta eile idirbheartaíochta agus aon údaráis pleanála amháin faoi leith. Laghdódh cuíchóiriú den sórt sin castacht, d'fheabhsódh sé riarachán agus chruthódh sé tacaíocht níos fearr d'oideachasóirí.

## An clár caipitil

10.33 Tá brú mór ar an chlár caipitil le blianta beaga anuas mar gheall ar bhuiséad seasta agus costais mhéadaitheacha an mhargaidh tógála. Tharla sé seo le linn éileamh méadaitheach, go háirithe ar áiteanna a bhaineann le RSO i scoileanna speisialta agus príomhshrutha a ghlac an chuid is mó den bhuiséad mionoibreacha isteach. Ina theannta sin, tá infheistíocht shuntasach de thart ar £256m de dhíth ar an bhonneagar TFC atá as dáta ar fud eastát na scoileanna thar na 6 go 8 mbliana atá romhainn faoin chlár EdIS.

10.34 Lean na hAirí ag fógairt tionscadail chaipitil nua in ainneoin na mbrúnna reatha agus na brúnna atá ag teacht chun cinn. Ag glacadh leis go mbeidh leithdháileadh caipitil leanúnach ar RO de mhéid comhchosúil leis an méid a leithdháileadh le blianta beaga anuas, tógfaidh sé os cionn 40 bliain do gach tionscadal caipitil fógartha a thógáil.

10.35 Mar sin tá sé de chonclúid againn nach féidir an clár caipitil mar atá sé cumraithe faoi láthair a sholáthar. Ba cheart tionscadail nach bhfuil in ann luach ar airgead a léiriú go soiléir (VfM) a athchumrú lena chinntiú go dtig leo luach ar airgead a léiriú nó ba cheart iad a bhaint den chlár.

10.36 In Imleabhar 2, dírímid ar champas oideachais comhroinnte Strule mar shampla amháin den sórt sin de thionscadal nach bhfuil na tairbhí gar do chostas an

tionscadail a chosaint. Bíonn tionchar díréireach, díobhálach aige seo ar chodanna eile den eastát oideachais a dteastaíonn infheistíocht chaipitil uathu go práinneach. Molaimid go gcuirfí deireadh láithreach leis an chlár Strule agus go n-aistreofaí acmhainní Fresh Start chuig tionscadail oideachais eile nach bhféadfaí, faoi na cúinsí reatha, a mhaoiniú ó bhuiséad caipitil neamhleor na RO.

10.37 Éilíonn clár Fresh Start, lena n-áirítear Strule, £837m lena chríochnú. Meastar gur £412 an tsuim a thabharfaidh Rialtas na RA. Cé nach bhfuil aon bhuiséad caipitiúil leagtha amach go fóill, má ghlacaimid leis nach mbeidh aon athrú ar an bhuiséad (cosúil le leibhéil 2023/24), más fúinn gach uile thionscadal beartaithe a chur chun tosaigh, beidh ar an Fheidhmeannas £60m breise a chur ar fáil in 2024/25, £79m in 2025/26 agus £256 milliún sna blianta eile ina dhiaidh sin. Mura bhfuil cistiú Feidhmeannais ar fáil, agus sin é is dóichí maidir leis an phlé reatha faoin bhuiséad, bheadh brú ollmhór ar bhuiséad caipitiúil na RO. Tionscadal Strule amháin meastar go mbeidh £170m de mhaoiniú caipitiúil breise RO (nach mbaineann le Fresh Start) i dtréimhse trí bliana agus dá ndéanfaí sin a dháileadh, bheadh tionchar aige ar an bhuiséad mionoibreacha agus tionchar dá réir ar a lán scoileanna eile. Lena chur i gcomhthéacs, tá gá le £55m d’oibreacha nach féidir a sheachaint i ngach bliain díobh seo.

10.38 Molaimid deireadh a chur láithreach le clar Strule agus acmhainní Fresh Start a chur i dtreo tionscadail eile oideachais nach féidir a mhaoiniú ó bhuiséad neamh-leordhóthanach reatha na RO, faoi na dálaí reatha.

10.39 Chomh maith leis sin tá gá le hath-thosaíocht láithreach a dhéanamh ar chlár infheistíochta caipitil reatha RO. Ba cheart go mbeadh tosaíocht ag na nithe seo a leanas leis seo:

- Oibreacha SEN – i scoileanna speisialta agus príomhshrutha araon; agus
- an clár cuíchóirithe a cuireadh in iúl níos luaithe sa chaibidil seo.

10.40 Molaimid go bhfuil gá le leithdháileadh caipitil breise de £25m in aghaidh na bliana do gach ceann de na 5 bliana amach romhainn leis na mionoibreacha a theastaíonn le déileáil le riachtanais bhonneagair na n-uimhreacha méadaithe daltaí a bhfuil ráiteas riachtanas oideachais acu a chur i bhfeidhm. Mar a dúradh cheana, meastar go mbeidh costais chaipitil de £1bn ag baint leis an chlár cuíchóirithe ar an líonra scoileanna thar thréimhse 10 mbliana.

10.41 Is éard a bheidh i gceist le hath-thosaíocht den sórt sin gan dabht ná cealú nó cur siar fadtéarmach na dtionscadal caipitil atá fógartha ach nach bhfuil seachadta fós.

## Tionchar a thomhas

10.42 Má tá luach le tabhairt ar oideachas mar infheistíocht don tsochaí i gcoitinne, ba chóir caitheamh leis mar sin. Is éard atá i gceist leis sin ná faisnéis níos fearr a bhailiú ar ár gcaiteachas agus ar thionchar ár n-infheistíochta. Mar sin, ba cheart dúinn díriú ar thorthaí na hinfheistíochta a thomhas, ár gcaiteachas a athbhreithniú agus a athmheasúnú chun na cleachtais is fearr a ionchorprú, agus socruithe praiticiúla a chur i bhfeidhm le héifeachtúlacht a fheabhsú. D'fhéadfadh go mbeadh gá freisin le comhpháirtíochtaí foirmiúla a bhunú leis an saol acadúil chun cláir, beartais agus caiteachas a mheasúnú go comhsheasmhach.

10.43 Ba chóir don RO athbhreithniú a dhéanamh ar an chaiteachas reatha ar fad lena chinntiú go bhfuil sé ag teacht le cuspóirí beartais agus go seachadtar torthaí dearfacha. Ní mór maoiniú a sholáthar do scéimeanna a bheith faoi réir táscairí cuí rathúlachta a bhaint amach. Ba cheart go mbeadh an clár athbhreithnithe seo ina phróiseas rialta, leanúnach atá dírithe go dícheallach ar luach ar airgead a chinntiú in infheistíochtaí.

10.44 Tá ceisteanna praiticiúla freisin maidir leis an dóigh a gcaitear an buiséad oideachais. Ar leibhéal straitéiseach, is sainairíonna é an buiséad oideachais a bheith ag brath ar leithdháiltí i rith na bliana (trí bhabhta monatóireachta). Cruthaíonn an éiginnteacht seo deacracht sa phleanáil fhadtéarmach. Déantar é seo níos measa fós trí úsáid a bhaint as timthriallta buiséid 12 mhí, atá casta de bharr na coinbhleachta idir an bhliain acadúil agus an bhliain airgeadais.

10.45 Ba le haghaidh na mblianta airgeadais 2011/12 go 2014/15 a bhí an socrú buiséid ilbhliantúil deiridh. Ó shin i leith, is buiséid 1 bhliana a bhí ann[150]. Tá níos mó cinnteachta de dhíth ar an oideachas agus an cumas pleanáil a dhéanamh thar thodhchaí ilbhliantúil. Ba chóir go gcuideodh sé seo le ceapadh polasaí agus le seachadadh seirbhíse agus le cuidiú le pleanáil fhadtéarmach. Is é córas lánmhaoinithe an chéad chéim thábhachtach, ach ba cheart go dtacódh sé seo leis an fhilleadh ar thimthriallta buiséid ilbhliantúla agus trí infheistíocht fhadtéarmach. Is dócha go rachadh cur chuige dá leithéid chun tairbhe do raon ranna agus seirbhísí rialtais.

10.46 Seachas buiséid a bhainistiú agus acmhainní a leithdháileadh, baineann pleanáil chuí freisin le freagrúlacht an oideachais a chinntiú do riachtanais athraitheacha na sochaí agus na heacnamaíochta agus dul chun cinn teicneolaíochta. Tá sé seo fíor go háirithe agus an curaclam á phleanáil agus ag seachadadh seirbhísí. Is féidir le hoideachas éirí níos freagraí ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear trí infheistíocht a dhéanamh ina chumas teicniúil agus

[150] Pleananna buiséid | An Roinn Airgeadais (finance-ni.gov.uk)

an gá atá le feidhm faire na fáistíne a ghlacadh i ndáiríre, rud a chuireann ar a chumas pleanáil agus ullmhú le haghaidh athruithe. Ba cheart go mbeadh an cumas ag feidhm lárnach "faisnéise" oideachais rochtain a fháil ar thaighde le cinntí eolasacha a dhéanamh, le faireachán a dhéanamh ar chláir agus le caiteachas a cheistiú.

## Príomh-mholtaí: Maoiniú

| Infheistiú san oideachas |
| --- |
| **Is é an t-oideachas an infheistíocht aonair is tábhachtaí i dtodhchaí na sochaí agus an gheilleagair. Cruthóidh méadú ar an leibhéal infheistíochta reatha coigilteas amach anseo i réimsí mar shláinte, leas agus ceartas coiriúil.**<br><br>**Ba chóir don Fheidhmeannas an buiséad acmhainní oideachais bliantúil a mhéadú láithreach de £155m le haghaidh a thabhairt ar an bhearna mhaoinithe in aghaidh an dalta le Sasana agus leis an Bhreatain Bheag.**<br><br>**Tá easnamh breise £136m aitheanta againn a bhaineann le leibhéil níos airde foghlaimeoirí a bhfuil ráiteas riachtanas oideachais acu i dTuaisceart Éireann i gcomparáid le Sasana. Is dócha go mbeidh gá le hathstruchtúrú a dhéanamh ar na próisis idirghabhála atá ann faoi láthair chomh maith le leithdháileadh breise le freastal ar chuid éigin den bhearna mhaoinithe seo leis na riachtanais seo a shásamh ar bhealach inacmhainne.**<br><br>**Ina theannta sin, molaimid leithdháileadh caipitil breise de £25m (os cionn leibhéil reatha an bhuiséid chaipitil go ceann tréimhse measta 5 bliana) le haghaidh a thabhairt ar riachtanais reatha i soláthar áiseanna RSO i scoileanna speisialta agus príomhshrutha araon.**<br><br>**Chomh maith leis an mhaoiniú breise a luadh thuas leis an bhearna airgeadais a líonadh le dlínsí eile agus le moltaí na tuarascála seo a chur i bhfeidhm, tá gá le hinfheistíocht san oideachas le moltaí na tuarascála seo. Éileoidh sé seo Straitéis Infheistíochta Oideachais faoi stiúir an Fheidhmeannais. Ba cheart an maoiniú breise seo a chur ar fáil de réir a chéile thar na blianta atá le teacht trí leithdháiltí breise buiséid agus trí chur i bhfeidhm na moltaí sa Tuarascáil seo a chruthóidh éifeachtúlachtaí.**<br><br>**Ba cheart don RO infheistíocht a dhéanamh i bhfeidhm "faisnéise" oideachais, ag cinntiú go bhfuil an cumas teicniúil agus rochtain chuí ar thaighde le cinntí eolasacha a dhéanamh, faire na fáistine, sonraí a bhailiú, monatóireacht a dhéanamh ar chláir, caiteachas a cheistiú agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a ghiaráil.**<br><br>**Ba cheart don Fheidhmeannas buiséid ilbhliantúla a chur i bhfeidhm don oideachas.** |

# FORLÉARGAS AR MHOLTAÍ

Leagtar amach sna táblaí thíos gach ceann de na príomh-mholtaí agus áirítear leo an príomhghníomhaire seachadta atá beartaithe, na costais a d'fhéadfaí a bheith ann (agus na boinn tuisceana a théann leo) agus na scálaí ama a bhfuiltear ag súil leo. Tá tuilleadh faisnéise faoi na moltaí le fáil in Imleabhar 1 nó sna caibidlí sonracha dá dtagraítear in Imleabhar 2.

Táimid i ndiaidh na moltaí a ghrúpáil i dtrí réimse.

- Infheistíocht a dhéanamh san aistear oideachais.
- Infheistíocht a dhéanamh i dtacaíocht dár bhfoghlaimeoirí, oideachasóirí agus tuismitheoirí.
- Infheistíocht a dhéanamh sa chóras oideachais agus i struchtúir.

Níl sé i gceist go gcuirfí tosaíocht in iúl mar gheall ar ord na moltaí. Tá siad chomh tábhachtach céanna. Níl sna táblaí seo ach "príomhmholtaí". Mar a mhínítear, cuireann Imleabhar 2 (agus **Aguisín 6** ) liosta níos iomláine ar fáil de na moltaí go léir, ach níl costas orthu seo go léir.

Maidir le príomhghníomhaire seachadta, is minic a chuirtear síos air seo mar "Roinn" a chiallaíonn an roinn aontaithe nua a bheadh freagrach as gach gné den fhoghlaim agus de na scileanna.

Tá iarracht déanta againn costais táscacha (nó coigilteas) a sholáthar agus míniú a thabhairt ar na boinn tuisceana is bun leis na ríomhanna seo. Ar ndóigh, soláthraítear tuilleadh faisnéise ar ár dtoimhdí sna rannáin ábhartha in Imleabhar 1 nó Imleabhar 2. Is meastacháin iad na costálacha go léir. Tá go leor réimsí ina bhfuil costais faoi réir athbhreithnithe agus athrófar iad ag brath ar chinntí maidir le ceapadh nó cur i bhfeidhm beartais. Mar a luadh, níl moltaí níos leithne san áireamh sna táblaí. Mar sin de, níl macalla ar na costais nó na coigiltis atá bainteach leis na moltaí níos leithne sin.

Mar an gcéanna, tá na scálaí ama táscach. Éileoidh go leor moltaí reachtaíocht le go gcuirfear i bhfeidhm go hiomlán iad agus go bhféadfadh an t-amchlár reachtach a bheith ina shrian suntasach ar sheachadadh.

## Infheistiú san aistear oideachais

| Uimh | Moladh | Ceanneagraíocht | Costais Táscacha[151] | | Toimhdí Costála | Scálaí ama | Tagairt imleabhar 2 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | íosmhéid | Uasmhéid | | | |
| **1** | Aois na rannpháirtíochta oideachais a ardú | Roinn | £15m | £15m | Glactar leis go bhfanfadh leath de na daltaí a fhágann an t-oideachas faoi láthair i ndiaidh GCSE ar scoil agus go rachadh leath acu ar an choláiste breisoideachais. | Laistigh de 2 bhliain | Caibidil 4 |
| **2** | Oideachas luathbhlianta a leathnú | Roinn | £18m | £110m | Íosmhéid: leanaí faoi mhíbhuntáiste 2 bhliain d'aois ag fáil 12.5 uair in aghaidh na seachtaine.<br>Uasmhéid: gach leanbh 2 bhliain d'aois ag fáil 20h in aghaidh na seachtaine. | Cur chuige céimnithe le leathnú iomlán laistigh de 10 mbliana. | Caibidil 1 |
| **3** | Deis a thabhairt do gach duine rochtain a fháil ar bhunoideachas saor in aisce ar feadh a saoil | Roinn | £6m | £10m | Is deacair éileamh cruinn a mheas. 8,000 foghlaimeoir measta sa bhliain agus glacadh idir 50% agus 66% i gceist. | Laistigh de 5 bliana | Caibidil 6 |
| **4** | Tabhairt faoi athchóiriú mór ar an churaclam agus é a choinneáil faoi | Roinn/ Gníomhaireacht Churaclaim | - | - | Beidh costais oibriúcháin ag brath ar chinntí ar athruithe curaclaim. Níl aon chostais san áireamh. | Laistigh de 3 bliana | Caibidil 4 & 5 |

[151] per annum mura luaitear é.

| **Uimh** | **Moladh** | **Ceanneagraíocht** | **Costais Táscacha[151]** | | **Toimhdí Costála** | **Scálaí ama** | **Tagairt imleabhar 2** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **íosmhéid** | **Uasmhéid** | | | |
| | athbhreithniú leanúnach | | | | Costais forbartha idir £5m-£7.5m sainaitheanta i moladh 13. | | |
| **5** | An próiseas aistrithe a athrú | Roinn | - | - | Níor sainaithníodh aon chostais bhreise. | Laistigh de 3 bliana | Caibidil 5 |
| **6** | Cosáin nua curaclaim a sholáthar do chách ag 14 | Roinn/ Gníomhaireacht Curaclaim / Coláistí Breisoideachais | - | - | Chuirfí costas ar chinntí an curaclam a athrú ina gceart féin. | Laistigh de 5 bliana | Caibidil 5 |
| **7** | A chinntiú go dtacaíonn measúnú le dul chun cinn | Roinn/CCEA | £1.5m | £5m | D'fhéadfadh costais idir £1m-£2m in aghaidh na bliana a bheith i gceist le socruithe reachtúla nua a chur i bhfeidhm.<br><br>D'fhéadfaí costais a fhritháireamh in aghaidh an chaiteachais reatha ó bhuiséid na scoile (c£2m-£5m in aghaidh na bliana). | Laistigh de 3 bliana | Caibidil 4 & 5 |
| **8** | An tSeirbhís Gairmeacha a athchóiriú le tuiscint ar shaol na hoibre a chur chun cinn | Roinn/ Seirbhís Gairmeacha | - | - | Níor sainaithníodh aon chostais bhreise. | Laistigh de 2 bhliain | Caibidil 2, 4, 5, 6 & 7 |

| **Ui mh** | **Moladh** | **Ceanneagraí ocht** | **Costais Táscacha[151]** | | **Toimhdí Costála** | **Scálaí ama** | **Tagairt imleabhar 2** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **íosmhéid** | **Uasmhéid** | | | |
| **9** | Tallann áitiúil a choinneáil | Roinn | £18m | £18m | Glacadh le hardú 10% ar MASN. | Laistigh de 10 mbliana | Caibidil 6 |

## Infheistíocht a dhéanamh i dtacaíocht dár bhfoghlaimeoirí, oideachasóirí agus tuismitheoirí

| Uimh | Moladh | Ceanneagraíocht | Costais Táscacha[152] | | Toimhdí Costála | Scálaí ama | Tagairt imleabhar 2 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | íosmhéid | Uasmhéid | | | |
| **10** | Infheistiú san oideachas | Feidhmeannas Thuaisceart Éireann | £155m | £155m | Is é an bhearna mhaoinithe idir Tuaisceart Éireann agus Sasana (ar bhonn an dalta) ná c£155m. | Láithreach | Caibidil 10 |
| | | | £20m | £10m | Coigiltis fhéideartha i ngeall ar mhúnla muirir don iompar baile go scoil | | |
| | | | Caipiteal £25m[153] | Caipiteal £25m[154] | Bunaithe ar anailís ar threochlaontaí caiteachais ar mhionoibreacha RSO | | |
| **11** | Tacaíocht RSO a athrú chun freastal go cothrom ar riachtanais gach foghlaimeora | Roinn/ÚO | £136m | £136m | Is é an bhearna mheasta RSO idir Tuaisceart Éireann agus Sasana ná c£136m.<br><br>Cosnaíonn Cúntóirí Ranga Iomlán (CA) £176m faoi láthair. Glacadh leis an aistriú go dtí níos lú CA agus | Obair le tosú láithreach.<br><br>Dearadh Clár Fórsa Saothair laistigh de 6 mhí | Caibidil 3 |

[152] per annum mura luaitear a mhalairt
[153] Tréimhse 5 bliana.
[154] Tréimhse 5 bliana.

| Uimh | Moladh | Ceanneagraíocht | Costais Táscacha[152] | | Toimhdí Costála | Scálaí ama | Tagairt imleabhar 2 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | íosmhéid | Uasmhéid | | | |
| | | | | | níos mó sainmhúinteoirí / tacaíocht ghairmiúil. | | |
| **12** | Cuir luach ar an bhfórsa oideachais | Roinn | £5m | £10m | Forbairt ghairmiúil bhreise. | Láithreach | Caibidil 7 |
| **13** | Sainchomhairle churaclam a sholáthar | Roinn/ Tascfhórsa Curaclaim / Gníomhaireacht Churaclaim | £5m | £7.5m | Costas foirne an Tascfhórsa Curaclaim | Tús láithreach le clár oibre tosaigh 3 bliana don Tascfhórsa. Gníomhaireacht le teacht i bhfeidhm le linn na tréimhse sin. | Caibidil 4 |
| **14** | Éascú a dhéanamh ar idirghabhálacha atá dírithe ar an fhoghlaimeoir | Roinn | - | - | EA leasaithe. D'fhéadfadh costais aonuaire a bheith i gceist ach ní mheastar go mbeidh aon chostais leanúnacha bhreise i gceist. | Laistigh de 2 bhliain | Caibidil 8 |

| Uimh | Moladh | Ceanneagraíocht | Costais Táscacha[152] | | Toimhdí Costála | Scálaí ama | Tagairt imleabhar 2 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | íosmhéid | Uasmhéid | | | |
| **15** | Tacaíocht bhreise a thabhairt le ligean do thuismitheoirí dul i mbun oibre | Feidhmeannach | - | - | Nascann sé seo leis an gheilleagar, mar sin ní costais bhreise don bhuiséad oideachais. | Láithreach | Caibidil 1 |
| **16** | Tosaíocht a thabhairt don fholláine | Roinn | £5m | £10m | Costas measta na seirbhísí breise. | Laistigh de 2 bhliain | Caibidil 3 |
| **17** | Míbhuntáiste a chomhrac | Roinn | £10m | £20m | Costas measta na moltaí Tús Cóir ábhartha. | Laistigh de 3 bliana | Caibidil 2 |

## Infheistíocht a dhéanamh sa chóras oideachais agus i struchtúir

| Uimh | Moladh | Ceanneagraíocht | Costais Táscacha[155] | | Toimhdí Costála | Scálaí ama | Tagairt imleabhar 2 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **íosmhéid** | **Uasmhéid** | | | |
| **18** | Roinn amháin a bhunú don aistear oideachais ar fad | Feidhmeann as Thuaisceart Éireann | - | - | Níltear ag súil le costais bhreise leanúnacha ná le coigilteas. | Laistigh de 6 mhí | Caibidil 8 |
| **19** | Socruithe bainistíochta scoile a leasú | Roinn | - | - | Níltear ag súil le costais bhreise leanúnacha ná le coigilteas. | Bainistíocht Earnála Rialaithe – láithreach.<br><br>Údarás Aonair – laistigh de 2 bhliain | Caibidil 8 |
| **20** | Líonra na scoileanna a athchumrú | Roinn/ Coimisiún Pleanála Neamhspleách | -£48.7m in aghaidh na bliana | -£33.6m in aghaidh na bliana | Glactar leis idir c. 50% c. 66% de choigilteas féideartha aitheanta bainte amach ag deireadh an phróisis.<br><br>Nóta: glactar le costas aonuaire de c£1bn caipitil agus £135m thar thréimhse 10 mbliana i dtaca leis an phlean a chur i bhfeidhm ina iomláine. | Tréimhse pleanála 2 bhliain.<br><br>Tréimhse seachadta 10 mbliana. | Caibidil 10 |

[155] per annum mura luaitear a mhalairt.

| **Uimh** | **Moladh** | **Ceanneagraíocht** | **Costais Táscacha[155]** | | **Toimhdí Costála** | **Scálaí ama** | **Tagairt imleabhar 2** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **íosmhéid** | **Uasmhéid** | | | |
| **21** | Foghlaimeoirí ag foghlaim le chéile a chur chun cinn | Roinn | | | Gan aon chostais bhreise ná coigilteas ó leibhéal reatha an chaiteachais. | Láithreach | Caibidil 5, 8 & 9 |
| **22** | Earnáil coláistí atá éifeachtach ó thaobh costais de, faoi bhláth agus a bhfuil luach ar airgead aici a chur chun cinn | Roinn | -£58m in aghaidh na bliana | -£44m in aghaidh na bliana | Coigilt teoiriciúil féideartha arna ríomh ag baint úsáide as tagairt do thagarmharcáil chostais choláiste na Breataine Móire. | Laistigh de 3 bliana | Caibidil 6 |
| **23** | Úsáid bearta leathana ratha | Roinn/ETI | - | - | Gan aon chostais/coigilteas leanúnacha substaintiúla breise. | Láithreach | Caibidil 5 |
| **24** | Cuntasacht a neartú | Roinn/ETI | - | - | Gan aon chostais/coigilteas leanúnacha substaintiúla breise. | Láithreach | Caibidil 8 & 9 |
| **25** | Creat reachtaíochta a thabhairt isteach a chumasaíonn nuálaíocht | Roinn | - | - | Gan aon chostais/coigilteas leanúnacha substaintiúla breise tar éis reachtaíocht a thabhairt isteach. | Laistigh de 5 bliana | Caibidil 9 |

# GLUAIS TÉARMAÍ

| | |
|---|---|
| **AD** | Acmhainní Daonna |
| **ADC** | An Aireacht Dlí agus Cirt |
| **AE** | An tAontas Eorpach |
| **AEP** | Síceolaí Cúnta Oideachais |
| **ALB** | Comhlacht ar Neamhthuilleamaí |
| **ALC** | Pobal Foghlama Ceantair |
| **AMH** | Gníomh Meabhairshláinte |
| **AO** | Ardoideachas |
| **ARP** | Athbhreithniú ar Riarachán Poiblí |
| **ASB** | Buiséad Comhiomlánaithe na Scoileanna |
| **AWPU** | Aonad Dalta Ualaithe ó Thaobh Aoise |
| **BG** | Bord Gobharnóirí |
| **BO** | Breisoideachas |
| **BOO** | Bord Oideachais agus Oiliúna |
| **CAFRE** | An Coláiste Talmhaíochta, Feirmeoireachta agus Oideachais Tuaithe |
| **CAMHS** | Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh |
| **CBO** | Coláiste Breisoideachais |
| **CCP** | An Coiste um Chuntais Phoiblí |
| **CCSM** | An Chomhairle Curaclaim, Scrúduithe agus Measúnachta |
| **CCSS** | Cumann na gCeannairí Scoile agus Coláiste |
| **CDR** | Tuairisceán sonraí comhdhlúite |
| **CEIAG** | Oideachas, Eolas, Comhairle agus Treoir faoi Ghairmeacha |
| **CES** | An Lárionad um Sheirbhísí Éifeachtacha |
| **CFB** | Córas Faisnéis Bhainistíochta |
| **CL** | Coibhéis Lánaimseartha |
| **CLG** | Cumann Lúthchleas Gael |
| **CMGTÉ** | An Chomhairle Mhúinteoireachta Ghinearálta do Thuaisceart Éireann |
| **CMIML** | An Clár um Measúnú Idirnáisiúnta Mac Léinn |
| **CnaG** | Comhairle na Gaelscolaíochta |
| **CNC** | An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí |
| **CO** | Corpoideachas |
| **COA** | Cumann an Oideachais Ardchaighdeáin |
| **COO** | Cigireacht Oideachais agus Oiliúna |
| **CÓTÉ** | Comhairle Óige Thuaisceart Éireann |
| **CPTSD** | Neamhord casta strus iarthrámach |
| **CR** | Cúntóir ranga |

| | |
|---|---|
| **CREU** | Ionad Taighde ar Thearcghnóthachtáil Oideachais |
| **CRSO** | Comhordaitheoir Riachtanais Speisialta Oideachais |
| **CSCC** | Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil |
| **CSE** | Ciste Sóisialta na hEorpa |
| **CSÉ** | Cumann Sacair na hÉireann |
| **CTÉLDÓ** | Coimisinéir Thuaisceart Éireann um Leanaí agus Daoine Óga |
| **CTÉOI** | Comhairle Thuaisceart Éireann um Oideachas Imeasctha |
| **CTR** | Comhalta den Tionól Reachtach |
| **CTSR** | Comhairle Tacaíochta na Scoileanna Rialaithe |
| **DEL** | Teorainn Chaiteachais na Roinne |
| **DP** | Moladh Forbartha |
| **EC** | Eochairchéim |
| **ECFE** | An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta |
| **EdIS** | Réitigh Faisnéise Oideachais |
| **EFTS** | Scoláire lánaimseartha coibhéiseach |
| **EILSA** | An Ghníomhaireacht Luath-Idirghabhála agus Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí |
| **EMA** | Liúntas Cothabhála Oideachais |
| **EOECNA** | Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe |
| **EOTAS** | Oideachas ar shlí seachas ar scoil |
| **ERAP** | Plean Gníomhaíochta um Théarnamh Eacnamaíoch |
| **ESOL** | Teagasc an Bhéarla do Lucht Labhartha Teangacha Eile |
| **ETIM** | Eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic |
| **EWC** | Comhairle an Lucht Oibre Oideachais |
| **EYFS** | Bonnchéim na Luathbhlianta |
| **FBC** | Cás Gnó Iomlán |
| **FESR** | Tuairisceán Staitistiúil Breisoideachais |
| **FGL** | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach |
| **FM** | Meabhrán Airgeadais |
| **FMC** | Foirmle Mhaoinithe Choitinn |
| **FNES** | An Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta |
| **FNTO** | An Fhondúireacht Náisiúnta um Thaighde Oideachais |
| **FPC** | Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint |
| **FSM** | Béilí scoile saor in aisce |
| **FSME** | Teidlíocht béile scoile saor in aisce |
| **FSO** | Foghlaim don Saol agus don Obair |
| **GBANI** | Cumann na gComhlachtaí Rialaithe Tuaisceart Éireann |
| **GG** | Gairmoideachas agus Gairmoiliúint |
| **GL** | Foghlaim Granada |
| **GTÉST** | Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staidreamh agus um Thaighde |

| | |
|---|---|
| **HESA** | An Ghníomhaireacht um Staidreamh Ardoideachais |
| **HM** | A S(h)oilse |
| **HNC** | Ardteastas Náisiúnta |
| **HND** | Ard-Dioplóma Náisiúnta |
| **HQCE** | Ardchaighdeán, Cost-Éifeachtúil |
| **IAO** | Institiúid Ardoideachais |
| **IFS** | Institiúid um Staidéar Fioscach |
| **ILiAD** | Naisc i nGnóthachtáil agus Díothacht a Imscrúdú |
| **IPSC** | Bunscoil Imeasctha |
| **IS** | Intleacht Shaorga |
| **IT** | Teicneolaíocht Faisnéise |
| **ITES** | Institiúid Taighde Eacnamaíochta & Sóisialta |
| **LDÓ** | Leanaí agus Daoine Óga |
| **LFS** | Luathfhágáil na Scoile |
| **LG** | Lán-Ghaeilge |
| **LSA** | An tSeirbhís Tacaíochta agus Measúnaithe Foghlama |
| **MaSN** | Uaslíon *Scoláirí* |
| **MCA** | Ionad Choillidh Channanáin le haghaidh Uathachais |
| **MDM** | Beart Díothacht Ilchineálach |
| **MNC** | Múinteoir Nuacháilithe |
| **NA** | Na Náisiúin Aontaithe |
| **NCB** | Biúró Náisiúnta na Leanaí |
| **NDNA** | Deich mBliana Nua, Cur Chuige Nua |
| **NDPB** | Comhlacht Poiblí Neamh-Rannach |
| **NEET** | Nach bhfuil san Oideachas, Fostaíocht ná Oiliúint |
| **NIECS** | Seirbhís Luath-Óige Thuaisceart Éireann |
| **NIESC** | Ionad Seirbhísí Oideachais Thuaisceart Indiana |
| **OCS** | Oideachas agus Cúram Sláinte |
| **OF** | An Oifig Feidhmiúcháin |
| **OfQual** | An Oifig um Rialáil Cháilíochtaí agus Scrúduithe |
| **OITÉ** | Oifig Iniúchóireachta Thuaisceart Éireann |
| **OnaB** | Ollscoil na Banríona, Béal Feirste |
| **Onór** | Onóracha |
| **OSN** | An Oifig Staidrimh Náisiúnta |
| **OTÉ** | Oifig Thuaisceart Éireann |
| **OTM** | Oideachas Tosaigh Múinteoirí |
| **OU** | Ollscoil Uladh |
| **PA** | Cúntóir Síceolaíochta |
| **PBL** | Foghlaim Bunaithe ar Thionscadail |
| **PÉ** | Poblacht na hÉireann |
| **PFC** | Paistí Faoi Chúram |
| **PIAAC** | An Clár um Measúnú Idirnáisiúnta ar Inniúlachtaí Aosach |

| | |
|---|---|
| **PIRLS** | Staidéar ar Dhul chun Cinn na Litearthachta Léitheoireachta. Idirnáisiúnta |
| **PPTC** | Cuibhreannas Tástála Iar-bhunscoile |
| **PSEP** | Clár oideachais réamhscoile |
| **PSS** | Seirbhísí Tacaíochta do Dhaltaí |
| **PTSD** | Neamhord strus iarthrámach |
| **RA** | An Ríocht Aontaithe |
| **RDC** | An Roinn Dlí agus Cirt |
| **RG** | An Roinn Geilleagair |
| **RO** | An Roinn Oideachais |
| **RP** | An Roinn Pobal |
| **RRI** | Tionscnamh Ath-infheistíochta agus Athchóirithe |
| **RS** | An Roinn Sláinte |
| **RSO** | Riachtanais Speisialta Oideachais |
| **RTCGT** | An Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe |
| **SAM** | Ná Stáit Aontaithe |
| **SCS** | Sláinte agus Cúram Sóisialta |
| **SEAG** | Grúpa Measúnaithe Iontrála na Scoileanna |
| **SENAC** | Ionad Comhairle Riachtanais Speisialta Oideachais |
| **SEND** | Riachtanais Speisialta Oideachais agus Míchumas |
| **SENDIS** | An Binse um Riachtanais Speisialta Oideachais agus Míchumas |
| **SESP** | An Clár um Chomhroinnt san Oideachas |
| **SISC** | Seirbhís Iontaobhaithe na Scoileanna Caitliceacha |
| **SLC** | Cuideachta Iasachta do Mhic Léinn |
| **SLCN** | Riachtanais urlabhra, teanga agus cumarsáide |
| **SMC** | Scéim Maoinithe Choitinn |
| **SO** | Síceolaí Oideachais |
| **SOnna** | Síceolaithe Oideachais |
| **SoS** | Státrúnaí |
| **SSEC** | Campas Oideachas Comhroinnte na Srúille |
| **SSO** | Seirbhísí Síceolaíochta Oideachais |
| **SSP** | Polasaí Scoileanna Inbhuanaithe |
| **TAP** | Tionscnamh Airgeadas Príobháidí |
| **TÉ** | Tuaisceart Éireann |
| **TFC** | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide |
| **TFC** | Cúram Leanaí Saor ó Cháin |
| **TGMO** | Teastas Ginearálta sa Mheánoideachas |
| **TIA** | Cur Chuige Eolasach Tráma |
| **TICO** | Teastas Iarchéime san Oideachas |
| **TIMSS** | Treochtaí i Staidéar Idirnáisiúnta Matamaitice agus Eolaíochta |
| **TRC** | Comhairle Ionadaithe na nAistreoirí |
| **TS** | *Teiripeoir Saothair* |

| | |
|---|---|
| **TSN** | Díriú ar Riachtanais Shóisialta |
| **TT** | Téarmaí Tagartha |
| **TUT** | Teiripe Urlabhra agus Teanga |
| **UC** | Creidmheas Uilíoch |
| **UCAS** | Seirbhís Iontrála Ollscoileanna agus Coláistí |
| **UNCRPD** | Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas |
| **ÚO** | An tÚdarás Oideachais |
| **UUK** | Ollscoileanna Ríocht Aontaithe |
| **VES** | Scéim Dheonach Scoir |
| **VfM** | Luach ar Airgead |
| **VG** | Scoil Ghramadaí Dheonach |